

Croidhe Cainnte Chiarraighe

Seán Óg Ó Caomhánaigh a thiomsaigh

Tracey Ní Mhaonaigh
a chuir in eagar



Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
don chéim dochtúireachta
ag
Tracey Ní Mhaonaigh, B.A., M.Litt

Scoil an Léinn Cheiltigh,
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Co. Chill Dara, Éire.

Stiúrthóir: An Dr Tadhg Ó Dúshláine
Mí an Mhárta 2008

CLÁR

	Lch.
Dearbhú	i
Focal Buiochais	ii
Noda	v
Coimriú	vii
1. Modheolaíocht	1
1.1 Ag clósriobh an Fhoclóra	1
1.2 HTML agus JavaScript	2
1.3 Leagan amach an Tráchtas	13
1.4 Foinsí	14
1.5 Foilseacháin	17
2. Seán Óg Ó Caomhánaigh	18
2.1 SO agus Marie Louise Sjoestedt	19
2.2 Cúrsaí Polaitíochta agus Cogaíochta	25
2.3 Ábhair Spéise	27
2.4 SO agus a Cheantar	31
2.5 Litríocht agus Amhránaíocht	37
2.6 Eibhlín Nic Niocaill	38
2.7 Séamus Ó Caomhánaigh	40
2.8 Bás SO	46
3. Croidhe Cainnte Chiarraighe: Comhaontuithe an Tionscnaimh	50
3.1 An Chéad Chomhaontú	53
3.2 Foclóir an Duinnínigh	62
3.3 An Dara Comhaontú	68
3.4 Ag lorg Síneadh Ama	78
3.5 Ceist na gCeart	84
3.6 Cúrsaí airgeadais SO	88

3.7 Modhanna oibre an Údair	91
3.8 Luach an tSaothair	94
3.9 Easpa Réamhrá	98
3.10 An Réamhrá nár scríobhadh	100
4. Anailís ar an bhFoclóir	104
4.1 Leagan amach an Fhoclóra	105
4.2 Cúrsai Inscne	106
4.3 Imeacht as Gutai agus Bá	109
4.4 Réamhfhocail Shimplí	111
4.5 Réimíreanna	118
4.6 Briathra	127
4.7 Úsáid an Ghnidigh	135
4.8 Tagairtí dó féin agus don Saothar	139
4.9 Cumadóireacht SO agus Tionchar an Bhéarla	142
4.10 Toirt an tSaothair	151
4.11 Blúiríní Scéalta	160
4.12 Leasanmneacha	162
4.13 Cluichí	166
4.14 Tátal	168
5. Eagarthóireacht	171
5.1 RÓF	171
5.2 An Eagarthóireacht féin	176
5.3 Leaganacha á n-ionadú	177
5.4 Leaganacha á scrios	186
5.5 Cincálacha scriosta	187
5.6 Leaganacha á gcur isteach	236
5.7 Nótai ón Eagarthóir	241

6. Úsáid agus Fuaimniú na bhFocal	245
7. Aguisíni	267
7.1 An comhaontú a síniódh idir SO agus An Roinn Oideachais, 20 Bealtaine 1936	268
7.2 An comhaontú a síniódh idir SO agus An Roinn Oideachais, 4 Deireadh Fómhair 1939, mar aon leis na cúnscríbhinní	271
7.3 Íocaíochtaí a rinneadh le SO as a chuid oibre ar CCC	280
7.4 Na dátaí agus líon na bhfocal a bhaineann leis na bearta difriúla a chuir SO chuig An Roinn Oideachais	284
7.5 Na Státseirbhísigh agus Oifigigh a luaitear sa tráchtas	288
7.6 Foinsí scéalaíochta, amhránaíochta agus filíochta SO	291
7.7 Príomhnoda gramadaí in CCC	294
8. Leabharliosta	296
9. Treoraeha Úsáideora agus an Dlúthdhiosca <i>Croidhe Cainnte Chiarraighe</i>	302

Croidhe Cainnte Chiarrraighe

Leathanach Tosaigh

Grianghraif

Foclóir Iomlán

Cliceáil ar litir le breathnú ar iontrálacha na lítreach sin san fhoclóir

A b c d e f g h i
U m n o p r s t u

Cliceáil ar cheann de na naisc seo a leanas le breathnú ar liosta de na samplai sin san fhoclóir

Beannachtai & Mallachtai

Éanlaithe & Plandaí & Ainmhithe

Logainmneacha

Nósanna & Piseoga & Aimsir

Samhlacha (chomh...le)

Tagairtí ón mBiobla

Litriocht & Amhránaiocht

Cnuasach de Chora Cainte

Polaitiocht & Cogaiocht

Seanfhocail & Ráite

Dearbhú

Dearbhaím gur liom féin an saothar seo agus go bhfuil tagairt cheart chuí déanta agam d'ábhar ar bith a d'úsáid mé as foinsí eile. Cuireadh cuid den tráchtas seo i láthair i bhfoilseachán atá luaite i gcuid 1.5.

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
Mí an Mhárta 2008

Tracey Ni Mhaonaigh

Focal Buíochais

Fad is a bhí mé ag gabháil don tráchtas seo bhí daoine faoi leith a thug an-chúnamh agus an-tacaíocht dom. Ba mhaith liom an deis a thapú anois chun buíochas a ghabháil leo.

I dtús báire, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo stiúrthóir, An Dr Tadhg Ó Dúshláine. Is cuimhin liom go soiléir an chéad léacht Ghaeilge a bhí agam leis agus mé ag tosú amach sa chéad bliain. Ní raibh a leithéid de bheocht agus de ghrá don Ghaeilge feicthe riamh agam. Ba é sin an lá a thug mé aghaidh cheart ar an nGaeilge. Deich mbliana níos déanaí agus tá Tadhg fós de mo spreagadh. Go raibh mile maith agat a Thaidhg, agus más féidir liom a bheith leath chomh léannta leat féin le linn mo shaoil beidh mé thar a bheith sásta!

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Nua-Ghaeilge i Scoil an Léinn Cheiltigh; An Dr Brian Ó Catháin, An Dr Aisling Ní Dhonnchadha, An Dr Máire Ní Annracháin, An tOllamh Ruairí Ó hUiginn agus Gearóidín Uí Ruadháin, go háirithe. Chuir gach uile dhuine acu fáilte i gcónaí romham agus roimh mo chuid ceistéanna, agus thug siad gach cabhair agus tacaíocht dom – le linn dom a bheith i mbun an tsaothair seo agus le deich mbliana anuas agus mé i mbun na céime agus na máistreachta araon.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, chomh maith, le foireann Leabharlann Eoin Pól II anseo sa Choláiste, agus le foireann na Cartlainne Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Chaith baill áirithe d'fhoireann na Cartlainne cuid mhór ama ag dul trí bhosca i ndiaidh bosca de chomhaid *An Gúm* ag iarraidh an t-ábhar a bhí uaim a aimsiú, agus táim fiorbhuíoch diobh. Táim fiorbhuíoch, leis, d'Fhidelma Ní Ghallchobhair, sa Choiste Téarmaíochta, de Sheosamh Ó Murchú in *An Gúm*, de Sheán Ó Coileáin, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ar ndóigh, de Phádraig Ó Néill, mac deirfear le Seán an Chóta. Is iomaí cupán tae a d'ól mé ina theannta agus i dteannta a mhlná céile, Mairéad. Tá súil agam, a Pháid, go gcuirfidh sé áthas ar do chroí saothar seo d'uncail a fheiceáil beo beathach.

Murach mo mhuintir agus mo chairde níl aon seans go mbeadh an lá agus an saothar seo tagtha! Ar bhealaí difriúla táim buíoch diobh ar fad – Manny agus Clare, Damian agus

Clíodhna, Mairéad, Amy agus Becky, a chuireann fáilte romhainn i gCathair na dTreibheanna aon uair a bhuaillimid cnag ar a ndoirse. Olivia agus Mick (agus na madraí!) a thug agus a thugann cluas agus spreagadh dom i gcónaí. Ní bhfaighinn suaimhneas go deo dá ndéanfainn dearmad ar mhuintir Ghríofa – Emily, Aisling, Sinéad, Shane agus, ar ndóigh, Rosemary Buckley-Griffin (go dtuga Dia suaimhneas di). Go raibh maith agaibh ar fad as gach a bhfuil déanta agaibh dom, cé nach mbeidh choíche ar mo chumas maithiúnas a thabhairt duitse Emily as an oíche sin sa bhialann. Ní déarfaidh mé a thuilleadh!

Do mo bheirt deartháireacha, Alan agus Aidan, go raibh míle maith agaibh as a bheith ann dom i gcónaí. Tá súil agam go mbím ann díbh ar an gcaoi chéanna. Ba mhaith liom buíochas faoi dhó a ghabháil le hAidan – mar dheardháir agus mar chomhairleoir ar an saothar seo. Fuair mé cúnamh fiorluachmhar ón Dr Aidan Mooney, Roinn na Ríomheolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, maidir le HTML agus JavaScript agus conas iad a chur i bhfeidhm ar an saothar seo. Murach an cúnamh sin ní bheadh ach leath den tionscadal seo i gcrích. Ar an ábhar sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil, chomh maith, leis an Dr Sue Bergin sa Roinn chéanna.

Mo thuismitheoirí. Níl na focail agam le buíochas ceart a ghabháil libhse, Ma agus Da (.i. Noel agus Catherine), as gach uile rud atá déanta agaibh dom agus a dhéanfaidh sibh dom amach anseo. Sibhse a chuir ar bhóthar mo leasa mé an chéad lá agus beidh mé faoi chomaoín agaibh go deo na ndeoir.

Níl fágthaanois ach Joey. Go raibh maith agat as a bheith ann dom le breis agus cúig bliana anuas, agus go raibh maith agat as do chúnamh, do chomhairle agus do thacaíocht ar fad. Tusa is fearr a thuigeann luach an lae seo .i. an lá go bhfuil deireadh á chur agam leis an saothar seo. Is iomaí lá gur dhiúltaigh mé mo dheasc agus mo ríomhaire a fhágáil chun am a chaitheamh leat. Maith dom é!! Agus maith dom é má tá éinne fágtha amach agam. Ní d'aon turas a rinneadh é.

Do mo thuismitheoirí, mo dheartháireacha agus Joey.

“Gach dalta mar h-oiltear”

Noda

[Ní chuirtear infhilleadh ná athruithe tosaigh ar na noda sa saothar seo.]

CCC – ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe’ (an saothar foclóra a thiomsaigh Seán Óg Ó Caomhánaigh, 1935-1942)*

CCC (SO) – ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe (Seán Óg Ó Caomhánaigh)’ (Tuairisc a sholáthar Seán Mac Lellan, í sínithe aige ar an 1/5/1943, ar an tionscnamh foclóireachta, agus fáil uirthi sa chomhad N566 III sa Chartlann Náisiúnta)

DF – *Diolaim Focal (A)* ó *Chorca Dhuibhne* (Ó hÓgáin 1984)

DIL – (*Contributions to a) Dictionary of the Irish Language* (Quin 1983)

DPI – *Description d'un Parler Irlandais de Kerry* (Sjoestedt-Jonval 1938)

EDD – *Éist le Dubh Dorcha* (Ó Dúshláine 1991)

ELC – *Éist leis an gCóta* (Ó Brosnacháin 2001)

FD – *Foclór Gaedhilge agus Béarla* (Dineen 1927)

FE/ FÉ** – Fiachra Éilgeach (= Risteárd Ó Foghludha)

FGB – *Foclór Gaeilge-Béarla* (Ó Dónaill 1977)

FMC – *Foclór Béarla agus Gaedhilge* (Mc Cionnaith 1935)

GCD – *Gaeilge Chorca Dhuibhne* (Ó Sé 2000)

GNM – ‘Gaeilge na Mumhan’ (Ua Súilleabhaín 1994)

LCC – *Léachtai Cholm Cille*

LEI – *Lane's English Irish Dictionary* (O'Neill Lane 1904)

LLEI – *Lane's Larger English Irish Dictionary* (O'Neill Lane 1922)

NA – National Archives (= An Chartlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath)

* Feictear na leaganacha ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe’, ‘Croidhe Cainnte Chiarraidhe’, ‘Croidhe Cainnte Ciarrraighe’, ‘Croidhe Cainnte Ciarraidhe’, ‘Croidhe Chainnte Chiarraighe’ agus ‘Croidhe Chainnte Chiarraidhe’ in úsáid i dtagairtí don téacs seo i measc na litreacha agus na gcáipéisí a bhaineann leis. Chuaigh mé leis an leagan ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe’ agus tagairt á déanamh agam féin dó toisc gurb é sin an leagan a fhaighimid sa dá chomhaontú a síníodh ina thaobh.

** Bhain RÓF úsáid as ceachtar den dá leagan seo, FE agus FÉ, agus nótáí á síniú aige.

PPI – *Phonétique d'un Parler Irlandais de Kerry* (Sjoestedt 1931)

RÓF – Risteárd Ó Foghludha (eagarthóir CCC)

RO – *Réilthini Óir* (Mac Clúin 1922)

SC – *Seán an Chóta* (Ó Lúing 1985)

SO – Seán Óg Ó Caomhánaigh (tiomsaitheoir CCC)

TB – *An Teanga Bheo* (Ó Sé 1995)

Coimriú

Tá dhá chuid i gceist leis an tionscadal dochtúireachta seo – eagrán d’fhoclóir SO, CCC a réiteach don chló agus tráchtas mar threoirleabhar leis an saothar. Bhí SO ag gabháil dá mhórshaothar thar thréimhse 7 mbliana, agus cé gur chuir sé saothar le chéile ina raibh breis agus 2,200,000 focal, chinn An Roinn Oideachais nach bhfoilseoidís an saothar ag an am. Cuireadh naoi n-imleabhar is fiche an tsaothair ar coimeád sa Leabharlann Náisiúnta i ndiaidh don Roinn na cearta a cheannach ón údar, áit a bhfuil na himleabhair ó shin agus iad fós gan foilsiú.

Bhí sé mar aidhm agam, mar sin, agus mé ag tosú amach, an saothar a thabhairt chun solais arís trína réiteach don chló. Sula bhféadfainn aon rud eile a dhéanamh ba é an chéad chéim sa phróiseas eagarthóireachta an foclóir iomlán a chlóscríobh. Leag mé amach i bhfoirm Word ar dtús é (agus breis is 4,500 leathanach ann ar deireadh), agus ansin chuir mé cruth leathanach Gréasáin air ag baint úsáide as HTML agus JavaScript. De réir mar a bhí mé ag gabháil don chlóscríbhneoireacht, chuir mé le chéile liostaí de shainchomharthaí teanga agus bhaileigh mé faoi na teidil seo a leanas iad, liostaí atá curtha ar fáil agam ar leathanach innéacs an fhoclóra: ‘Beannachaí & Mallachtaí’; ‘Éanlaith & Plandaí & Ainmhithe’; ‘Logainmneacha’; ‘Nósanna & Piseoga & Aimsir’; ‘Samhlacha (chomh ... le)’; ‘Tagairtí ón mBíobla’; ‘Litríocht & Amhránaíocht’; ‘Cnuasach de Chora Cainte’; ‘Polaitíocht & Cogaíocht’; ‘Seanfhocail & Ráite’.

Anailís ar an saothar féin atá sa dara cuid den tionscadal. Breathnaítear ann ar shaol SO mar a chuirtear os ár gcomhair é in ábhar an fhoclóra. Déantar staidéar ansin ar na comhaontuithe a síniodh idir An Roinn Oideachais agus SO, agus pléitear ról an eagarthóra, RÓF, sa tionscadal. Scríos an t-eagarthóir cuid mhór samplaí as an saothar ach rinne mise iarracht, chomh fada agus a bhí ar mo chumas, na samplaí sin a athchur sa téacs. Tharla in amanna, áfach, go raibh cuid acu scriosta amach róthrom chun go bhféadfainn an scríbhneoireacht a dhéanamh amach, fiú agus iarracht á déanamh agam cruth bharr agus bhun na litreacha a leanúint. I ndiaidh aghaidh a thabhairt ar an tionscadal féin, cuirtear réamhrá le chéile ina ndíritear ar chuid de ghnéithe na teanga mar

atá siad caomhnaithe sa téacs ag SO, ina measc, foirmeacha briathartha, réimíreanna, agus úsáid an ghnidigh.

1. Modheolaíocht

Tá dhá chuid i gceist leis an tionscadal dochtúireachta seo ar ‘Croidhe Cainnte Chiarraige’ – 1) an taobh teicniúil: an cnuasach ionlán a chlóscríobh agus é a shuíomh i dtimpeallacht leictreonach sholáimhsithe, agus 2) an taobh liteartha: tráchtas a scríobh bunaithe ar thaighde ar an tionscadal agus ar shainchomharthaí teanga a aimsíodh i gcorp an tsaothair.

An taobh teicniúil

1.1 Ag clóscríobh an Fhoclóra

Ag tosú amach, díríodh ar an téacs a chaighdeánú de réir mar a bhí sé á chlóscríobh, i.e. go gcuirfi an litriú caighdeánach i bhfeidhm, mar a fhaightear in *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge* (1958) é, ach nach ndéanfaí aon athrú ar leaganacha canúnacha. Bhí tuairim is trí chéad míle focal déanta ar an tslí seo nuair a socraíodh go mb’fhearr an tábhar a sholáthar díreach mar a thiomsaigh SO é – dá mbeadh sin ar fáil go bhféadfaí leagan caighdeánach a réiteach ina dhiaidh sin. Ar an gcaoi seo, bheadh leagan bunaidh i bhfoirm leictreonach ar fáil i gcónaí.

Sa mhéid is go rabhthas ag iarraidh a bheith dílis don údar agus don leagan bunaidh a chuir sé le chéile bhí dúshlán nach beag le sárú – tionchar an eagarthóra (tá mionchur síos ar thionchar sin an eagarthóra i gCaibidil a cúig). Rinneadh iarracht na giotaí a bhí scriosta amach aigean a chur ar ais arís. Níor bhain an oiread sin dua leis sin ach amháin sna cásanna go raibh cinsireacht á déanamh ag an eagarthóir. Bhí na samplaí sin scriosta amach go han-trom, agus go minic b’éigean iad a oibriú amach trí chruth bharr agus bhun na litreacha a leanúint. Tharla cúpla uair, áfach, nár éirigh leis sin agus nár oibríodh amach an rud a bhí ag SO.

De réir mar a bhí an téacs á chlóscríobh, bailíodh le chéile liostaí de shainchomharthaí teanga faoi na teidil seo a leanas – Beannachtaí & Mallachtaí, Tagairtí ón mBíobla, Éanlaith & Plandaí & Ainmhithe, Litríocht & Amhránaíocht, Logainmneacha, Cnuasach de Chora Cainte, Nósanna & Piseoga & Aimsir, Polaitíocht & Cogaíocht, Samhlacha (chomh ... le), Seanfhocail & Ráite.¹ Theastaigh uaim go mbeadh níos mó ná feidhm foclóra ag an saothar seo, go bhféadfaí sírú díreach ar na seanfhocail, nó díreach ar na tagairtí polaitiúla, nó ar aon cheann eile de na hearnálacha thuasluaite.

1.2 HTML agus JavaScript

Is i bhfoirm Word a leagadh amach an foclóir agus na liostaí ar dtús. Nuair a bhí sin déanta, bhí breis agus ceithre mhíle cúig chéad leathanach san fhoclóir. Socraíodh ansin go scriobhfaí cód HTML agus go leagfaí an saothar amach i bhfoirm leathanach Gréasáin. Ina theannta sin, socraíodh go mbainfi úsáid as roinnt JavaScript chun cruth níos slachtmhaire a chur ar an gcomhéadan. Cad atá i gceist le HTML agus JavaScript?

Hypertext Markup Language is a language for describing how pages of text, graphics, and other information are organized and linked together.²

What is JavaScript?

- JavaScript was designed to add interactivity to HTML pages
- JavaScript is a scripting language
- A scripting language is a lightweight programming language
- A JavaScript consists of lines of executable computer code
- A JavaScript is usually embedded directly into HTML pages
- JavaScript is an interpreted language (means that scripts execute without preliminary compilation)³

¹ Mise, seachas SO, a leag amach faoi na teidil sin iad.

² Oliver/ Morrison (2006: 11).

³ http://www.w3schools.com/js/js_intro.asp (25/02/2008).

Roghnaíodh cód HTML agus JavaScript toisc gur formáidí iad atá soláimhsithe agus a bhfuil cur amach ag daoine orthu, .i. cur amach ag daoine ar an leagan amach deiridh fiú mura mbíonn cur amach acu ar an gcód féin. Is i Notepad a scríobhadh an cód, ar sraith foirmí é a leagann amach an téacs ar bhealach faoi leith.

Baineadh úsáid as *HTML 4 for the World Wide Web* le Elizabeth Castro agus *Teach yourself HTML and CSS in 24 hours* le Dick Oliver agus Michael Morrison chun treoir a fháil maidir le cód HTML agus JavaScript a scríobh. I dteannta an dá théacs seo úsáideadh an suíomh Gréasáin http://www.w3schools.com/html/html_entities.asp. Suíomh teagaisc ar scríobh agus úsáid HTML atá i gceist leis. Tá leagan den suíomh céanna ann dirithe ar JavaScript chomh maith, <http://www.w3schools.com/js/default.asp>, agus http://www.webmonkey.com/webmonkey/reference/javascript_code_library/ le tuiscint a fháil ar an teanga scriptithe sin.

Is teangacha iad cód HTML agus JavaScript atá bunaithe ar chlibeanna. Is iad na clibeanna seo a thugann le fios don ríomhaire an chlófhoireann agus an chlómhéid atá le húsáid, na hathanna téacs agus cúlra, cá háit le cló iodálach, cló trom agus folínte a úsáid, cá háit le táblaí agus le colúin a chur isteach, cá háit a dtosaíonn ailt, cá háit le spásanna agus íomhánna a chur isteach, srl. Seo a leanas achoimre ar a bhfuil i gceist le clibeanna HTML, agus is ar an mbonn céanna a oibríonn clibeanna JavaScript.

HTML allows you to format text, add rules, graphics, sound, and video and save it all in a text-only ASCII file that any computer can read. The key to HTML is in the *tags*, keywords enclosed in less than (<) and greater than (>) signs, that indicate what kind of content is coming up.⁴

HTML Tags

- HTML tags are used to mark-up HTML elements
- HTML tags are surrounded by the two characters < and >

⁴ Castro, Elizabeth (1998: 14).

- The surrounding characters are called **angle brackets**
- HTML tags normally **come in pairs** like and
- The first tag in a pair is the **start tag**, the second tag is the **end tag**
- The text between the start and end tags is the **element content**⁵

Ba é an chéad rud a bhí le déanamh ná leathanach innéacs a chur le chéile. Is ar an leathanach innéacs seo a cheanglaítear an t-inneachar ar fad, trí ainmneacha na gcód a bheidh in úsáid a shonrú. Is iad na clibeanna <head><title></title></head> a úsáidtear le teideal an leathanaigh Ghréasáin a shonrú.

```
<head>
<title> Croidhe Cainnte Chiarraige</title>
</head>
```

Nuair atá roinnt rudai éagsúla i gceist ar an leathanach, liostaí éagsúla de chlómhéideanna difriúla sa chás seo, tá sé níos slachtmhaire táblái a úsáid. Agus táblaí in úsáid is féidir níos mó smachta a choinneáil ar an inneachar. Is iad '<tr>' agus '<td>' na clibeanna a úsáidtear chun sraitheanna agus cealla a leagan amach, agus san ordú seo '<table border = "0" cellpadding="0" cellspacing="5">', sonraíonn '<table border = "0">' nach mbeidh imill an tábla le feiceáil, agus sonraíonn '<cellpadding="0" cellspacing="5">' pé méid spáis a theastaíonn sna cealla féin, agus idir na cealla éagsúla.

Mar a luadh níos luaithe, tosaíodh amach i bhfoirm Word. Ach ní féidir comhaid Word a cheangal díreach isteach i gcód HTML. Ní mór na comhaid Word a athshábháil mar chomhaid .html. Cruthaíodh comhad faoi leith ansin ionas go bhfèadfaí na comhaid nuashábháilte mar .html a choinneáil le chéile seachas a bheith ag iarraidh doiciméid a tharraingt as dormán de chomhaid éagsúla. Is é an cód '' a shonraíonn suíomh an bhunchomhaid.

⁵ http://www.w3schools.com/html/html_elements.asp (25/02/2008).

```
<a href = "A.htm">
<a href = "B.htm">
<a href = "C.htm">
<a href = "D.htm">
<a href = "E.htm">
<a href = "F.htm">
<a href = "G.htm">
<a href = "H.htm">
<a href = "I.htm">
<a href = "L.htm">
<a href = "M.htm">
<a href = "N.htm">
<a href = "O.htm">
<a href = "P.htm">
<a href = "R.htm">
<a href = "S.htm">
<a href = "T.htm">
<a href = "U.htm">
```

Is íomhánna, seachas téacs, atá i gceist leis an teideal ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe’ agus leis na litreacha mar a fheictear ar an gcéad leathanach iad. Mura mbeadh ach téacs i gceist ní fhéadfadh éinne nach mbeadh an chlófhoireann TrueType *Bunchló* ar a ríomhaire aige an téacs a léamh. Agus íomhánna in úsáid is féidir iad a fheiceáil ar ríomhaire ar bith is cuma ann nó as don *Bunchló*.

Tá an cód móran mar an gcéanna i gcás na liostaí sainiúla. Laistigh díobh cuireadh roinnt clibeanna isteach ionas go bhféadfadh an t-úsáideoir léim ar aghaidh chuig giotaí éagsúla den téacs. Laistigh den litir ‘A’, mar shampla, feictear ‘ab’ ‘ac’ ‘ad’ ‘ae’ ‘ag’ ‘ai’ ‘al’ ‘am’ ‘an’ ‘ao’ ‘ar’ ‘as’ ‘at’ srl. Má chliceáltear ar ‘ac’, ansin, léimeann an leathanach ar aghaidh chuig an gcéad fhocal a thosaíonn ar an dá litir sin. Seo a leanas an cód a bhaineann le clibeanna seo A. Insíonn an ‘ ’ cén t-ainm a bheidh ar an

nasc ag barr an leathanaigh agus cén tagairt a úsáidfear níos faide ar aghaidh sa téacs leis an bpointe a shonrú a léimfidh an téacs chuige nuair a chliceálfar ar an nasc. Nuair a úsáidtear ‘ ’ cuirtear spás idir na tagairtí (dhá spás sna cásanna áirithe seo toisc go bhfuil ‘ ’ faoi dhó in úsáid). Cuireann an ‘

</hr>’ líne isteach ag deireadh liosta na nasc.

```

<a href = "#ab">ab</a>&nbsp&nbsp<a href = "#ac">ac</a>
&nbsp&nbsp<a href = "#ad">ad</a>&nbsp&nbsp<a href = "#ae">ae</a>
&nbsp&nbsp<a href = "#ag">ag</a>&nbsp&nbsp<a href = "#ai">ai</a>
&nbsp&nbsp<a href = "#al">al</a>&nbsp&nbsp<a href = "#am">am</a>
&nbsp&nbsp<a href = "#an">an</a>&nbsp&nbsp<a href = "#ao">ao</a>
&nbsp&nbsp<a href = "#ar">ar</a>&nbsp&nbsp<a href = "#as">as</a>
&nbsp&nbsp<a href = "#at">at</a>&nbsp&nbsp <hr></hr>
```

Ní mór tagairt a bheith i gcorp an téacs ansin ag freagairt do na naisc ag barr an doiciméid. ‘’ an fhoirmle a úsáidtear. Idir na comharthaí athfhriotail cuirtear an chuid sin a fhaightear idir na comharthaí athfhriotail sa chomhad ag barr an leathanaigh, gan an '#'. I gcás ‘ab’ mar sin, is é a scríobhaimid ná ‘.’

Laistigh de na liostaí sainiúla feictear clibeanna chomh maith, ach seachas cnuasaigh litreacha is clibeanna a bhaineann le hábhar nó réimse atá iontu. Sa liosta ‘Tagairtí ón mBíobla’, mar shampla, tá na tagairtí leagtha amach de réir leabhair an Bhíobla – ag barr an chéad leathanaigh, mar sin, feictear ‘Geiniseas’, ‘Eacsadas’, ‘Leibhític’⁶ srl. agus na leabhair ar fad leagtha amach de réir tiomna, cinn an tSeantiomna ar dtús agus cinn an Tiomna Nua ansin. Sa liosta ‘Polaitíocht agus Cogaíocht’, ansin, feictear ‘Cúrsaí polaitíochta na hÉireann’ agus ‘Ceannairí polaitiúla’, ‘Cluain Tarbh’, ‘Dún an Óir’,

⁶ Maidir le teidil leabhair an Bhíobla, chloígh mé leis an litriú a d’úsáid SO. Sa chás go raibh níos mó ná leagan amháin aige, chloígh mé leis an gceann ba choitianta aige. Mar an gcéanna, is é litriú SO atá in úsáid agam sna teidil sin a thagraíonn d’eachtra faoi leith, do ghrúpa faoi leith nó do dhuine faoi leith, mar shampla, ‘Na Dubhchrónaigh’, ‘Cromaill’, srl.

‘Cúrsaí 1916’, ‘Na Dubhchrónaigh’, ‘Caidreamh le Sasana’, ‘Cromaill’ agus ‘Eile’ faoi, agus cúrsaí na hEorpa, Mheiriceá, na hAfraice, agus na hÁise á leanúint.

In ionad ‘[ab](#ab) ’ úsáidtear ‘[Geiniseas](#Geiniseas) ’, agus ‘’ ansin i gcorp an téacs, san áit sin a bhfaightear an chéad ráiteas as Geiniseas. Mar an gcéanna, i gcás Eacsadas, ‘[Eacsadas](#Eacsadas) ’ agus ‘’ san áit a bhfaighimid an chéad ráiteas as Eacsadas. Feidhmíonn an cód mar an gcéanna sna liostaí eile, ach go n-athraítear a dtagann idir na comharthaí athfhriotail agus idir ‘><’.

Feictear, mar sin, gur baineadh leas as an gcód HTML le bunleagan amach an tsuímh a réiteach, .i. leis na comhaid éagsúla a cheangal isteach agus le bunchruth a chur orfhu. Ar chomhéadan an fhoclóra má luítar an cúrsóir ar aon cheann de na litreacha athraíonn dath na litreach sin. Is JavaScript atá taobh thiar den athrú datha sin. Scríobhadh an píosa coid seo a leanas chun an ghné seo a chur i bhfeidhm:

```
<SCRIPT LANGUAGE="JavaScript" type="text/javascript">

if(document.images) {
    image1on = new Image();
    image1on.src = "Iomhanna/a.jpg";
    image2on = new Image();
    image2on.src = "Iomhanna/b.jpg";
    image3on = new Image();
    image3on.src = "Iomhanna/c.jpg";
    image4on = new Image();
    image4on.src = "Iomhanna/d.jpg";
    image5on = new Image();
    image5on.src = "Iomhanna/e.jpg";
    image6on = new Image();
```

```
image6on.src = "lomhanna/f.jpg";
image7on = new Image();
image7on.src = "lomhanna/g.jpg";
image8on = new Image();
image8on.src = "lomhanna/h.jpg";
image9on = new Image();
image9on.src = "lomhanna/i.jpg";
image10on = new Image();
image10on.src = "lomhanna/l.jpg";
image11on = new Image();
image11on.src = "lomhanna/m.jpg";
image12on = new Image();
image12on.src = "lomhanna/n.jpg";
image13on = new Image();
image13on.src = "lomhanna/o.jpg";
image14on = new Image();
image14on.src = "lomhanna/p.jpg";
image15on = new Image();
image15on.src = "lomhanna/r.jpg";
image16on = new Image();
image16on.src = "lomhanna/s.jpg";
image17on = new Image();
image17on.src = "lomhanna/t.jpg";
image18on = new Image();
image18on.src = "lomhanna/u.jpg";

image1off = new Image();
image1off.src = "lomhanna/a1.jpg";
image2off = new Image();
image2off.src = "lomhanna/b1.jpg";
image3off = new Image();
```

```
image3off.src = "Iomhanna/c1.jpg";
image4off = new Image();
image4off.src = "Iomhanna/d1.jpg";
image5off = new Image();
image5off.src = "Iomhanna/e1.jpg";
image6off = new Image();
image6off.src = "Iomhanna/f1.jpg";
image7off = new Image();
image7off.src = "Iomhanna/g1.jpg";
image8off = new Image();
image8off.src = "Iomhanna/h1.jpg";
image9off = new Image();
image9off.src = "Iomhanna/i1.jpg";
image10off = new Image();
image10off.src = "Iomhanna/l1.jpg";
image11off = new Image();
image11off.src = "Iomhanna/m1.jpg";
image12off = new Image();
image12off.src = "Iomhanna/n1.jpg";
image13off = new Image();
image13off.src = "Iomhanna/o1.jpg";
image14off = new Image();
image14off.src = "Iomhanna/p1.jpg";
image15off = new Image();
image15off.src = "Iomhanna/r1.jpg";
image16off = new Image();
image16off.src = "Iomhanna/s1.jpg";
image17off = new Image();
image17off.src = "Iomhanna/t1.jpg";
image18off = new Image();
image18off.src = "Iomhanna/u1.jpg";
```

```

}

function turnOn(imageName) {
    if (document.images) {
        document[imageName].src = eval(imageName + "on.src");
    }
}

function turnOff(imageName) {
    if (document.images) {
        document[imageName].src = eval(imageName + "off.src");
    }
}

//



</script>
</script>
</script>

<tr>
<td></td><td><a href = "A.htm" onmouseover="turnOn('image1')"
onmouseout="turnOff('image1')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/a1.jpg name="image1"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "B.htm" onmouseover="turnOn('image2')"
onmouseout="turnOff('image2')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/b1.jpg name="image2"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "C.htm" onmouseover="turnOn('image3')"
onmouseout="turnOff('image3')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/c1.jpg name="image3"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "D.htm" onmouseover="turnOn('image4')"
onmouseout="turnOff('image4')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/d1.jpg name="image4"></font></a></td>

```

```

<td></td><td><a href = "E.htm" onmouseover="turnOn('image5')"
onmouseout="turnOff('image5')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/e1.jpg name="image5"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "F.htm" onmouseover="turnOn('image6')"
onmouseout="turnOff('image6')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/f1.jpg name="image6"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "G.htm" onmouseover="turnOn('image7')"
onmouseout="turnOff('image7')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/g1.jpg name="image7"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "H.htm" onmouseover="turnOn('image8')"
onmouseout="turnOff('image8')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/h1.jpg name="image8"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "I.htm" onmouseover="turnOn('image9')"
onmouseout="turnOff('image9')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/i1.jpg name="image9"></font></a></td>
</tr>
<tr>
<td></td><td><a href = "L.htm" onmouseover="turnOn('image10')"
onmouseout="turnOff('image10')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/l1.jpg name="image10"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "M.htm" onmouseover="turnOn('image11')"
onmouseout="turnOff('image11')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/m1.jpg name="image11"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "N.htm" onmouseover="turnOn('image12')"
onmouseout="turnOff('image12')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/n1.jpg name="image12"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "O.htm" onmouseover="turnOn('image13')"
onmouseout="turnOff('image13')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/o1.jpg name="image13"></font></a></td>

```

```

<td></td><td><a href = "P.htm" onmouseover="turnOn('image14')"
onmouseout="turnOff('image14')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/p1.jpg name="image14"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "R.htm" onmouseover="turnOn('image15')"
onmouseout="turnOff('image15')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/r1.jpg name="image15"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "S.htm" onmouseover="turnOn('image16')"
onmouseout="turnOff('image16')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/s1.jpg name="image16"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "T.htm" onmouseover="turnOn('image17')"
onmouseout="turnOff('image17')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/t1.jpg name="image17"></font></a></td>
<td></td><td><a href = "U.htm" onmouseover="turnOn('image18')"
onmouseout="turnOff('image18')"><font size = 8 color= "red"><img
border=0 src=Iomhanna/u1.jpg name="image18"></font></a></td>
</tr>

```

Leagtar amach sa chéad chuid den chóid seo na coinníollacha go gcuirfí an ghné i bhfeidhm. Feictear go dtosaíonn an cód thuas, mar sin, ‘if (document.images) ...’ Tá an ‘If statement’ seo lámach don JavaScript.

The ability to control the flow of your program, letting it make decisions on what code to execute, is valuable to the programmer. The **if statement** allows you to control if a program enters a section of code or not based on whether a given condition is true or false. One of the important functions of the if statement is that it allows the program to select an action based upon the user's input.⁷

Sonraíonn an t-ordú seo leis an ríomhaire, mar sin, sa chás go mbíonn na coinníollacha ann go n-úsáidfear píosa cóid amháin, agus mura mbíonn na coinníollacha ann go

⁷ <http://www.cprogramming.com/tutorial/lesson2.html> (26/02/2008).

n-úsáidfear píosa eile. Sa chás áirithe seo, an litir sa dá dhath atá i gceist leis an dá ghiota cóid. Maidir leis na coinníollacha féin, sonraítear sa dara leath den chód iad, sa chás seo, má luítéar an cursóir ar an litir go gcuirtear ‘air’ an ghné, .i. go dtaispeánfar an dara dath, mura luítéar go gcuirtear ‘as’ an ghné, .i. go dtaispeánfar an litir ina dath bunaidh (dubh) – ‘onmouseover="turnOn('image1')"' onmouseout="turnOff('image1')"' (“image1” ag seasamh don íomhá atá sábhalte faoin ainm sin).

An taobh liteartha

1.3 Leagan amach an Tráchtas

Tá leabhar cuimsitheach, ELC, scríofa ag Niall Ó Brosnacháin ar an saothar seo de chuid SO. Ina theannta sin, tá cuid mhór scríofa ag Seán Ó Lúing ina thaobh ina leabhar SC (1985). Theastaigh uaim sa saothar seo, mar sin, breis eolais a chur ar fáil – eolas nach raibh teacht air in aon cheann de na leabhair a thagraíonn don saothar seo. Tugadh faoi deara go raibh corrthagairt do na comhaontuithe a síniódh idir SO agus An Roinn Oideachais, ach nach raibh mionchur síos orthu in aon áit. Tá cóip den dá chomhaontú, mar aon leis na cúlscríbhinní a cuireadh leis an dara ceann, mar aguisíní leis an saothar seo, agus mionchur síos orthu agus ar an bplé ar fad a bhain leo i gCaibidil a trí. Sa chaibidil chéanna breathnaítear ar FD agus ar an díospóireacht a bhain leis an gcosúlacht idir FD agus saothar seo SO.⁸

Díriodh go mion, chomh maith, ar thionchar RÓF ar an saothar. Cuireadh liosta le chéile, i gCaibidil a cúig ar an eagarthóireacht, de na samplaí sin a scriosadh amach faoi na teidil – ‘cinsireacht’, ‘tagairtí polaitiúla’, ‘duplication’, ‘padding’, ‘tagairtí áitiúla’, ‘botúin déanta ag an údar’, agus ‘ábhar eile leasaithe’. Ina theannta sin, scrúdaíodh an nós a bhí ag RÓF abairtí a bhreacadh síos taobh le hiontrálacha áirithe ag iaraidh go gcuirfi isteach sa téacs iad.

⁸ Féach 3.2.

Tá an t-uafás le foghlaim faoi SO trí scagadh a dhéanamh ar chuid de na samplaí atá sa téacs aige. Faightear tuiscint ar dhoimhneacht a mhothúchán i dtaobh na hÉireann, i dtaobh Shasana agus i dtaobh na troda ar son na saoirse má bhreathnaítear ar a bhfuil bailithe sa liosta ‘Polaitíocht agus Cogaíocht’. Tá léargas sa chnuasach, chomh maith, ar an dúil a bhí aige sa scéalaíocht agus san amhránaíocht, i gcuideachta daoine eile agus ina chuideachta féin, mar aon le tuiscint ar na rudaí ar fad a bhí tábhachtach ina shaol dó. Díritear i gCaibidil a dó ar na gnéithe sin de SO mar dhuine a gcuirtear aithne orthu i rith an tsaothair.

Léirítear i gCaibidil a trí (3.9) nár chuir SO réamhrá lena shaothar agus nach ndearna sé, mar sin, a chuid aidhmeanna agus modhanna a shoileáriú, nó na foinsí a bhí aige a cheadú. Rinneadh iarracht, ar an ábhar sin, réamhrá a chur leis agus cuid de na bearnaí a bhí fágtha de bharr easpa réamhrá an leagain bhunaidh a lónadh.⁹

1.4 Foinsí

Maidir leis an bhfoclóir féin, baineadh úsáid as CCC ar mhicreascannán (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, G601 – G629). Agus mé ag baint úsáide as an leagan áirithe seo, mé in ann zúmáil isteach ar na giotaí sin a bhí scriosta amach ag an eagarthóir agus iarracht a dhéanamh ar an téacs bunaidh a oibriú amach.

Tá roinnt mhaith comhad de chuid *An Gúm* a bhaineann leis an tionscadal ar coimeád sa Chartlann Náisiúnta. Is iad N566, N566 I, N566 II, N566 II – Payments, N566 III, N566 III – Payments, N566 IV na príomhchomhaid atá ar coimeád a bhaineann leis an tionscadal. I measc na gcomhad seo thángthas ar bhailiúchán suntasach de litreacha ó SO chuíg An Roinn, agus ón Roinn chuigean agus chuíg a dhlíodóir, chomh maith le cóip den dá chomhaontú a síníodh leis, cuid mhór meamram inmhéánach idir baill den Roinn Oideachais, idir An Roinn Oideachais agus An Roinn Airgeadais, agus idir An Roinn

⁹ Féach 3.10.

Oideachais agus Roinn an Taoisigh, mar aon le tuairiscí ar chúrsaí iocaíochta agus riarracháin.

I gcatalóg lámhscríbhinní *An Gúm* luaitear an comhad ‘G249 Editing of Croidhe Cainnte Chiarraighe’. Ar an drochuair, nuair a lorgaíodh an comhad seo ní raibh teacht air. I dteannta chomhaid seo *An Gúm* baineadh leas as NA 97/9/370 – comhad de chuid Roinn an Taoisigh dar teideal ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe le Seán Óg Ó Caomhánaigh: comh-aontúghadh leis an Aire Oideachais.’ Istigh ann thángthas ar chuid mhaith comhfhereagrais idir Oifig an Taoisigh agus An Roinn Oideachais ar ábhar an tionscadail.

Le tuiscint a fháil ar SO agus ar a shaol, scrúdaíodh go mion saothar Sheáin Uí Luing (SC: 1985), agus saothar Néill Uí Bhrosnacháin (ELC: 2001). Bhí an dara ceann thar a bheith úsáideach sa mhéid is go bhfuil sé bunaithe, ar an gcuid is mó de, ar CCC. Ceadaíodh, chomh maith, cuid de chín lae SO a bhreac sé síos le linn do a bheith sa Churrach,¹⁰ mar aon leis na haitl a scriobh sé do *Sinn Féin*, atá in eagarr ag Tadhg Ó Dúshláine (EDD: 1991), agus do *Scéala Éireann*. Fuair mé cóip de na haitl sin as *Scéala Éireann* ó mhac deirfear le SO, Pádraig Ó Néill.

Léadh tráchtas MA a scriobh Denis Bradfield ar CCC i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. I 1960 a scriobh Bradfield an tráchtas seo, dar tcideal “‘Croí Chainte Chiarrai’ le Seán Óg Ó Caomhánaigh [Seán an Chóta]”. Tagraítear don tráchtas áirithe seo i gcorp an tsaothair seo. Sholáthair Seán Ó Coileáin, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, cóip de thráctas Shéamuis Uí Chaomhánaigh, deartháir le SO.¹¹ Agus cóip den tráchtas sin idir lamha, cuireadh an cnuasach a bhailigh Séamus i gcomparáid leis an gnuasach a bhí ag SO le fáil amach an raibh aon chosúlacht eatarthu, ábhar atá pléite i gCaibidil a dó (2.7) thíos.

¹⁰ Tá an chín lae seo á cur in eagarr faoi láthair ag mac léinn dochtaireachta in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

¹¹ ‘Studies in the Vocabulary of the Dialect of West Kerry, B-O; T-U’. Féach 2.7 le haghaidh a thuilleadh plé ar Shéamus Ó Caomhánaigh.

Le tuiscint a fháil ar Ghaeilge na Mumhan, ansin, ceadaíodh an dá shaothar a scríobh Marie Louise Sjoestedt(-Jonval) le linn di a bheith i gCorca Dhuibhne i dteannta SO, .i. DPI agus PPI. Baineadh leas, chomh maith as RO (Cuid 1 & 2) le Seoirse Mac Clúin, DF le hÉamonn Ó hÓgáin, GNM le Seán Ua Súilleabháin, agus an dá shaothar TB agus GCD de chuid Dhiarmuda Uí Shé. Agus liostaí na seanhocal agus na ráiteas bíobalta á gcur le chéile, ceadaíodh saothar an tSeabhaic, *Seanfhocail na Mumhan*, agus an dá leagan is déanaí den Bhiobla Naofa, in eagair ag Pádraig Ó Fiannachta – i bhfoirm leabhair agus i bhfoirm leictreonach. Mar an gcéanna, nuair a bhí liosta de na hamhráin agus na dánta á thiomsú, baineadh leas as *Duanaire Duibhneach, An Duanaire 1600-1900, Nua-Dhunaire I & III*, agus *Duanaire Gaedhilge* chun iarracht a dhéanamh ar chuid de na línte a aithint.

Tá Caibidil a cúig bunaithe cuid mhór ar na samplaí sin a scriosadh amach as an saothar bunaidh. Scrúdaíodh ‘Scéil Úrscéil’ le Tadhg Ó Dúshláine le tuiscint a fháil ar an gcinisireacht a rinneadh ar *Fánai* de chuid SO. Maidir leis an eagarthóir féin, aimsíodh alt in *Feasta* 41 (1988, Uimhir 10), le Breandán Mac Giolla Choille inar thagair sé don eagarthóireacht a rinne RÓF ar an leagan Gaeilge de Bhunreacht na hÉireann, eagarthóireacht a bhí ag teacht, i bhfianaise na dtagairtí ag Mac Giolla Choille do lámh throm an eagarthóra agus é i mbun na hoibre ar an mBunreacht, leis an eagarthóireacht a rinne sé ar CCC.

Achoimre atá sa mhéid thus ar na modhanna oibre agus ar na foinsí ar baineadh úsáid astu agus an tráchtas seo á scríobh. Rinneadh iarracht i gcorp an tráchtas cui de na bearnaí atá ann i dtaobh an tsaothair seo a lónadh, agus cui de na ceisteanna a fhreagairt. Feicfear toradh na hoibre ar an bhfoclóir féin ansin ar an dlúthdhiosca atá iniata leis an tráchtas. Tá treoracha úsáideora an diosca ar fáil i gCaibidil a naoi, ach, go bunúsach, agus an bunchomhad oscailte, níl le déanamh ach cliceáil ar na naisc éagsúla agus triail a bhaint astu.

1.5 Foilseacháin

Cuireadh cuid d'ábhar an tráchtais seo i láthair san fhoilseachán seo a leanas:

Ní Mhaonaigh, Tracey (2007) ‘Éacht Foclóireachta: *Croidhe Cainnte Chiarraighe* le Seán Óg Ó Caomhánaigh’, *Bliainiris* 7, 204-228.

2. Seán Ó Caomhánaigh

Rugadh SO (Seaghán Mac Murchadha Caomhánach, Seánín Sheáin Dhomhnaill, Seán Mac Murchadha Kavanagh, Sean an Chóta,¹² An Clóca,¹³ Dubh Dorcha) ar an 7 Feabhra 1885¹⁴ i gClochar i bParóiste Bhaile an Fheirtéaraigh.¹⁵ Bhí clú agus cáil ar mhuintir mháthair Sheáin (Muintir de hÓra) agus ar mhuintir Sheáin féin as saibhreas a gcuid Gaeilge agus as a n-éirimiúlacht.¹⁶ Nuair a smaoinimid air seo agus ar an gcaoi, agus é ag fás aníos, gur tháinig sé go mór faoi thionchar an tseanchais agus na scéalaíochta áitiúla,¹⁷ ní haon ionadh gur 6 SO a tháinig ceann de na saothair Ghaeilge is mó agus is saibre dá bhfuil againn, CCC.

Bhí spéis ag SO sa Ghaeilge i gcónaí, agus spéis aige i dtodhcháí na teanga ina cheantar féin go háirithe. Scríobh sé alt don fhoilseachán *Sinn Féin*, atá in eagarr ag Tadhg Ó Dúshláine in EDD (1991: 6-7), ag plé le ‘Staid na Teanga i gCorca Dhuibhne’ inar scrúdaigh sé tionchar an Bhéarla ar an teanga, agus ar na deacrachtá a bhí roimpi fanacht beo. In eagrán mhí Mheán Fómhair na bliana céanna bhí alt eile ar an ábhar sin aige dar teideal ‘Faoin dTuath (2)’ (1991: 13-15) agus arís eile i mí an Mheithimh 1912, ‘Díscíú

¹² Faoi na focail **cion** agus **cóir** deir SO: ‘An ainm cheana atá ag na daoinibh orm – ‘An Cóta’: lé leagadh liom do thugaid an ainm sin orm’; “Seán an Chóta” an leasainm atá orm ach “Seán Caomhánach” m’ainm chóir.’ Seasann an cló trom sna sampláí tríd an saothar seo don cheannfhocal in CCC faoina bhfaightear an sampla áirithe, feictear cló iodálach ar na noda gramadaí más aon dóibh (anois is arís tugann SO níos mó ná nod, amanna luann sé a leithéid agus ‘mar dho-bhriathar nó intríacht’, agus tá cló iodálach curtha agam ar na treoracha gramadaí seo chomh maith) agus léiríonn na ‘línte faoi’ an úsáid atá á baint as an gceannfhocal san abairt. Is liomsa an cló trom agus an cló iodálach, agus is le SO féin na línte faoi sna habairtí. Is é litriú SO a fhaightear sna sampláí ar fad ó CCC sa saothar seo.

¹³ Faoin bhfocal **clóca**: “An Clóca” an leasainm thugadh an Commun [sic] Noun orm toisc clóca m’fhillidh bhig.’ Tagraíonn SO don fhilleadh beag sin arís faoi na ceannfhocail **cúrsa** agus **fachnaoideach**: ‘An cheud lá do thána ’on Daingean agus an filleadh beag orm, bhíos im chúrsaibh caoraidheachta ag cuid desna daoinibh agus im chúrsaibh gáiridhe ag cuid eile aca; fáth fiosrachta is gáiridhe’; ‘An chéad uair nuair chuireas an “filleadh beag” orm bhíodh cuid desna daoinibh go **fachnaoideach** fum, ag gáiridhe fum laistiar dem dhrom, ag caitheamh carbhall mímhúinte i dtaobh mo chroicinn leis etc.: d’iarraidh droichmheasa na coitiantachta do tharraingt orm agus aoibhneas dhá bhaint aca as a n-ionchar fonmhódach féin.’

¹⁴ Ó Lúing (1985: 8).

¹⁵ Faoin gceannfhocal **clochar**: ‘Baile i bparóiste an Fhirtéaraigh, Clochar a tugtar air, is ann do rugadh me: bonn clochach?’

¹⁶ Tagraíonn Mícheál Ó Dubhsláine (2000: 153) do mhuintir SO: ‘Bhí clann Sheán Dhónal Uí Chaomhánaigh an-éirimiúil, go háirithe Seán an Chóta, Muiris (Kruger) agus Séamus.’

¹⁷ Faoin gceannfhocal **oll-**, deir SO: ‘Cois teine is me im óige do bhiodh cur síos ar oll-ghníomhartha na Féinne ges na seandaoinibh: gníomhartha is bearta móra gaisce agus fleadhachais.’ Tagraíonn SO don scéalaíocht ina shaol arís faoin gceannfhocal **ridire**: ‘B’é ár dtigh-ne, is cuimhin liom, log bailiaghthe **ridiridhe** an róid, thagaidís chughainn as gach áird is budh mhór é a gcuid eachraidhthe: lucht siubhail: fánaidhthe a chaitheadh a saorghal ar bóthar.’

na Teanga' (1991: 47-48) inar dhírigh sé ar mheath na teanga agus ar na lagiarrachtaí a bhí ar bun chun deireadh a chur leis an meath sin.¹⁸

2.1 SO agus Marie Louise Sjoestedt

Aithniodh go forleathan díogras SO i leith na teanga, agus moladh dó a shaibhreas féin agus saibhreas Ghaeilge an cheantair a chaomhnú.¹⁹ Ar ábhar a spreagtha i dtreo na hoibre seo, ní miste aird a dhíriú ar an tionchar a bhí ag Marie Louise Sjoestedt, chomh maith le Seoirse Mac Niocaill agus Micheál Breathnach, ar an gcinneadh a rinne sé tabhairt faoina leithéid de shaothar. Bhí sise in Éirinn, i gCiarraí agus Corca Dhuibhne go háirithe, ag amanna éagsúla idir 1925 agus 1929, agus í i mbun staidéir ar ghnéithe den Ghaeilge sa cheantar. Mar thoradh ar a cuid staidéir foilsíodh an dá leabhar PPI, sa bhliain 1931, agus DPI, sa bhliain 1938, faoi seach. Ag breathnú dúinn ar réamhrá an chéad leabhair feictear go luann sí na daoine éagsúla i nDún Chaoin agus ar na Blascaoidí a chuidigh léi le linn di a bheith sa cheantar. I measc na ndaoine sin luaitear idir thuismitheoirí SO agus SO féin:

Seán Ó Caomhánaigh et sa femme Máire Seosamh [*sic*] (née dans Paroïste an Fhirtéaraigh au nord de Dunquin) l'un et l'autre âges de plus de 70 ans. Les cinq enfants de cette même maison.²⁰

Luann sí go raibh an cúigear páistí sa teach céanna le Seán Ó Comhánaigh agus a bhean Máire Seosamh. An amhlaidh, mar sin, gur bhual sí le SO agus í ar cuairt chuig a thuismitheoirí? Pé bealach gur casadh ar a chéile iad, is léir gur chuidigh SO go mór léi, agus tuilleann sé buiochas faoi leith sa réamhrá:

¹⁸ Faoin gceannfhocal **agallamh** feicimid go dtagraíonn sé don Ghaeilge a bheith á plé aige: ‘Chaitheadh an t-Athair Pádraig is me féin na tráthanna ag **agallamh** na Gaedhilge: ag cur cúrsaidhe na Gaedhilge trí chéile.’

¹⁹ Deirtear in Ó Lúing (1985: 25-26), ‘Is iad an bheirt ba chúis le Seán Óg a spreagadh chun an tsaothair ná Seoirse Mac Niocaill agus Micheál Breathnach ... De thoradh spreagadh uaidh féin [Seoirse Mac Niocaill] agus ó Mhicheál Breathnach chuaigh Seán ag plé an scéil leis an Roinn Oideachais.’

²⁰ Sjoestedt (1931: Avant-propos; IX).

Cette liste serait trop longue si je devais nommer tous ceux qui m'ont facilité par leur obligeance d'abord l'apprentissage de la langue, puis la réunion des éléments de cette étude. Je tiens cependant à dire en terminant tout ce que je dois à M. Seán Ó Caomhánaigh, né à Dunquin, qui aujourd'hui enseigne à Dublin sa langue natale. Il fut pour moi, dès mon arrivée dans la paroisse, un professeur dévoué et bénévole, puis un sujet d'observation d'une inlassable patience, enfin un co-enquêteur qui mit à ma disposition sa connaissance des gens et des choses de la région. Je ne puis dire combien sa collaboration m'a été précieuse dans mon enquête.²¹

I bhfianaise an ráitis thuas, agus i bhfianaise na nithe a luann sé féin sa téacs faoin méid ama a chaith siad i dteannta a chéile, níl gar a shéanadh go raibh tionchar ag Marie Louise, agus ag a cuid oibre, ar SO agus an cinneadh á ghlacadh aige saibhreas na Gaeilge a chaomhnú. Ní hé amháin go raibh tionchar ag Marie Louise ar a shaol mar thiomsaitheoir focal, ach bhí tionchar aici ar a shaol mar fhear chomh maith. Mar a luadh, chaith siad cuid mhór ama i dteannta a chéile, cuid de, is dócha, bainteach le cúrsáit teanga, ach cuid eile díreach i gcomhluadar a chéile:

cáirdechas: ‘Budh dheacair teacht idir me féin agus Máire tamall, is eadrainn do bhí an cáirdechas dlúth: is sinn bhí céanamhail síothchánta lé chéile.’

sámhach: ‘Na sealanna sámhacha a chaitheas féin is Máire lé chéile ar an gCeann, gan in ár dtímeall ach éanlaithe na mara is fuaim na caise: aoibhinn, suaimhneasach gan maírg ar bith.’

samhluighim: ‘Shamhluigheas Máire ina uidhe annsúd os chionn na mara ar an gcarraig léith faram: mhachtnuigheas a cruth ’sa dealramh díreach amhail is dá mbeadh sí ann i bpearsain beó, beathadhach.’

Thit sé i ngrá léi mar a chuireann sé in iúl sna tagairtí seo a leanas:

aoil-chneas: ‘Thuiteas i ngrádh le Máire an aoilchnis: Máire álúinn.’

aolchorp: ‘Thugas searc dá h-aolchorp: thuiteas i ngrádh lé n-a pearsain fiorálúinn.’

²¹ *ibid.*

aoin-tsearc: ‘Dob é Máire m’aoin-tsearc: ní raibh searc agam d’aonne mar bhí agam di-se.’

aon-leanán: ‘B’í Máire m’aon-leanán: níor thugas grádh ná searc d’aonne eile ach di’; ‘Dá mhéid do ghrádhas, b’í Máire m’aon-leanán: is dise budh mhó do thugas searc.’

Tagaimid ar chorrshampla ina luann sé ‘Máirín’ agus an grá a bhí aige di. An amhlaidh gurbh í an bhean chéanna a bhí i gceist aige?:

búidh: ‘A Mháirín búidh: a Mháirín gheanamhail, ghrádhach: a Mháirín go bhfuil cion agam ort.’

tugaim: ‘Thug mo chroidhe gean duit, a Mháirín: do bhronn: do scoil ort é.’

Is léir gur thit sé i ngrá léi go trom agus gur bhreá leis í a phósadh:

árd-aidhm: ‘Sí Máire m’árd-aidhm mná: an rogha mná dob fhearr liom do bheith agam mar chéile.’

Tá an chuma ar an scéal, áfach, go raibh seisean níos tógtha léi ná mar a bhí sise leis. B’é toradh a bhí air seo ná gur imigh sí agus gur fhág sí croíbhriste ina diaidh é:

annsa: ‘An bhean is annsa liom fén ngréin do thréig sí me: an bhean is mó go bhfuil cion agam uirthe’; ‘Thugas annsa dhi, ach mo mhaирg níor thug a h-annsa dom: grádh.’

cailín: ‘Do thréig mo chailín me: an bhean go raibh cion agam uirthe nó go rabhas ag siuirghe léi.’

cianamhail: ‘Croidhe is cianamhla ’ná mo chroidhe-se is deacair d’fhagháil ar amharc na háite follamha go mbínn agus mo chéadshearc tráth: budh dhoilbhre.’

meall: ‘Is dubhach mo chroidhe anocht nuair thagaim chun mo chuimhnte an mheall fhaille go suidhinn féin is Máire ag meabhairidheacht siar siar! geannc thalmhan níos aoirde ’ná a chómharsanacht.’

uaigneach: ‘Tá mo chroidhe uaigneach i ndiaidh Mháire: brónach, aonarach.’

Ach mhair a ghrá di agus gheall sé go bhfanfad sé dílis. Feicimid go luaitear ‘Máirín’ arís sa dara sampla anseo, má ba í an duine céanna í:

sár: ‘I gcómhnaidhe agus fós tuigtear dom gurb í Máire sár na mban: plúr.’

scaradh: ‘Pé scaradh a raghaidh orainn, beidh me dílis duit, a Mháirín: pé faid ó chéile a scólfar sinn.’

Bhí aiféala air nár phós sé riamh í:

aithmhéaltas: ‘Ní imtheóchaidh a aithmhéaltas choidhche dhíom nár phósas Máire: aithreachas agus cathughadh: tinneas aigne.’

Faoin gceannfhocal **aistear** feicimid an tagairt seo a leanas. An amhlaidh go raibh sé ag labhairt leis féin sa dara pearsa uatha anseo, nó ag tabhairt comhairle?:

‘Cion in aistear duit bheith i ngrádh le Máire, ní phósfaidh sí choidhche thu: cion gan tairbhe.’

Ní hé nach ndearna sé iarracht í a phósadh. Deirtear gur lean sé chun na Fraince í, gur iarr sé uirthi é a phósadh ach gur dhiúltaigh sí dó. Ag breathnú dúinn san fhoclóir feicimid, faoin bhfocal, **ceannas**, ‘Lean sé sall ’on bhFrainnc í lé ceannas di: grádh dochoimsighthe dhi.’ An ag tagairt dó féin sa tríú pearsa atá sé anseo arís?²² Seo mar atá ag Seán Ó Lúing (1985: 19) ar an ábhar:

Lean sé go Páras í tar éis imeachta di agus thug leis fáinne chun í a cheangal i bpósadh leis. Turas in aistear. Bhí Seán go breá mar chuideachta do Mháire ar fud Dhún Chaoin, é ag róstadh maircreíl ar an tine dá mbeilí al fresco fá aoibh na gréine agus ise ag bailiú léinn uaidh go sásta. Ach rud eile ar fad ab ea Páras. Níor éirigh leis an toisc. Deirtear gur chaith sé an fáinne isteach sa tSéin, ach d’fhéadfadh gurbh é Seán féin a dúirt é sin, agus cé b’fhéarr ná é chun leagan a chur ar eachtra.

Bíodh is go raibh nó nach raibh Marie Louise ina hábhar spreagtha aige, sa bhliain 1935 thosaigh SO ar an mórshaothar foclóireachta, CCC, a bhailiú. Lean sé air ar feadh seacht mbliana go dtí an 30 Nollaig 1942. Cnuasach ollmhór a bhfuil tuairim is dhá mhiliún dhá

²² Tarlaíonn in amanna go dtagraíonn sé dó féin sa tríú pearsa agus tá an t-ábhar seo pléite agam i gCaibidil a ceathair (4.8).

chéad míle focal agus seasca míle ceannfhocal ann, ba thoradh ar a chuid oibre, agus tá an bailiúchán anois ar coimeád i Roinn na Lámhscríbhinní sa Leabharlann Náisiúnta, é leagtha amach i naoi n-imleabhar is fiche. Tá cur síos ar an mbailiúchán sa saothar *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland* (Fasciculus XII).²³

Níl aon dabht ach go raibh SO ina fhearr léannta a thuig an tábhacht a bhain le Gaeilge nádúrtha a chaomhnú. Tá níos mó i gceist le CCC ná cnuasach focal. Is eolaire é de thagairtí polaitiúla, de thagairtí ón mBíobla, de sheanráite agus de sheanfhocail, d'amhráin agus de ranna filíochta, de bheannachtaí agus de mhallachtaí, gan trácht ar na tagairtí ar fad a chabhraíonn linn pictiúr a tharraingt de shaol mhuintir Iarthar Chiarraí sa chéad leath den fhichiú haois. Agus RÓF ag gabháil don eagarthóireacht, cheistigh sé oriúnacht na dtagairtí úd ón mBíobla, go raibh siad bunaithe ar an mBíobla Gallda agus nach raibh aon bhaint acu le saol mhuintir Chiarraí. Mar fhreagra air sin dúirt an t-údar:

Maidir leis an mBíobla gallda, cuimhnigtear go bhfuil seandaoine beo fós annso a bhíodh ghá léigheamh sa Daingean aimsir an “chait bhric”.²⁴

Tá mionchur síos ar shaol SO i leabhar Néill Uí Bhrosnacháin, ELC, agus, ar an ábhar sin, níl sé i gceist agam díriú an oiread sin ar na firicí a bhaineann lena chúlra agus lena shaol. Tugann SO fén roinnt firicí díunn faoina shaol i measc na samplaí in CCC, lena n-áirítear:

athair: ‘Seán de hÓrdha, dob é m’athair baistighe: an fear a bhí mar cháirdeas báistighe agam, sé sin, an fear a ghaibh air fén go mbeadh freagrach go bhfaighinn teagasc mo chreidimh im óige dhom.’

ádhbhar: ‘Thugas ádhbhar dem shaoghal san Oileán Úr: tamall de bhliadhantaibh.’

²³ Ní Shéaghda (1990: 1). Seo an chéad chuid den chur síos ar leagan amach na lámhscríbhinní: ‘G601-609. Croidhe Cainte Ciarráighe. 20th cent. Paper. 33 x 209 cm. 29 voll., each 480-500 pp. approx. and having separate scribal pagination. Scribe: *Seán Óg Ó Caomhánaigh (Seán an Chóta)*, 1935-42 (G601, p.1; G629, last page). Ruled foolscap; writing on recto with occasional additional material on verso; number of words in each volume given. Each vol. bound in red half-leather by National Library, with ‘Ó Caomhánaigh/ Croí Cainte Chiarrai’ and statement of alphabetical range in gold on spine. Vol. I (G601) has copious deletions in different coloured pencils. Several blank pages in some volumes. Work commissioned by Department of Education, from whom acquired.’ Féach Aguisín a ceathair (7.4) le haghaidh cur síos ar na himleabhair agus ar na dátaí a bhaineann leo.

²⁴ Litir ó SO chuig an Roinn Oideachais, 4/5/40 (N566 II Payments).

ceanntar: ‘Chaitheas túis m’óige ag obair do choisidhíbh ceanntair de Chonnradh na Gaedhilge in Áth Treasna, i Ráth Caola, i bPort Laoighise, i nDroichead Bandan etc.: coisidhe go raibh roinnt áiríthe líomatáiste leagtha amach dóibh ar a gcion féin.’

dúthchais: ‘Éire mo thíre dúthchais: innte do rugadh me. Baile na hAbhann mo theampall dúthchais: is ann is ceart me d’adhlacadh, mar is ann atá mo shinnisir adhlactha. An Ghaedhealaing mo theanga dúthchais: is í a thugas ón gcliabhán liom. Muinntir Dhún Chaoin mo phobal dúthchais: is ’n-a measc do chaitheas furmhór mo shaoghail agus is ann do bhí mo mhuinntir leis na ciantaibh.’

Ach i bhfad níos tábhactaí ná na firicí sin, trí chineál na samplaí a úsáideann sé, tugann sé léargas dúinn ar an gcineál duine a bhí ann. Luadh ar ball gur chaith sé tréimhse i Meiriceá, agus ag breathnú dúinn faoin bhfocal **aithmhéaltas** feicimid nár bhí an tréimhse ab fhearr ina shaol í: ‘Beidh aithmhéaltas choidhche orm as na deich mbliadhnaibh do chaitheas san Oileán Úr: beidh aithreachas agus míoshástacht orm.’

B’fhear é SO, i bhfianaise CCC, a raibh creidimh láidre aige. Chreid sé i nDia agus sa teagasc Críostaí; chreid sé in Éirinn agus ina saorise; chreid sé i neamhspleáchas polaitiúil agus sa náisiúnachas; chreid sé i gcuideachta agus i gcairde; chreid sé i gcearta agus i gcothromáiocht; agus chreid sé sa Ghaeilge agus i gcath na teanga. Bhí sé bródúil as a chuid creideamh agus láidir ina chuid prionsabal. Tríd an gcuasach feicimid na creidimh sin go soiléir. Maidir leis na haitl atá in eagair aige in EDD, maíonn an t-eagarthóir, Tadhg Ó Dúshláine (1991: v), ‘Thar aon ní eile aithnímid tréithe an fhir anseo istigh: a ghéarchúis is a ghrinneas; a bhá leis an ainniseoir is an lag; a thnúthán i ndiaidh a áit dúchais; a mhórtas cine, a bhród, a bhuile le seoiníteacht is fímíneacht faoi cheist na náisiúntacha; a dhiongháilteachta aigne agus a chumas leibhéal.’ Tá an ráiteas seo gach pioc chomh hoiriúnach agus chomh flor i dtaobh SO agus na tréithe mar a thagaimid orthu in CCC.

2.2 Cúrsaí Polaitíochta agus Cogaíochta

Ag breathnú dúinn ar an liosta sin a bailíodh faoin teideal ‘Polaitíocht agus Cogaíocht’, feictear chomh heolach agus a bhí SO ar chúrsaí polaitíochta domhanda, feictear a dhianghrá dá thír dhúchais agus a chrá croí de bharr a daorbhroide, agus feictear a chol le Sasana, agus le hÉireannaigh nach raibh sásta seasamh ar son a dtíre. Seo cúpla sampla dá leithéid:

adfhuathmhar: ‘Ár, marbhadh, ionnarbadh, gorta agus gach ao’nidh dá adfhuathmhaire do rinne Sasana ar mhuinntir na hÉireann: budh ghráineamhla, budh dhéistinighe ’ná a chéile.’

aidhmhilleadh: ‘Is fada Sasana d’iarraidh Éire d’aidhmhilleadh: do chreachadh is do chrádh.’

aindlighe: ‘Le haindlighe do chuir Sasana fé chois sinn: tíorántacht, gan a bheag ná a mhór de cheart dréir córach ameasc an cineadh saor do thabhairt fé ndeara.’

annsa: ‘A Éire! m’annsa thu: is tú is ceanamhla lem anam, lém chroidhe a’s lém inntin.’

breodhaim: ‘Breódhaim ó bheith ag léigheamh scéalta claona i dtaobh mo thíre: tagann breóidhteach orm uatha.’

buidhe: ‘Seán buidhe: an Sasanach, duine míriaghalta, míochuibheasach.’

cam: ‘Lé cam do chuir Sasana an Margadh orainn: lé bagairt “na láimhe uachtaire”.’

cealg: ‘B’shin é budh chúis lé me do chur i ngabhann i dtaobh cur i gcoinnibh an Chonnartha le Sasana, cá h-iongadh cealg im chroidhe (istigh agam) dóibh? drochaigne, droichméin, míchéudfad.’

díth: ‘Ní díth liom díth Shasana: ní brón liom aon ósbairt a éirigheas di.’

Bhí ardmheas aige ar na hÉireannaigh sin a bhí páirteach in imeachtaí Sheachtain na Cásca, 1916, agus an-aiféala air nach raibh sé féin timpeall ag an am:

beartaidheacht: ‘Árdbeartaidheacht do rinneadh Seachtmhain na Cásca = gníomh éachtach in aghaidh mórdhuaibhse.’

buanchuimhne: ‘Beidh buanchuimhne ar Seachtmhain na Cásca in Éirinn is fada, fada bheidh éachta na seachtmhaine i mbéalaibh Éireannach.’

ciach: ‘Mo chiach ná rabhas in Áth Cliath Seachtmhain na Cásca: mo bhrón é: cuireann sé buaidhreamh orm gan bheith ann.’

cómhaill: ‘Na daoine a éirigh amach Seachtmhain na Cásca níl aon mholadh i nGaedhilg i bhfios dom-sa is fearr a oireamhnóchadh iad ná “Cómhaill na seanmhuiunntire”: go ndearnadar díreach mar rinne laochraíd Éireann uile a tháinig rómpa.’

fior-dhílis: ‘Fir Seachtmhaine na Cásca na fir a bhí fior-dhílis dá dtír, a throid agus a fuair bás go neamheaglach di: gur bh’fheidir iontaoibh do chur asta go muinighineach.’

Cé nach raibh sé ann le linn imeachtaí na Cásca, nuair a d’fhill sé ar Éirinn, ghlac sé páirt ionlán in iarrachtaí na bPoblachtach in Iarthar Chiarraí. B’éigean dó an ceantar a fhágáil i ndiaidh don Saorstát seilbh a fháil ar an Daingean. Tar éis tamall ar a theitheadh dó, gabhadh é, agus cuireadh, i 1923, i ngéibheann ar Churrach Chill Dara é.²⁵ A fhad is a bhí sé ar an gCurragh, scriobh sé cín lae a eispéisíris.²⁶

Ní gá dúinn ach breathnú ar na samplai ar fad in CCC a thagraíonn d’Éamon de Valera le tuiscint a fháil ar an meas a bhí ag SO air. Tá cuntas ag Mícheál Ó Dubhshláine, bailithe aige ó Shéamus Ó Ciobháin in *An Baol Dom Tú?* (2000: 203), ar an gcuairt a thug de Valera ar an gceantar i mí Lúnasa 1925, agus tagairt ann do ról SO san imeacht:

An lá a tháinig Dev chuamar suas ar Chruach Mhárthain agus lasamar tine
chun fáilte a chur roimis. Thugamar peilt, adhmad agus geas ar ár ndroim.
Le titim na hoíche a lasamar í. D’fhanamar timpeall tamall agus ní fada go
raibh tinte eile sna paróistí eile timpeall á freagairt, i mBaile an Liaigh
agus i mBaile na nGall. Dob é An Cóta an captaen a bhí orainn, mé féin,
Danny Garvey, Maidhc Garvey agus cúpla duine eile ... Bhuaileamar le
Seán MacEntee agus Dev agus d’fhanamar ann go dtí a trí ar maidin ...

²⁵ **achtughadh:** ‘Sé an t-achtughadh do rinneadar, mé do chaitheamh i gearcar ar feadh dhá bhliadhain: órdughadh.’ Ag breathnú ar chéad iontráil na cíne lae, feicimid go dtugann sé an dáta ‘16/02/23’ mar dháta a chéad lae ar an gCurragh.

²⁶ Seo mar a thosaigh sé an chín lae a scriobh sé agus é i ngéibheann sa Churrach: ‘Shroicheas an áit seo ar 1.30 a.m. i bhfochair 64 príosúnach eile ar scuain speisialta ó Thráighlí fē ghárdá láidir. Trí seachtmhaine agus lá ambáireach ó do deineadh bráighe díom i dtig an Bhrianaig ar an Min Áird. Is beag a shaoileas an lá san go dtárlóchadh san dom, agus is lugha ná san a shaoileas go mbein annso indiugh. Cá mbead nó cá chríoch orm 3 seachtmhaine ó indiugh? Sin rud atá fé għlas na rún agus is ag Dia amháin atá an eochair.’ (Ó Caomhánaigh/Ó Catháin [eag.] 16/02/1923). (Foinse neamhfhoilsithe)

Ag caint agus ag cur síos a bhíomar. Trí nó a ceathair de laethanta a d'fhan
Dev. Chuaigh sé isteach ar an Oileán chomh maith.

Tá tagairt sa téacs céanna (2000: 198) do SO agus oiliúint á cur aige ar na hÓglaigh trí Ghaeilge:

Bhíodh SO ag tabhairt oiliúint dos na hÓglaigh chomh maith, agus, bail ó Dhia ar an bhfeir, as Gaeilge a bhíodh na horduithe, ‘Chun cinn gluaistear!
Am buailtear! Ar aire! Ar suaimhneas!’ agus a leithéid.

Pé rud a rinne SO leis seo a thuilleamh, tagraíonn Ó Dubhshláine (2000: 204) do rann a bhíodh á chanadh ag leanaí Dhún Chaoin le linn chuairt de Valera, rann inar luadh ainm SO:

We'll hang Seán a' Chóta from an old apple tree,
And we'll crown De Valera king of Ireland.²⁷

2.3 Ábhair Spéise

I dteannta lena spéis i gcúrsaí polaitíochta, is léir go raibh spéis faoi leith ag SO in imirt chártaí. Faoin gceannfhocal **aimsear** tugann sé le fios dúinn go mbíodh cártaí lámach i saol mhuintir an Oileáin, sa gheimhreadh go háirithe: ‘Cártaidhe an t-aon chaitheamh aimsire do bhíonn aca ar an oiléan sa gheimhreadh: an rud a bheireas dóibh an t-am do chur thársa agus coinnimh do thabhairt don aigne.’ Bhí an scéal amhlaidh in áiteanna iargúlta i gcoitinne: **aithghearradh**: ‘Ní bhíonn aon aithghearradh aimsire aca fén dtuaith ach cártaidhe a's seanchaidheacht: caitheamh aimsire.’

²⁷ Is dócha go raibh leaganacha eile den rann seo le cloisteáil ar fud na tíre. Tháinig mé ar cheann eile dá leithéid ar líne: “When next we challenge England, we'll beat her in the fight, and we'll crown De Valera king of Ireland.”

[<http://www.time.com/time/magazine/article/0,9171,892080,00.html?iid=chix-sphere> 25/02/2008].

Tá cnuasach breá againn in CCC de théarmaí a bhaineann le cártaí. Faoin litir ‘A’ amháin tá 32 abairt a thagraíonn d’imirt chártaí, agus leanann an pátrún seo tríd an gcnuasach ar fad. Ní hé amháin go luann sé cluichí cártaí i ráitis ghinearálta ach tagraíonn sé do chultacha na gcártaí agus do chuid de na rialacha a ghabhann le cluichí áirithe. Seo a leanas cuid de na samplaí den chineál seo a fhaighimid sa saothar:

aithníghim: ‘Cearrbhach! imirtheóir ná h-aithneochadh idir triuch agus spéarat! ná féadfadh an deifridheacht do theasbáint.’

aon: ‘Buaileann aon an hart gach cárta ach an cíonmhádh agus an cuireata: ball amháin ar chárta imeartha.’

ball: ‘Chaith imirtheóir amach cuireata muileat, chaith imirtheóir eile cíonmhádh muileat anuas air, chuir san an ball ar an gcuireata = do bhuaidh sé air.’

calaois: ‘Do cheileabhair sé triuch ag cur muileat ar an mbórd, b’shin calaois: feall, cleas mícheart.’

ceileabhradh: ‘Rinnis ceileabhradh ar mhuilleat ó mhuilleat, triuch d’imris: shéanais an cárta budh cheart duit d’imirt.’

ceilim: ‘Cheil sé an trí triuch ar cíonmhágh triuch, bíodh a lámh thuas: b’é a cheart é d’imirt dréir dlighe na gcártaidhe.’

cíonádh: ‘an cúig ar chártaidhibh, an mádh is fearr ar a haon déag ar fhichid etc. Buaileann an cuireata an t-aon nó an t-aon ’en hart, agus buaileann an cíonádh ceachtar diobh.’

cluiche: ‘An bás máighistir an chlúiche, ’sé an cíonmhádh é, nuair imreann sé a chárta bionn an imirt thart: na beatha.’

cuireata: ‘cárta go mbíonn saighdiúir, dathuighthe air.’

dó: ‘An dó triuch, muilleat, hart, spéarat: cárta go mbíonn dhá bhall amháin air.’

drámh: “Muileat an mádh ’sis maith an drámh an spéarat” (seanrádh) [féach chomh maith: **hart:** ‘Hartanna an mádh agus is maith an drámh an spéarat’; **mádh:** ‘Muileat an mádh ’sis maith an drámh an spéarat: cárta nách mádh’; ‘Cuireata an Hart an mádh mór annsan .i. an cárta do b’fhearr’; **muilleat:** “Muilleat an mádh ’s is maith an drámh an spéarat”: sin é dath atá ar ceann’; **spéarthat:** ‘Muileat an mádh agus is maith an drámh an spéarthat: an uair is é an muilleat an cárta barra (cinn, iompuighthe etc.) nó a goirthear mar mhádh ní misde seasamh ar an spéarthat’].

hart: ‘An t-aon a hart an cárta is fearr sa phaca i. in imirt go ndeintear an mádh móir de a’s ná buadhfad air ach cíonmhádh nō cuireata an datha a bheadh ar barra.’

lúb: ‘I lúb a dathaid (cártaidhe nuair is aon a’s dathad an cluiche): dathad maol.’

mádh: ‘Chuadhas-sa a’s mo ghrádh ag imirt ar scuaib a’s bhí an mádh ag an gCailín Deas Ruadh: an cárta is fearr i. an cionmhádh in imirt a haon déag ar fhichid’; ‘Cuireata an Hart an mádh móir annsan i. an cárta do b’fhearr’; ‘Aon, cuireata a’s cionmhádh – triúr nách gnáth in aon láimh’ [**triúr:** ‘Aon, cuireata is cionmhádh – triúr nách gnáth ar aon láimh, trí shaghas cárta’].

maol: ‘Ní raibh agam ach an t-aon mhaol muilleat is gan a dhath ar ceann i. an cárta is measa sa phaca.’

muilleat: ‘cárta go mbíonn baill chearnógach dearga air’; ‘An muilleat maol do mheilt is an cuireata caol do cheilt: an muilleat lag d’imirt, an cuireata aonair do choimeád go deireadh’; ‘Ná ceil is ná coimeád muilleat: imir iad nuair is féidir, scaoil ar a ndath iad’; “D’órdúigh Fionn an muilleat do choimeád”, deir fear a bhíos i gcás céaca muilleat nō cárta eile choimeádfadh sé i gcóir na cùige deireannaighe: de mheas ar Fionn go raibh fios aige.’

ríogh-: ‘Tá ríogh-chártайдhe agam dá dtiocfadhbh ionta: cuireataidhe, bainrightidhe, is righthe, lámh ríogh-chartaidhe: cúig cinn aca.’

triuch: ‘dath ar chartaidhibh i gclódh seamróige’; ‘Ní fiú deich triuch é: ní fiú faic é, mar ná buaidhfeadh an cárta san ach ar dhrámh’; ‘Muileat i gcóir an chruadhtain agus is cruaidh don triuch: cárta lag é chun bheith ag brath air an chúig dheiireannach do thógaínt.’

Níorbh iad na cártaí an t-aon chaitheamh aimsire amháin a bhí ag SO i bhfianaise CCC. Bhí spéis faoi leith aige sa dormálaíocht agus feicimid triúr dormálaithe faoi leith luaite aige – Seán Ó Díomsaigh,²⁸ Ceámaora²⁹ agus Cearpantaor:³⁰

²⁸ Jack “Manassa Mauler” Dempsey atá faoi chaibidil anseo aige, glacaim leis. Ba é Jack Dempsey curadh trom-mheáchain an domhain ó 1919 anuas go 1926. [http://en.wikipedia.org/wiki/Jack_Dempsey 30/1/2008].

²⁹ Glacaim leis gurb é Primo Carnera, an dormálaí Iodálach atá i gceist anseo. Bhí sé de cháil air go raibh sé sé troigh cúig orlach is trí cheathrú in airde. Throid sé go proifisiúnta ó 1928 chuig 1945. [http://en.wikipedia.org/wiki/Primo_Carnera 30/1/2008].

ábalta: ‘Budh dheacair bheith ábalta don nDíomsach i gcródh na dórnála: cómhchliste, eolgaiseach.’

ablach: ‘Ablach duine seadh Ceármaora, an dóirneálaidhe: duine anmhór neamhchórach, beathuighthe, aindeis.’

amas: ‘Cé go bhfuair Cearpantaor fiche amas ar chorrán an Dhíomsaigh chun a bhualadh ar a thoil agus gur bhuaile, níor chuir sé maírg ar bith air: uain fhaillitheach – ná raibh an Díomsach ar a chosaint i gceart.’

árd-: ‘Árddhórnlaidhe dob eadh Ó Díomsaigh: sármhaith.’

bás: ‘Ní haon bhuillidhe bás buillidhe Sheáin Uí Dhíomsaigh = buillidhe troma, conntabharthacha, fuinneamhla.’

breith: ‘Ní raibh aon breith chun dórnála ag éinne ar Sheán Ó Díomsaigh lé n-a linn: b’fhada ó aonne bheith chómh maith leis.’

buailim: ‘Buaileadh an diall (an croidhe) as Scarpointiar nuair bhí sé ag troid le S. Ó Díomsaigh: fuair sé bualadh uathbhásach.³¹

ceart: ‘Dóimeálaidhe ceart dob eadh Ó Díomsaigh: duine toghtha go raibh an ealadha aige agus é misneamhail láidir.’

colnach: ‘Ceáirniara ar an bhfeir is colnaighe dá ndeaghaidh isteach i gcródh doirneála riámh: collaid mhór gan aon easbaidh feóla ar an gcnámh.’

cómhbhruighim: ‘Ghaibh Ó Díomsaigh pic ar a chómbághach gur chómhbhruigh an dá shúil istigh in-a cheann ar bhealach ná feicfeá iad: do ghoirtigh sé iad le buillidhibh troma dóirne.’

cosamhlacht: ‘Fear maith ar dhorn is eadh é, ach is fada ó chosamhlacht Uí Dhíomsaigh é: ó dheallramh etc.’

crústáil: ‘Beag dóirneálaidhe a bhí i ndán Ó Díomsaigh do chrústáil: seasamh leis i ngleic dorm.’

crústálaidhe: ‘Bhí Seán Ó Díomsaigh, dréir tuairisce, ar an gcrústálaidhe do b’fhearr a sheasaimh sa chródh ariamh: an deoirneálaidhe.’

³⁰ Is dócha gurb é Georges Carpentier, an Francach atá i gceist anseo. Tá tagairt ag SO dá bhabhta in aghaidh Uí Dhiomsaigh – tharla sin ar an 2 Iúil 1921, i New Jersey. Cuireadh deireadh leis an gcomhrac sa cheathrú babhta agus Ó Diomsaigh ina bhuaiteoir go héasca.

[http://en.wikipedia.org/wiki/Georges_Carpentier 30/1/2008].

³¹ Measaim go mb’fhéidir gurb é Carpentier atá i gceist anseo, go háirithe i bhfianaise a bhfuil ar eolas againn faoin gcomhrac sin eatarthu ar cuireadh deireadh luath leis.

deascadh: ‘Faid a mhair sé bhí deascadh na troda a bhí aige lé Ó Diomsaigh nuair briseadh a easnайдheacha ag teacht leis: drochthoradh: iarsma.’

dórnálaidhe: ‘Ó Diomsaigh, bhí sé ar an ndómálaidhe is fearr a léim isteach i gcródh dornálaidhthe riamh.’

éagsamhail: ‘Dómálaidhe éagsamhail dob eadh Seán Ó Diomsaigh nuair bhí sé in aoirde a láin: gan chomórtas.’

gaiscidheach: ‘B’é Seán Ó Diomsaigh gaiscidheach na dórnála seal: an té d’admhuigh an saoghal mór gurbh’ é do b’fhearr.’

sámh: ‘Chuir Ó Diomsaigh an sámh ar mhórán dóirmeálaidhe: lé buille bhain sé a mheabhair is a chuimhne dhíobh.’

2.4 SO agus a Cheantar

Bhí SO an-dilis dá thír agus dá cheantar dúchais. Nuair a thug sé faoin saothar seo a thiomsú ní hé amháin gur thug sé faoi theanga a cheantair a chaomhnú, ach thug sé faoi chultúr, faoi thraigisiúin agus faoi nósanna a cheantair a chaomhnú leis. Tá liosta de na nósanna agus na piseoga atá aige sa téacs, mar aon leis na comharthaí aimsire a leantaí sa cheantar, ar fáil sa rannán sin dar teideal ‘Nósanna & Piseoga & Aimsir’. Seo cúpla sampla a thugann blaiseadh dá bhfuil ann:

caoinbhéus: ‘Caoinbheus ag ár sinear dob eadh geitridhe do leathadh i mbéal an dorais oidhche Nodlag fé bhrághaid na Maighdine Muire: béas nósmhar a chuireas taithneamh orainn.’

eachtra: ‘Agus sinn inár leanbhaíbh chaithimis na hoidhcheannta cois teine fé dhraoidheacht agus an seanduine ag innsint na n-eachtraidhthe a bhí cloiste ós na seandaoinibh. Bhí eachtra aige ar fhear a chaill sparán airgid ag teacht ó Chorcaigh tar éis ime do dhíol, agus a fuair san áit chéadna é, gan coinne, bliadhain ina dhiaidh san agus an féar fásta timcheall air: scéal.’

lánamha: ‘Lánamha phónaire: dhá ghráinne phónaire (ag ionadughadh buachalla a’s cailín) a cuirtear dhá ghoradh agus in uisce d’fhéachaint an bhfanfaidis gan léimeadh lé

ruadhachtant agus má shnámhfaidís nó dul ar tóin puill i ndiaidh a chéile go mbeidís dílis dá chéile.'

scéalaídheacht: 'Tá an scéalaídheacht imthighthe as an áit ó cailleadh na seandaoine, sin iad go raibh na scéalta breághtha fiannaidheachta aca.'

Níorbh iad na nósanna agus na piseoga seo an t-aon chineál tagartha a fhaighimid do shaol an cheantair in CCC. Cuirtear ar an eolas sinn i dtaobh thíreolaiocht agus logainmneacha an cheantair, mar aon lena éanlaith, a chuid ainmhithe agus a fhlóra. Is acimhainn é an baliúchán seo a chabhraíonn linn pictiúr a tharraingt de leagan amach Iarthar Chiarraí. Seo a leanas cuid de na carraigeacha agus na hoileáin atá luaite ag SO sa téacs – 'An Bhó', 'An Laogh', 'An Tarbh', 'An Láir 'san Searrach', agus 'Bod a' Sheasamh' [sic], 'An Blascaod Mór', 'Inis na Bró', 'Inis Tuaisceart', 'Inis Tuile', 'An tOileán Tiar' (an Blascaod Mór), 'An Tiaracht'. Tá roinnt mhaith logainmneacha iasachta luaite aige chomh maith, cuid mhór acu i gcomhthéacs cúrsai polaitíochta agus cogáiochta. Tá fáil ar na logainmneacha agus na séadchomharthaí a dtagraíonn SO dóibh in CCC ar an liosta 'Logainmneacha'.

Bhí SO thar a bheith bródúil as áilleacht fhisiciúil a cheantair dhúchais agus is léir gur chuir sé go mór lena shláinte intleachtach, go háirithe, a bheith sa bhaile. Tá raidhse tagairtí san fhoclóir do thréimhsí a bheith caite aige ag siúl agus ag machnamh ar chiumhais na mara. Seo roinnt bheag de na samplaí a fhaighimid ina bhfeictear tagairt d'áilleacht an cheantair agus do thionchar na háilleachta sin ar SO.

ábhacht: 'Chuirfeadh iarther Chiarraí ábhacht ar chroí éinne lena bhreáthacht: aoibhneas agus éirí croí.'

aer: 'Tá aer is Gaedhilg le fagháil i gCorca Dhuibhne: aoibhneas sláinteamhail.'

aerach: 'Áit aerach seadh mullach Chnuic Bhréanainn: áit go bhfuil radharc fairsing a's aoibhneas ann féin.'

aeridheacht: 'Tá aeridheacht annso ná faighfear fiú amháin i gCill Áirne féin: aer, folláineacht, breághthacht agus aoibhneas.'

áilne: “Áit bhreágh é Corca Dhuibhne?” – “tá sé ar áilne(acht) na cruinne!”. Siubhlaigh an chruinne agus níl a lithéid ann le maise nó scéimh: sásuigheann sé siansa an duine níos fearr ’ná aon áit eile go leagfá do shúil air.’

aorach: ‘Áit chómh h-aorach is gheóbhfa sa domhan seadh Ceann Sraithe lá breágh: álúinn, taithneamhach don súil a’s don aigne, agus ist oidhche is aoraighe ’ná san fós é: uaigneath, duaibhseach, áit gur dhóigh leat sluaighthe sidhe ann.’

ar: ‘Bíonn bród ar mo chroidhe nuair théidhim im áit dhúthchais.’

binn: ‘Budh bhinn liom féachaint ar Shliabh an Fhiolair lé buidhiughadh gréine = chuireadh sé taithneamh ar mo shúil agus ar mo chroidhe.’

bíodhgaim: ‘Gach uair a chidhim an áit álúinn seo bíodhgaim = léimeann mo chroidhe.’

Tagaimid ar chuid mhór tagairtí in CCC don iascaireacht agus don fheirmeoireacht, príomhghairmeacha an cheantair. Tagraíonn SO do theacht na dtrálaer Sasanach, do dhrochstaid na feirmeoireachta, agus do ghníomhaíocht, nó easpa gníomhaíochta, an Rialtais chun cuidiú leis na hiascairí agus na feirmeoirí. Is léir go raibh trua aige do chás an dá ghrúpa agus chomh deacair agus a bhí an saol acu. Más fior an méid a deir sé i measc na samplaí a leanas, is léir gur thaithigh sé an dá ghairm ag amanna áirithe:

acaointeach: ‘Tugtar lucht acaointeach ar na feirmeóiridhibh, agus níl san ceart mar is ortha thuiteann breis gach cruadhtain: míoshásta, doshásta.’

achtughadh: ‘B’é an t-achtughadh a rinneamair eadrainn mise do bheith ag iascach agus eisean do bheith ag feirmeóireacht, agus roinnt leath ar leath: b’é sin an margadh a’s a choingheallacha.’

aer: ‘Sara dtáinig cochalóiridhe iasachta ar ár gcósta bhíodh iasc ag dul san aer againn: bhíodh flúirse dhe le marbhadh.’

aimsir: ‘Chaitheas seacht mbliadhna in aimsir ag an bhfeirmeóir: in adhmanas ceapuighthe, teórannta.’

aindeis: ‘Bliadhain aindeis ag feirmeóiridhibh seadh í, drochaimsir do bharraidhibh agus luach shuarach ar thorthaibh: bliadhain olc.’

ainleóireacht: ‘Is minic nách mbeireann iasc agus an bád n-a stad: mar sin, scaoiltear lé gaoith nó le sruth í agus is é cúram an ainleóra í do chongbháil i siúnda go mbíonn na daraidhthe síos díreach ar lámháibh na n-iascairidhe: obair dheacair seadh í.’

ainriachtanach: ‘Gearánann na feirmeóiridhe ó chuaidh luach seifteann síos go bhfuilid **ainriachtanach:** fiorbhocht.’

aisce: ‘Dob éigean don riaghaltas aiscidhe a thabhairt dos na feirmeóiridhibh nuair thuit luach an stuic trí chogadh an flearchais: bronntanaisidhe chun a dtacaidheachta.’

áit: ‘Áit éisc dob eadh cósta Chiarraidhe sara dtáinig cochalóiridhe Shasana: b'iomadamhla iasc ann ’ná in ionadaibh eile.’

amach: ‘Ó theip iascaireacht orainn chaithfinn luighe amach ar shlighe bheatha éigin: ceárd éigin eile do tharang chughainn.’

amharrán: ‘Dar leis na feirmeóiridhibh gur amharrán éagcórach ortha cáin ar an eallach ag dul thar lear: éigean, tromaidheacht gan cheart.’

amhrán: ‘Tháinig na feirmeóiridhe chun an Aire ag lorg cóbanta, a's a amhrán féin ag gach aonne acu: a ghearán fé leith féin.’

anacra: ‘Aimsir anacra ag feirmeóiridhibh an fóghmhar, ag obair ar nós an diaill ó dhuhb dubh: aimsir bhroide.’

beagmhaitheasach: ‘Rud beagmhaitheasach seadh iascaireachtanois, mar níl aon luach ar = ní bhíonn aon rud de bhárr bheith ag iascach.’

cásimhar: ‘Ó theip an iascaireacht tá an ceanntar cásimhar, is air is mó bhíodar ag brath: gearán go holcas.’

cladach: ‘Bliadhanta ó shoin budh chuimhin liom cladaighe éisc i nDún Chaoin, ó theacht throllairidhe Shasana leigheadar: oiread san éisc go gclúduigheadh sé na cladaighe nuair follamhughtí na nadhbhóga.’

claochlughim: ‘Teip na hiascaireachta san áit seo do chlaochluigh na hiascairidhe san áit gur deineadh daoine bochta anuas ar an dtalamh díobh: claoidheadh iad a's briseadh a spirid.’

cóbach: ‘Cómhartha éisc seadh é, cóbaigh (caobaigh) do bheith ar an uisce: faoileann go bhfuil a drom dubh (nílid chómh flúirseach ná na faoilinn eile, ná chómh mór luighthe leis an dtalamh).’

creachaim: ‘Chreach an dubhluachar luach seifteanna na feirmeóridhe: dhein sé daoine bochta dhíobh.’

criadhaire: ‘Dian a ndóthain a bheidh sé ar chriadhairidhibh maireachtaint ambliadhma, mar loibh na tuiltidheacha (tuilte) gach aonnidh sa talamh ortha: feirmeóridhe.’

críléis: ‘Ní críléis ach obair chruaidh bheith ag feirmeóireacht: ní haon tseódh feirmeóireacht.’

deaghchaoi: ‘D’imthigh an iascaireacht chun an phota, is fada go raibh aon deaghchaoi uirthe: gur bh’fhiú aonnidh cóir í.’

drochmhaitheasach: ‘Obair dhrochmhaitheasach iascaireacht ó theip an luach: gan tairbhe ná sóchar.’

dul: ‘Is mór an dul siar atá ar an iascaireacht ó theip margadh Mearaice: olcas: meath.’

gábhach: ‘Gairm ró-ghábhach is eadh iascaireacht, nách fios cathain d’éireóchadh an fharraige chun buile: eaglach.’

lámhach: ‘Aimsir an leathlámhach an fóghmhar d’fheirmeóir: aimsir an-ghnóthach go mbíonn oiread lé déanamh a’s gur deacair teacht air dá mhéid cabhrach a bheadh chuige.’

leath-lámhach: ‘An dá thráth is leath-lámhaighe gen bhfeirmeóir an t-earrach san fóghmhar: is broideamhla.’

lón: ‘An lón búird: an ceann is giorra den mbád iascaigh; an lón earbaill, an ceann ar dheireadh an bhirt nó na sreatha.’

lóipín: ‘An óráid a thug sé uaidh ghá mhíniughadh dosna feirmeóridhibh an gábhadh trom a bhí lé breis churadóireachta toisc an chogaidh, níor fhág sé aon lóipín ann: aon lúb ar lár: aon rud go bhféadfí locht d’fhagháil air.’

pianadh: ‘Pianadh don bhfeirmeóir an aimsir fhuar, fhliuch so: crádh agus clipeadh go bhfuil na barraidhe ag fulang.’

pradhainn: ‘Lá gréine fóghmhair lá na práidhne ag an bhfeirmeóir: lá na broide: an għreithileáin is an fhothragna go mbíonn na barraidhe ag brath air.’

saorthóir: ‘Saorthóiridhe na dúthaigne na feirmeóridhe i gcaitheamh na cionntapachta so: is iad amháin gur féidir leó gorta do chongbháil ós na daoinibh.’

torthamhail: ‘Is neamh-thorthamhail an bheatha, iascaireacht: is beag bhíonn dá barr ag duine.’

Ingeall ar shuíomh dhúiche SO ní haon ionadh go dtagraíonn sé do na Blascaoidí, don fharraige agus don rámhaíocht. Tugann sé le fios dúinn nach bhféadfadh sé féin maireachtáil ar an oiléán de bharr uaigneas agus iargúltacht na háite:

aduantas: ‘Ní mhairfinn ar an oiléán seachtain is dóigh liom le haduantas: uaigneas.’

Tagraíonn sé d’áilleacht na mBlascaoidí, d’éanlaith an oiléáin agus do thionchar na haimsire ar shaol mhuintir an oiléáin. Seo a leanas blaiseadh dá bhfuil de thagairtí aige:

aghaidh: ‘Is ar aghaidh Dhún Chaoin siar atá na Blascaodaidhe: ós a choinne, san áird sin.’

aistreánach: ‘Bíonn mórchuid aistreánach éun ar na Blascaodidhibh san Earrach, mar atá, an crosán, an fhórcha etc.: éunlaithe ó thíorthaibh eile.’

aicillidhe: ‘Rámhaidhthe aicillidhe i bhfarraige reimhir seadh na h-oileánaigh: tá an t-eolas ceart aca ar an tslighe a’s cóir a mbáid (nadhbhóga) do iondrabháil.’

ainliughadh: ‘Dob é Liam Ó Séaghdfa an fear ainlighthe nadhbhóige dob fhéarr in iarthar Chiarraighe: an fear dob fhéarr chun a hiondrabhála ag iascach lé sruth nó gaoith.’

allusamhail: ‘Cá gcuirfeá obair rómhat is allusamhla ná rámhaidheacht: obair a bhainfeadh allus asat lé n-a déine.’

anfamhail: ‘Cá bhfaighfeá áit is anfamhla ná Na Blascaodaidhe? is measa aimsir.’

cogaint: ‘Tá fear ar an mBlascaod go dtugtar “Cogaint” mar leasainm air lé n-a dhúil “scine” (tobac) do bheith fén fhiacal aige.’

cóimhleathan: ‘Níl an Blascaod Mór cóimhleathan, is cumhainge in áiteannaibh é ’ná in áiteannaibh eile: ní haon tomhas céadna é ó cheann ceann.’

confadhach: ‘Is confadhach an mhuir tímcheall na mBlascaodaidhe sa gheimhreadh lé linn stoirmeach: fiochmhar, fiadhain, diamhair.’

dáirdeal: ‘Tá muinntir na mBlascaodaidhe siontheanntuighthe agen ndáirdeal gaoithe is farraige.’

éirghe: ‘Níor fhéachas riamh maidean álúinn ar na Blascaodaidhibh ná go dtiocfadh éirghe croidhe orm le haoibhneas: gírréis: subháilceas corrúightheach.’

lonna: ‘an chuid den maide rámha go greamuigtear lé linn rámhaidheachta.’

maide: ‘Maididhe cos an bháid (na nadhbhóige): na treasnáin ar a tóin go luigheann na cosa ’n-a gcoinnibh i rámhaidheacht. Maide rámha: úirlis adhmaid go luirg fhada, bas ar

cheann an uisce dhe, a's lona³² ar an gceann eile, é 'n-a luighe ar adhbhar a ghníos buthal do – chun báid do ghluaiseacht tríd an uisce. An maide tosaigh: an ceann a bhíos i ngiorracht do shnaidhmin an bháid, a's an maide deiridh, an ceann is giorra don bhfostain.

Maide brollaigh .i. maide móir i lár báid go mbeadh beirt ag tarrac air, freisin ceann den dá mhaide a bhíos sínte lé hughaim go mbíonn na brollaighe (dha ghad) ceangailte treasna ar dhrom an ainmhidhe os chionn na strathrach. Maide corrach: bata nó bíoma mar mheádh.'

rámh: 'Maide rámha: an bata déanta oireamhnach chun na bearta, go mbíonn lonna (ceann caol i gcóir na gcroibh), colpa (níos reimhre) on lonna go dtín ádhbhar (ar ghunail an bháid) an caol as-san go dtín mbais (an chuid leathan tanaidhe) a túmtar san uisce etc.'

ribín: 'Ruibínidhe tugtar ar na lataidhe fada adhmaid a cuirtear lasmuigh des na fonsaidhibh ar nadhbhóig feadh n-a faide idir iad agus an anairt.'

scéimh: 'Ó Thráighlí go dtíis na Blascaodaidhibh tá scéimh talmhan is mara chómh breágh agus tá sa domhan: dealramh is breághthacht.'

taoide: 'An madra taoide a ritheann ó dheas ar an mbealach idir an Blascaod Mór agus an mintír: sruth láidir bhorb chas.'

2.5 Litríocht agus Amhránaíocht

Tá cnuasach breá de sheanscéalta, de dhánta agus d'amhráin ag SO, cnuasach atá bailithe le chéile agamsa faoin teideal 'Amhránaíocht & Litríocht'. Tagraíonn sé do sheanscéalta Fiannaíochta agus Rúraíochta (ina measc *Agallamh na Séanórach* agus *Táin Bó Cuailnge*), do *Seanchas Éireann*, *Cúirt an Mheán Oiche*, do shaothair an Athar Peadar, Phiarais Feirtéir, Eoghain Ruaidh Uí Shuilleabháin agus Sheathrúin Chéitinn.³³ Ní hiad gaiscigh na hÉireann amháin a luann sé – feictear tagairtí do Dhon Cíochóití agus Sancó, aistrithe go Gaeilge ag an Athair Peadar, agus don amhránaí Carúsó chomh maith:

³² Má bhreathnaímid ar an gcéad cheannfhocal eile agus ar a bhfuil faoi **rámh** ag SO, feicimid nach 'lona' mar atá anseo, atá aige, ach 'lonna'.

³³ Ar an gcuid is mó de, is é go luann SO teideal na dtéacsanna, seachas go dtógaí astu, mar shampla: **áirdsceul:** 'Bliadhanta ó shoin, bhiodh ardsceulta mar "Madra na nOcht gCos", "Giolla an Fhiagha", "Cú Bhán an tSléibhe" á n-ainhris ar mhórán teinteán: scéalta árd-chlúiteacha go n-éistíghtí leo go h-aireach.' Ach, sin ráite, tagaimid ar chorrsampla aige ar tagairtí iad d'eachtraí sna scéalta, m.sh. **agallaim:** 'D'agalladh Pádraig agus Oisín a chéile i dtaobh creidimh a's pagántachta, duine aca ag treasughadh ar an nduine eile: d'áitighidís (dheinidís) argóint in aghaidh a chéile.' Tá liosta ionlán de na scéalta, na hamhráin agus na rainn filíochta a dtagraíonn SO dóibh ar fáil in Agusín a sé (7.6).

almais: “Fathaigh mhóra, ghroidhe, a Shancó”, arsa Don Cíochóití lé n-a ghiolla, “seadh iad agus tá orm iad d’ionnsaidhe mar is dual do ridire fain”, nuair chonnaic sé na mulite gaoithe, “almais chainnte”, arsa Sancó gur bh'eól do go maith gur mhuithe iad: cainnt gan fuaiméant.”

an-aoibhinn: ‘B’an-aoibhinn an t-amhránaidhe Carúsó: guth cheólmar a chuirfeadh áthas ar do chroidhe.’

2.6 Eibhlín Nic Niocaill

Luann SO eachtra faoi leith faoin gceannfhocal **cómhaireamh** a raibh tionchar mór aici air féin agus ar mhuintir an Bhlascaoid go ginearálta: ‘Ar an tríomhadh lá déag de mhí Iúil do chuaidh Eibhlín Nic Niocaill ’on Oileán (an Blascaod Mór) agus i gcómhaireamh an lae sin i Lughnasa do bádhadh í: ar an tríomhadh lá déag de Lughnasa.’ Tagairt atá anseo do bhá Eibhlín Nic Niocaill agus Dhomhnaill Uí Chriomhthain. Scoláire ab ea í Eibhlín a thug cuairt ar Iarthar Chiarraí chun slacht a chur ar a cuid Gaeilge. Scríobh SO cur síos ar an eachtra in alt le haghaidh *Scéala Éireann* ar an 13 Lúnasa, 1946, i gcomhaireamh an lae a bádh í sa bhliain 1909. Ag breathnú dúinn ar an alt sin feicimid chomh mór agus a chuaigh an eachtra i bhfeidhm air:

Tháinig sí chun na Gaedhealtachta chun slachta do chur ar a cuid eolais.

Mí díreach a ráinig sí ar an oiléán nuair thárlaigh an chinneamhaint. Dá bhfaghainn ré triúir ar an saoghal soní imtheóchadh an 13adh lá d’Fomhar [sic] as mo chuimhne agus a chuíos agam.³⁴

Ba é SO a thug chun an oiléain í toisc nach raibh foireann naomhóige ar fáil an lá a tháinig sí go Dún Chaoin. Deir sé san alt, ‘tar éis mórchuardaigh fuaireas garsún agus rámhaidh an bheirt againn treasna í.’ Cuireann Micheál Ó Dubhshláine ina shaothar *Óighean Uasal ó Phriomhchathair Éireann* (1992: 20) gurbh é mac an mháistir an dara duine sin a luann SO:

³⁴ Ó Caomhánaigh (1946: 2).

Chuadar síos le chéile agus thug Seán agus mac an mháistir, Seán, nó Johnnie, isteach sa naomhóg í.

Ar an lá a bádh í bhí sí ag súil le cairde léi ar cuairt. Ba é SO a thug na cairde úd sall. Tharla go raibh siad déanach ag imeacht chun an oiléain agus chuaigh Eibhlín ag snámh agus í ag fánacht leo. Tagraíonn SO in *Scéala Éireann* (1946: 2) don cheo a thit agus iad ag gluaiseacht i dtreo an oiléain:

Ag druideam leis an oiléán dúinn luigh scailp throm cheóidh ar an uisce, cé go raibh an ghrian ag taithneamh go solasmhar tríd an gceódh ceudna i mballaibh.

Ag druidim leis an gcé dóibh thug siad faoi deara an slua a bhí bailithe, na mná a bhí ag gol agus na coirp a bhí sínte os a gcomhair. Nuair a chonaic Seán cérbh iad na marbháin, Eibhlín agus Domhnall, bhraith sé ciontach:

Chonnac athair Dhómhnaill ann ag gol. D’fhanas annsúd im stalca gan cor asam. Bhraitheas gur mé ughdar an mhéala uathbhásaithe. Rith sé trim [*sic*] aigne ná béadh sí ar an oiléán mara mbéadh mé; ná béadh sí sínte annsúd mara mbéadh mé; ná béadh Dómhnall Críomhthain báidhthe mara mbéadh mé. D’fheuch an seanduine orm. Thug sé iarracht, is dóigh liom, ar rud éigin do rádh ach choisc an tocht é. Bhraitheas ciontach! Ciontach! Cheapas go ndéarfadh sé “Tusa is bun le buadhait an lae seo.” In a ionad rug sé ar láimh orm chun a chur in iúil dom ná raibh aon mhilleán aige orm. Ar feadh tamaill ní fheudfainn aon rud do thabhairt chun cruinnis i gceart. Bhí an saoghal mór ag scartadh isteach im chluasaibh, “tusa is bun leis! Tusa is bun leis! ... Ní bheadh aon iongnadh orm an tráthnóna úd cad thárlóchadh, bhí m’aigne chomh suaidhthe sin toisc na bainte, dar liom, a bhí agam leis an

méala, dhá phudhair in aon ló ... Thionnlacas 'on oiléán beó í; thionnlacas ón oiléán ina marbh í.'³⁵

Ar an Aoine, 13 Lúnasa a thit an tubaiste amach, agus feicimid tagairt ag Ó Dubhshláine (1992: 48) do thábhacht an dáta:

Aoine an 13 Lúnasa a tharla an óspairt, agus tá's ag gach éinne go mbíonn piseoga áirithe ag baint leis an lá sin, agus is ait an rud é, ach cothrom an lae céanna, an 13 Lúnasa 1976, a báthadh Tomás Ó Catháin, ó Bhaile Ícín, Dún Chaoin, is é ag dul isteach ar an mBlascaod. An rud a bhíonn, bionn sé. Ní mór a rá, áfach, cé gur dream mór piseoga iad muintir an Oileáin, fós ní raibh an ceann sin i dtaobh Aoine an 13ú lá acu. Ceann deoranta ab ea é a tugadh isteach ina dhiaidh sin.

Bhí cáil ar SO as a éirimiúlacht agus as a rógaireacht, agus tá neart samplaí in CCC a thugann tacaíocht don tuairim go raibh sé tógtha le comhluadar, le greann agus le háibhéil – nár bhí é an té ba dháiríre é. Ach, ag breathnú dúinn ar an tionchar a bhí ag idir bhás Eibhlín agus a ghrá do Marie Louise Sjoestedt air, faighimid léargas ar thaobh dáiríre SO.

2.7 Séamus Ó Caomhánaigh

Níor bhí é SO an t-aon pháiste le Seán Dónaill agus a bhean, Máire, a shaothraigh i réimse na foclóireachta. Bhí ardcháil ar a dheartháir Séamus (1900-89) i réimse na Sean-Ghaeilge go háirithe agus chaith sé tréimhse i mbun staidéir in Bonn. Bronnadh dochtúireacht air as an obair a rinne sé ar *Hessen's Irish Lexicon*³⁶ agus ceapadh ina Ollamh é le Teangacha Ceilteacha agus Fileolaíocht Cheilteach i gCorcaigh i 1946.³⁷ Ach, is san ábhar máistreachta a bhí aige, seachas san obair ar fad a rinne sé i réimse na

³⁵ Ó Caomhánaigh (1946: 2).

³⁶ Foclóir Sean-Ghaeilge atá in *Hessen's Irish Lexicon* (1933: Halle: Niemeyer), agus sainmhínithe tugtha i mBéarla agus i nGearmáinis. Ceathrar a d'oibrigh go priomha ar an saothar: Séamus Ó Caomhánaigh, Rudolf Hertz, Vernam Hull agus Gustav Lehmann.

³⁷ Ní Mhurchú/ Breathnach (2003: 35).

Sean-Ghaeilge, atá spéis againn – ‘Studies in the Vocabulary of the Dialect of West Kerry, B-O; T-U’. De réir Ní Mhurchú agus an Bhreathnaigh, is í 1931 an bhliain atá luaite leis an tráchtas – cúig bliana sular thug SO aghaidh ar CCC. Seo a leanas giota as an réamhrá a mhíníonn mar a bhí mar ábhar tráchtais ag Séamus (1931: Foreword):

The words edited here have been gathered mostly in the parish of Dún Chaoin in West Kerry. Comparisons have been made between those words in forms, usages etc. and as they are found in Dineen’s Irish-English Dictionary [1927]. New words have been recorded, and additional usages have been given in cases where it seemed worth doing so. I have not so far as I know, unnecessarily repeated anything contained in that work.

I have also examined the literature which has been lately written in the dialect, and have given references to all words and phrases, which I have extracted from it, and which I have recorded in my collection.

Is é a fhaighimid sa tráchtas, mar sin, cnuasach d’fhocail Ghaeilge as an gceantar ó ‘B-O’ agus ‘T-U’. Bhain Séamus úsáid as dhá nod éagsúla agus é ag tagairt do FD, ‘as in Din. = meanings given by Dineen, forms, cases, gender may differ’, agus ‘not in Din. = shows that I have not found the word in Dineen’s Dictionary.’ I dteannta FD, maíonn sé sa réamhrá gur bhain sé leas as ‘*Allagar na h-Inse, Beatha Íosa Criost, The Journal of the Folklore Society of Ireland, Manuscripts of the late Pádraig Feirtéar agus An t-Oileánach*.’³⁸ Sa mhéid is go raibh an tráchtas seo críochnaithe ag Séamus sular thug a dheardháir faoina shaothar fén b’fhiú comparáid a dhéanamh idir cnuasaigh na beirte acu féachaint an bhfeictear aon rian de shaothar Shéamuis ar shaothar SO. Má chuirimid an chéad trí iontráil ag Séamus i gcomparáid leis na hiontrálacha céanna ag SO ní fhéadfai a áitiú gur bhain Seán leas as cnuasach a dheardhár. Is iad **bac**, **bacach** agus **badhbóir** an chéad trí fhocal atá i gnuasach Shéamuis:

³⁸ *ibid.* Foreword.

bac, m., g., ic., pl., -anna, not exactly as in Din., crook, hindrance, stop, and largely in negative construction. Níl a bhac air. He can, He is capable of doing so. A.H. 175, 31.³⁹

bacach, m., g., bacaigh, pl., id., as in Din; diminutive only, bacachán, other usages; tá an scéal 'na phaidear na mbacach agat, you have made the tale as well known [by constant repetition] as the beggar's prayer; said when anything is well known: is iad máláí an bhacaigh iad, they are like the beggar's bags; [things which are mixed up with one another].

badhbóir, m., g., badhbóra, pl. badhbóirí, one addicted to swearing or cursing, cg. Din., badhbaire, which also occurs.

Seo mar a fhaighimid na focail chéanna, **bac**, **bacach** agus **badhbóir**, ag SO:

bac: *f.1. b.2.* cosc, casadh, suim. Dubhart leis gan **bac** therm = dubhart leis leigeant dom agus dom ghnóth. Tugann sé mórán airgid dos na bochtaibh, agus níl a **bhac** san air = tá sé ar a chumas é do dhéunamh. Níl aon bhac ort dul abhaileanois = níl aon chosc ort dul abhaileanois. Bír i gcómhnaidhe ag **bac** liom-sa = bír ag cur isteach orm, nó bír ag cur suime ionam. "Tiocfaidh sé chun cainnte leat" – "níl a **bhac** san air, cé gur beag dá mhaitheas do é" = ní coiscfear é, ach ní bheidh ao'nidh dá bhárr aige. Bhí mo cheann i **mbac** a uileann aige agus é ag gabháil orm = mo cheann i lúib a láimhe ón dtaobh istigh. Buaileadh i **mbaic** an mhuiníl me = i gcaol an mhuiníl = buaileadh go dona me: d'fhuilngeas cuid mhaith (ó aon rud). Fuair na Danair i **mbaic** an mhuiníl é i gcath Chluain Tairbh = go dóichte: do bhí cuimhne aca air.

bacach: *f.1.* duine a bhíos ag bailiughadh déirce, duine gan puinn áirde, duine ná bionn mórán measa air. Níl ionat ach **bacach** = duine gan aon

³⁹ A.H.: Allagar na h-Inse

mheas air féin. Ní dhéunfadh aonne an rud suarach atá déunta agat ach bacach éigin = duine gan speach. Ná bac bhacaigh do chur in aon áit go dteastuigheann daoine meastamhla = rud gan aon dealramh seadh daoine gan tábhacht do chur ar ghnóth tábhachtach. Éist, a bhacaigh, bíodh éifeacht leat = éist, a dhuine gan eolas, bíodh ciall léid ráidhtibh: duine náh fiú cluas do thabhairt do seadh thu. Ní bhfuaires riamh san dtigh bódála céudna ach biadh bacaigh = biadh aindceis, gan mórán maitheasa. “Biadh ríogh ruacain, biadh bacaigh báirnigh”. Bíonn sé chómh díomhaoin le bhacach a chaithseadh a mhála dhe = dearg-dhíomhaoin ar fad, ar fad, gan aon ghnóth ná fonn gnótha.

badhbaire: *f.4.* duine a bhíos ag eascuinghe nó ag mallughadh de ghnáth, go mórmhór bean. Is í an badhbaire mná í = bean go bhfuil droichbhéal uirthe, tarcuisneamhail neamhnáireach. Éist! a bhádhbaire, níl tor madra agam ort = is cuma liom cad dheineann do lithéid de dhuine gan náire n-a bhéal. Seanfhocal seadh é – “gheibheann badhbaire a guidhe go minic agus ní ar mhaithe léi féin é”. (**badhbóir**)

Feicimid, mar sin, gurb é leagan FD, atá tugtha mar mhalaírt leagain ag Séamus ar **badhbóir**, atá ag SO, agus go dtugann sé **badhbóir** idir lúibíní ag deireadh na hiontrála. Má bhreathnaímid ar an litir ‘B’ ina hiomlán, faightear léargas níos fearr ar an dá shaothar i gcomparáid le chéile. Céad seasca is a naoi gceannfhocal atá ag Séamus a bhfuil seachtó is a hocht acu ina gceannfhocail ag SO chomh maith. Cé go bhfuil cuid mhaith acu, mar sin, ina gceannfhocail ag SO ní hionann tromlach na samplaí atá ag an mbeirt acu. Faoin bhfocal **báire**, mar shampla, tugann Séamus, ‘tá an báire arís aige, said of one who has been on the verge of death and is now recovering’ ach níl an úsáid seo ag SO. Mar an gcéanna, faoin bhfocal **beatha** feictear, ‘beatha cearrbhaigh, gambler’s chance’ ag Séamus. I bhfianaise a bhfuil ar eolas againn faoi SO agus an spéis a bhí aige in imirt chártaí, bheifi ag súil leis an gceann seo aige, ach níl a rian de. Arís eile, faoin gceannfhocal **béim** ag Séamus, ‘táimid anso ar béim, occupied; also without making but little progress, as for instance trying to row against a tide and a strong wind’ agus gan é

ag SO. Tagaimid ar ‘also a marriage license’ ag Séamus mar mhíniú ar an gceannfhocal **billeóg**. ‘Bileóg an phósta’ a thugann SO ar an gceadúnas céanna. Faoin gceannfhocal céanna tá úsáid eile ag Séamus, nach bhfuil a rian de ag a dheardáir – ‘tá billeóg de, he is a little mentally affected.’ Feicimid, ansin, go dtugann SO ‘file mná’ faoin gceannfhocal **bean** ach gan aon mhíniú aige leis, ach go ndeir Séamus ‘file mná, is often used to mean a woman who talks a lot.’

Mura bhfuil ach seachtó is a hocht de na céad seasaca is a naoi gceannfhocal atá ag Séamus i saothar SO, caithfidh go bhfuil focal is nócha nach bhfuil ina gceannfhocail ag SO. Seo iad na cinn sin: badhbóir (‘badhbaire’ ag SO), baigheáil, báilléaraidhe, báilleireacht, baillí-chreatha (‘baill-chreathach’ mar aidiacht ag SO agus ‘baill-chrith’ mar ainmfocal), báinghil, báinté (tá ‘báintéir’ ag SO, agus is ionann an bhrí atá leo i bhfianaise na samplaí – {Séamus} ‘tá an fhairge na báinté, the sea is very calm’; {SO} ‘Lá b’eadh é go raibh an mhuiр n-a báintéir = bhí sí anchiúin ar fad’), bairlineach, balcuighim, bán-tsléibhe, bannra, baoth-fhann, barra (níl seo ina cheannfhocal ag SO, corrshampla aige faoin gceannfhocal ‘bárr’), barra (‘slight, not heavy’ an bhrí leis an dara ceann seo), barra-cheathach, barrach, barrán, bártha, barra-taoide (níl seo mar cheannfhocal ag SO ach teacht air faoin gceannfhocal ‘bárr’), bárrthain, bathaimeach, beachtamhail, beag-fhóid, béal-láidir, béal-sheanachas, béal-shreang, béal-tais, beannógach, béisreach, beihear, beithinseach, beití, beidhlín, beósach, bhód, bial, bínsín, biorgadán (‘briogadán’ ag SO agus ceann de na brionna ag Séamus leis), bladhms (‘as in Din., bladhdm, but limited to a flame, a blaze’ – ‘bladhdm’ ag SO), bláithíneacht (‘speaking or acting in order to coax a person’ – an ionann seo agus ‘tláithíneacht’ ag SO? ‘plámás, lághaiche, meallaireacht, síbhialtacht, géilleamhlacht.’), blaodh, bleachtas, bléidseach, bliogarán, blodhtach, boghaisín (tagtar ar an leagan seo faoi ‘bogha’ ag SO), bóciall, bóciallach, boighreán, bóircín, borbruighthe, bódálta, borrach, brabúsach, brácadh (‘bráca’ ag SO agus cosúlachtaí idir an dá leagan), brághaid-bhróg, braghaideán, braigeáil, braigeálaidhe, braigeálach,⁴⁰ branngóid, breacaire,

⁴⁰ ‘boasting’, ‘boaster’, ‘boastful’ atá ag Séamus mar mhíniú ar na trí leagan dheireanacha. Tá an chosúlacht orthu go mb’fhéidir go bhfuil said bunaithe ar ‘brag’ an Bhéarla. Feicimid go bhfuil ‘bragaire’ agus ‘bragaireacht’ (‘bragarthach’) in LEI (1904: 71) ar ‘boaster’ agus ‘boasting’; agus ‘bragaireacht’ in DIL (1983: 80) ar ‘bragging, boasting.’

breacradh, brealla-chaoch, breallamhail, breasghail ('An Bhreasghail, an imaginary land under the sea to the West of Ireland, said to appear once every seventh year.' Níl 'Breasghail' mar cheannfhocal ag SO, ach tagaimid ar shampla amháin de i gcorp an téacs – 'Isteach i gcrioslach na Breasaile tá baill do-córais ann ná fuil cunntas ar bith againn ar cad tá ann ná fuil, ná ar líomadh na talmhan, forghaoisidhe tiugha, dorcha, aibhnte móra, doimhne is an uile chonstaic do chosc a lorgaireachta: baill fé rún'), bréata, breisighim, breise ('breis' mar cheannfhocal ag SO agus roinnt samplaí de 'breise' faoi), breóidseach, bróin ('see Din. under bró, a mass of anything, bróin fola, a flow of thick blood.' Spéisiúil go leor tagaimid ar an sampla seo a leanas ag SO faoin gceannfhocal 'bró' – 'Tá bróin mhór dhubh (bró?) laistiar sa spéir: scamaill throma, dhlúthá, dhubha (drochchómhartha aimsire)' agus comhartha ceiste aige faoin leagan a bheith bainte le bró), broithileachán, brothghail ('excited speech'). An bhfuil baint aige seo agus 'brothall' ag SO agus an bhrí, “Brothall”, leasainm ar dhuine go mbíonn mórán cainnte aige, a's gur bhreágh leis babhta bruighne do bheith ar siubhal?-, bruadaire, bruadaireacht, bruiseáil, buancas, buana, budóg, buidheachar, buidheashasuighim, buinice, buirbeáil, buirrithe, búiscean, buithré ('a great mass of anything, as smoke etc.', faoi 'búithreán' ag SO feicimid 'mórchuid solais; mórchuid d'aon rud'), bun-bhean, búnránach, bun-ribe, bun-sprioc.

Faoin gceannfhocal **basóig** ag Séamus deir sé 'f., g., basóige, pl. basóga, as in Din., but means more than ripple, a medium sized curling wave.' In FD feicimid go luaitear '(McK)' le hais 'a ripple on the sea', a thugann le fios gurb é SO a sholáthar an míniú⁴¹ agus nach raibh na deartháireacha ag teacht le chéile go hiomlán sna brónna a bhí acu leis an bhfocal.⁴²

⁴¹ Pléifear McK agus an bhrí atá leis sa chéad chaibidil eile (3.2).

⁴² 'tonntacha beaga, éadtroma farraigé' atá in CCC ag SO.

2.8 Bás SO

I ndiaidh dó CCC a chuir i gcrích, fuair SO post ar thionscadal Fhoclóir Béarla-Gaeilge Thomáis de Bhaldraithe, a léiríonn, is dócha, an meas a bhí air i réimse na foclóireachta. Tugadh faoi deara go raibh ag teip ar a shláinte,⁴³ ach fós ní raibh éinne ag suíl go bhfaigheadh sé bás gan curtha de ach bliain is trí scór (dá mairfeadh sé bheadh sé dhá bliain is trí scór ag túis mhí Feabhra). Ar an 16 Eanáir 1947 thángthas ar chorpa SO ina theach lóistín⁴⁴ i ndiaidh dó oíche chuideachtúil a chaitheamh lena chairde. Seo mar a d'fhógair údar gan ainm a bhás san *Irish Times* (1947: 4) an lá arna mhárach:

Death of Sean Og O Caomhanaigh

Sean Og O Caomhanaigh (Sean a' Chota), who died yesterday, aged 60, was a native Irish speaker from Dunquin, Co. Kerry. Early in life he joined the Gaelic League, and later became an itinerant teacher and organiser. He walked and cycled through many counties, particularly in Limerick and Laoighis, bringing the people into Irish classes in sheds, farms and school-houses, and organising Gaelic League branches.

Later he went to the United States, where he devoted most of his time to work in national movements, and to organising financial assistance for the struggle at home. He returned about 1919, and then took an active part in the Independence struggle in Kerry. Later he fought on the Republican side in the Civil War and was interned.

He was engaged for some years recently in compiling a Dictionary of Kerry Gaelic. He finished this about a year ago, and then was employed by the Department of Education in Dublin in compiling an exhaustive English-Irish Dictionary. He was working on this up to a day before he died.

⁴³ ‘Deir Nóra Ní Shúilleabhaín a bhí ag obair sa tigh céanna leis i Sráid Hiúm, ag trácht ar an tréimhse dhéanach dā shaol: “Thugas fē ndeara ná raibh sé róláidir an t-am san. Bhíodh se mall ag siúl suas an staighre.”’ (SC, 1985: 31).

⁴⁴ ‘Fuarthas é ar maidin sínte trasna na leapan, a chuid éadaí air, agus a phaidrín casta timpeall a lámha. San Green House, 98 Faiche Stiabhma, teach le muintir Chinnéide, a cailleadh Seán.’ (*ibid.* 31).

He wrote a number of books, including translations into Irish of Aesop's Fables and Arabian tales, "Fabhail-Scealta o Aesop" and "Briocht-Scealta na hAraibe". He also translated the Psalms into Irish.

Author of many short stories and critical articles in Gaelic, he was a frequent contributor to the IRISH PRESS. In this most recent article he told how he rowed Miss Eveleen Nicholls from Dunquin to the Great Blasket on the day she was drowned. It was his intention to have these stories and articles collected and published in book form.

Many foreigners interested in the Irish language who visited Kerry sought out Sean to tell them traditional stories, and Sean in turn was always anxious to learn the folklore of the visitors. He taught Irish at St. Andrew's College, Dublin, and the Masonic Schools, Dublin.

He was a brother of Dr. Seumas Caomhanach, Professor of Old Irish in University College, Cork, and of Mr. M. ("Kruger") Cavanagh, Dunquin, well known to visitors to Dingle.

The funeral will leave 98 St. Stephen's Green, Dublin, at 11.30 a.m. to-day for Kingsbridge, and burial will take place to-morrow at Dunquin, Co. Kerry.

Agus scéal a bháis faigte ag an Taoiseach d'ordaigh sé do Sheán Mac Lellan⁴⁵ teileagram a chur chuig deartháir Sheáin, Muiris Ó Caomhánaigh:

Muiris Ó Caomhánaigh. Dún Chaoin.

Comhbhrón ó chroí leat féin agus led mhuintir ar bhás do dhearthár.

Éamon de Valéra.⁴⁶

Bhí SO mar mhúinteoir, ábhar spreagtha agus eiseamláir ag an scoláire Dáithí Ó hUaithne. Léiríonn Proinsias Mac Aonghusa (1994: 118) dúinn an t-ardmheas a bhí ag Dáithí ar a oide, agus an tionchar a bhí ag SO ar shaol Dháithí:

⁴⁵ Faightear nota ar Sheán Mac Lellan agus ar na státseirbhísigh eile a luaitear sa tráchtas in Aguisín a cùig (7.5).

⁴⁶ Teileagram a cuireadh thar ceann an Taoisigh chuig Muiris Ó Caomhánaigh, 17/1/47, NA 97/9/370.

... Gaeilge Dhún Chaoin is mó a bhí aige mar theanga labhartha agus chualas daoine ag rá go raibh bealach cainte Sheáin an Chóta leis.

Is cinnte go ndeachaigh an Cóta go mór i gcion air; ba thrua don té a dhéanfadh aon bheachtaíocht ar Sheán an Chóta i láthair Dháithí. An mar aithris ar a mháistir a chaitheadh sé an Filleadh Beag nó An Cóta tráth dá shaol? ... Is de bharr tionchar an Chóta a chuaigh Dáithí leis an nGaeilge agus le Éire na nGael agus a thug sé cúnla le Angla-Éireannachas agus le aontachtóireacht a mhuintir. D'athraigh an Cóta saol Dháithí; ar shlá ní bheadh sé as bealach a rá go raibh tionchar athara ag Seán Caomhánach ar Dháithí Ó hUaithne.

Luadh ansin go gcaitheadh Dáithí filleadh beag agus go mb'fhéidir go raibh aithris á déanamh aige ar SO ansin. Ar an ábhar sin, is dócha, feicimid tagairt san alt atá ag Mícheál Ó Siadhail (1994: 35) do 'D[h]áithí an Chóta'. Scríobh Dáithí alt in *Comhar* in ómós dá oide tar éis bháis dó agus dùirt ann (1947: 5):

Bhí sé le léamh ann gurbh **Irish scholar** é, pé ciall atá leis na focla san. Ach níor scoláire i n-ao' chor é ach duine a fuair lántsaibhreas Gaeluinne ó dhúchas agus a bhíodh ag cur leis an saibhreas san i gcónuí; bhaineadh sé an méid sin aoibhneasa as bheith ag úsáid na teangan ná bíodh sé d'uain aige í d'iniúchadh go mion mar a dhéanfadh an scoláire ... Sí firinne an scéil í ná go mbíodh uaigneas air mara mbeadh conbharsáid aige le gach sórt duine, idir óg agus aosta, uasal agus íseal, agus tuigeadh do gur mhór an scannradh é go mbeadh a cháirde aineolach ar theanga chomh háluinn leis an nGaeluin do bhí aige ... Agus, ós rud é go bhfuil Boswell lúaite agam, beidh sé do dhánaíocht agam a rá nár mhiste, béisidir, a rá go bhfuil cuid mhaith cosúlachtaí idir an Dr. Johnson agus an Cóta; dhin gach duine aca ana-staidéar ar a theanga dúchais, agus scríobh gach duine aca folclóir – agus, tréis an tsaoil, ní ar fheabhas a shaothair liteara a mhair clú Dr. Johnson, ach toisc gur dhuine é a tharraing cáirde na dtimpeall é agus sé is

dóichí ná go mbeidh an rud chéanna le rá i dtaobh an Chóta ... Thug sé taitneamh riamh dosna rudaí sin is mó a bhí fé ghradam nuair a bhí an Gael in uachtar in Éirinn – caint bhríomhar, fion dearg agus mná áille.

3. ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe’

Comhaontuithe an Tionscnaimh

Nuair a chinn SO ar CCC a thiomsú chuir sé sampla faoi bhráid Choiste Comhairleach na Roinne Oideachais.⁴⁷ I bhfianaise pháipéir na Roinne is i mí Eanáir 1935 a pléadh an tionscnamh den chéad uair:

The first reference to ‘Croidhe Chainnte Chiarraighe’ in the Department’s records is contained in the minutes of the meeting of the Department’s Advisory Committee (subhead E of the Vote for Secondary Education) held on 11th January, 1935 ... The minutes state that a sample (portion of the words commencing with the letter B) of a vocabulary of Kerry Irish which was being prepared by Seán Óg Ó Caomhánaigh was submitted to the Committee, and that it was decided that one of the Gúm editors should read and report on it.⁴⁸

Luaitear sa tuairisc gur roghnaíodh Micheál Ó Gríobhtha, eagarthóir Muimhneach de chuid *An Gúm*, chun an t-ábhar a scrídú agus chun tuairisc a scaipeadh ar bhaill an Choiste, ionas go bhféadfaidís siúd an tuairisc a phlé ag cruinniú mhí Feabhra (22 Feabhra 1935). I dtuairisc Uí Ghriobhtha cuireadh saothar SO i gcomparáid leis an saothar RO ach go ndeirtear gur ‘fearr agus ionláine é ná “Réilthní Óir”’. Ag breathnú dúinn ar thoirt an tsaothair feicimid gur thart ar thrí mhile seacht gcéad ceannfhocal atá sa dá imleabhar de RO, i gcomparáid le breis is seasca míle ceannfhocal in CCC. Faightear sa tuairisc cur síos ar a bhfuil i gceist le saothar SO:

Mínigheann an t-ughdar an focal bunaidh ar dtúis, agus annsan tugann sé abairtí agus ráidhte dhúinn chun cialla agus leagain éagsamhla an fhocail do mhúineadh. Tá a lán leagan aige ná fuil ar eolus agam-sa;

⁴⁷ Ag breathnú dúinn ar CCC (SO) agus ar na tagairtí do chruinnithe an Choiste feicimid na hainmneacha seo a leanas i measc na mball: Seoirse Mac Niocaill, Micheál Breathnach, Domhnall Mac Grianna, Tomás Ó hÉigheacháin, Micheál Ó Griobhtha agus Lúise Gabhánach Ní Dhubhthaigh.

⁴⁸ CCC (SO) 1.

agus dá bhrigh sin, agus fós de bhrigh go mbeidh buailte le 700,000 focal san leabhar ar fad, déarfainn gur ceart an sampla so do thabhairt le léigheamh do dhuine éigin go bhfuil eolus maith aige ar chanamhaintí Ciarraighe agus leingt do léirmheas do dhéanamh ar an saothar.⁴⁹

I bhfianaise an ghiota a chuir SO faoi bhráid an Choiste tá sé spéisiúil gur mheas Ó Gríobhtha go mbeadh ‘buailte le 700,000 focal san leabhar ar fad’. Ní raibh fiú trian de líon iomlán na bhfocal sa mheastachán sin. Bunaithe ar an ngiota sin den saothar a bhí léite aige, theastaigh ó Ó Gríobhtha dhá ní faoi leith a chur faoi bhráid an Choiste. Luaign sé, uimhir a haon, go raibh cuid de na mínithe rófhada agus nárbh fhéarr, go minic, an míniú ann ná as, agus, uimhir a dó, go raibh roinnt nithe as ionad. Tharraing sé roinnt samplaí amach mar léiriú ar an dá ní thuas, ina measc an focal ‘babhta’:

iarracht, uain, turus, greas. Budh mhaith an babhta ráis é siúd sa Daingean an lá do bhuaidh bád Phádraig Uí Chinnéide = greas a cuireadh go dian” (Abairt ró fhada; míniú ró lag. Ba leor babhta ráis do mhíniú gan padair chapaill do dhéanamh dhe).⁵⁰

Cé gur thug sé suas le cúig shampla dhéag inar cheistigh sé brí, ord, agus an gá a bhí le cuid de na mínithe, críochnaíonn a thuairisc go dearfach:

Má dheineann an t-ughdar a chuid oibre go cúramach – agus ní mór do bheith go han-chúramach – raghaidh an saothar go mór chun leasa don Ghaedhilg.⁵¹

Pléadh an tuairisc ag cruinniú den Choiste ar an 22 Feabhra 1935, mar a dúradh cheana, agus moladh go ligfi don údar tabhairt faoin obair, ach gur chóir go dtaispeánfaí tuairisc Uí Ghriobhtha dó. Mar thoradh air seo, cuireadh an giota ar ais chuig SO, agus socraíodh

⁴⁹ *ibid.* 1.

⁵⁰ *ibid.* 2.

⁵¹ *ibid.* 4.

cruinniú idir é féin agus an tUasal Micheál Breathnach (a bhí ina bhall den Choiste Comhairleach). Ag an gcruiinniú chuaigh Micheál Breathnach go mion trí thuairisc Uí Ghriobhtha le SO, ag tabhaint treoracha dó i dtaobh modhanna oibre don chuid eile den saothar. Ar an 20 Bealtaine 1935, chuir SO an chéad chuid eile den litir ‘B’ chuig An Roinn. Scrúdaigh Ó Gríobhtha é agus scríobh sé tuairisc ina thaobh:

Tá sé ar aon dul leis an gcéad chuid. Is mór agus is luachmhar an saothar é, agus ní foláir nó déanfaidh sé leas mór don Ghaedhilg. Is saothar fathaigh é; tá 75,000 focal, nó mar sin, fén litir B amháin, b’fhéidir nach gábhá na habairtí go léir, ach má’s gábhá scagadh do dhéanamh is féidir é dhéanamh le linn eagarthóireachta, i gcómhairle leis an ughdar.⁵²

Dhírigh sé aird ar na botúin ar fad a bhí gan cheartú sa saothar, agus é den tuairim go raibh an ‘iomarca deabhaidh ar an ughdar’. Feicimid go raibh amhras air i dtaobh cuid de na samplaí a raibh, dar leis, cuma an Bhéarla orthu, chomh maith le samplaí eile a bhí róchosúil le samplaí as FD:

Fé mar adubhras cheana tá a lán rudai ag Seán annso ná fuil ar eolus agam-sa: ní cáineadh é sin, dar ndóigh, ach moladh. Cheapas gur ó chainnt na ndaoine bhí na habairtí seo á gcumadh aige, ach nuair chím “an bhfuil sé ag ealúghadh na dlighe (má coir déanta aige)” [sic] tagann eagla orm go bhfuil roinnt éigin de cheapadóireacht ar nós an Bhéarla ar siubhal aige. Ní mór den tsórt san atá ann, ámh. Tugaim fé ndeara go leanann sé foclóir Uí Dhuinnín dlúth go leor.⁵³

Níorbh é seo an t-aon uair amháin le linn an tionscnaimh go dtagrófaí don chosúlacht idir saothar SO agus FD, agus is ceist í a phléifear níos déanaí sa chaibidil seo.⁵⁴

⁵² *ibid.* 5.

⁵³ *ibid.* 5.

⁵⁴ Féach 3.2.

3.1 An Chéad Chomhaontú

Pléadh dara tuairisc seo Uí Ghríobhtha ag cruinniú an Choiste Chomhairligh ar an 24 Bealtaine 1935. Socraíodh ar réamhíocaíocht a thabhairt don údar i leith na hoibre a bhí déanta aige go dtí sin ar an litir ‘B’, agus go n-íocfaí a thuilleadh leis mar réamhíocaíocht ar an litir ‘A’. Chuir SO ceist maidir le modh agus le méid na híocaíochta a bheadh ag dul don saothar, agus socraíodh ag cruinniú mhí na Samhna go dtabharfaí £2 an míle focal dó, cinneadh a cuireadh in iúl don údar fén ar an 8 Eanáir 1936.⁵⁵ Faoi dheireadh mhi Aibreáin 1936 bhí an litir ‘A’ i seilbh na Roinne agus céad is a cúig déag míle focal ann. Ag an bpointe seo socraíodh go ndéanfaí comhaontú idir An tAire Oideachais agus SO, agus ar an 20 Bealtaine cuireadh an comhaontú, a bhfuil cóip de leis an saothar seo in Aguisín a haon (7.1), i bhfeidhm.⁵⁶

Feicimid sa chomhaontú gurbh é ‘Coláiste San Aindrias, 21 Faithche Stiofáin, Baile Átha Cliath’ a tugadh mar sheoladh SO. De réir mar a chuaigh cúrsaí ar aghaidh chinn sé go n-éireodh sé as a phost sa scoil sin, agus as a shaol sa phríomhchathair, agus go mbogfad sé ar ais go Gaeltacht Dhún Chaoineach chun tabhairt faoin saothar ar bhonn lánaimseartha:

The author called to the office on 27th April (1937) and saw the Deputy Secretary, when he stated that he was anxious to devote his full time to the work of Croidhe Chainnte Chiarraighe. He called to see the Publications Officer on 7th May, and informed him that he was of opinion that the work would not be finished “for years” if the present arrangement were

⁵⁵ CCC (SO) 8.

⁵⁶ Tháinig mé ar an amliné seo a leanas sa chomhad N566 I a bhaineann leis an gcéad sé mhí ó fuarthas an sampla ó SO: ‘11.1.35: sample (letter B) submitted to Coiste um Leabhra Eolais. 5.2.35: Editor reports on sample for Coiste’s information. “Raghaidh an saothar go mór chun leasa don Ghaedhilg”. Some of the explanations too long, some unnecessary. 22.2.35: Coiste recommends that Seán Ó Caomhánaigh be asked to proceed with the work. 22.3.35: Coiste recommend that portion of the fee be paid without waiting for completion of the work. 23.5.35: further instalment of work reported on by Editor. He fears Seán Ó Caomhánaigh may be going ahead too rapidly. 24.5.35: Coiste recommends that author be paid for letters A and B, now done. 11.6.35: an tAire agrees that book may be accepted as text-book.’

continued, viz. by which he wrote the MS in Dublin after teaching hours, paying only an occasional visit to the Gaeltacht. He said he would prefer to give up his teaching post, settle down in the Gaeltacht, and devote all his time to collecting words and phrases and writing them down in a form suitable for printing ... If the Department saw no objection he would resign his post in Dublin, (he was not a registered or pensionable teacher), and proceed to the Gaeltacht at once, but he would expect to be paid regularly each month in respect of each instalment sent in.⁵⁷

Bhí an Coiste Comhairleach sásta leis an moladh seo, agus shocraigh siad go n-iocfaí le SO trí cheathrú den fhiúr iomlán (£2 an míle focal) as gach giota a chuirfeadh sé chucu. Socraíodh go leanfaí den socrú seo go ceann sé mhí, agus níos faide ina dhiaidh sin dá n-éireodh leis an gcéad tréimhse. Is ón bpointe seo ar aghaidh a cuireadh túis ceart leis an saothar, sa mhéid is go raibh ar a chumas ag SO giotaí cuimsitheacha a chur ar fáil ar bhonn rialta.

Ag filleadh ar an gcomhaontú a síniódh ar an 20 Bealtaine 1936, sé chlásal ar fad a bhí ann. Sa chéad chlásal luadh go mbeadh ar an údar ábhar a chur chuig An Roinn Oideachais go rialta, an chuid dheireanach le cur faoin 31 Nollaig 1937 ar a dheireanaí, nó ar dháta áirithe eile sa chás gur aontaíodh a leithéid. Sa dara clásal leagadh amach go gcuirfeadh an t-údar i bhfeidhm aon athrú nó ceartú a theastódh ón Aire. Pléadh cúrsaí íocaíochta faoin tríú clásal, leis an ráta £2 an míle focal curtha síos i scribhinn. Sa cheathrú clásal feicimid ceist an chóipchirt á plé. Le himeacht aimsire mhéadófaí ar thábhacht na ceiste seo, ach faoi chomhaontú na Bealtaine leagadh amach go bhfanfadh an cóipcheart ag an Rialtas go dtí an t-am go mbeadh costais an tsaothair faigte ar ais acu as a dhíol. Ní hé amháin go dtabharfaí an cóipcheart don údar, ach thabharfaí leis ‘... aon stoc de chóipeanna bheidh ar láimh, agus na plátaí buanchló má deintear a leithéidí.’⁵⁸ Bhí sé de cheart ag an Aire, faoin gcúigiú clásal, an cinneadh a dhéanamh, dá mbeadh cùis cheart aige, gan an saothar a chur i gcló, agus eisean a dhéanfadh breith,

⁵⁷ ‘CCC (SO). Faoin bhfotheideal ‘Author proposes to move to Gaeltacht’, 11-12.

⁵⁸ ‘Comh-aontughadh ar n-a dhéanamh an 20adh Bealtaine, 1936, idir Aire Oideachais Shaostait Éireann ... agus Seán Óg Ó Caomhánaigh’, Alt a ceathair.

faoin séú clásal, sa chás go n-éireodh aon cheist i dtaobh aon ghné den chomhaontú. Maidir le hábhar an tsaothair tá sé spéisiúil nach luaitear sa chomhaontú seo ina thaobh ach:

De bhrigh go n-aontuigheann an tUghdar leabhar dar teideal “Croidhe Cainnte Chiarraidhe” d’ullmhughadh i nGaedhilg agus lámhscríbhinn iomlán an leabhair sin do sheachadadh don Aire.⁵⁹

Níl aon rud sa Chomhaontú faoi na nithe go baileach a bhí le bailiú aige nó na nithe nach raibh le bailiú aige. Níor tugadh treoir ar bith do SO seachas go n-ullmhódh sé leabhar dar teideal CCC i nGaeilge. Níor luadh aon rud leis maidir le líon na bhfocal, fad na samplaí, rudaí a bhí ceadaithe agus rudaí nach raibh.

Nuair a rinneadh an socrú seo le SO bhí sé ar intinn go bhfoilseofaí an téacs mar théacsleabhar meánscoile, ar aon dul leis an saothar *Cora Cainnte as Tír Chonaill*, a cuireadh i gcló i 1933. Bhí an comhaontú idir An Roinn agus SO ar aon dul, mar sin, leis an gcomhaontú a rinneadh le scríbhneoirí téacsleabhar.⁶⁰ De réir mar a bhí an obair ag dul ar aghaidh, agus de réir mar a bhí giotaí á seachadadh ag an údar, ba léir go mbeadh an téacs i bhfad níos toirtiúla ná mar a ceapadh. I mí Feabhra 1938, i ndiaidh dóibh iniúchadh a dhéanamh ar na híocaíochtaí a tugadh don údar le linn na bliana airgeadais 1936/37, chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste in iúl don Oifigeach Cuntasáiochta gur chóir go mbeadh ceadú faoi leith faigte ón Roinn Airgeadais sular cuireadh an comhaontú i bhfeidhm. Iarradh orthu ceadú a fháil ag an bpointe sin ón Roinn úd:

With reference to inter-Departmental discussion on the subject of the above publication, following on the consideration by the Committee of Public Accounts of the criticism raised by the Comptroller & Auditor General in paragraph 35 of this Report on the Appropriation Accounts of 1936-37, it is agreed that as from the 1st April last the charging of

⁵⁹ ‘Comh-aontughadh ar n-a dhéanamh an 20adh Bealtaine, 1936, idir Aire Oideachais Shaostáit Éireann ... agus Seán Óg Ó Caomhánaigh’.

⁶⁰ Meamram a scríobh Seosamh Ó Néill agus a síniódh ar an 14/3/43. (N566 III).

expenditure on the preparation of the material should be switched from the Secondary Education Vote (Subhead E1) to the Science and Art Vote (Subhead B1).⁶¹

Sa litir chéanna thíodh ar fhad an tsaothair agus léiríodh amhras i dtaobh cuid d'ábhar an tsaothair – macalla an ruda a luaigh Micheál Ó Gríobhtha sa dá thuairisc a chuir sé ar fáil don Choiste Comhairleach ag tosach an tionscnaimh:

However desirable it may be from the linguistic point of view, now that the work has commenced, to have on record an exhaustive compilation of all the words and idioms in use in the Kerry Gaeltacht, we cannot for a moment lose sight of the ultimate cost of such a publication, proportionately to what can be made available for Irish books, the possible consequences of applying to it a system of payment based on a rate per thousand words, and the limited numbers of the public who can be counted on to make use of it and to purchase it, when completed. Accordingly we welcome the suggestion thrown out at the recent conference that you should take counsel with the General Inspector for Irish, the Editor, and the Author himself with a view to restricting the compass of the compilation to words and phrases that are peculiar to the Kerry idiom in current use and to the elimination, so far as humanly possible, of padding of any words and phrases in common use in other dialects. We could expect that, as the result of your talks, an understanding to the above effect would be reached with the author, so far as his future submission of material is concerned, and that the stuff already submitted would be revised by the Editor in the same sense before a final payment for it is made to the Author.⁶²

⁶¹ Litir ó Walter Doolin, An Roinn Airgeadais, chuit Seosamh Ó Néill, An Roinn Oideachais, 17/06/38 (N566 II).

⁶² *ibid.*

Socraíodh, mar sin, go n-athrófaí an téacs ó scéim na dtéacsleabhar meánscoile chuit scéim na litriochta ginearálta, agus go ndéanfaí iarracht toirt an tsaothair a laghdú agus an t-ábhar a theorannú, gan le bailiú ach Gaeilge Chiarraí. Ní raibh An Roinn Oideachais sásta, áfach, an ráta íocaíochta a laghdú. Ionas go mbeidís in ann na hathruithe seo a chur i gcrích bhí gá le comhaontú nua idir An Roinn agus an t-údar. Cuireadh seo in iúl do SO, i.e. gur theastaigh ón Roinn go ndéansadh sé an saothar a theorannú agus gan le bailiú aige ach Gaeilge Chiarraí, i litir a scríobhadh chuige i mí an Mheithimh 1938:

Iarrtar orm a rádh leat gur léir do'n Roinn go bhfuil cuid mhaith focal agus múnlai cainnte san adhbhar a fuaramar uait go dtí so nach mbaineann le Gaeltacht Ciarraighe amháin, ach go bhfuilid i ngnáth-úsáid ar fud na hÉireann go léir. Tá socair ag an Roinn gan ach focail agus leaganacha cainnte atá in úsáid i gCiarraighe amháin d'fhoilsíú san leabhar, agus ar an adhbhar san caithfear na focal is na múnlai eile d'fhágáil ar lár. Uime sin, ní mór duit deimhin do dhéanamh de nách mbeidh id bhailiú ach focal agus leaganacha atá i n-úsáid i gCiarraighe amháin (nó go bhfuil cíall speisialta leó) agus nach bhfuil le fagháil ins na canamhaintí eile.⁶³

Ní raibh SO róshásta leis an gcomhairle seo agus theastaigh uaidh é a phlé le Seosamh Ó Néill go pearsanta. Ar an 4 Iúil 1938, mar sin, bhuail an bheirt acu le chéile leis an scéal iomlán a phlé. Chuaigh Ó Néill trí na socruithe ar fad a bhí beartaithe don chomhaontú nua, ach dhiúltaigh SO glan dóibh. Dhiúltaigh sé go háirithe don chuid sin a bhain le hábhar a bhailiú a bhí ‘peculiar to Kerry’. Nuair a dúradh leis nach raibh cead aige ach focal agus leaganacha a bhí in úsáid i gCiarraí amháin a thiomsú chuir sé in iúl don Roinn, mar atá i dtuairisc Sheáin Mhic Lellan, go raibh sé:

... impossible to restrict the work to words and phrases strictly peculiar to Kerry as he was not in a position to say how much of the Irish used in Kerry was not also used outside its borders.⁶⁴

⁶³ Litir ó Sheosamh Ó Néill chuit SO, 27/06/38. (N566 III). Tá na línte faoi na focal sa litir bhunaidh.

⁶⁴ CCC (SO), faoin bhfoitheideal ‘Effort to restrict the work to phrases &c. strictly peculiar to Kerry’, 18.

An lá i ndiaidh an chruinnithe scríobh SO litir chuig Seosamh Ó Néill ag léiriú a dhoshástachta leis an gcaoi a raibh siad ag déileáil leis:

Nách dóigh leat ná gur náire dhearg an deunamh atá ag an Roinn dhá thabhairt domsa. Seal gearr ó shoin cuala [*sic*] go raibh dá leabharán de CH.C.C ullamh don gclódóir, anois ní chloisim faic faoi. Nách tapaidh an dóibheart í. Indé dubhrais liom go raibh móran padding agam agus d'áirighis “i gcoinne”, ach níor chuimhnighis ar so “i gcoinne a chos do rinne sé é”, ach ós duine síothchána me éisteóchad. D’fheudfainn a rádh leat go bhfuil fear san nGum a dubhaint liom Padding mo dhóthain do chur ann agus beirt thall annsan adubhaint go bhfeudfainn £60 do thuilleamh sa mhí ach gan dul ag cainnt leis an Aire. Seadh mar sin cloisfidh an t-Aire agus a thuilleadh nach é an feallbheart atá dhá dheunamh orm mara bhfaighim mo chomhthrom agus b’fhéidir go mbeadh cuid des na scigiridhibh ag gol! Is gleóidhte, taithneamhach an radharc a dheunfadh mo láimhscríbhinn i gcúirt dlighe. D'aithneóchadh aonne lámh an dioghaltais air.⁶⁵

Shínigh sé an litir – ‘Mise le breis mheasa (ná mar is dóigh leat), Seán Óg Ó Caomhánigh.’ Níorbh é sin deireadh le scéal seo an teorannaithe ar an téacs, áfach. Ar an 10 Meán Fómhair, scríobh SO litir chuig oifigeach éigin sa Roinn (Seán Mac Lellan is dócha mar gur úsáid sé ‘a Chara Chaoin’ ag túis litreacha chuige go minic, mar atá sa litir seo), a bhfuil giota aisti níos faide thíos anseo, ag léiriú a dhocheirdte agus a bhí an scéal dó. Is léir, mar thoradh ar an gcrúinniú thuasluaite, go ndearnadh roinnt leasuithe ar an gcomhaontú molta mar gur luagh SO ag deireadh na litreach go raibh sé ag fanacht ar chóip den ‘gcor (connradh, margadh, cómhertas etc.).’ I ndiaidh dó dréacht an chomhaontaithe nua a fháil, scríobh sé dhá litir ar an 20 Meán Fómhair 1938 – ceann acu chuig Seosamh Ó Néill, agus ceann chuig an Aire Oideachais. Chuir sé in iúl don bheirt acu go ndearna sé machnamh doimhin ar an dréacht nua ach, thar aon rud eile, nár thuig

⁶⁵ Litir ó SO chuig Seosamh Ó Néill, 5/7/38 (N566 II). Arís, tá na línte sa litir bhunaidh.

sé an fáth go raibh comhaontú nua ag teastáil toisc nár cuireadh críoch le ceann na Bealtaine 1936:

Fén gcómhaontadh so tá tímcheall a's 480,000 focal (dréir mo thuairme) solartha agam – cinnfhocail, minighthe, ráidhte a's solaoididhe, ar feadh an tréimhse go raibh an obair seo ar siubhal agam carbhall cáinnte ná lochta (acht a mhalaírt ar fad) ní tháinig ó aon bhall ughdarásach i dtaobh bunaidh, clóidh ná fairsinge mo lorgaireachta a's mo chuardaigh.

I mbrollach cómhaontaidh an 20adh lae de bheultaine, 1936, aithristear go soiléir go n-aontuighim-se leabhar do shaothrughadh dárb teideal, "Croidhe Cainnte Chiarraighe". Go dílis agus go cruinn tá claoídhte agam le brigh na cainnte sin, agus go dtí lé deidheanaighe leis an méid dem shaothar féid bhrághaid uaim, gan aon charbhall lochta ná beachtайдheachta, ach a mhalaírt ar fad – sástacht leis.⁶⁶

Thagair SO níos deireanaí sa litir don úsáid a bhí á baint aige féin as CCC ar chúrsa Gaeilge a bhí ar bun aige faoin Roinn Oideachais 'lé cheithre bliadhnaibh, gan áis do bhaint as aon téacsleabhar agus gurb é an rud ceudna díreach atá agam i gCroidhe Cainnte Chiarraighe a bhí agam dhá mhúineadh do thogha Ghaedhilgeoiridhe, is furaiste a chruthughadh so d'fhionnadh.' Níor thuig sé, mar sin, sa mhéid is nach raibh aon rud déanta aige in aghaidh an chéad chomhaontaithe, cén fáth gur chóir dó comhaontú nua a shíniú ina áit. Bhí sé sásta an téacs a athrú, mar a bhí molta ag An Roinn Airgeadais, faoi scéim na leabhar ginearálta, ach ní raibh sé sásta in aon chor rud a shíniú a chuirfeadh srian le toirt an tsaothair agus é teoranta d'fhocail agus nathanna 'peculiar to Kerry'.⁶⁷ Ar an ábhar sin, cuireadh in iúl dó, i mí na Samhna 1938, nár chóir dó aon ábhar eile a sheoladh chuig An Roinn. Chuaigh Séan Óg i muinín comhairle dhlíthiúil ó David H.

⁶⁶ Litir ó SO chuig Seosamh Ó Néill (feicimid an rud céanna sa litir a scríobh sé chuig an Aire Oideachais), 20/09/1938.

⁶⁷ Litir ó Phroinnsias Ó Dubhthaigh, thar ceann An Aire Oideachais, chuig an bPríomh-Aturnae, 12/01/1939 (N566 II).

Charles⁶⁸ ina thaobh, agus chuir an dlíodóir litir chuig An Roinn Oideachais thar ceann a chliaint:

You are also aware that none of these subsequent proposed Agreements met with my clients [*sic*] approval and having myself considered them I am in absolute agreement with his attitude thereto. The Agreement of the 20th May 1936 gives no ground for doubt as to the character and scope of the work in contemplation of the Minister at that time and Mr. Kavanagh on the strength of this Agreement gave up his several lucrative appointments in the teaching profession in Dublin, went to his native County of Kerry, began his important National research work, compiled and forwarded to the appropriate Department of your Ministry many thousands of words and phrases in the Gaelic tongue. The Ministry accepted these valuable compilations and paid my client sums of money on account thereof pursuant to the terms of the Agreement. Until Quite [*sic*] recently no complaint, comment, or criticism was given as to the character or quality of Mr. Kavanagh's work. Naturally, after two years arduous labour the alteration of the Minister's attitude with reference to his work and to his Agreement came as a shock to my client and he is unaware of any reason or justification for this alteration ... These several points must be cleared up particularly having regard to your letter of the 18th November 1938 wherein you ask Mr. Kavanagh not to put any more of the material together for your Department. Is this a notice to terminate the Agreement?⁶⁹

Sa litir úd a chuir Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig an bPríomh-Atumae, thar ceann an Aire Oideachais, lorg sé comhairle i dtaobh an fhreagra le cur chuig Charles.Luaigh Ó Dubhthaigh gur theastaigh ón Aire aird an dlíodóra a dhíriú ar Chlásal a cùig de Chomhaontú na Bealtaine a thug an t-údarás don Aire stop a chur leis an obair sa chás go

⁶⁸ '4, Clare Street, Dublin 17' an seoladh a thugtar ar litreacha Charles.

⁶⁹ Litir ó David H. Charles chuig Rúnaí na Roinne Oideachais ar an 2/1/39 (N566 II).

raibh cúis aige, mar aon le Clásal a haon, a leag an dáta 31/12/37 mar dháta críochnaithe an tsaothair – rud nár comhlíonadh -, agus Clásal a trí, a thagair do chaighdeán an tsaothair agus don Aire a bheith sásta leis an gcaighdeán céanna. Míníodh go soiléir sa litir an fáth gur iarradh ar SO gan a thuilleadh ábhair a sholáthar:

The Minister has stopped the work because it is not being carried out to his satisfaction. It is not being restricted to words and phrases strictly peculiar to Kerry. He is advised that a large proportion of the work consists of words and phrases in general use all over the country. The inclusion of these would make the title selected by the author – “Croidhe Cainnte Chiarraighe” – a misnomer. The author was requested specifically in April last to confine his work to words and phrases peculiar to Kerry only. He did not do so: only a small proportion of the manuscript material sent in by him since April conforms to that restriction.⁷⁰

Maidir leis an gcuid sin den saothar a fuair An Roinn ar an 16 Samhain (an chéad chuid ó mhí an Mheithimh nuair a cuireadh túis leis na cainteanna ar fad ar ábhar an chomhaontaithe nua) seo mar atá i dtuairisc Sheáin Mhic Lellan ina thaobh:

Meanwhile, on 16th November, a further batch of material, the first received since the issue of the Secretary’s letter of 27th June, 1938, arrived in the office. It contained about 41,000 words. On examination it was plain to be seen that at the most only 20% of it comprised the type of material which could be described as strictly peculiar to Kerry. The remaining 80% could be found in Dineen and other Dictionaries. The matter was referred to the Department of Finance who sanctioned payment to Mr. Ó Caomhánaigh at the rate of £2 per 1000 words for such portion of this batch of MS as conformed to the requirement that the material accepted should consist of words and phrases strictly peculiar to Kerry.⁷¹

⁷⁰ Litir ó Phroinnsias Ó Dubhthaigh, thar ceann an Aire Oideachais, chuig an bPríomh-Aturnae, 12/01/1939 (N566 II).

⁷¹ CCC (SO), faoin bhfoitheideal ‘Effort to restrict the work to phrases &c. strictly peculiar to Kerry’, 18-19.

3.2 Foclóir an Duinnínigh

Rinneadh tagairt do FD sa ghiota deireanach thuas. Mar a chonacthas níos luaithe luadh FD i dtuairisc Mhíchil Uí Ghríobhtha nuair a scrúdaigh sé an saothar den chéad uair i 1935. Sna litreacha a scríobh SO chuig an Aire agus chuig Seosamh Ó Néill, rinne sé tagairt do cheist seo na cosúlachta idir a shaothar féin agus foclóir an fhir eile:⁷²

... 'n-a theannta san do bheadh sé míchóir amach agus amach ó cuirfi me ó áis focal, ráidhte agus míngithe atá i gcuid des na leabharthaibh luaidhte san mbrollach-so – focail do bhailigheas agus do sholathruigheas cheana féin d'eagar deireannach Fhoclóra Uí Dhuinnín.⁷³

Níos déanaí an bhliain chéanna thagair sé don ábhar seo arís i litir fhada chorraitheach:

Ach nuair shroich an dara cómhaontadh me ní mór nár thuit an t-anam asam! Ní rabhas lé haon rud a bhí i bhfoclóir an Duinnínigh, i Réilthní Óir ná in aon leabhar clódhbhualte eile do chur chugham ach focail go raibh ciall speisialta i gCiarraighe leó ná raibh in aon áit eile!!! Connus b'fhéidir liomsa fios d'fhagháil cad a bhí nó cad ná raibh clódhbhualte, maidir lé beachtacht cheart do bheith ar mo shaothar. Cad budh ghábhadh dhom tagairt do Réilthní Óir. Ná raibh an uile fhocal ann curtha agam chun an Athar Uí Dhuinnín sar ar bailigheadh riamh an leabhar san agus breis? Cad fáth an teóra so do chur liomsa? Do chonnac leathanach de shaothar mar é go bhfuil duine áirighthe ag gabháil do as Chonndae eile, agus chonnac go raibh an uile focal ar na leathanaigh sin annso agus ins an

⁷² Tagaimid ar roinnt tagairtí don Duinníneach i bhfoclóir SO: **amhras**: ‘Níl amhras ná gur mhaith an Gaedhilgeoir an t-Athair Ó Duinnín: níl aon neamhdhearbhthacht n-a thaobh’; **caogaidhe**: ‘B’iongtach an obair do rinne an t-Athair Ó Duinnín ’n-a chaogaidhe saothair ar an bhfoclóir: gan aon chabhair aige’; **deársca**: ‘Obair dheársca don Athair Ó Duinnín dob eadh an foclóir do chur as tóin a chéile: obair iongtach: obair oscardha.’

⁷³ Litreacha ó SO chuig Seosamh Ó Néill agus chuig an Aire Oideachais, 5/7/38 (N566 II).

bhfocloir! Cad fáth nár cuireadh an teóra cheudna leis sin? Nuair thagras san le Rúnaire an Oideachais sé freagra fuaireas nár bhfiú trácht ar a shaothar san! Mar ar bh'fhiú cén fáth a chur i gclódh? Ní hé an rud atá nó ná fuil in aon leabhar do chongbháil nó d'éaradh bun chor ar bith lé tosnughadh an tsaothair seo ach cainnt na ndaoine ó tháinig coindheallacht ionam agus na ráidhte a's na cora cainnte a chuala im óige ó sheandaoinibh críonna do chur ar fagháil agus connus mar ionnsóchadh na seandaoine áis na bhfocal lé nidhthibh cómhaimseardha, agus ar feadh dhá bhliadhan ní locht acht moladh do fuaireas as san ó gach duine a chonnaic an obair. Cad is bun leis an atharrughadh obann so? Cad fáth an gleódh go léir ar bheagán airgid ...

Tá acadamh ar bun aca (lucht na Fraincise) i gcúram daoine toghtha ó bhliadhain bliadhain gur b'é a gcúram chuile rud thoir thiart theas agus thuaidh do chómharthughadh. Seo againne teanga atá ag imtheacht go mear acht ag teacht gan amhras ar shlighe eile – slighe labhartha agus úrlabhra a fhás leis na ciantaibh fada, fada. Ceaca is fearr leigeant don gcanamhain sin imtheacht agus é d'fhágaint fé lucht foghlumtha na teangan crot agus snas do chur uirthe mar budh dhual?

Tháinig ceist seo na cosúlachta idir saothar SO agus FD chun cinn arís eile agus an t-eagarthóir ag dul trí na himleabhair a bhí ag teacht chuige. Agus é ag breathnú ar an gcuid sin ó ‘dhá’ go ‘deolaim’ phioc sé amach roinnt abairtí as saothar SO a raibh a gcomhabairtí le fáil in FD. Agus an chuid sin ó ‘dúirneog’ go ‘éileamh’ idir lámha aige i mí Eanáir 1940 scríobh sé – ‘níor dochar don ughdar féachaint roimhe i gcomhnaidhe ar an bhfocloir chun gan abairtí dá bhfuil i gcló ag Ó Duinnín d'aithscríobhadh.’ I mí na Bealtaine ansin, ‘Níor mhisde innsint don ughdar go bhfuil abairtí ina scríbhinn aige agus iad cheana fá chló i bhFoclóir Uí Dhuinnín.’ Chuir sé iarscríbhinn le nota na Bealtaine inar leag sé amach cuid de shamplaí SO a bhí ar aon dul le tagairtí FD. Cuireadh an iarscríbhinn seo chuig SO. Chuaigh seisean tríthi agus chuir sé ar ais ag An Roinn í agus

⁷⁴ Litir ó SO chuig an Roinn Oideachais, 15/10/38 (N566 III).

nótaí breactha síos aige ag léiriú go raibh na nithe a bhí aige sa chaint i gCiarraí. Chuir sé an nóta seo chucu ina teannta:

Tá a fhios agam go bhfuil abairtidhe a's ráidhte agam atá i bhfoclóir Uí Dhuinnín. An locht ar mo chuid oibre san? Ach níl aon rud agam agus atá sa bhfoclóir ná gur chuireas chuige cheana i gcóir na dara heagair den leabhar. Níl aon fhocal aige agus (RO) nó (WK)⁷⁵ n-a dhiadh ná go raibh curtha agam chuige. Fuaireas duais as agus 'n-a dhiadh [sic] san do bhinn ag cur chuige. Is minic minic do chuadhas isteach chuige le focalaibh. Socruigheadh idir an Aire agus mise náach é an rud atá nó ná fuil ag aonne eile a bheadh agam, ach na rudaidhe atá coitcheann annso i gCiarraighe chómh fada agus bhí eolas agam-sa air. Sin mar tá agam dhá dheunamh an uile lá atá scataidhe rud dhá chlos a's dhá chóimharthughadh agam e.g. indiugh féin iad so, "is maith an choin fear na coda fein", "ná dóigh an t-athbhuaile", "ná neartuigh mogh" – nílim ag tógaint faic as an bhfoclóir ach mo chuid féin.⁷⁶

Agus an litir sin léite ag an eagarthóir, b'éigean dó a admháil nach mbeidís in ann an saothar a theorannú mar a bhí ar intinn acu: 'má thá an ceart ag an ughdar insan méid sin is deacair (go deimhin ní féidir) teóra a chur leis – tá cead aige a bhfuil de Ghaedhilg á labhairt i gCiarraighe a sheoladh annso – is cuma an Ghaedhilg sin do bheith i gcló cheana ag duine eile nó gan a bheith ... do réir mar atá fá láthair ní fheicim gur féidir bac ná cosc ná srian ar bith a chur ar an ughdar, acht leigint do a rogha féin do chur chughainn. Níl greim ar bith againn air, dar liomsa.'⁷⁷ Scríobh Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh ansin ag léiriú a thuairime féin i dtaobh na ceiste:

In my opinion Ó Caomhánaigh is not committing any breach of his Agreement in including such matter. The Agreement describes the work as a list of words and phrases in use in the Kerry Gaeltacht together with

⁷⁵ RO: Réilthní Óir; WK: West Kerry.

⁷⁶ Litir ó SO chuig an Roinn Oideachais, 4/5/40 (N566 II Payments).

⁷⁷ Nóta ó RÓF chuig an Roinn, 15/5/1940 (N566 II Payments).

explanations and examples in Irish of those words and phrases. There is nothing in the Agreement or in any communication made by us to the author which would prevent him from using explanations or examples already in print ... The fact that explanations and examples already used in Dineen are also used by Ó Caomhánaigh does not, it appears to me, constitute a breach of copyright on his part. Further, if he were to be debarred from including anything that is in Dineen it would change the entire character of the work in a manner which has not so far been contemplated.⁷⁸

Scríobh Proinnsias ar ais an lá ina dhiaidh agus é ar aon intinn le Seán Mac Lellan:

The position in this matter must be regarded as governed entirely by the Agreement ... he has a right to make use of words and phrases which he supplied to the compilers of Dinneen's Dictionary.⁷⁹

Mhol sé, áfach, gur chóir do SO teagmháil a dhéanamh le Cumann na Scribheann nGaedhilge, úinéirí chearta an fhoclóra, le cinntiú nach mbeadh rialacháin chóipchirt á mbriseadh aige fiú i gcás na nithe sin a chuir sé féin ar fáil don fhoclóir.

Ag breathnú dúinn ar an méid sin thusas, más amhlaidh gur chuir sé ábhar ar fáil, níl aon bhealach nach mbeadh cosúlachtaí idir ábhar a shaothair féin agus ábhar an fhoclóra úd. Maidir le méid an ábhair a chuir sé ar fáil agus an méid den ábhar sin a úsáideadh in FD ní fheicim gur féidir linn sin a dheimhniú, ach ag breathnú dúinn ar réamhrá an fhoclóra tá tagairt chinnte ann do SO:

I am grateful to the following for special interest taken in the book: - ...
Seán Mac Murchadha Caomhánach.⁸⁰

⁷⁸ Nótá ó Sheán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 29/5/1940 (N566 II – Payments).

⁷⁹ Nótá ó Phroinnsias Ó Dubhthaigh chuig Seán Mac Lellan, 30/5/1940 (N566 II – Payments).

⁸⁰ Dineen (1927: xiii).

Ní luaitear a ainm faoi ‘Lists of words, phrases, etc., of varying scope and extent were obtained from ...’,⁸¹ ach, ag breathnú dúinn faoin rannán ‘Principal abbreviations and references explained’ feicimid go seasann *McK*, a luaitear le hais focail áirithe san fhoclóir, do Sheán Mac Murchadha Caomhánach:

McK – Words (chiefly from the Ballyferriter district), by Seán Mac Murchadha Caomhánach.⁸²

Ag breathnú dúinn ar an bhfocal **locair** in CCC, a bhfuil ‘Locker an Bhéarla’ i scríbhneoiracht an eagarthóra taobh leis, faightear an bhrí: ‘cúlás i ndeireadh báid nó luinge: i mbád chun mionrud do chongbháil: i luing an áit is saoire taisteach.’ Faoin bhfocal céanna in FD feictear: ‘a locker, the steerage of a ship (*McK.*).’⁸³ Thagair mé níos luaithe anseo do nóta an eagarthóra i dtaobh an chnuasaigh ó ‘dhá’ chuig ‘deolaim’ agus do na samplaí a tharraing sé amach mar shamplaí a bhí ag freagairt do shamplaí in FD. I measc na samplaí as saothar SO a luaigh sé bhí ‘chómh tiugh le tiol.’⁸⁴ Taobh leis seo scríobh an t-eagarthóir ‘Ó Duinnín – chomh tiugh le tiul!’ Má bhreathnaímid ar an ionráil atá ag SO faoin gceannfhocal **tiul** féin faightear, ‘*uaillbhreas* pléasc, caith. “Tiul! Tiul!” deirtear nuair caithtear urchar nó aon rud go mbíonn fuinneamh leis nó a dheineas glór cruidh. Airgead dhá dhéanamh agam ann chómh tiugh lé tiul: gan aon mhoill ná aon duadh.’ Faoin gceannfhocal céanna in FD tá: ‘**tiul excl.** fire!; t.! t! rat-tat! chómh tiugh le t., as quick as a shot.’ Agus luaite leis an ionráil sin tá *McK*. Seo a leanas roinnt samplaí a thosaíonn ar ‘A’ agus ‘B’ in FD a bhfuil *McK* taobh leo, a thugann spléachadh dúinn ar an ábhar a sholáthair SO don Duinníneach a úsáideadh:

achar: ‘ní’l aon a. san lá, the day is very short’ (*McK*)

aitheantamhail: ‘familiar, well known; popular’ (*McK*)

bainirseach: ‘the female seal’ (*McK*)

banncaire: ‘a bumper’ (*McK*)

⁸¹ *ibid.* xiii.

⁸² *ibid.* xxvi.

⁸³ *ibid.* 669.

⁸⁴ ‘Splanncacha chómh tiugh le tiol! a lasfadhbh an ball id thímcheall agus annsan a dhallfadhbh thu ná feadraísc cá gcuirfeá do chos ’n-a ndiaidh: a chuirfeadh doircheacht ar dhruim léargais ortha.’

- basóg:** ‘a slight blow with the hand; a ripple on the sea’ (*McK*)
- beanbhach:** ‘wrathful; deliberate; premeditated; let thoil bheanbhaigh, with your deliberate consent’ (*McK*)
- bile:** ‘ní’l b. éisc ann, little or no fish there’ (*McK*)
- bláthas:** ‘ní’l aon bh. ar an uan, the lamb is in poor condition’ (*McK*)
- bleácach:** ‘a g[u]y’⁸⁵ (*McK*)
- bliogadán:** ‘an edible plant found among sea weed’ (*McK*)
- blioscarán:** ‘a kind of weed’ (*McK*)
- bradhall:** ‘the sea-bird “diver”’ (*McK*)
- braistint:** ‘sensation, felling; ní raibh aon bh. agam air, I did not feel it’ (*McK*)
- broic:** ‘toleration, endurance, putting up with anything; bhíos ag b. leis ró-fhada, I tolerated it too long; ní bheinn ag b. leis dámadh mé thu, I would not endure him if I were you; táim ag b. le n-a dhéanamh, I am striving hard to do it (*McK*) (*McK* writes *a bruic*, N.Y.⁸⁶ *ag bruic*)’
- brogsna:** ‘b. fiacal, a good row or set of teeth’ (*McK*)
- brúghtam:** ‘a scuffle; things in disorder or broken up’ (*McK*)

I 1960 scríobh Denis Bradfield tráchtas M.A. i gColáiste na hOllscoile, Áth Cliath, agus ‘Tráchtas ar “Croí Chainte Chiarrai” le Seán Óg Ó Caomhánaigh [Seán an Chóta]’ mar theideal air. Cnuasach atá ann, go príomha, de shamplaí as saothar SO a fhreagraíonn do shamplaí in FD. Braithim gur laige mhór sa tráchtas é nár luaigh Bradfield aon bhaint a bheith ag SO le FD, nár luaigh sé an comhfhereagas ar fad idir é féin, An Roinn agus an t-eagarthóir ar an ábhar, agus nár thagair sé, fiú, d’ainm Sheáin a bheith luaithe i réamhrá an fhoclóra. Maíonn Seán Ó Lúing (1985: 26) gur ‘tugadh treoir dó go háirithe aon rud a chruinniú ná raibh i bhFoclóir Uí Dhuinnín.’ Mar atá léirithe againn, bhí an scéal níos casta ná sin .i. luadh leis go raibh leaganacha aige a bhí in FD agus nár chóir go mbeadh rudaí ina shaothar a bhí i gcló cheana, ach ansin b’eilgean don eagarthóir agus don Roinn

⁸⁵ Tá an guta in easnamh idir an ‘g’ agus an ‘y’ sna heagrán éagsúla den fhoclóir ar bhreathnaigh mé iontu.

⁸⁶ ‘N.Y.’ = ‘list of words, chiefly of N. W. Kerry, by the late Pádraig Feirritéir of New York, formerly of the Ballyferriter district.’ (1927: xxvii).

aitheantas a thabhairt don cheart a bhí aige a leithéid de leaganacha a úsáid chomh fada agus gur bhain siad le Gaeilge Chiarraí.

3.3 An Dara Comhaontú

Ag filleadh ar litir sin na Samhna 1937 nuair a dúradh le SO gan a thuilleadh ábhair a sholáthar, cuireadh freagra ar ais chuig David Charles, i ndiaidh don Roinn cúrsaí a phlé leis an bPríomh-Aturnae, inar cuireadh in iúl dó *nach* fógra chun críochnaithe a bhí sa litir sin, ach gur theastaigh ón Aire go gcuirfí an obair i gcrích, agus nuair a tugadh fúithi gur aontaíodh go mbeadh críoch curtha leis an saothar faoin 31 Nollaig 1937. Ina theannta sin, dúradh go raibh an saothar i bhfad níos toirtiúla ná mar a ceapadh ag an túis, agus go mbeadh cuid mhór eagarthóireachta le déanamh ar an ábhar sula mbeadh sé réidh le cur i gcló, gan trácht ar na costais ar fad a bhain leis. Socraíodh go mbuailfeadh SO le hionadaithe na Roinne chun teacht ar réiteach a bheadh sásúil don dá thaobh. Ar an 2 Márta 1939, tháinig Proinnsias Ó Dubhthaigh, Seán Mac Lellan, Seán Ó Caomhánaigh agus David Charles le chéile agus aontaíodh go leagfaí comhaontú nua amach a chuirfí faoi bhráid Charles. Tar éis roinnt cuir is cútímh aontaíodh ar choinníollacha an chomhaontaithe nua, a síniódh ar an 4 Deireadh Fómhair, 1939. Sé chlásal a bhí i gcomhaontú 1936, sé cinn déag a bhí sa dara comhaontú.

Ag breathnú dúinn ar na príomhdhifríochtaí idir an dá chomhaontú, tá roinnt rudaí tábhachtacha le tabhairt faoi ndeara. Luadh níos luaithe anseo (3.1) nach ndearnadh móran tagartha d'ábhar an tsaothair féin sa chéad chomhaontú. Réitíodh seo sa dara ceann agus tugadh cur síos achoimreach i gcéad chuid an chomhaontaithe ar a mbeadh ann:

... ag cóiriughadh saothair gur teideal do “Croidhe Cainte Chiarraighe”, is é sin liosta de fhocláibh agus de abairtibh insan teangan Ghaedhilge atá in úsáid i nGaedheatacht Chiarraighe mar aon le míniúcháin agus sampláí insan teangan Ghaedhilge de na foclaibh agus de na habairtibh sin

(gairmtear “an saothar” annso feasta den liosta san mar aon le na míniúcháin agus le na samplaí).⁸⁷

Cuireadh críoch oifigiúil le comhaontú na Bealtaine 1936 agus leagadh amach go leanfadh an t-údar ar aghaidh leis an saothar faoi stiúir an Aire. Faoin tríú clásal, mar fhreagra, is dócha, ar mhíshlacht na ngiotáí go dtí sin, leagadh amach go ndéanfadh ‘an tUghdar an saothar so do chóiriughadh in órd aibghitre do réir na gcinn-fhocal le n-a bhfuil míniúcháin agus samplaí insan téx nó ar pé cuma eile a orduigheann an tAire.’⁸⁸ Faoi Chlásal a cúig feicimid gur leagadh amach spriocdháta do SO – ‘lá nach déidheannaighe ’ná an 31 lá de Mhárta, míle naoi gcéad a dó is dathad.’ Ach roimhe sin, i gClásal a ceathair, feicimid gur leagadh amach sceideal don údar, go dtabharfadh SO ábhar don Roinn ‘in eatraimh nach sia óna chéile ’ná tríocha lá i mbeartanna a bheidh in órd leanamhnach agus in órd aibghitre mar adubhradh.’ Agus an giota seolta ‘tuigfar gach beart a bheith ionlán ar n-a sheachadadh agus ní ceadmhach don Ughdar cur leis aon tráth tar éis é sheachadadh gan cead fá scríbhinn ón Aire.’ Cuireadh dhá choinníoll leis an gclásal seo: nach mbeadh air beart a sheachadadh dá mbeadh obair ar bun aige don Aire nó don Roinn ar ábhar eile i rith aon tréimhse de thríocha lá, nó dá mbeadh sé breoite nó fáth comhchosúil, agus go bhféadfadh an t-údar tríocha lá de shaoire a ghlacadh gach bliain.

Bhain Clásail a sé, a hocht agus a trí déag le cúrsaí cóipchirt. Faoi Chlásal a sé, pléadh le cóipcheart téacsanna a d’úsáidfeadh SO ina shaothar féin. Leagadh amach go mbeadh air aon tagairt as téacs ar bith eile a léiriú (agus cead faigte aige ón údar (na húdair) nó an duine ar leis an cóipcheart), agus sa chás go sáródh sé cóipcheart nó go mbeadh sé ciontach as clúmhilleadh gur air féin amháin a thitfeadh an fhreagracht:

Gabhann an t-ughdar re n-a ais ar mbeith críochnuighthe don tsaothar gur dá shaothar bhunúsach féin amháin é, agus fós go dteasbánfar go soiléir i gcás athchóirighthe nó tionntócháin ó leabhar nó ó obair litreadha eile gur

⁸⁷ ‘Comh-aontughadh ar n-a dhéanamh an 4adh lá de Dheireadh Foghmhair, 1939, idir an tAire Oideachais agus SO’, NA 97/9/370.

⁸⁸ *ibid.* Alt a trí.

athchóiriughadh nó tionntócháin le firinne iad agus fós go luadhfarr go soiléir an t-ionad as ar baineadh iad agus ná bainfar feidhm asta acht le cead ó na hUghdair nó ó na daoine eile gur leo pé cóibcheart a ghabhann leo-san. Aontuigheann an tUghdar fós slánughadh do dhéanamh ar an Aire agus ar aon duine nó daoine nó comhlucht corporaithe dá bhfoillsigheadh an saothar san nó aon chuid de don Aire nó thar a cheann nó fé chonradh leis i gcoinnibh gach aon chostais éilimh aicsin iarratais is caitteachais de dhruim an tsaothair sin nó aon chuid de toisc é do shárughadh cóibchirt duine ar bith eile nó clú-mhilleadh scrióbhtha nó scannal a bheith ann.⁸⁹

Is le cóipcheart shaothar SO a bhaineann Clásail a hocht agus a trí déag. Faoi Chlásal a hocht, leagadh amach gur le Rialtas Éireann an cóipcheart toisc gur faoi stiúradh an Aire a bhí an téacs á chóiriú, ‘acht gan dochar do théarmaí agus do choinghíollacha Chlásail a trí déag den Chomhaontughadh so.’ Má théimid ar aghaidh chuig Clásal a trí déag is féidir linn soiléiriú a fháil ar an gcuid seo de Chlásal a hocht:

Taobh istigh de dhá mhí dhéag ón lá a bheidh críoch curtha ar eagarthóireacht an tsaothair, cinnfidh an tAire an bhfoillseochaidh sé an saothar nó aon chuid de nó ná foillseochaidh agus cuirfe sé a bhreith in iúil don Ughdar. Má chinneann an tAire gan an saothar nó aon chuid de do fhoillsiughadh raghaidh an cóibcheart sa tsaothar nó in aon chuid de nach toil leis an Aire é fhoillsiughadh i seilbh an Ughdar [sic] ón lá a cuirfear breith an Aire in iúil do.⁹⁰

Níor réitigh an comhaontú ceist seo an chóipchirt, áfach, agus b’éigean don Roinn socrú faoi leith a dhéanamh le SO ag deireadh an tionscadail chun na cearta a cheannach uaidh. Pléifear an t-ábhar seo níos doimhne thíos (3.5).

⁸⁹ *ibid.* Alt a sé.

⁹⁰ *ibid.* Alt a trí déag.

Maidir leis na nithe eile a fheicimid sa chomhaontú nua, leagadh amach nach dtabharfadhbh SO faoi shaothar den chineál céanna a chóiriú, nó nach gcuideodh sé le téacs den chineál céanna a chóiriú, gan chead ón Aire, taobh istigh de shé mhí i ndiaidh dó an chuid dheireanach de CCC a chur ar fáil don Roinn. Ba é An tAire a bheadh i gceannas ar chúrsaí eagarthóireachta an téacs, agus cead aige pé ceartúcháin a theastódh uaidh a dhéanamh. Maidir le cúrsaí íocaíochta, leanfaí den £2 an míle focal, a bhunófaí ar an saothar agus aon athruithe nó ceartúcháin déanta. Ní hé amháin gur leagadh sprioc roimh SO maidir leis an saothar a chríochnú, ach leagadh sprioc eagarthóireachta amach chomh maith, go mbeadh an eagarthóireacht i gcrích ‘lá nach déidheannaighe ’ná dhá mhí dhéag ón dáta a gheobhthar an beart deiridh ón Ughdar.⁹¹ Nuair a bheadh an eagarthóireacht i gcrích ansin, chuirfí scéal ina thaobh chuig an údar. Sa chéad chomhaontú luadh cúrsaí foilsitheoirreachta, agus cead a bheith ag an Aire gan an saothar a fhoiliú dá mbeadh cúis aige. Faoin gcomhaontú nua, choinnigh An tAire an chumhacht i dtaobh na foilsitheoirreachta, ach cuireadh breis leis an gclásal a thug cead dó an t-ionmlán a fhoiliú, gan aon chuid de a fhoiliú nó díreach giotaí faoi leith a fhoiliú. Ar a cheannsan a thitfeadh sé praghsanna díola a shocrú, mar aon le cineál agus cruth an pháipéir. I measc choinníollacha eile an chomhaontaithe nua, rinneadh foráil sa chás go gcuirfí deireadh luath leis an gconradh, agus tugadh aitheantas don mhéid sin den saothar a rinneadh roimh leagan amach an chomhaontaithe seo.

Ag breathnú dúinn ar an gclásal deireanach den chomhaontú, an ceann is faide, Clásal a sé déag, feicimid foráil ann i leith ‘aighneas, conspóid nó ceist ar bith idir na páirtidhthe sa chomhaontughadh so nó idir a n-ionaidaithe [sic] a gcomharbaí nó a sannaithe fá seach nó éinne dhíobh i dtaobh léiriughadh brigh nó éifeacht an Chomhaontuighthe ...’ Foráil chosantach don Roinn agus foráil a bhí in easnamh sa chéad chomhaontú atá anseo. Tá díreach dhá abairt sa Chlásal ar fad, agus tuairim is seasca líne (mar atá sé le feiceáil sa chomhaontú bunaidh) de bhéarlagair an dlí in aon abairt amháin díobh:

Má éirigheann aon tráth ina dhiaidh so aighneas conspóid nó ceist ar bith idir na páirtidhthe sa Chomhaontughadh so nó idir a n-ionaidaithe [sic] a

⁹¹ *ibid.* Alt a deich (2).

gcomharbaí nó a sannaithe fá seach nó éinne dhíobh i dtaobh léiriughadh brigh nó éifeacht an Chomhaontuighthe seo nó i dtaobh aon chlásal nó aon nídh dá bhfuil annso nó i dtaobh cearta nó freagarthacht na bpáirtidhthe fá seach nó a n-ionadaithe a gcomharbaí nó a sannaithe fá seach nó aon duine aca fá na gComhaontuighadh so nó i slighe ar bith eile maidir leis an gComhaontuighadh so cuirfar [sic] gach aighneas conspóid nó ceist den tsórt san fá eadarscán bheirt eadarscánaidhe ar n-a gceapadh is é sin eadarscánaidhe an duine do gach páirtidhe leis an dTagra nó eidirbhreitheamh a ceapfar fá scríbhinn ag na headarscánaidhthe agus má dhiúltann nó má fhailligheann aon pháirtidhe d'eadarscánaidhe do cheapadh taobh istigh de lá is fiche d'éis eadarscánaidhe a bheith ceapaithe ag an bpáirtidhe eile agus é d'éis fógra fá scríbhinn do thabhairt don chéad pháirtidhe atá luaidhte dá iarraidh ar an bpáirtidhe sin a leithéid sin de cheapadh a dhéanamhní fuláir don eadarscánaidhe do ceapadh mar adubhradh cheana ar athchuinge an pháirtidhe ler ceapadh é dul agus na nidhthe atá fá chonspóid d'éisteacht agus moladh do thabhairt ortha amhlaidh is dá mba eadarscánaidhe é a bheadh ceapaithe ag an dá pháirtidhe chuige sin agus an moladh nó an sociughadh a déanfar ag na headarscánaidhthe ag an eadarscánaidhe nó ag an eidirbhreitheamh san beidh sé ina bhreith dheiridh agus ina cheangal ar na páirtidhthe sa Chomhaontuighadh so fá seach agus ar a n-ionadaithibh a gcomharbaí agus a sannaithe fá seach ar eacht go dtabharfaidh na headarscánaidhthe nó an t-eadarscánaidhe sin a moladh nó a mholadh fá scríbhinn taobh istigh den dathad lá a ghabhann díreach tar éis an tagra do chur fá n-a mbrághaid-sean nó fá n-a bhrághaid-sin nó an lá nó roimh aon lá is déidheannaighe 'ná san a chinnfidh na headarscánaidhthe nó an t-eadarscánaidhe sin le haon scríbhinn fa n-a sighniughadh nó fá n-a shighniughadh ag faidiughadh an tráthachun a moladh nó a mholadh do thabhairt agus ar eacht go dtabharfaidh an t-eidirbhreitheamh san a mholadh nó a shocrughadh fá scríbhinn taobh istigh den fiche lá do ghabhann díreach tar éis deire na bun-thréimhse nó na tréimhse faidighthe atá ceapaithe le haghaidh moladh na n-eadarscánaidhthe nó an eadarscánaidhe, nó an lá nó

roimh aon lá níos déidheannaighe 'ná san a chinnfidh an t-eidirbhreitheamh le haon scríbhinn fá n-a shighniughadh, ag faidiughadh an trátha chun a mholadh do thabhairt AGUS fós ná tionnscnófar aicsion nó imeachta dlighe ar bith ag ceachtar den bheirt pháirtidhthe sin nó ag a ionadaithe a chomharbaí nó a shannaithe i dtaoibh aon nídh de na nidhthe atá fá chonspóid muna ndiúltann nó muna bhfailligheann an pháirtidhe a bheadh ina chonsnach ina leithéid sin d'aicsion nó imeachta na nidhthe sin do chur fá eadarscáin do bhun na forála atá annso cheana nó muna mbeidh an t-am atá ceapaithe chun déanamh an mholta san rithte gan aon mholadh a bheith déanta agus fós go ngéillfidh na páirtidhthe fá seach don Tagra san mar aon le gach duine ata ag éileamh tríotha fá seach dul fá scrúdadh le mionna nó le dearbhughadh ag na headarscánaidhthe nó ag an eadarscánaidhe nó ag an eidirbhreitheamh san maidir leis na nidhthe atá fá aighneas agus go dtabharfaidh ós comhair na n-eadarscánaidhthe nó an eadarscánaidhe nó an eidirbhreitheamh gach aon leabhar dinntiúir páipéar cunntas scríbhinn is cáipéis dá bhfuil i seilbh nó i gcumas na bpáirtidhthe sin fá seach agus a theastochadh nó go n-éilightr iad agus gach aon nídh eile do dhéanamh da n-iarrfaidh na headarscánaidhthe nó an t-eadarscánaidhe nó an t-eidirbhreitheamh i gcúrsaí imeachta an Tagra sin AGUS go scrudófar na fidhnéithe fá mhionna nó fá dhearbhughad [*sic*] má's cuibhe sin leis na headarscánaidhthe leis an eadarscánaidhe nó leis an eidirbhreitheamh AGUS go mbeidh costaisí an Tagra agus an mholta ar chomhairle na n-eadarscánaidhe an eadarscánaidhe nó an eidirbhreitheamh.

Agus nach misde dhóibh nó dhó ordughadh cé chuige agus cé leis agus cad é an chuma go n-iocfar an costas nó aon chuid de mar aon le cómhacht chun an tsuim a bheidh le híoc nó aon chuid di do mheas nó do shocrughadh agus ioc costaisí idir atumae is cliant do mholadh.⁹²

⁹² *ibid.* Alt a sé déag.

Shínigh SO an comhaontú nua seo agus ‘Pádraig MacArtáin, Liagh agus Láimh Liagh, Dún Chaoin, Daingean Uí Chúise’ mar fhinné, agus cuireadh séala an Aire air agus ‘Phroinnsiais Ó Dubhthaigh’ i láthair.⁹³

Cúpla lá sular síniodh an comhaontú nua chuir SO litir chuig An Roinn maidir le cúrsaí íocaíochta agus airgead a bhí ag dul dó le tamall anuas nach raibh faighte aige. Níorbh í seo an chéad litir a bhí seolta aige ar an ábhar, gan réiteach ar bith faighte aige, agus bhí briste ar an bhfoighne aige:

... tá 43,000 curtha agam chughaibh: seasuigheann an sean-chómhaontughadh fós agus is é bhur ndualgas me d'ioc láithreach as an obair sin agus an t-iarraga [*sic*] atá agam oraibh as an gcantam roimhe seo. Muna ndeintear san beidh ar bháilidhibh an Stáit me do chur i gcarair, nidh a thaithneóchadh lé cuid mhaith, ach fógraím ar Roinn an Oideachais tríot-sa (ós tú a gheibheas mo chuid saothair) go mbein [*sic*] buidheach díobh dá gcuiridís ’n-a dhiadh so mar ná fuil fonn ar bith orm luighe fén easonóir ná fén gcacamas-so níos sia.⁹⁴

Le síniú an chomhaontaithe seo cuireadh deireadh leis an aighneas áirithe seo, agus thug SO faoin obair de réir choinníollacha an chonartha nua. Ach, ag druidim le deireadh an tsamhraíd 1941, b'éisgean do Sheán scriobh chuig Oifig an Aire Soláthairtí i dtaobh ganntanas pairífin. Bhí na tráthnóna ag giorrú agus bhí an ganntanas ag cur isteach go mór ar an méid oibre a bhí indéanta ag SO agus é ag brath ar sholas an lae:

Tá mórán mór aimsire imighthe amuga cheana féin orm. Bíonn sé dorcha sa bhathalach tighe seo luath go maith sa tráthnóna, agus bím gach maidean ag feitheamh leis an solas chun tosnughte! Acht ní dhéanfaidh san an gnó dhom – ó dhubh go dubh.

⁹³ ‘Comh-aontughadh ar n-a dhéanamh an 4adh lá de Dheireadh Foghmhair, 1939, idir an tAire Oideachais agus SO’, NA 97/9/370.

⁹⁴ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 1/10/39 (N566 III).

Cloisim gur riadaradh íle timcheall an Daingin indé, acht ní bhfaghfainn-se í ná aon gheallamhaint uirthi, agus lá ag dul don Daingean lá cailte is eadh é! Ba dhóigh le duine gur d'aon-ghnó a bhí an saoghal 'á dhéanamh orm!
Táim clipithe go maithanois aige.⁹⁵

Ag breathnú dúinn ar imeachtaí na Dála feicimid go raibh ceist seo an ghanntanais phairifín á plé i mí Iúil 1941 ag na Teachtaí. Seo mar a bhí le rá ag Seán Lemass ar an abhar:

Deputy Byrne will understand that other members of this House are fully aware of the inconvenience which a shortage of these two commodities—candles and paraffin oil—means to households which are not equipped for the utilisation of electricity or gas for illumination purposes, and that we are all as anxious as he is to remedy that position—if it is possible to remedy it ... The quantity of kerosene which we can import is not under our control. It depends entirely on the facilities which the oil companies can place at our disposal. The existing stock of kerosene in the country is sufficient to provide the requirements of harvesting machines. I think all Deputies will agree that it is essential that the kerosene required for the operation of tractors and harvesting machines should be made available so that the harvest will not be lost. It was in order to ensure that a sufficient stock of kerosene for the requirements of the harvest would be available that it was necessary to take the very drastic step of restricting deliveries to traders selling paraffin for household purposes. When the harvesting operations are completed, or when those operating harvesting machines have had delivered to them a sufficiency of kerosene to enable them to complete these operations, and if supplies arrive in the meantime, it will be

⁹⁵ Litir ó SO chuig Oifig an Aire Soláthairtí, 04/9/41 (N566 III).

possible to resume deliveries of kerosene to traders for sale for domestic purposes on some restricted basis.⁹⁶

Bhí teach SO ar cheann de na tithe thuasluaite ‘which are not equipped for the utilisation of electricity or gas for illumination purposes.’ Ag smaoineamh ar choinníollacha an chomhaontaithe, bhí sé faoi bhrú beart a sheoladh chuig An Roinn uair in aghaidh gach tríocha lá ar a laghad, agus le teacht an gheimhridh thuig sé go mbeadh moill ar a dhul chun cinn mura mbeadh ar a chumas a thuilleadh pairifin a fháil. Tháinig Oifig an Aire Soláthairtí ar ais chuige ar an 30 Meán Fómhair 1941 ag cur in iúl do ‘go bhfuilltear tar éis an chiondáil íle in aghaidh na míosa a mhéadughadh, agus gur féidir le duine, gallún d’íle d’fhagháil anois, agus nach féidir ciondáil breise a thabhairt d’aoinne le h-aghaidh soillsiúcháin, cócaireachta, srl.’⁹⁷ Scríobh Seán chuig an eagarthóir, RÓF, ina thaobh, trí huaire más fior do ráiteas an eagarthóra, agus scríobh seisean litir chuig An Roinn Oideachais ansin ag impí ar shon SO:

Nach féidir aon chabhair íle lampa a fhagháil don diabhal bhocht so!

Is éigean do a bheith ina shuidhe ar ghlaodh don choileach, chun bheith ullamh do sholas na gréine, agus deir sé go leigheann an solus air tuairim a 5pm insan bhothán tighe ina mbíonn sé ag obair. Ní leór do in éanchor galún sa mhí.

Tá sé d’éis scríobhadh chughamsa fá trí um an scéal.

Beir buadh is beannacht,

Fiachra Éilgeach.⁹⁸

I bhfianaise nóta ó Phroinnsias Ó Dubhthaigh chuig Seosamh Ó Néill is léir gur tháinig roinnt iarratas ó bhéal RÓF chomh maith, agus cuireadh nóta ar ais chuige le cur in iúl dó

⁹⁶ Dáil Éireann - Volume 84 - 22 July, 1941. Committee on Finance - Adjournment Debate — Supply of Candles [<http://historical-debates.oireachtas.ie/D/0084/D.0084.194107220027.html>] 25/02/2008]. Níor éirigh liom teacht ar leagan Gaeilge den diospóireacht áirithe seo ar an suíomh.

⁹⁷ Litir ó Lorcán Ó Briain chuig SO, 30/9/41 (N566 III).

⁹⁸ Litir ó RÓF chuig an Roinn Oideachais, 16/10/41 (N566 III). Tá na línte faoi na focail sa litir bhunaidh.

nach raibh ar chumas na Roinne Oideachais aon rud a dhéanamh ‘chun cabhair íle lampa a fhagháil do SO.’⁹⁹

Níorbh é SO an t-aon údar Gaeilge a raibh tionchar ag an nganntanas pairifín air. Tar éis dó oiliúint a fháil ar an bhfoghraíocht thuarascálach, d’fhill Tomás de Bhaldraithe ar Chois Fharraige ar an 3 Iúil 1942 chun obair a dhéanamh ar an nGaeilge bheo ann.¹⁰⁰ Ag druidim le deireadh mhí Lúnasa 1942 b’éigean dó iarraidh ar Chláraitheoir na hInstitiúide Ard-Léinn litir oifigiúil a scríobh chuig An Roinn Soláthairtí ag cuardach pairifín:

Tuigeann tú go bhfuil solus a’ tastáil uaim. Ní dhéanfadh an t-alúntas gnáthach, $\frac{1}{2}$ galún, aon mhaith dhom – dá mbeadh muinntir an tighe sásta é ar fad thabhairt suas dhom.¹⁰¹

Chuir an Cláraitheoir litir chuig An Roinn Soláthairtí thar ceann Thomáis mar a iarradh air:

The only source of artificial light available in the Invern district is domestic kerosene (paraffin oil); and, according to existing arrangements, I understand that the maximum quantity of domestic kerosene allowed for each registered consumer is half a gallon per month. ... He estimates that he will require 3 gallons for the present month and presumably 3 gallons per month during the Winter and Spring.¹⁰²

Díreach cosúil le SO, níor éirigh le hiarratas Thomáis:

⁹⁹ Litir ó Sheosamh Ó Néill chuig RÓF, 20/10/41 (N566 III).

¹⁰⁰ Ó Murchú (1997: 55).

¹⁰¹ *ibid.* 55.

¹⁰² *ibid.* 56.

B' é críoch an scéil, áfach, nach bhfuair sé deoir. Cuireadh in iúl i litir a scríobhadh chun an Chláraitheora ar an 4 Samhain 1942 go rabhthas tar éis diúltamh dá achainí.¹⁰³

3.4 Ag lorg Síneadh Ama

Feicimid nach raibh an dara rogha ag SO ach litir a chur chuig An Roinn Oideachais ag cuardach síneadh ama leis an obair a chríochnú. Faoi chomhaontú Dheireadh Fómhair 1939, ba é 31 Márta 1942 an sprioclá a leagadh amach don obair. Chuir sé in iúl sa litir go raibh dhá chúis faoi leith le moill na hoibre – bhí sé breoite ag túis na bliana¹⁰⁴ agus ansin bhí ábhar an ghanntanais phairifín:

Nuair daingníheadh an cor san eadrainn – an Roinn Oideachais is me féin – ní raibh aon chuimhneamh againn go gcuirfeadh cogadh ná aon rud eile isteach ar an obair – ceal íle lampa ach go hairighthe. Acht thárla san, agus fágadh me gan íle ná a mhalairt. Dá dhruim go bhfuil cheana féin mí oibre cailte agamanois, fiú amháin an cantam – dréir na bpáipéar – gallún sa mhí – níor éirigh liom a fhagháil.

Ós rud é go bhfuil orm breis agus dhá uair déag a'chluiig scribhneoireachta do dhéanamh gach lá d'fhoinn is mo cheann den mhargadh do cóimhlíonadh [sic] is follus go dtéipfidh orm toisc giorracht na laetheanta anois agus as so go deireadh Márta, 1942.

An chuid is mó oibre is féidir liom do dhéanamh sa ló gan solas, sé huaire an chluig, agus níor mhór dhom a dhá oiread ar a luighead gallún íle sa tseachtmhain a dhéanfadh me.¹⁰⁵

¹⁰³ *ibid.* 56.

¹⁰⁴ Feicimid an nota beag seo le hais an fhocail **mór** in CCC: ‘Claoídhte leis an bhfliú, Seán an Chóta.’

¹⁰⁵ Litir ó SO chuit Seán Mac Lellan, an Roinn Oideachais, Deireadh Fómhair, [19]41 (ní thugann SO an dáta go direach i mí Dheireadh Fómhair) (N566 III).

Chuir An Roinn nota admhálach ar ais chuige fad is a bhí siad ag fanacht ar chomhairle ón Roinn Airgeadais i dtaobh an tsínithe ama. Sula raibh an scéal réitithe, tháinig litir eile ó SO ag lorg síneadh sé mhí. Gheall sé sa litir go n-oibreodh sé ‘chómh dian agus is fèidir liom fiú amháin chun na hoibre bheith réidh roimis an méid breise aimsire seo más fèidir in ao’chor é.¹⁰⁶ Chuaigh Seán chun cainte lena dhlíodóir David Charles, agus chuir seisean litir chuig Seosamh Ó Néill thar ceann a chliaint ar thóir an tsínithe ama:

Mr. Kavanagh informs me that during a considerable part of the Spring and Summer of this year he has been unable to do his usual quantity of work in pursuance of the Agreement owing to continued illness. He therefore has asked me to apply to you for an extension of time under Clause 4, 2B of said Agreement.

Having gone into the full facts and circumstances and having made an approximate estimate of the work which he has already done, I have come to the conclusion that the maximum extension required would be six months from the 31st March 1942. In arriving at this period I have also taken into consideration the fact that he will have to work for a large number of hours during the winter months under artificial light and in this respect he has no supplies of parafin, and that is essential, living as he does and must in a district where there are no services of electricity or gas.

If it were possible for the Minister of Supplies, as a result of representations by you, to get Mr. Kavanagh an adequate supply of parafin oil, he might be able to complete the work in a shorter time. In any event, it is essential that a reasonable extension of time should be given.¹⁰⁷

Ní raibh An Roinn Oideachais sásta síneadh sé mhí a thabhairt do SO, agus chuir siad litir faoi bhráid na Roinne Airgeadais inar lorg siad cead síneadh ceithre mhí a thabhairt – trí mhí de bharr an ghanntanais phairifín agus mí de bharr na breoiteachta. Thagair siad, chomh maith, do litir David Charles inar luaigh sé Clásal a ceathair, 2B, ach gur bhain an

¹⁰⁶ Litir ó SO chuig an Roinn Oideachais, Deireadh Fómhair, [19]41 (ní thugann SO an dáta go díreach i mí Dheireadh Fómhair) (N566 III).

¹⁰⁷ Litir ó David H. Charles, 4 Clare Street, chuig Seosamh Ó Néill, 31/10/1941 (N566 III).

clásal sin le hábhar a chur ar fáil gach tríocha lá agus ní le cursaí ama (a bhí faoi chaibidil i gClásal a cúig). D'aontaigh An tAire Airgeadais leis an iarratas chun síneadh ceithre mhí a cheadú, agus mhol sé d'oifigigh na Roinne Oideachais dul i gcomhairle leis an bPríomh-Aturnae Stáit maidir leis an bhfreagra a chuirfi chuig David Charles. Ar an 8 Nollaig 1941, scríobh Phroinnsias Ó Dubhthaigh chuig an bPríomh-Aturnae ag lorg a chomhairle. Mar thoradh air seo sheol An Roinn Oideachais litir chuig dlíodóir SO ar an 16 Eanáir 1942:

With reference to your letter of the 31st October last regarding the question of an extension of the time within which the work provided for under the above Agreement should be completed by Mr. Ó Caomhánaigh, I am directed to inform you that the Minister is agreeable to the extension of the time specified by four months, i.e., until the 31st July, 1942, and he trusts this will be found satisfactory by your client.¹⁰⁸

Toisc go raibh síneadh ama faigte ag SO go dtí deireadh mhí Iúil, b'éigean dóibh an Comhaontú a leasú chun an t-athrú seo a léiriú ann. Feicimid, mar sin, gur cuireadh leis 'cúl-scríbhinn ... a deineadh an 4adh lá so de mhí Márta, 1942.'¹⁰⁹ Níor cuireadh sa chúlscríbhinn ach aon chlásal amháin ag ceadú an dáta nua:

Aontuigtear leis seo idir na páirtithe don Chomh-aontughadh atá sgríobhtha laistigh go léighfear na focail "an 31adh lá de mhí iúil [sic] míle naoi gcéad lá [sic] a dó is dachad" i n-ionad na focail "an 31 lá de Mhárta míle naoi gcéad a dó is dachad" i gclásal a 5 den Chomh-aontughadh san ach gan dochar ó fharálacha eile an Chomh-aontuigthe agus fós gur ar an am atá agus a bheidh seasamh an chonartha i n-aimhdheoin an atharuigthe a deintear leis an gcúl-scríbhinn seo.¹¹⁰

¹⁰⁸ Litir ó Phroinnsias Ó Dubhthaigh, An Roinn Oideachais, chuig David H. Charles, 16/1/1942 (N566 III).

¹⁰⁹ Cúlscríbhinn le comhaontú Dheireadh Fómhair 1939, NA 97/9/370.

¹¹⁰ *ibid.*

In ainneoin an tsínithe ama, áfach, b'éigean do SO litir a scríobh chuit Seán Mac Lellan ar an 30 Meitheamh 1942 le cur in iúl dó nach mbeadh ar a chumas an saothar a chur i gcrích laistigh de mhí, ach, dá bhfaigheadh sé go dtí aimsir na Nollag, go gcuirfeadh sé críoch leis cinnte. Má smaoinimid ar an gcéad dáta a leagadh amach faoin dara comhaontú, 4 Márta 1942, fiú dá mbeadh an síneadh sé mhí a lorgaíodh i mí Dheireadh Fómhair faigte aige, ní bheadh an saothar i gcrích i bhfianaise an iarratais a rinne sé ar shíneadh go dtí aimsir na Nollag:

Dréir mar táim ag dul ar aghaidh fágann sé ná beadh uaim ach tímcheall 125 leathanach i ndeireadh Iúil, obair trí mí nó ceathair ar an dtaobh amuigh de. Tá súil agam go mbeir i ndán an méid sin faduighthe aimsire d'fhagháil dom. Is cuimhin leat go ndubhart go gcaithfeadh sé amach go dtín márta [sic] 1943 orm i dtosach. Dá bhfaghainn as so go Nodlaig agus mí laetheanta saoire (rud d'oirfeadh dom) bheinn sásta má bheadh aon rud gan déanamh go gcríochnóchainn in aisce é. Sé sin Lughnasa saoire (agus d'fhéadfainn é chaithearth ar thóir mhórán rud atá cómhartuighthe agam ges na daoinibh) agus as san go Nodlaig chun na hoibre do chríochnughadh gan a thuilleadh iomaird do bheith ar an scéal.¹¹¹

Ar aon dul leis an gcéad iarratas ar shíneadh ama, chuir dlíodóir SO, David Charles, litir chuig An Roinn thar ceann a chliaint. Cé nach raibh An Roinn róshásta nach raibh an saothar i gerích go fóill, agus cé nach raibh siad róchinnt go mbeadh ar a chumas é a chríochnú faoi Nollaig (i bhfianaise a raibh fós le déanamh aige agus ar phátrún na hoibre go dtí sin), thuig siad nach mbeadh acu, sa chás nach gceadófaí an dara síneadh, ach saothar neamhchríochnaithe. Ceadaíodh, mar sin, an síneadh a lorgaíodh agus cuireadh an dara cúlscríbhinn leis an gcomhaontú, ‘cúl-scríbhinn … a deineadh an 23adh lá de mí Meadhon-Fómhair, 1942’, a d’athraigh dáta críochnaithe an tsaothair ón 31 Iúil 1942 chuig an 31 Nollaig 1942. In ainneoin amhras na Roinne go n-éireodh le SO an saothar a chur i gerích faoi dheireadh na Nollag, bhí an chuid dheireanach ag An Roinn Oideachais ar an 31 Nollaig de réir chúlscríbhinn an chomhaontaithe.

¹¹¹ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 30/6/42 (N566 III).

Bhí an chéad chuid den tionscnamh i gcrích anois, sa mhéid is go raibh tiomsú an ábhair déanta. Ina dhiaidh sin bhí an eagarthóireacht le déanamh. Má bhreathnaímid siar ar an dara comhaontú, agus ar Chlásal a deich (2) go sonrach, leagadh amach nár mhór eagarthóireacht an tsaothair a chríochnú ‘lá nach déidheannaighe ’ná dhá mhí dhéag ón dáta a gheobhthar an beart deiridh ón Ughdar.’ Faoi Chlásal a trí déag ansin, bheadh ar an Aire cinneadh a dhéanamh maidir le foilsitheoreacht an tsaothair ‘taobh istigh de dhá mhí dhéag ón lá a bheidh críoch curtha ar eagarthóireacht an tsaothair.’ Feicimid i mí an Mheithimh 1943 gur chuir oifig an Taoisigh litir chuig Seosamh Ó Néill, maidir le clásail seo an chomhaontaithe agus an tuiscint a bhí acu go rachadh an cóipcheart i seilbh an údair mura mbeadh cinneadh déanta ag an Aire i dtaobh a fhoilsithe faoin dáta cuí. Luadh gur ‘iongna leis an Taoiseach a fhábhará atá forálacha na gclásal san don údar’ agus cuireadh sé cheist faoi leith ar Sheosamh Ó Néill:

- (a) ‘Cad é an dáta ar ar seachadadh an beart deiridh den tsaothar chun Brainnse na bhFoillseachán?’
- (b) Ar críochnuíodh an eagarthóireacht fós, agus, má críochnuíodh, cathain a críochnuíodh í?
- (c) Ar cuireadh fógra chun an údair gur críochnuíodh an eagarthóireacht?
- (d) Cad é méid an chostais a bhaineann leis an saothar idir (a) íocuíochtai leis an údar agus (b) costas eile?
- (e) Na clásail dá bhfuil tagairt sa mheamram so, an gnáth a leithéid do bheith i gcomh-aontuithe le húdair fé scéimeanna Bhrainnse na bhFoillseachán? Muna gnáth, conus a thárla iad a bheith sa chomh-aontú so?
- (f) Cad is fearr a dhéanamh, do réir tuairme do Roinn-se, sa chás fé mar atá sé?¹¹²

Chuir Seosamh Ó Néill litir chuimsitheach ar ais mar fhreagra ar cheisteanna agus ar ábhair amhrais an Taoisigh. Leagadh amachocht bpóinte mar mhíniú ar an ‘fáth do

¹¹² Litir ó M[huiris] Ó Muimhneacháin chuig Seosamh Ó Néill, 17/6/43, NA 97/9/370.

Chómh-Aontú 1939 do bheith chomh fábharach do'n ughadar.' Faoin séú pointe luadh 'dá mbrisceadh An Roinn Comh-Aontú 1936 ar neamh-chead an ughdair, do mheas an t-Árd-Aturnae go bhfeadfaí an dligheadh do chur ar an Aire mar gheall ar an mbrisceadh san agus go mba bhaoghalach go n-ordóchadh an dligheadh cíuteamh substainteach do thabhairt do'n ughdar.'¹¹³ Bhí orthu, mar sin, tréaniarracht a dhéanamh teacht ar théarmaí a mbeadh SO sásta leo. Maidir leis na ceisteanna (a) – (f) thusa, d'fhreagair Seosamh Ó Néill ceann i ndiaidh cinn iad. Tá freagra na ceiste deireanaí tábhachtach:

Cad is fearr a dhéanamh, do réir tuairime do Roinne-se sa chás, fé mar atá sé?

Freagra: mar gheall ar thuarascbhála do fuarthas le déidheannaighe i dtaobh cháile an tsaothair, ní dócha go bhfoillseóchaidh an Roinn é 'san chruth ina bhfuil sé fá láthair, agus atáthar ag brath an mód sin do chur i n-iúl do'n ughdar, do réir chlasáil 13. Tá an scéal dhá bhreathnú ag an Aire d'fhéachaint ar chóir gach ceart dá mbaineann leis an saothar do cheannach ó'n ughdar, ionnas go bhfeadfaí an t-adhbhar d'úsáid, amach annso, nuair do bheadh foclóir "Gaedhilg – Gaedhilg" dhá ullmhú. Má cinntear ar sin, táthar ag brath an láimh-scríbhinn do chur arais chun an ughdair do réir chlasáil 13, agus tuairim 's bliadhain do leigint thart sula dtosnuighthear ar aon mhargáil do dhéanamh leis maidir le ceannach na gceart úd uaidh. Ní dóigh leis an Roinn go n-éireóchaidh leis an ughdar féin an saothar do chur dhá fhoillsiú, agus is ar an adhbhar san atáthar ag smaoineadh ar na cearta do cheannach. Acht, má eirigheann leis an ughdar féin an saothar do chur dhá fhoillsiú, dar ndóigh ní bheidh aon riachtanas le n-a leithéid de chúrsa.¹¹⁴

Tá dhá rud sa fhreagra seo, go háirithe, atá tábhachtach: 'ní dócha go bhfoillseóchaidh an Roinn é' agus 'tá an sceal dhá bhreathnú ag an Aire d'fhéachaint ar chóir gach ceart dá

¹¹³ Litir ó Sheosamh Ó Néill chuig Rúnaí Oifig an Taoisigh, 2/7/43, NA 97/9/370.

¹¹⁴ *ibid.*

mbaineann leis an saothar do cheannach ó'n ughdar.' Maidir leis an dara ní, thagair Ó Néill do Chlásal a trí déag den chomhaontú – ‘... má chinneann an tAire gan an saothar nó aon chuid de do fhoillsiughadh raghaidh an cóibcheart sa tsaothar nó in aon chuid de nach toil leis an Aire é fhoillsiughadh i seilbh an Ughdar [sic] ón lá cuirfear breith an Aire in iúil do.’ Is léir gur thuig An Roinn an tábhacht a bhainfeadh leis an saothar, fiú mura gcuirfi i gcló é, nuair a bheadh foclóir “Gaedhilg-Gaedhilg” á ullmhú, agus an gá, mar sin, go mbeadh an saothar i seilbh na Roinne. I bhfianaise an ghiota thusas, bhí oifigigh na Roinne den tuairim nach mbeadh ar chumas SO an saothar a fhoilsiu é féin, agus go mbeadh sé sásta ansin na cearta a dhíol leis An Roinn. Scríobh Proinnsias Ó Dubhthaigh litir chuig Rúnaí na Roinne Airgeadais inar léiríodh nár aontaigh Aire na Roinne Oideachais gur chóir an saothar a thabhairt ar ais don údar in aon chor:

Ciaca foillseochar an saothar nó ná foillseochar tá an tAire deimhnightheach gur tábhachtach an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as nuair a bheadh foclóir Gaedhilg-Gaedhilg dá ullmhú amach annseo, mar atá beartuighthe aige, agus, ní hé amháin sin, ach gur mór an sabháil ama agus airgid é dá bhféadfaí an t-adhbhar do chur ar fagháil go réidh do lucht ullmhuiughthe an fhoclóra sin. Má cuirtear an láimhscríbhinn ar ais chun an ughdar is eagal leis an Aire go mbeadh contabhairt mhór ann go mb'fhéidir go gcaillfi nó go scriosfaí i, ó tharla gur beag seans do bheadh ag an ughdar féin í chur d'á foillsiu.¹¹⁵

3.5 Ceist na gCeart

Toisc gur ceapadh go mb'fhéidir ‘go gcaillfi nó go scriosfaí’ an láimhscríbhinn, shocraigh An tAire gur chóir iarracht a dhéanamh na cearta a cheannach ó SO gan mhoill. Luadh go bhféadfaí £200 a thairiscint dó. I litir a cuireadh chuig SO ar an 28 Samhain 1944 dúradh leis nach raibh sé i gceist ag an Aire an saothar a fhoilsiu agus ofráladh £100 dó ar na cearta:

¹¹⁵ Litir ó Phroinnsias Ó Dubhthaigh chuig Rúnaí na Roinne Airgeadais, 11/10/44, NA 97/9/370.

Maidir le h-Alt a 13 de'n Comh-Aontughadh a deineadh idir tú féin agus an tAire Oideachais ar an 4adh lá de Dheireadh Foghmhair, 1939, iarrann an tAire Oideachais orm a chur i n-iúl duit nach bhfuil beartuighthe aige an saothar sin “Croidhe Cainnte Chiarraidhe” ná aon chuid de d’fhoillsiughadh.

Tá ordughthe dhom a chur i bhfios duit, ámh, go mbeadh an tAire toilteannach an cóibcheart san tsaothar do cheannach uait ionnas go mbeadh an saothar ar réir na Roinne dá socruightí amach annseo cuid de d’fhoillsiughadh nó úsáid ar bith eile do dhéanamh de. Má’s rud é nach bhfuil sé beartuighthe agat féin dul i mbun a fhoilsighthe tá orm a fhiafrughe díot an mbeitheá toilteannach do cheartaisí san tsaothar do dhíol leis an Aire. Tá ughdarás agam £100 (céad punt) do thairiscint duit ar na ceartaisí sin.¹¹⁶

I mí Eanáir, scríobh Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig Seán Mac Lellan féachaint an raibh freagra ar bith tagtha ó SO ar ábhar na gceart. Sa fhreagra a chuir Mac Lellan ar ais, ar an 31 Eanáir 1945, chuir sé in iúl nach raibh scéal ar bith faigte go fóill. Ar an 13 Márta 1945, tháinig litir ó David H. Charles thar ceann SO:

With reference to your letter of the 28 November last addressed to Mr. Sean Kavanagh and offering him the sum of £100. for his copyright in the Dictionary which was the subject matter of an Agreement dated 4th October 1939 between the Minister and my client. Mr. Kavanagh has now authorised me to state that he will not accept the offer of £100. but that he would agree to take £500. for his copyright in the said work. If the Minister is not disposed to accept this offer Mr. Kavanagh further instructs me to take custody of the manuscript.¹¹⁷

¹¹⁶ Litir ó Phroinnsias Ó Dubhthaigh chuig SO, 28/11/1944, NA 97/9/370.

¹¹⁷ Litir ó David H. Charles chuig Proinsias Ó Dubhthaigh, 13/1/1945, NA 97/9/370.

Is mór idir an £100 a bhí á thairiscint ag An Roinn agus an £500 a bhí á lorg ag SO. Chuir Proinnsias Ó Dubhthaigh nóta ar ais chuig Charles inar thraig sé £200. Ag deireadh na litreach scríobh sé: ‘I am to add that this is the largest sum which the Minister can hope to obtain authority to pay for the copyright.’¹¹⁸

Ar an 16 Aibreán 1945, scríobh Charles ar ais, ag cur in iúl don Roinn nach raibh SO sásta leis an tairiscint de bharr dhua na hoibre agus mhéid na n-íobairtí pearsanta a bhí déanta aige. Ach theastaigh uaidh, ag an am céanna, go mbeadh an saothar i seilbh an Stáit go bhféadfai úsáid neamhtheoranta a bhaint as. Ar an ábhar sin, leasaigh sé an tsuim a bhí uaidh ó £500 chuig £300. Agus an litir seo faighte ag An Roinn Oideachais, scríobh Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig An Roinn Airgeadais féachaint an mbeidís sásta an tsuim nua sin a cheadú:

Maidir leis an gcomh-fhreagarthas roimhe seo (t'uimhir tagartha s.18/14/38) i dtaobh an bhailiúcháin focal agus téarmaí dar teideal “Croidhe Cainnte Chiarraige” atá curtha le chéile ag Seán Óg Ó Caomhánaigh, tá orduighthe dhom ag an Aire Oideachais tagairt do mheimram Mr. Almond de’n 28adh Deire Foghmhair, 1944, i n-ar tugadh ughdasas an Aire Airgeadais chun suim nach rachadh thar £200 a thabhairt do Seán Óg Ó Caomhánaigh i n-éiric a chearta san obair ar an choinghioll go ndéanfaidhe tairiscint i bhfad níos lughá ná sin – timcheall £100 – sa geád dul síos.

Do scríobh an Roinn chuig Seán Óg Ó Caomhánaigh ar an 28adh Samhain, 1944, ag cur i n-iúl do go mbeadh an tAire Oideachais toilteannach an cóipcheart san tsaothar seo do cheannach uaidh ar £100. Do chuir Mr. David H. Charles, Aturnae an ughdar, i n-iúl do’n Roinn ar an 13adh Márta, 1945, nach raibh a chlienit chun glacadh leis an tairiscint sin, ach go mbeadh sé toilteannach glacadh le £500. Do cuireadh i n-iúl do Mr. Charles ar an 7adh Aibreán, 1945, go mbeadh an tAire toilteannach £200 d’ioc ar son an chóipchirt agus nach bhféadfaidhe bheith ag súil le

¹¹⁸ Litir ó Phroinnsias Ó Dubhthaigh chuig David H. Charles, April 1945, NA 97/9/370.

ughdarás d'fhagháil chun suim a b'aoirde ná sin d'ioc. Fuarathas scéala ó Mr. Charles ar an 16adh Aibreán ghá chur i n-iúl go raibh a chlient toilteannach an tairiscint do dhein sé i dtosach do laigheadú agus go mbeadh sé toilteannach glacadh le £300.

Tá an tAire deimhnightheach gur saothar an-tábhachtach é seo, agus go bhfuil contabhairt mhór ann go gcaillfi nó go scriosfaí an láimhscribhinn dá leigtí ar ais i seilbh an ughdair í. Ina theannta tá sé dearbhtha gur mhór an chabhair an saothar seo a bheith ar fagháil nuair a bheithear ag cur an Aguisín do'n bhFoclóir Béarla-Gaedhilge¹¹⁹ le chéile gan mhoill (t'uimhreacha tagartha s.18./7/30 agus s.46/1/34). Feictear dó, mar sin, gur fiú go mór £100 eile do thairiscint ar son an chóipchirt.

Dá bhrigh sin, tá orm a iarraidh go ndeonóchaidh an tAire Airgeadais aontú leis an tairiscint sin.¹²⁰

D'aontaigh An Roinn Airgeadais an £300 a ioc le SO, agus, ar an 25 Iúil 1945, síníodh comhaontú idir é fén agus An tAire Oideachais, agus 'do réir téarmaí an Chomh-Aontaithe sin aontaíonn Mac Uí Chaomhánaigh gach cóipcheart in CCC do dhíol leis an Aire ar £300.¹²¹ Ní £300 a fuair SO ar son an chóipchirt, áfach, ach £300 lúide £143.0.4 a bhí ag dul do lucht na Cánach Ioncaim:

Maidir led' litir (R.A. 75/43) de'n 3ú lá i dtaobh ceist na gceartas i "Croí Cainte Chiarraí" a cheannach do'n Aire Oideachais ó Sheán Ó Caomhánaigh, tá orm a rá gur cheannuigh an tAire na ceartaisí sin uaidh ar £300 ar an 31ú Deire Fómhair, 1945. Le h-údarás Mhic Uí Chaomhánaigh, h-íocadh £143:0:4 de'n méid sin leis an Ard-Chúntasóir Ioncaim chun éilimh lucht an Chánach Ioncaim air do shásamh.¹²²

¹¹⁹ Feicimid gur 'Foclóir Gaedhilg-Gaedhilge' a luaigh Ó Dubhthaigh ina litir thuasluaithe chuig Rúnaí an Aire Airgeadais, 11/10/44, ach go luann sé 'Foclóir Béarla-Gaedhilge' sa litir áirithe seo.

¹²⁰ Litir ó Phroinnsias Ó Dubhthaigh chuig an Roinn Airgeadais, 27/4/45, NA 97/9/370.

¹²¹ Litir ó Mhicheál Breathnach chuig Rúnaí na Roinne Airgeadais, 30/7/1945, NA 97/9/370.

¹²² Litir ó Sheán Mac Lellan chuig Seumas Mac Ugo, 6/6/1946, NA 97/9/370.

3.6 Cúrsaí airgeadais SO

Rinneadh corrthagairt sa chaibidil seo do chúrsaí íocaíochta agus don ráta de £2 an míle focal a bhí á ioc le SO. Ach cé mhéad go díreach a íocadh leis? Tá dhá thábla ina ndéantar mionchur síos ar na híocaíochtaí a tugadh dó ar fáil mar Aguisín a trí (7.3) den saothar seo. Léirítear iontu an méid a fuair sé faoin gcomhaontú bunaidh agus faoin dara comhaontú ansin. Ar an iomlán, íocadh £4,608.10.0 leis as an saothar a thiomsú. Faightear mionchur síos sa chéad tábla ar an íocaíocht bhaileach a bhain leis na litreacha ó ‘A’ go ‘F’. Tugtar liosta sa dara tábla de líon na bhfocal a fuarthas, an dáta a fuarthas iad, an méid a íocadh agus dáta na híocaíochta.

Maidir leis an íocaíocht iomlán a fuair SO as tiomsú an tsaothair, fuair sé £993.10.0 (faoin gcomhaontú bunaidh) móide £2,482.10.0 (faoin dara comhaontú). Leagadh amach ag túis an tionscnaimh nach n-íocfaí an £2 (an míle focal) iomlán dó as gach beart. D’fhág sin go raibh fuilleanach le híoc nuair a cuireadh an obair eagarthóireachta i gcrích. Sa litir a scríobh Seosamh Ó Néill chuiig Oifig an Taoisigh, 2/7/43, inar fhreagair sé ceisteanna a bhí ardaithe ag an Taoiseach luann sé an figiúr £832.10.0, ‘le h-íoc leis, má h-aontuighthear go bhfuil an t-Aire sásta leis an eagarthóireacht.’ Níor éirigh liom teacht ar aon tagairt don fhigiúr seo in aon áit eile, ach scríobh Proinnsias Ó Dubhthaigh an méid seo a leanas i litir chuiig Rúnaí Roinn an Taoisigh a thugann le fios gur íocadh fuilleanach an airgid a bhí ag dul dó do réir choinníollacha an chomhaontaithe:

Do réir choingheallacha an Chomh-Aontuighthe do deineadh leis an ughdar, ní foláir eagarthóireacht na láimhscríbhne do bheith críochnuighthe roimh an 31adh de Mhí na Nodlag so chugainn, agus ní foláir an fuighleach airgid atá ag dul don ughdar d’íoc taobh istigh de 30 lá tar éis chríochnú na h-eagarthóireachta i.e. gan íoc an fluighligh do bheith níos moille ná an 30adh d’Eanair, 1944. Is dócha gur innis an t-eagarthóir don ughdar go bhfuil an eagarthóireacht críochnuighthe; agus meastar nar bh’fhuras an Roinn do chosaint, dá gcuireadh an t-ughdar an chúis i gcúirt

dlighe, ar an adhbhar nár h-íocadh an fuighleach airgid leis taobh istigh den tréimhse atá luaidhte i gcoingheallacha an Chomh-Aontuighthe.¹²³

£993.10.0, mar sin, móide £2,482.10.0 móide £832.10.0 – faighimid figiúr ionlán de £4,308.10.0. Ní mór dúinn, ansin, an £300 a íocadh leis as cearta an tsaothair (lúide £143.0.4 mar cháin) a chur san áireamh chomh maith - £4,608.10.0 mar sin a focadh le SO as an saothar.

In ainneoin na n-íocaíochtaí rialta a bhí á bhfáil ag SO, agus i bhfianaise a chuid litreacha rialta chuig An Roinn, bhí sé i gcónaí gann ar airgead. Tá an chuma ar an scéal nach raibh aige ach ó mhí go mí agus a bhfaigheadh sé ón Roinn. Feicimid an abairt seo a leanas i litir amháin, mar shampla, a scríobh sé ag lorg a chuid airgid:

Is oth liom a bheith ag cur duaidh ort ach tá sceula sroichte me go bhfuil mo mháthair ag dul chun bás. Bheinn anbhuidheach díot dá bhfeudfá mo chuid airgid do chur chugham gan mhoill mar budh mhaith liom í d'adhlacadh.¹²⁴

Bliain níos déanaí scríobh sé chuig Seán Mac Lellan arís ag cur in iúl dó na deacrachtaí airgeadais a bhí fós aige, agus an baol a bhí ann go ngabhfaí é de bharr a chuid fiach mura mbeadh ar a chumas iad a íoc go luath:

Gheobhair fé chlúid leitir atá factha agam a tháinig ó Aturnae Stáit Co. Chiarraighe. Ní deacair í do thuigsint, tá “laetheanta iardaighe” factha agam go dtí an 4adh lá (Dé Ceudaoine seo chughainn) nuair cuirfear an dliocht seo i bhfeidhm ... Muna ndeintear san beidh ar bháilidhibh an Stáit me do chur i gcarcair ...¹²⁵

¹²³ Litir ó Phroinnsias Ó Dubhthaigh chuig Rúnaí Roinn an Taoisigh, 6/11/1943, NA 97/9/370.

¹²⁴ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 21/11/38 (N566 III).

¹²⁵ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 1/10/39 (N566 III).

Is léir nár thosaigh fadhbanna airgeadais SO nuair a d'éirigh sé as a phost múinteoirreachta le bogadh ar ais chun na Gaeltachta. I litir a scríobh sé chuig Seán Mac Lellan (mí na Bealtaine 1936) chuir sé in iúl dó go raibh sé gann ar airgead agus go raibh lucht na cánach ar a thóir:

Tá súil agam gur féidir leat rud éigin do dhéanamh ambáireach – sin é an fáth go bhfuilim ghá scríobh so. Bhí fear na cánach ar scoil indiugh agam ag lorg airgid agus cuid mhór fiach le n-íoc agam. Lé súil ná teipfir. Mise do chara, SO.¹²⁶

Mí ina dhiaidh sin scríobh sé litir eile den chineál céanna:

Tá orm móran billidhe d'íoc gan teip De Luain agus táim ag brath ar an airgead so: tá súil agam nách dteipfir orm. Muna bhfaighead so níl a fhios cad is féidir liom do dheunamh.¹²⁷

Ag deireadh na míosa céanna:

Fuaireas dhá leitir indiugh ó Aturnaethibh agus tá orm £50 d'fhághail gan mhoill nó is tinn dom. Chidhtear duit go dteastuigheann an t-airgead uaim go dian agus níl fonn ar na dligheadóiribh seo aon eaga do thabhairt dom. Déin do dhícheal léd thoil é do chur chugham gan mhoill – an méid ata ag dul dom.¹²⁸

Agus seo a leanas teileagraf a chuir sé i mí na Nollag 1937:

BALL YFERRITER.

¹²⁶ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 21/05/36 (N566 I).

¹²⁷ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 18/06/36 (N566 I).

¹²⁸ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 25/06/36 (N566 I).

MCLELLAN OIFIGEACH FOILLSEACAN AN ROIINN OIDEACHAIS
SRAID MAOILBRIDE ATCLIAT = AG FEITIM LE HAIRGEAD =
SEAN OCAOMANAY DUNCCOIN.¹²⁹

Ní fhéadfaí a bheith cinnte gur ag tagairt go macánta dó féin a bhí sé, ach i bhfianaise na litreacha thusa gach seans gurbh amhlaidh a bhí, nuair a scríobh sé in CCC, faoin bhfocal **dian**: ‘Chuaidh an scéal dian mo dhóthain orm an t-ioc do scriobáil lé chéile, b’éigean dom troscán do dhíol: cuireadh i gcruidh an me: cuireadh go dtí’n m’aoen bheart me.’

3.7 Modhanna oibre an Údair

Nuair a chuir SO túis leis an saothar seo bhí sé fós ag obair leis i mBaile Átha Cliath agus corrthuras á thabhairt ar Ghaeltacht Dhún Chaoin aige. Socraíodh i 1937 go bhfillfeadh sé ar a cheantair dúchais chun go mbeadh ar a chumas tabhairt faoin tiomsú go lánaimseartha. A fhad is a bhí sé i mBaile Átha Cliath an amhlaidh go raibh sé ag brath ar a raibh ina chloigeann fén nó ar chomhluadar Chiarraí a bhí ag cur fúthu sa chathair? Ní thugann sé aon leid sna litreacha a scríobh sé chuig An Roinn maidir leis an modh oibre a bhí aige, seachas go mb’éigean dó a bheith ag obair ar an saothar taobh amuigh d’uaireanta múinteóireachta. Feicimid cuid mhaith tagairtí, áfach, don chur chuige a bhí aige nuair a d’fhill sé ar Dhún Chaoin, agus don chaoi ar theastaigh uaidh Gaeilge na seandaoine a bhailiú seachas an cineál sin Gaeilge a bhí i measc na n-óg. Tagtar ar roinnt samplaí san fhoclóir ina dtagraíonn sé do chaint bħreá sin na seandaoine, faoin gcaoi a raibh an chaint sin ag dul i léig agus faoi chuspóir a shaothair:

do-thuigthe: ‘Is do-thuigthe don nglúin seo cora cainnte ár dteangan ná dos na glúinibh a chuaidh rómhainn toisc a annamhaighe a chloisid in áis iad: is deacra dhóibh a mbrigh do ghabhbáil.’

léic: ‘Monuar an ghlan-Ghaedhealaing ag dul i léig a’s ná cloistear acht ag na seandaoinibh i: gan an earraidheacht budh għnáth dhá dhéanamh di.’

¹²⁹ Teileagraf ó SO chuiġ Seán Mac Lellan, mí na Nollag 1937 (N566 I).

samhlachamhail: ‘Solaoididhe samhlachtamhla de Ghaedhealaing na háite seo atá dhá mbreacadh síos agam .i. foillsighid tréithe na teangan mar labhartar í.’

samhlachas: ‘Ar mo chroidhe díchill dom gan sos gan staonadh, ag scríobh samhlachas na Gaedhealainge an cheanntair seo: solaoididhe.’

Sa mhéid is gur theastaigh uaidh an saibhreas sco a chaomhnú, bhí air turais a dhéanamh thart timpeall an cheantair lena ábhar a bhailiú.¹³⁰ Seo giotaí as litreacha éagsúla a scríobh sé chuig Seán Mac Lellan inar thagair sé do thiomsú an tsaothair i measc na seandaoine:

Táim ag obair ar mo dhícheall ar an saothar – ar feadh an lac, an feadh ná bím ag scríobh bím ag taighdeadh ameasc cainnte na daoine agus nidh nách iongadh bíonn rudайдhe agam tréis mo lae ná baineann leis an leitir (“C”) atá ar láimh agam, ach beidh áiseamhail oireamhnach ’n-a n-ionad féin. Bíonn orm cuid mhór aimsire do chaithearnh ar an obair seo ach is fiú san é, chun bheith deimhnightheach, chun go mbeadh na carbhaill ’n-a gceart agus cur iliomad ceistiúchain ortha, a’s ag múscailt a spéise san rud ata ar siubhal agam. Cuirfidh sé áthas ort a chlos go bhfuil a fhios ag daoinibh Chorca Dhuibhne ar fad agus go mbítear ag trácht ar carbhallaibh a’s chanamhaintidhibh corra d’fheuchaint an mbeidís uaim nó agam nó ar bh’fhéidir liom iad do mhiniughadh. Sé an fáth go dtagram do so go mbeadh a fhios agaibh ná fuil ceal adhbhair ná cóngamh orm maidir lé cómhrádh agus suim agus go n-oibrighim dhá uair deug a chloig den ló ar an obair seo! – ag scríobh, ag deunamh nod, ag cur ceisteanna etc. Go dtugaidh Dia dhom go mbead i ndán leanamhaint di.¹³¹

Táim ag cuimhneamh ar aistriughadh as an áit seo seachtmhain ó indiu agus dul ar feadh roinnt laetheanta roim dhul go B’l Áth Cliath dhom i gcóir an séamhadh lae deug go háit eile 25 míle ó bhaile chun seandaoine

¹³⁰ Taobh leis an bhfocal **mall** cuireann sé in iúl go raibh sé as baile ar feadh coicíse ar mhaithe leis an saothar: ‘Is oth liom a luighead atá scríobhtha agam an turus-so. Tá coighcίos caithe as baile agam ar lorg rud nō dhó a bhí ag deunamh mearbháill dom agus tá mo chuaird gan bheith in aistear: beid agat in am tráth. Seán Ó Caomhánaigh.’

¹³¹ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 29/11/37 (N566 I).

atá ann do chainntiughadh mar gheall ar rudaidhibh áirighthe ag baint léim chuid oibre. Ós rud é nách bhfuil airgead agam bheinn buidheach dhíot ach é do luathughadh chugham roim dheireadh na seachtmhaine mar ná bead ag filleadh annso go dtí thréis na Nodlag.¹³²

Brathaim cuibheasach maith an aimsir seo agus bím ag obair ar feadh an lae agus cuid mhaith den oidhche d'iarraidh luathuighthe leis an obair – ní orm atá an mhoill ach an méid atá lé bailiughadh agus ní fuláir dhom bheith tamall éigin de gach lá ag cainnt leis na seanóiridhibh. Tagaid annso chugham - cuid aca, agus an méid na tagann atá ró-aosta caithim dul ar cuaird chúcha. Táim ar mo chroidhe díchill pé in Eirinn é – tá súil agam go bhfuilir féin chómh maith agus budh mhaith liom tu do bheith, agus go bhfuil do bhean go maith 'n-a sláinte airís – níor mhaith liom aon rud do bheith uirthe ná ar aonan dá treibh. Do bhínn féin agus an t-athair Seán anmhór le chéile agus nil aon lá ag aifreann annso ná go gcuimhnighim air agus ar na seanmóintidhibh breághtha do bhíodh as Gaedling aige ... Bíonn costas orm ag gabháil den obair seo: ní maith liom aonan do bheith ag tabhairt cora cainnte dhom agus é do chur díomhaoin. Nuair raghaidh an aimsir i mbreághthacht (tá sí an-olc fé láthair) caithfead dul i bparóistidheachaibh eile ar feadh tamaill, gach poll a's cúil do chuardach agus an chainnt mar labhartar í do chur síos. Ní hí cainnt na ndaoine óg atá ag na seandaoinibh in ao'chor.¹³³

Gaibh agam toisc gan do leitreacha d'fhreagairt roimhe seo. Do bhíos thall ar an mBlascaod ag obair.¹³⁴

Na deicheanna a bhéas ag teacht chugham sara fada budh mhian liom a bhfagháil fé lár an mhí seo mar tá buachaill annso atá ag obair do lucht an bheuloidis agus beidh ag dul síos go Branndán i gcoinn seachtmhaine nó

¹³² Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 4/12/37 (N566 I).

¹³³ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 27/2/38 (N566 I).

¹³⁴ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 25/4/38 (N566 I).

coighcís. Is gnáthach liom dul 'n-a fhochair nuair bhíonn sé ag bailiughadh agus ar an gcuma san gheibhim cainnt na ndaoine mar bhí ann ceud go leith bliadhain ó shoin agus budh mhian dul 'on Leitir Iubhach in aon fheacht leis óir tá mórán mór seanGhaedilgeóiridhe toghtha ann.¹³⁵

I litir a scríobh sé i mí an Mhárta 1938, thug sé le fios nach raibh sé ag obair ar an saothar go huile is go hiomlán ina aonar .i. nár bh eisean an t-aon duine a bhí ag baliú leaganacha cainte, go raibh cúntóirí á n-íoc aige as a gcuid iarrachtaí:

Tá daoine ag bailiughadh dhom in áiteannaibh thar tímcheall agus ní bhfaghainn ionam a gcóngamh do ghlacadh in aisce.¹³⁶

3.8 Luach an tSaothair

Den chuid is mó, aithníodh an t-éacht a bhí déanta ag SO agus CCC á chur le chéile aige. Mar a chonaiceamar níos luaithe sa chaibidil seo (3.1), bhí idir bhaill na Roinne agus eagarthóir an tsaothair den tuairim nár bhain an t-ábhar ar fad go sainiúil le Gaeilge Chiarraí. Ach má smaoinímid gur shíl an t-eagarthóir nach mbeadh ach laghdú deich faoin gcéad ar thoirt an tsaothair agus tagairtí neamhoiriúnacha bainte, is léir go raibh seisean, ar a laghad, den tuairim go raibh luach ag baint le tromlach an tsaothair.¹³⁷ Chuir sé diomá ar SO chomh sciobtha agus a chas An Roinn ina choinne agus an cinneadh á ghlacadh acu gan an saothar a chur i gcló. Ach, cé go raibh amhras ar An Roinn i dtaobh cuid d'ábhar an tsaothair, agus cé nach raibh sé i gceist acu an saothar a chur i gcló, thuig siad an luach a bhain leis agus an tábhacht a bhainfeadh leis an gcóipcheart a bheith ina seilbh acu (3.5 thusa). Seachas corrthagairt do ‘padding’ sa téacs níor leagadh mórán de bhéim ar nithe a bheith curtha leis an saothar ag an údar ar mhaithe le cur le líon na

¹³⁵ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 3/5/38 (N566 I).

¹³⁶ Litir ó SO chuig Seán Mac Lellan, 15/3/38 (N566 I). Ní thugann sé aon leid dúinn, áfach, cérbh iad na daoine úd, cén áit a raibh siad ag obair agus cén fhad a chaith siad i mbun oibre.

¹³⁷ Féach 4.10 le cur síos a fháil ar an gcur is cíúteamh a bhain le méid an tsaothair.

bhfocal. Chuir sé ionadh ar An Roinn fén nuair a scríobh ball den choiste a bhí ag breathnú i ndiaidh an tsaothair le linn a shaothraithe, an cuntas seo a leanas i 1943:

Sa chéad chás de, sílim go bhfuil 90% ar a laighead den Ghaedhilg agus de na samplaí atá annseo aige coitianta ar fud na hÉireann áit ar bith ina bhfuil an Ghaedhilg beó. Ní bhaineann siad go speisialta le Ciarraighe. Ach taobh amuigh de sin tarraingeann se isteach an oiread sin somplaí – somplaí fada leadránacha – gur follus go raibh a shúil agus a intinn ar an méid mílte focal a bhéadh breactha sios aige in áit a bheith ag cuimhneamh ar fheabhas agus ar fhiúntas na hoibre.¹³⁸

Nuair a taispeánadh seo don Roinn feicimid, mar a breacadh síos ag bun na tuairisce, gur chuir sé an-ionadh orthu nach raibh focal de cloiste acu ón duine seo roimhe sin:

The officer who wrote the above was on the C[omm]ittee that examined and recommended the work during the years 1935 – 6 - 7 – 8. The minutes of the frequent meetings of the c[omm]ittee during these years do not show that there was any difference of opinion regarding the standard of the work done at any of the meetings during those years.¹³⁹

Sa chomhad céanna aimsíodh an nota seo a leanas ón scoláire T. F. O’Rahilly. Ní léir cén fáth ar iarradh air CCC a scrúdú, ach ‘Páipéiri fé rún’ atá ar chlúdach an chomhaid (N566), agus ‘Confidential’ ag barr nota O’Rahilly. An amhlaidh, mar sin, gur theastaigh ón Roinn tuairim neamhspleách scolártha a fháil ar fhiúntas an tsaothair?

I have examined hurriedly Croidhe Cainnte Ciarraighe, the volume containing from ‘sughadh’ to ‘teacht’/

Two things stand out at once:

¹³⁸ Tuairisc a scríobh ball den choiste, ach gan a (h)ainm a bheith luaite léi, ar shaothar SO. Ní foláir nó gur státseirbhiseach a bhí ann agus ‘the officer’ luaite. (N566).

¹³⁹ (N566). Níl ainm nó dáta luaite leis an nota seo.

- (1) the amazing way in which the author has padded out his work to an unbelievable extent; &
- (2) the fact that the work as it stands is an untrustworthy hotch-potch – a basis of W. Kerry Irish, mixed with Irish extracted from dictionaries and texts (there are scores of quotations from the Irish O.T. and N.T.) and with bogus words such as aibhléis = ‘electricity’, cadhnradh = ‘battery’ (?)

The work is certainly not worth printing.

T.F. O’Rahilly

8/4/43

Dá mbeadh O’Rahilly leath chomh sciobtha le gach éinne eile bheadh FD cuardaithe aige.¹⁴⁰ Dá mbeadh sin déanta aige, bheadh an focal ‘aibhléis’ feicthe ansin aige. Cé gur ‘bogus words’ iad ‘aibhléis’ agus ‘cadhnradh’, is ‘bogus words’ iad atá fós beo sa lá atá inniu ann agus fáil orthu go forleathan i bhfoclóirí. Níor bhreathnaigh seisean ach ar bheart amháin den saothar – tuairim is seachtó míle focal as líon ionmlán de thart ar dhá mhílliún dhá chéad míle – níos lú ná 3% de. Ag breathnú dúinn ar chuid de na rudaí a bhí le rá ag an eagarthóir, a chuaigh trí gach iontráil sa saothar *go mion* agus a mhol cuid mhór leasuithe, feicimid a mhalaire de thuairim aige, msh.:

fáiltighim – fear

Táim tar éis uair a chluig a chaitheamh ag léigheamh an adhbhair seo.

Is é mo thuairim go bhfuil sé ar fheabhas, agus nach misde glacadh leis.

FÉ

16.III.1940¹⁴¹

¹⁴⁰ Deirtear, áfach, nach raibh meas ag O’Rahilly ar FD ach an oiread. Féach alt Thomáis de Bhaldraithe (1980: 12-13): ‘Ar éigean a bhí scríbhneoir ar bith ann nach raibh faoi chomaoín aige [An Duinníneach]. Lochtaíodh é, ar ndó, agus go héagórách go minic. ‘*A dusibin*’ a thug Tomás F. Ó Raithile air agus é ag caint uair liom féin. (Bhí sé ina ráfla go raibh fonn mór air féin an post mar eagarthóir a bhaint amach. Níl a fhios agam an fior bréag é sin).’ Ar an ábhar céanna, tagaimid ar an méid seo a leanas in Ó Conluain/ Ó Céileachair (1958: 340): ‘Bhí scoláirí eile ann a fuair locht ar an Duinníneach. An té a léann saothar taighde an Ollaimh Ó Raithile, nilní is coitianta a casfar air ná: ‘*misread by Dinneen*,’ ‘*wrongly explained by Dinneen*.’’

¹⁴¹ N566 II Payments.

Scríbhinn 51

Ní misde glacadh leis seo. Focail ana-thábhachtach atá aige fén leitir “s”:
tá a lán nidhthe neamh-gnáthach [*sic*] aige insan bheart so.

Is maith liom go bhfuilimíd comhgarach don deire – do b’é do b’eagal
liom ó thíos ná – an bhfeiceam a chríochnughadh? Is follus anois go
bhfeicfeam.

Fiachra Éilgeach.¹⁴²

“Teasálta” – “tú”

Sidé, do réir dheallraimh, an leabhar deiridh go dtí aon cheann amháin eile.
Tá an leabhar so déanta go maith, cruinn, agus tá an t-adhbhar chomh
luachmhar le haon cheann eile dá dtáinig ó n-a láimh. Ní misde bheith
sásta leis.

Fiachra Éilgeach

9/xii/1942¹⁴³

Tá géarghá le scagadh ceart ar ábhar CCC chun a luach a mheas i gceart, agus maítear an
gá atá leis seo i réamhrá DF (1984: vi):

Tá dhá chnuasach d’fhocail ón gceantar curtha le chéile cheana ...
Cnuasach an-mhór ar fad is ea an dara ceann, *Croí Chainte Chiarrai*, a
chuir Seán Óg Ó Caomhánaigh (Seán an Chóta) ó Dhún Chaoin le chéile
sna tríochaídí ... Tá go leor ábhair ann nach mbaineann leis an gceantar,
ach ní dhéantar aon scagadh air a chabhródh le duine chun a fháil amach cé
acu an mbaineann sampla áirithe nó bri áirithe leis an gceantar nó nach
mbaineann. Fágann sin gur beag an chabhair an cnuasach seo mar fhoinse
neamhspleách de Ghaeilge Chorca Dhuibhne.

¹⁴² N566 III Payments.

¹⁴³ *ibid.*

Mar a chonaiceamar níos luaithe, chuir Seán in iúl don Roinn gur ó sheandaoine an cheantair a bhí an t-ábhar á bhailiú aige agus go raibh gach cearn á cuardach aige. I 1911, scríobh sé alt do *Sinn Féin* inar phléigh sé staid na teanga i gCorca Dhuibhne, an difear idir Gaeilge na nglún éagsúil agus tionchar an Bhéarla ar an gceantar:

In áiteanna eile labhraid na seandaoine agus na daoine meánaosta an teanga
ach is minicí an Béarla á labhairt ag an aos óg.¹⁴⁴

Faoin gceannfhocal **sleamhnughadh** in CCC tagraíonn sé do thionchar seo an Bhéarla ar chaint na ndaoine: ‘Is fada an béalra ag sleamhnughadh isteach ameasc na ndaoine: ag éalódh isteach, ag gluaiseacht isteach go mall, neambreithnighthe.’ Chreid sé, mar sin, go raibh géarghá le caint na seandaoine a chaomhnú, agus ba é sin an aidhm a bhí aige agus é ag gabháil don saothar.

San alt céanna sin a scríobh sé in *Sinn Féin*, thagair sé d'easpa gníomhaíochtaí Chonradh na Gaeilge chun an teanga a chosaint. An amhlaidh, mar sin, gur theastaigh uaidh rud níos leithne a dhéanamh ar son na teanga ná díreach Gaeilge a bhí ‘peculiar to Kerry’ a bhailiú; gur theastaigh uaidh a bheith gníomhach i gcaomhnú na Gaeilge, agus gur theastaigh uaidh an Ghaeilge ar fad a bhí le cloisteáil thart timpeall air a bhailiú ina comhthéacs ceart – bíodh is go raibh nó nach raibh an Ghaeilge chéanna in úsáid in áiteanna eile?

3.9 Easpa Réamhrá

Tá easpa réamhrá ar cheann de na laigí is mó a bhaineann le CCC. Is sa réamhrá, go hiondúil, a fhraigheann an t-údar deis nithe a bhaineann leis an saothar a shoiléiriú agus ceisteanna faoi fhoinsí a fhreagairt. Má bhreathnaímid ar an dara comhaontú a rinneadh idir An Roinn agus SO, feicimid, faoi Chlásal a sé, go raibh ar SO a thaispeáint ‘go soiléir i gcás athchóiríghthe nó tionntócháin ó leabhar nó ó obair litreadha eile gur

¹⁴⁴ Ó Caomhánaigh/Ó Dúshláine (1991: 7).

athchóiriughadh nó tionntócháin le firinne iad agus fós go luadhfarr go soiléir an t-ionad as ar baineadh iad agus ná bainfar feidhm asta acht le cead ó na hUghdair nó ó na daoine eile gur leo pé cóibcheart a ghabhann leo-san.¹⁴⁵ Shamhlóinn go raibh sé ar intinn ag An Roinn go mbreacfaidh SO na sonraí cui ag deireadh na n-iontrálacha, rud nach ndearna sé ach go fiorannamh.¹⁴⁶ Tharlódh go raibh sé i gceist ag SO a chuid foinsí a shonrú agus réamhrá á scríobh aige, ach, sa mhéid is nár cuireadh réamhrá leis, ní féidir linn a bheith cinnte de seo. Bíodh is go raibh nó nach raibh ar intinn aige réamhrá a scríobh, fágadh neamhchosanta in aghaidh lucht cáinte an tsaothair é ina éagmáis – iad siúd, go háirithe, atá den tuairim nach leaganacha dúchasacha Chiarraí iad na samplaí ar fad, go bhfuil cuid mhaith de na leaganacha in CCC ar fáil in FD, gur chum SO leaganacha, agus gur chuir sé leaganacha isteach ar mhaithe leis an saothar a thiúchan.

Má bhreathnaímid ar roinnt foclóirí eile feicimid go dtagraítear sa réamhrá go minic do na daoine a sholáthar ábhar agus do na téacsanna a ceadaíodh ann. Tá liosta le háireamh ag an Duinníneach in FD (1927: xii-xiv), mar shampla, de na daoine ar fad a chabhraigh leis, SO ina measc, agus de théacsanna mar *Acallamh na Senorach* agus *Keating's Three Shafts of Death*. Ag breathnú dúinn ar an réamhrá le *A Dictionary of the English Language* (1859), a phléifear níos faide ar aghaidh anseo, feicimid tagairt i ndiaidh tagartha d'fhoclóirí agus do shaothair a cheadaigh Worcester agus ar bhain sé tagairtí astu. Nuair a bhí an cur is cúiteamh ar fad ar bun maidir le cearta agus ceist fhoilsithe an tsaothair, luaigh an Rialtas go mbainfidís leas as an saothar, sa chás nach bhfoilseofaí é, agus iad ag ullmhú foclóir Gaeilge-Béarla. Conas, mar sin, go bhféadfadh lucht a chainte SO a cháineadh an oiread sin toisc gur bhain sé úsáid, dar leo fén, as saothair eile? Ní dóigh liom gur cóir go mbeadh sé ina chúis chainte gur bhain SO leas as téacsanna eile. Is dócha gur cúis chainte é, áfach, nár cuireadh iachall ar SO réamhrá a chur le CCC, chun a chuid modhanna agus aidhmeanna a mhíniú, agus chun téacsanna ar bith a d'úsáid sé a shonrú, sular ceannaíodh uaidh an cóipcheart.

¹⁴⁵ ‘Comh-aontughadh ar n-a dhéanamh an 4adh lá de Dheireadh Foghmhair, 1939, idir an tAire Oideachais agus SO’, NA 97/9/370.

¹⁴⁶ Seo ceann de na samplaí annamha sin ina luaitear an té gur leis an ráiteas bunaidh: **díon**: “Dá bhfaghadh an lag díon ón neart, níor thugtha dhóibh go cóir a ndáil do cháiseamh” (Suibhse).

Dá mbeadh réamhrá leis an bhfoclóir, an amhlaidh go mbeadh CCC níos inghlactha ag scoláirí na Gaeilge agus ag lucht cáinte an tsaothair? Is dóigh liomsa go mbeadh.

3.10 An Réamhrá nár scríobhadh

Cuirim romham anseo iarracht a dhéanamh ar na haidhmeanna agus na modhanna oibre a bhí ag SO agus é ag gabháil do CCC, mar a fheictear domsa i bhfianaise a chomhfhreagais leis An Roinn agus na dtagairtí a rinne sé san fhoclóir féin, a shoiléiriú.

Thug SO faoin saothar seo de bharr an mheatha a bhí le brath ar an nGaeilge ina cheantar dúnchais, agus de bharr thionchar méadaithe an Bhéarla ar an gceantar céanna. Chaith sé dua agus saothar ag taisteal timpeall an cheantair ag éisteacht lena raibh ag seanóirí na dúiche go háirithe.

Níorbh fhiú dó a bheith ag bailiú leis go dúthrachtach mura mbeadh ar a chumas an t-ábhar a bhailigh sé a leagan amach i gceart. Mar a dhéanfadh foclóirí gairmiúil nó scribhneoir oilte ar bith, rinne sé taighde agus é ag féachaint ar mhúnlaí eile a bhí ann cheana. Bhí taithí aige ar FD, agus ar a leagan amach, ach theastaigh uaidh foclóir cuimsitheach, aonteangach a chur ar fáil. Ní haon ionadh, ar an ábhar sin, go ndeachaigh sé i muinín saothar Béarla den chineál céanna. Is éard a átíonn Seán Ó Luing (1985: 25):

Nuair a chuaigh Seán ag obair air [CCC] fuair sé iasacht d’fhoclóir mór Béarla Webster ó Sheoirse Ó Cochláin, sanasán ina bhfuil mínithe agus samplaí go flúirseach ar fhocail.

Ach ar an láimh eile de, deir Niall Ó Brosnacháin (2001: 66) gurbh é foclóir Worcester (1859) a bhí mar eiseamláir ag SO, seachas Webster, agus feicimid chomh maith tagairt do litir a scríobh Tomás de Bhaldraithe chuig Niall Ó Brosnacháin ina maitear, ‘Ní heol dom gur lean Seán aon bhunsampla agus C.C.Ch. á chur le chéile aige, ach rinne mé amach gur bhain sé leas as foclóir Béarla le *Wooster* (Ceann Meiriceánach).’

Déanann an Brosnachánach plé (2001: 72-73) ar cheist seo ‘Worcester *versus* Webster’ agus é den tuairim gur úsáid SO foclóir Worcester seachas foclóir Webster. Luaitear dhá fhéidearthacht dhifriúla ann faoin bhfáth gur úsáid SO foclóir Worcester, an chéad cheann, go ndeachaigh sé i dtaití ar shaothar Worcester le linn dó a bheith ag obair sna Stáit Aontaithe, agus an dara ceann, gur roghnaigh sé an téacs ba lú cáil den dá shaothar d'aon turas, ionas nach dtabharfaí faoi deara rian an tsaothair eile ar CCC:

Ar an láimh eile, d’fhéadfadh gur léiriú é ar rógaireacht agus ar ghliceas Sheáin Óig. Is mó sainmhíniú atá in CCC ar lomaistriúchán iad ar shainmhínithe Béarla in DEL¹⁴⁷ ... Cuir i gcás nár bh eol d’éinne foinse luachmhar Sheáin Óig, maidir leis seo, bheadh an saol mór ag ceapadh, b’fhéidir, gurbh é a shaothar bunaidh féin a bheadh ann. Samhlaigh an stádas agus an onóir agus an t-ómós breise a bheadh dlite dó dá bharr. Agus dá bhfoilseofaí CCC arna chríochnú dó is mór an greann a bhainfeadh Seán Óg féin as an scéal agus an pobal ag iaraidh foinsí agus údair na gnéithe éagsúla foclóireachta ar bhain sé feidhm astu in DEL a dhéanamh amach.

Pé cúis a bhí aige le Worcester a roghnú, má tá an ceart ag Tomás de Bhaldráithe agus Niall Ó Brosnacháin,¹⁴⁸ níor chóir go mbeadh sé mar arm ina aghaidh ag lucht a chainte gur theastaigh uaidh saothar cuimsitheach, gairmiúil eile a leanúint agus é ag a iaraidh saothar cuimsitheach, gairmiúil dá chuid féin a sholáthar do phobal na Gaeilge.

Ag breathnú dúinn ar an réamhrá atá ag Joseph Worcester tagaimid ar chur síos ann ar mhodhanna tiomsaithe foclóra, agus, cé gur ag tagairt d’fhoclóir Béarla a bhí sé, is féidir linn gnéithe den chur chuige a aithint in CCC:

¹⁴⁷ Worcester, Joseph E. [eag.] (1859) *A Dictionary of the English Language*. Sampson Low, Son & Company: London.

¹⁴⁸ Ní dhearna mé fén miontaighde ar an gceist áirithe seo maidir leis an bhfoclóir Béarla a bhí in úsáid ag SO, seachas gur chuir mé cuid de na samplaí as an mBíobla i gcomparáid le cuid de na samplaí a thugann sé in CCC. Féach fonóta 150.

A Dictionary of the English language, in order to be complete must contain all the words of the language in their correct orthography, with their pronunciation and etymology, and their definition, exemplified in their different meanings by citations from writers belonging to different periods of English literature; such a Dictionary cannot be brought into a small compass.

... The definition of words is regarded as the most important part of a Dictionary; and a word should be so defined as to exhibit the meaning, or the different meanings, in which it is used by good writers.¹⁴⁹

Cé, mar atá luaite thus, go bhfuil plé suntasach déanta in ELC ar cheist Worcester agus an úsáid a bhain SO as, níor tháinig mé ar aon fhianaise chinnte, go fóill, go raibh an foclóir sin in úsáid aige. Scrúdaigh Ó Brosnacháin leagan amach an fhoclóra go mion i gcomparáid le leagan amach CCC, agus leag sé amach roinnt samplaí as CCC atá thar a bheith cosúil le cinn ag Worcester. I bhfianaise an iniúchta a rinne seisean, bheadh sé deacair na cosúlachtaí eatarthu a shéanadh. Más amhlaidh, mar sin, go raibh foclóir Worcester ag SO, agus gur léigh sé an réamhrá leis, ní haon ionadh é, agus é ag iaraidh foclóir cuimsitheach Gaeilge a chur ar fail, gur úsáid sé ráitis as téacsanna, as scéalta, as dáonta agus as amhráin, chomh maith le caint na ndaoine féin. I measc na bhfoinsí a dtagraíonn sé dóibh tá an *Biobla Naofa*,¹⁵⁰ *Agallamh na Seanórach, Cath Fionn Trágha*,

¹⁴⁹ Worcester (1859: iii & iv).

¹⁵⁰ Tá ceist ann maidir leis na tagairtí ar fad don Bhíobla agus cárth as dóibh. Ní dhearna mé mórán staidéir ar an ngné áirithe seo, ach ag breathnú ar fhoclóir Worcester, feicimid cuid mhór tagairtí ann do línte as an mBiobla. Ag cur na leaganacha atá ag SO i gcomparáid leis na leaganacha ag Worcester feicimid go bhfuil cuid de na línte céanna acu, ach, go minic, go mbíonn an tagairt níos faide ag SO, nó bíonn difear bunúsach eatarthu, a thugann le fios nach díreach ag coípeáil ón saothar sin a bhí sé. (Is le SO ainmneacha agus giorrhúcháin na leabhar sna samplaí seo a leanas.) CCC: “‘Agus na seacht mba dtanaidhe ngránda a tháinig anfós ina ndiaidh is seacht mbliadhna agus na seacht ndiasa folmha buailte ón ngaoith anoir budh seacht mbliadhna gorta iad” (Gen. XLI. 27): neamhthortamhail.’ Worcester: ‘seven empty ears blasted with the east wind. (Gen. XLI. 27.)’ CCC: “‘Agus ag siubhal d’iosa le taobh farrage na Gaililí do chonnaic sé beirt dearbhráthar, Siomóin dá ngoirtheard Peadar agus Aindrais a dhearbháthair, ag teilgean lín san bhfarrage óir do b’iascairidhe iad” (Matha IV. 18).’ Worcester: “‘Walking by the sea of Galilee’ (Matthew IV. 18).’ Ag breathnú dúinn ar ELC ar an ábhar seo, deirtear gur ag leanúint Biobla Bhedell a bhí SO. Tá comparáid déanta ag Ó Brosnacháin (2001: 321-330) idir na leaganacha ag SO agus na habairí mar a fheictear ag Bedell iad. Cé go bhfuil cosúlachtaí cinnte eatarthu maíonn sé go ndearna SO ‘leagan Bhedell den Bhíobla a ionramhail ... Féach na ceithre shampla anseo thíos agus tugtar faoi deara gur chuir SO isteach focail a bhí ar chomhciall leis an mbunfhocal “námhadus” mar mhalairt ar leagan Bhedell i dtrí cinn acu’. Ach sa mhéid is nach ndearna mé aon mhiontaighde ar na tagairtí as an mBiobla ní fhéadfainn a rá gur ag leanúint Bedell nó Worcester nó foinse eile a bhí sé, ní gur bhailigh sé ó chainteoirí an cheantair iad, mar a thug sé

Madra na n-Ocht gCos agus Tír na n-Óg. Tá tagairtí ann, chomh maith, do chuid mhór dáonta agus amhrán, ina measc, *Bó na leath-adhairce*, *Eochaill* agus *Aillilliú na Gamhna*.¹⁵¹ Tagraíonn SO, chomh maith, do na filí agus na hamhránaithe seo a leanas: Eoghan Ruadh Ó Súilleabhaín, Piaras Firtéar, Carúsó (agus Cearúsó), Aodhagán Ó Rathaille, Ó Súilleabhaín Caol, Diarmuid Mac Domhnaill mic Fhinghín Chaoil agus Séamas Bán.

Maidir le toirt an tsaothair agus an chaint ar fad ar ‘padding’ agus ar shamplaí a bheith á gcur isteach ar mhaithe le lion na bhfocal a mhéadú, b’fhéidir gur ag cloí le múnla Worcester a bhí SO:

There are hardly any English words which are perfectly synonymous, or which have not some difference in their meaning or application; but there are many which are often used synonymously, and many which have meanings more or less similar; and the best way of giving the exact meaning and proper use of these words is to bring them together and exhibit their similarity and their difference of meaning and application.¹⁵²

Agus é ag leanúint shaothar Worcester, más rud é gur lean, d’éisigh le SO cnuasach focal a thiomsú atá níos cuimsithí ná folcóir ar bith eile sa Ghaeilge, cnuasach ina dtagaimid ar mheascán de Ghaeilge bheo na ndaoine agus de Ghaeilge na scéalaíochta agus na hamhránaíochta, a thugann comhthéacs do na focail agus treoir maidir lena n-úsáid. Ar deireadh thiar ba é sin aidhm SO de shíor – go mbaileofaí agus go gcaomhnófaí an Ghaeilge labhartha bheo a bhí á cleachtadh ag na seandaoine, agus go dtaispeánfáí úsáid na bhfocal ina gcomhthéacs nádúrtha.

le tuiscint i litir a sheol sé chuig An Roinn inar dhúirt sé ‘go bhfuil seandaoine beo fós annso a bhíodh ghá léigheamh sa Daingean aimsir an “chait Bhric”.’ Litir ó SO, 4/5/40 (N566 II Payments)

¹⁵¹ Litriú SO atá in ainmneacha na scéalta agus na rann anseo. Tá liosta na bhfoinsí agus na n-amhrán eile a dtagraíonn sé dóibh tugtha le chéile agam in Aguisín a sé (7.6).

¹⁵² Worcester (1859: v).

4. Anailís ar an bhFoclóir

Ní staidéar cuimsitheach é an méid seo a leanas ar an nGaeilge, nó ar Ghaeilge Chiarraí, ach iarracht ar leagan amach an fhoclóra a shoiléiriú, mar aon le haird a dhíriú ar ghnéithe áirithe teanga a thug mé faoi deara agus mé ag gabháil don téacs.


Sula dtugaim faoi seo i gceart, teastaíonn uaim rud nó dhó a shoiléiriú maidir leis an leagan de CCC atá leis an saothar seo. Is cnuasach focal é atá an-áisiúil do phobal na Gaeilge; d'fhéadfaí é a chaighdeánú do Ghaeilgeoirí agus d'fhoghlaimeoirí na linne seo, d'fhéadfaí stórchiste nó teasáras a fhorbairt as, d'fhéadfaí mionstaidéar a dhéanamh air ó thaobh na Gaeilge de agus ó thaobh Ghaeilge Chiarraí go sonrach, d'fhéadfaí mionstaidéar a dhéanamh air mar fhoinsé chomhaimseartha shóisialta de shaol mhuintir iardheisceart na hÉireann, mar fhoinsé chomhaimseartha pholaitiúil agus eacnamaíoch (i gcomhthéacs na hiascaireachta agus na feirmeoireachta, go háirithe) agus mar fhoinsé chomhaimseartha chreidimh. Ní bheadh na féidearthachtaí seo ar fad indéanta dá gcuirfi leagan caighdeánaithe den téacs ar fáil, agus ba é sin an phríomhchúis gur socraíodh go bhfanfaí dílis do lámhscríbhinní SO. Tá sé tábhachtach go dtuigfi, ar an ábhar sin, go bhfuil neamhréireanna, abairtí neamhchríochnaithe, iontrálacha as ord agus botúin litrithe tríd an bhfoclóir ina riocht reatha.¹⁵³ É sin ráite, cuireadh cúpla leasú i bhfeidhm ar an téacs. Baineadh amach na línte faoi na focail sin nach samplaí den cheannfhocal faoi leith iad. Tá an chosúlacht ar an scéal, de réir mar a fheictear domsa é, gur bhain SO úsáid as na línte sin mar thaifead dó féin ar na focail a bhí aige mar cheannfhocail nó cinn a bheadh aige níos déanaí sa téacs. Ní raibh SO róshlacitmhar maidir le húsáid camóg agus lántadaná agus feicimid abairtí ag rith le chéile gan briseadh ar bith eatarthu. An dara

¹⁵³ Tiocfar, mar sin, ar a leithéid seo: **caolchrothach**: ‘a. deaghchúmtha, lhomhtha. Dob é Tomás an fear budh dheaghchrothaighe den gclainn: budh bhreághtha lé féuchaint air. Budh dheacair do bheith deaghchrothach a’s an taom trom breóidh teachta atá curtha aige dhe: cuma mhaith shláinteamhail do bheith air. Dá dheaghchrothaighe duine gheibhtear duine eile a shárugheas ar áilneacht é: dá fheabhas cuma a bhíos air’; **cómhlocht**: ‘Cómholc iomad báistighe agus iomad triomaigh do bharaidhibh, lobhann ceann aca agus feódhaidhigheann an ceann eile’; **measa**: ‘An misde leat an tigh seo d’fhágaint óir ná ceapair do shuaimhneas? an cuma leat? an gcuireann sé maирг ort? Ní misde a rádh ná gur gránda an cogadh cogadh aeir: is flor an innsint l.’ Ina theannta sin, ag breathnú faoin litir ‘N’ feictear na ceannfhocail seo ar fad, a thosaíonn ar an litir ‘T’, mar iontrálacha iontu féin – tnáthadh, tnáthaim, tnúthaire, tnúthaireacht, tnutháladhe, tnúthamhail, tnúthán. [Tá a thuilleadh plé déanta agam air seo níos faide ar aghaidh sa chaibidil seo (4.10)].

leasú a rinne mé, mar sin, ná camóga agus lánstadanna a chur isteach. I dteannta na leasuithe úd, rinne mé iarracht, chomh maith, mar atá pléite agam i gCaibidil a cúig (5.5), na nithe bunaidh a bhí ag SO a scrios RÓF amach a athchur sa téacs.

4.1 Leagan amach an Fhoclóra

Ag breathnú dúinn ar leagan amach an fhoclóra, bhí struchtúr faoi leith in úsáid ag SO agus an foclóir á chur le chéile aige. Mar a luadh i gCaibidil a trí (3.10), tá múnla SO curtha i gcomparáid ag Ó Brosnacháin (2001: 72-73) le múnla Worcester (1859), agus feictear go maionn Ó Brosnacháin gur ag leanúint mhúnla Worcester a bhí SO. Maidir le múnla CCC, feicimid go dtugann SO an ceannfhocal, an nod cui gramadaí, sainmhíniú nó focail den bhrí chéanna ansin, agus na samplaí á leanúint. Sa chás go bhfuil leagan comhchosúil de cheannfhocal áit eile san fhoclóir feictear gur nós le SO an focal sin a thabhairt idir lúibíní i ndiaidh an cheannfhocail. Faightear tuiscint ar an leagan amach sa léaráid seo a leanas agus an focal ‘camán’ aige:



Tugtar an ceannfhocal, **camán** sa sampla áirithe seo, san imeall, agus an nod gramadaí ansin taobh leis, ainmfhocal firinscneach sa chéad diochlaonadh. Den chuid is mó úsáideann SO ‘f’ agus ‘b’ mar noda inscne, ach anois is arís feicimid ‘m’ in úsáid aige d’ainmfhocail fhirinscneacha agus ‘f’ d’ainmfhocail bhaininscneacha; ‘m.1.’¹⁵⁴ atá in úsáid aige, mar shampla, leis an bhfocal **aifreann**, ‘m’. leis an bhfocal **athshailleadh**, ‘m.3.’ leis an bhfocal **bearrthóir**, ‘m.4.’ leis an bhfocal **bile**, ‘f.2.’ leis an bhfocal **báirseach**, ‘f.2.’ leis an bhfocal **binb** agus ‘f.2.’ leis an bhfocal **breab**. Ní hé amháin go bhfeicimid noda in úsáid aige le haghaidh inscne na n-ainmfocal, ach feicimid go dtugann sé colas gramadaí i dtaobh briathra (réimniú an bhriathair, briathra aistreacha agus neamhaistreacha), aidiachtaí (diochlaonadh na haidiachta, céimeanna comparáide na haidiachta), réamhfhocail (idir shimplí agus chomhshuite), dobhriathra, ainmneacha briathartha, aidiachtaí briathartha, réimireanna, uimhreacha uatha agus iolra, srl.¹⁵⁵

4.2 Cúrsaí Inscne

Tá tábhacht faoi leith ag baint leis na noda inscne sin ‘f(m)’/ ‘b(f)’ agus uimhir an dióchlaonta a bheith in úsáid ag an údar, mar go bhfeicimid neart ainmfhocal aige agus inscne luate aige leo a bhfuil an inscne eile acu in FGB. I bhfianaise CCC, feictear tréith na baininscne ar ainmfhocail áirithe i nGaeilge Chiarrai. Seo a leanas roinnt sampláí a dtagaimid orthu sa téacs mar ainmfhocail bhaininscneacha, áit gur ainmfhocail fhirinscneacha iad de réir FGB:¹⁵⁶

acht *b.3.*, aga *b.3.*, ainm *b.3.*, beart *b.2.*, cabhlach *b.2.*, cadhan *b.2.*, cár *b.2.*, coite *b.2.*, cró *b.3.*, diúlfaíoch *b.2.*, dlighe *b.4.*, dlúthnéal *b.3.*, eagal *b.3.*, feadh *b.3.* gaineamh *b.2.*, guth *b.3.& 2.*, mochóirighe *b.4.*, muclach *b.2.*

¹⁵⁴ Tagraíonn na huimhreacha (1-5) a luaitear leis an inscne do dhíochlaonadh an ainmfhocail.

¹⁵⁵ Tá liosta na bpriomhnod gramadaí a úsáideann SO in Agusín a seacht (7.7).

¹⁵⁶ Úsáidtear *var* in FGB chun aitheantas a thabhairt d’úsáid cuid de na hainmfhocail seo mar ainmfhocail bhaininscneacha.

[*m.sh. beart*, ‘má thugtar dom **an bheart** geallaim go gcómhaillfead mo dhualgas chómh maith agus tá ar mo chumas do dhéanamh’ (cómhaillim); **dlighe**, ‘is oth liom go mbeidh orm tu do thabhairt chun **na dlighe** i dtaobh na bhfiach so táid dulta ró-mhór chun faid slighe’ (fad); **gaineamh**, “‘Glac na clocha muilinn is meil min etc.’” (Iosaih XLVII. 2): brúigh í go mbeidh mín ar nós **na gainimhe**’ (meilim); **guth**, ‘chuala sé **an ghuth** ag glaodhach air, a ainm is a shloinne’ (guth).]

I gcás cuid acu, is ainmfhocail iad a bhí neodrach go stairiúil, ‘ainm’ agus ‘dlighe’ go háirithe. Má bhreathnaímid ar a bhfuil in DIL i dtaobh cuid eile acu ansin, feicimid gur ainmfhocail firinscneacha iad ‘acht’ (1983: 3), ‘cadhan’ (1983: 93), ‘coite’ (1983: 132), ‘cró’ (1983: 159), ‘guth’ (1983: 373) agus ‘muclach’ (1983: 469), agus gur ainmfhocail bhaininscneacha iad ‘aga’ (1983: 11), ‘beart’ (1983: 72) agus ‘mochóirighe’ (1983: 466).¹⁵⁷ Is ainmfocal baininscneach é ‘gaineamh’, chomh maith, ach tugtar aitheantas don leagan firinscneach i lámhscribhinní déanacha, ‘gainem f. ... in later MSS occasionally treated as n-stem in *ds.* and *as.* gainemh *m*’ (1983: 354). Ag breathnú dúinn ar *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis* ansin, is ainmfocal baininscneach é ‘gainimh’ (1931: 430) mar an gcéanna, (agus ‘beart’ (1931: 375)) ach is ainmfocal firinscneach é ‘aga’ (1931: 361).

Feictear, chomh maith, go luann SO an cúigiú díochlaonadh le cuid mhaith ainmfocal baininscneach atá sa dara nó sa cheathrú díochlaonadh de réir an Chaighdeáin Oifigiúil, ina measc - andúil, bearna, bléin, bró, búir, cíor, miúil, oisre, spéir, srón, srúill, stoirm, uain.¹⁵⁸ Agus, i gcás ainmfocal áirithe, tagraítear dóibh ag baint úsáide as na forainmneacha pearsanta baininscneacha nó forainmneacha réamhfoclacha baininscneacha, mar shampla: bád, bláth, caor, cith, connradh, feithid, iolar, milseán, mí, mian, paróiste, pian, talamh, uaireadóir. Is dócha go bhfuil an focal ‘bád’ ar an sampla is

¹⁵⁷ Tháinig mé ar an dá fhocal dheireanacha seo, ‘beart’ agus ‘mochóirighe’, faoi na leaganacha ‘bert’ agus ‘moch’ i saothar Thomáis de Bhaldráithe (1981: 7 & 55).

¹⁵⁸ Feicimid go luann sé ‘b.5.’ le roinnt ainmfocal eile atá firinscneach de réir FGB (cinn nach bhfuil luithe agam cheana mar shamplaí de mhalaírt inscne), ina measc ‘rásúr’, ‘srian’ agus ‘urla’.

coitianta a fheicimid.¹⁵⁹ Faoin gceannfhocal **cómhrac**, mar shampla, faightear:¹⁶⁰ ‘nuair chuaidh an bád i gcómhrac na taoide bhí an fharraige rómhaith *dhi*: i gciumhais na taoide: mar ar tháinig an taoide treasna *uirthe*; faoin gceannfhocal **iasacht**: ‘ní chun a *hiasachta* an bád so: ní bhfaghaidh neach a *háis*; faoin gceannfhocal **máchail**: ‘níl de mháchail ar an mbád ach *i* bheith beagán trom: locht.’¹⁶¹ Tagtar ar shampla eile dá leithéid i gcás an fhocail **milseán**: ‘Má tá milseán ag aon bhuin i gCúige Mumhan tá *sí* aice sin, fair ag líoghadh chómh sásta í: féar go bhfuil saidhbhreas ann agus blas fior-mhilis air.’ Faoin bhfocal **cnap** ansin, feictear ‘An cnap uaireadóra atá aige ní iomcharóchadh asal *i!* uaireadóir toirteamhail [uaireadóir, gluaisteán, baininnscin ar nós bád].’ Feicimid anseo go gcuireann SO in iúl go n-úsáidtear bád, uaireadóir agus gluaisteán ar an gcaoi chéanna, is é sin, gur ainmfhocail fhirinscneacha iad a dtagraítear dóibh mar a bheadh ainmfhocail bhaininscneacha i gceist.¹⁶² I gcás an fhocail **bláth**, ansin, feicimid faoin gceannfhocal féin, **bláth f.3.**, ach faoin bhfocal **mil** tagaimid ar ‘Mileanna gabhair: an *bhláth mhilis* a bhíos ar an dtáithfhéithleann.’ Mar an gcéanna i gcás **feithid**, **feithid b.2.**, ach, faoin bhfocal **ciaróg** ‘*feithid beag dubh*'; agus i gcás **paróiste**, ‘bhailigh buachaillidhe óga *an pharóiste* ar an rinnce’ (buachaill), ach ‘ní sibh-se daoine bunáiteacha *na paróiste*¹⁶³ seo’ (bunáiteach), srl.

Ní hé amháin go dtagaimid ar ainmfhocail atá baininscneach in CCC agus atá firinscneach in FGB, ach tagaimid, leis, ar ainmfhocail atá baininscneach de réir FGB ach atá firinscneach ag SO: atitim *f.1.*, athsháile *f.4.*, caor *f.1.*, casdlaoi *f.4.*, ciolar *f.1.*, cnámh

¹⁵⁹ Níl an focal seo ‘bád’ ina cheannfhocal in CCC, níl ann ach ‘badóir’.

¹⁶⁰ Tá cló iodálach curtha agam ar an bhfocal/ na focail atá faoi chaibidil sna samplaí seo a bhaineann le gnéithe teanga in CCC.

¹⁶¹ Is nós é seo a fheicimid i dteangacha eile chomh maith. I gcás an Bhéarla, mar shampla, seo mar a fhaighimid in *The Cambridge Grammar of the English Language*: ‘She with non-females. Ships represent the classic case of the extended use of *she*, but it is found with other kinds of inanimates, such as cars. (Huddleston/ Pullum, 2002: 488).

¹⁶² Luitear i bhfonota 159 nach bhfuil ‘bád’ mar cheannfhocal ag SO. Mar an gcéanna, níl an focal ‘gluaisteán’ ina cheannfhocal aige. (Is sampla eile é an focal ‘asal’ d’fhocal coitianta nach bhfaighimid ina cheannfhocal in CCC). Nuair a deirim gur ainmfhocail fhirinscneacha iad ‘bád’ agus ‘gluaisteán’, bunaithe ar an gcaoi go n-úsáideann SO ‘an gluaisteán’ agus ‘an ghluaiseáin’ (sa għinideach) go ndeirim sin toisc nach féidir é a bhunú ar an inscen a thugtar leis an ainmfhocail. I gcás ‘uaireadóir’, feicimid gur ceannfhocal é agus go dtugtar ‘f3’ leis. I bhfianaise a bhfuil ráite níos luaithe agam faoi noda na n-inscní ag athrú tharlódh gur ‘feminine’ atá i gceist leis an ‘f’ anseo. Ach, is mar ‘an t-uaireadóir’ a fhaighimid in úsáid sa téacs é.

¹⁶³ De réir DIL, ainmfhocail baininscneach atá san fhocal *parróiste* agus tugann FGB an bhaininscne mar mhalaир leagain.

f.3., maitheas *f.1. & 3.*, srl. Má bhreathnaímid ar na focail seo taobh le DIL feicimid gur ainmfhocail fhirinscneacha iad ‘cnámh’ (1983: 125) agus ‘maitheas’ (1983: 452), ar aon dul le SO.

Tá malairt leaganacha tugtha aige ar chuid mhór ceannfhocal, agus feicimid go minic gurb iad na leaganacha sin, seachas foirm an cheannfhocail féin, a fhaighimid sna samplaí. Léiríonn an iontráil seo a leanas a bhfuil i gceist agam leis seo, áit a bhfeicimid **adhar** tugtha mar mhalaire leagain ach gurb é sin an litriú atá ar na ceithre shampla á leanúint:

adhbhar: ‘(adhar) *f.1.* bíodh adhar do bheatha ionat pé áit dá ngeobhair: bí cúramach ar do ghnóth a’s do shlighe bheatha. Ní raibh adhar a ghnótha riamh ann – ní raibh ann ach fuarthé: ní raibh sé i gcumas a ghnóth do dhéanamh mar budh cheart. Ná bac aonne ná bionn adhar a ghnótha ann: aonne ná cuireann roimis sa cheart nidhthe do dhéanamh go cúramach. Deirtear so le duine a bhíos faillightheach, siléigeach ar aon tsaghас cuma; níl adhar a bheatha ann.’

4.3 Imeacht as Gutai agus Bá

Is nós láidir é sa Ghaeilge labhartha gutaí a fhágáil ar lár, agus feicimid go léiríonn SO an nós seo i litriú focail áirithe in CCC. Pléann Diarmuid Ó Sé (GCD, 2000: 28) an nós seo go mbáitear gutaí. Sonraíonn sé gur ‘féidir na gutaí laga a agus i a bhá roimh shiolla faoi bhéim dar túis *r, l, n.*’ Scrúdaíonn sé, chomh maith, an chaoi go ‘laghdaítear lion na siollaí iontu [sna samplaí a thugann sé] de shiolla amháin dá bharr’ (2000: 29). Ag breathnú dúinn ar a bhfuil ag Ua Suilleabhaín (1994: 481) ar an ábhar, maíonn seisean ‘Nuair a luitear ar an dara siolla, agus é ag tosú ar *l, n, r*, féadfaidh guta an chéad siolla, más gairid dó, dul ar neamhní.’ Seo a leanas cuid de na samplaí den chineál seo a dtagtar orthu go minic in CCC:¹⁶⁴

¹⁶⁴ Tá cló iodálach curtha agam ar an bhfocal atá faoi chaibidil.

mí-thráthamhail: ‘Tá sé mí-thráthamhail sa bhliadhain dul ar snámh san *Abrán*.’

cómhairle: ‘Táim ar chómhairle dul go *B' l'Ath Cliath* sa tsamhradh’.

móide: ‘An móide thu *cruisteach* do dhéanamh ar dhuine neamhchionntach.’

faill: ‘Fuair sé an faill uirthe *dréir* dealraimh: d'éilnigh: chuir ó chrích í.’

croiceann: “Is diail an croiceann do cuireadh air”, deirtear lé duine trí iongadh ar ghaibh sé tríd a's ar fhuilng sé gan é bheith ag *greán* 'n-a thaobh.’

cómhdháil: ‘Cá háit cómhdhála go socróchamair air budh chaothamhla dosna daoinibh atá ag teacht ósna *próistidhibh* fé leith.’

cúláire: ““Tart deireadh an óil”; tá mo theanga ceangailte dom chúlárabhbh *tréis* ar ólas: iota mór orm.”

cuid: ““*T'r'om* mo chuid, tá ocras orm”: biadh.”¹⁶⁵

Mar atá pléite i gCaibidil a cúig (5.1), má bhreathnaítear ar an lámhscribhinn bhunaidh feictear gur scrios an t-eagarthóir na leaganacha seo amach. Measaim fén go bhfuil an ghné seo luachmhar mar threoir i dtaobh fhuaimniú na canúna, agus cabhrach dóibh siúd ar mhaith leo an blas sin a shealbhú. Mar an gcéanna, tá neart focal/ nathanna eile tríd an téacs gur leaganacha canúnacha iad. Ina measc siúd tá: ‘cad n-a thaobh’, ‘dearmhad’, ‘fairír’, ‘gáiridhe’, ‘is maith bh’fios dom’, ‘leitir’, ‘lithéid’, ‘meisneach’, ‘monchra’, ‘nóimint’, ‘peictiúr’, ‘piont’, ‘pínt’, ‘priocadh’, ‘sáipéal’, ‘seimt’, ‘siolpa’, ‘tigh’, ‘té’, ‘tor’, srl.

Tagaimid ar raidhse samplaí de bhá i gcás an chónaisc ‘is’, agus i gcás an réamhfhocail ‘i’ agus an ailt ‘an’ go háirithe. Feicimid samplaí coitianta den mhúnla, **cómhnaidhe:** ‘Ceanamhail ort? is é tá mar sin, i gcómhnaidhe it fliafrughe ‘s ag cur do thuairisce’, áit a mbáitear an ‘i’ in ‘is’. Tá cinn eile ann, ansin, agus feictear an ‘i’ báite agus an cónasc curtha leis an bhfocal ina dhiaidh, ina measc, ’sabhfus, (thall ’sabhfus), ’samach (amach ’samach/isteach ’samach) agus ’n-a:

meilim: ‘Mheil cúrsaidhe dligne furmhór a chuid airgid air: chaith: do leaghaidh sé thall ’sabhfus ar chostas gan aon toradh as.’

¹⁶⁵ Coinnionn SO an guta san fhocal ‘chonnac’ áit a mbeifi ag súil le ‘chnuc’. (Féach fonóta 177).

martruighthe: ‘Beidh siad martruighthe ó bheith ag éisteacht leat, b’fhearr leó go stadfá: clipighthe amach *’samach.*’

mí: ‘Fíor-bheagán daoine a chidhfeá isteach *’samach* ann ní déintear ach mí-thrácht ann.’

cosaráil: ‘Mo gháirdín breágh curtha *n-a* lot leidhbe ag cosaráil ainmhidhthe an pharóiste tréis na hoidhche.’

Maidir le bá agus an t-alt uatha ansin, tagaimid ar shamplaí mar ‘go dtín’, ‘on’¹⁶⁶ agus ‘ars an’:

moch: ‘Téighir go *dtín* aifreann moch.’

compánach: ‘Thugas fé ndeara compánaigh éigin ar an mbóthar *on* Daingean leat.’

deóraídhe: ““Is gearr go mbead ag dul abhaileanois”, *ars an* seanduine dearóil, a’s ná bead im dheóraídhe eadraibh feasda.’

4.4 Réamhfhocail Shimplí

Sa chás go dtagann réamhfhocail simplí a chríochnaíonn ar ghuta roimh an alt iolra feictear ‘s’ á chur leis an réamhfhocail.¹⁶⁷ Má bhreathnaímid ar GNM (1994: 503), sonraítear ann gur ‘fiorannamh ná go gcuirtear s roimh an alt tar éis réamhfhocail a chríochnaíonn ar ghuta san uimhir iolra, m.sh. *tríosna páirceanna, ósna daoine.* Ar an

¹⁶⁶Tá an leagan seo, ‘‘on’, an-choitianta trí an téacs. In GCD (2000: 183), feicimid gur leagan é den réamhfhocail simplí ‘do’, agus go n-úsáidtear é ‘i gcumasc leis an alt san uatha, i ndiaidh briathra gluaiseachta agus *cuireann*’. Sa saothar céanna (2000: 59 & 72) deirtear, maidir le húsáid ‘on, go gcuireann sé séimhiú ar ainmhfhocail a thosaíonn ar chonsain, urú ar ainmhfocail a thosaíonn ar f agus fágtaí ainmhfocail a thosaíonn ar d nó t lom. Réitíonn sin go hiomlán leis an méid a theicimid ag SO: **clódhachas:** ‘Ní raibh **clódhachas** lasmuigh dhe, chuaidh sé isteach ‘on bhannc lá agus loirg dathad púnt gan urradh! muinghin aige as fén gur cheart do é d’fhagháil nó nár cheart go n-eiteófi duine dá lithéid fén’; **clamhaireacht:** ‘Caith isteach ‘on bhfarrraighe thu fén agus ná feicim ag **clamhaireacht** lé salachar thu: id chrothadh a’s id thochas fén’; **crábhadh:** ‘An uile lá téidheann sí ‘on teampall ag paidireóireacht lé **crábhadh:** lé fonn chun Dé.’ Ní theicim aon tagairt ag Ó Sé d’ainmhfocail a thosaíonn ar s. I bhfianaise CCC, cuirtear ‘t’ roimh ‘s’ i ndiaidh ‘on cuma cén inscne atá ag an ainmhfocal: ‘Nuair briseadh isteach ‘on tsiopa níor **cuireadh** tharais é toisc na drochcháile bheith air: is air do **cuireadh** an milleán’; ““Is fada ó bhaile tháinig sí ‘on tsochraid” – “cá ngeobhadh an **dúthracht**”: an nádúir dhaonna.’

¹⁶⁷I gcás an leagain ‘go dtí’, feicimid an dá nós ag SO, i.e. ‘go dtí sna’ agus ‘go dtí na’, mar shampla, **faidscriob:** ‘Ar a **faidscriob** ón nGearmáin go dtí sna hIndiathairbh thiar do shúngcáil an bád fé thuinn mórchuid áthraigh ceannáigh: geábh nó cursa mór fada.’ **easbach:** ‘Bealach **easbach** ó Mhullach Bhéal go dtí na Gleanta nár bh’fhuairist do thaisteal: bog, fluich, lán de chlaiseachaibh (chlasaibh), guthaidh is uisce: dúilidheacht uisceamhail.’

gcuma seo déantar idirdhealú soiléir idir *réamhfhocail + aidiacht shealbhach* agus *réamhfhocail + alt*, m.sh. *teastaionn bia óna gamhna* (ó + a baininsneach), *ósna gamhna* (ó + na).’ Feicimid go leantar an múnla seo in CCC, i.e. go bhfuil idirdhealú soiléir idir an réamhfhocail leis an alt iolra agus an réamhfhocail leis an aidiacht shealbhach:

antúr: ‘Tá na ceudta antúr déanta suas isteach *fésna* failleachachaibh ag an bhfarraige: poill mhóra: uaimheanna.’ (**sail:** ‘Chidhfeadh sé an frighe fé shúil chách ach ní fheicfeadh sé an tsail fína shúil fíein: an locht is lugha ar ár gcómharsain tugaimid fé ndeara agus ní leigfimís orainn choidhche ár dtrom-lochtaidhe fíein.’)

cómhdháil: ‘Cá háit cómhdhála go socróchamair air budh chaothamhla dosna daoinibh atá ag teacht *ósna* próistidhibh fé leith: áit bhalighthe.’ (**radharc:** “Agus ar an mball do thuiteadar *óna* shúilibh mar bheadh scamaill agus fuair sé a radharc gan suireach agus ar n-éirghe dho do ghaibh sé baiste” (Gníomhartha IX. 18).’)

cuirim: ‘Ní chuirfir uait go mbeidh rian ort: ní staonfair *desna* deagh-oibreachaibh atá ar siubhal agat go dteangbhóchaidh duit dá gcionn.’ (**sean-:** ‘Ní thógainn aon cheann *de n-a* chuid cainnte sin, táim sean-dheánta air fíein is ar a chuid geámaidhe: eolgaiseach lé fada an lá ar na geámaidhibh a bhíos fé.’)

déine: ‘B’éigean *dosna* míltibh teicheadh ón dtalamh lé déine na dtighearnaide talmhan.’ (**so-:** ‘Bíonn rud éigin ag éirghe do n-a chnámaibh go mion is go minic nách so-mháchaileach an garsún é: cl aer lé gortughadh.’)

magadh: ‘Fada mo dhóthain do bhíos im dhíol (ceap) magaidh *gesna* cómharsanaibh ag tabhairt iasachta gach haonnidh dóibh a loirgidís a’s gan me ag fagháil faic uatha.’ (**socair:** ‘Tá an áirighthe sin airgid socair ge n-a fear uirthe sa mbliadhain: réidhtighthe le tabhairt di.)

Feicimid go gcuirtear ‘s’, chomh maith, le deireadh an réamhfhocail shimplí a chríochnaíonn ar ghuta roimh ‘gach aonne’:

mac: ‘Daoine a’s an iomad aca a’s daoine gan luid aca, is ait an mac an saoghal: is deacair a thuigsint: ní hé an cor céadna do thugann sé *dos* gach aonne.’

deiliumhasach: ‘Shuidh sé go deiliumhasach sa chathaoir nár leis agus dubhairt *leis* gach aonne druideam uaidh.’

cuireadh: ‘Bíonn cuireadh *ges* gach aonne sa tigh.’

fóirleathadach: ‘Tá sé fóirleathadach air, chloisfeá in-a rún ós gach aonne é, gur bitheamhnach é.’

Maidir leis an réamhfocal simplí ‘i’ agus an t-alt, feicimid, ní hé amháin go mbaintear leas as ‘san’ roimh ainmfhocail a thosaíonn ar ghuta nó ar ‘f’ agus guta ina dhiaidh, ach baintear leas as amanna roimh chonsain, agus urú á chur ar an gconsan:¹⁶⁸

cur: ‘Cur amach iongtach duit me d’fhagháil *san áit* iargúlta so gan eolas na taithighe.’

meabhrúighim: ‘Riamh níor mheabhrúigheas cad é an neart a bhí *san bhfear* gcéadna go dtí go rug sé isteach orm is gur bhain sé crothadh asam.’

col: ‘Ní bheadh aon chol orm pé nidh budh mhaith liom do dhéanamh *san tigh* chéadna.’

deichneabhar: ‘deich n-áibhé Muire *san gCoróin Pháirtigh.*’

gabhaim: ‘Ní gheóbhaidh an bád tríd an scrib sin choidhche: ní théarnóchaidh sí *san ndrochuain.*’

lámh: ‘An bhfuil aon lámh istigh agat *san gceannuightheóireacht* so? aon bhaint agat leis chun do thairbhe.’

lom-éadach: ‘Nách lom-éadaigh a ghaibhir amach *san nduibheacha* so, budh cheart clúid níos truime do chur umat féin: gan coisce balcaisidhe: ar bheagán éadaigh don aimsir.’

lomas: ‘Ní maith é an lomas *san bhfuacht:* ceal coisce éadaigh.’

Níor éirigh liom teacht ar an bhformáid seo in GCD, GNM, PPI nó DPI.

Feicimid go n-úsáidtear ‘sa’ ansin, roimh ainmfhocail san uatha *agus* san iolra:

comach: ‘Fuair an long comach ar an gcarraig *sa cheódh.*’

deattach: ‘Scilling *sa mbreis* íoca ar gach deattach id chonntae: ar gach teaghlaigh.’

dingire: ‘Dingire eólach a chuir na séirdínidhe *sa bhosca* so, féach a bhfuil bailiughe síos ann.’

deimhin: ‘Bheirim mo dheimhin duit go bhfuil iasc dá lithéid *sa bhfarraige*, do chonnac léim shúilibh cinn é.’

spalpaim: ‘Níl aon tSatharn *sa mbliadhain* ná spalpann an ghrian: ná go bhfoillsigheann sí í féin.’

meilte: ‘Beidh an t-uisce isteach ’s amach *sa brógaibh* sin, tá an bonn meilte fúthá.’

¹⁶⁸ An amhlaidh go raibh tionchar ag an nós stairiúil maidir le *san* ar SO?

meirg: ‘Tá an mheirg dulta *sa cnámhaibh* chómh doimhin sin anois agat ná bainfeadh an saoghal mór obair asat.’

cosair: ‘B’fhada, na bliadhanta, do bhí spré scol Earmuis Smiot i gcosair chródh *sa cíirteannaibh*.’

mionuighim: ‘Ní raibh plána *sa fuinneógaibh* ná gur mionuigheadh ar nós na gainimhe.’

Feictear, ag breathnú dúinn ar na samplaí sin de ‘sa’, go gcuirtear séimhiú ar an ainmfocal san uatha, urú ar an gceann a thosaíonn ar ‘f’, ach nach ndéantar aon athrú tosaigh ar an ainmfocal san iolra. Ní fheicim tagairt ag Marie Louise Sjoestedt don mhúnla seo. In DPI (1938: 97), deirtear ‘Avec l’article singulier: *sən*, *sə* (insan); avec l’article pluriel *sna* (insna).’ Mar an gcéanna, níl tagairt d’úsáid an réamhfhocail ‘i’ móide an t-alt iolra in GNM, ach seo mar atá ann (1994: 511) ar ábhar an réamhfhocail ‘i’ móide an t-alt uatha, ‘Séimhiú is gnátháí ar lorg *sa*, *insa*, *isa* (< *i + an*): *sa bhloc*, *sa choill*; ach téann urú ar *f* ina dhiaidh: *sa bhfeirm*. Uaireanta cuireann *sa* urú ar *bl* nó *br* caol, m.sh. *sa mbreis*, *sa mbliaín*.’ Tagaimid ar thagairt dó, áfach, in GCD (2000: 190):

sə ~ ənsə (~ sna) i gcumasc leis an alt san iolra, roimh chonsan, m.sh. *ə*
droum i v'i: sə ba:d' an dream a bhí *sna báid* (6), **v'i:dər sə kə'ra:ʃd'i:**
d'er' i ſi:ər bhiodar sna carráisti deireadh siar (1).

Agus tagairt á déanamh do ‘sa’ anseo, cuireann ‘sa’ ‘t’ roimh ‘s’ in ainmfocail bhaininscneacha agus flirinscneacha araon. Faighimid leithéidí, ‘sa tsiopa’, ‘sa tsamhradh’, ‘sa tsaoghal’, ‘sa tseómra’ agus ‘sa tseachtmhain’ tríd síos:

cómhlucht: ‘Do bhí cómhlámh ag cómhlucht mhór *sa tsiopa* cómhair.’

cómhnaidheach: ‘*Sa tsaoghal* bhuadhartha, thrangaláta atá againn anois ní gearánta d’aonne a bhíos ag obair go cómhnaidhtheach: ó ló go ló: gan briseadh oibre.’

cruaidhcheart: ‘Bhítheas cruaidhcheart ar an mbaintreabhaigh bhoicht a’s an táille do bhaint di toisc í do bheith ag tuilleamh corónach *sa tseachtmhain*: ródhian: níor géilleadh dá broid mar budh chóir.’

deaghmhoc'hóirghe: ‘Bíonn deaghmhoc'hóirghe ar fheirméóiridhibh tímcheall ainmhidhthe *sa tsamhradh*, ní hannamh iad n-a suidhe le céad ghiolc an ghealbhain: éirghe ríluath.’

meadhrach: ‘Bhíomair ag cur dinn go meadhrach gan rud *sa tsaoghal* ag déanamh bráige.’

Mar an gcéanna, cuirtear ‘t’ roimh ‘s’ in ainmfhocail a thagann i ndiaidh ‘aon’:

cómhnaidhtheach: ‘Ambladhna ní fheaca *aon tsnag* breac sa Ghleann Dearg, is dealramhtach go bhfuil sé tréigthe aige, agus bhiodh sé anchómhnaidhtheach lem chuimhne.’

dealbh: ‘Budh dhealbh an lá agam é: níl *aon tseilg* tréis an lae agam.’

dearóil: ‘Dearóil go maith do chaith sé an oidhche airéir, ní raibh *aon tsúil* go dtéarnóchadh sé í: lag, éiglidhe.’

diaidh: ‘Ní raibh *aon tsliocht* ’n-a ndiaidh.’

dréacht: ‘An seannmháighistir briste ag dul ó cheanntar go ceanntar ag léigheamh a dhréacht as “Páidín Ó Dálaigh” nó *aon tseanscéal* eile a bhíodh aige: giota nó mioneachtra.’

drom: ‘Thugadar a ndrom leis ar an sráid: níor chuireadar *aon tsuim* ann.’

éagecumse: ‘Éagecumse an ólacháin a tháinig leis na saighdiúiridhebh: chaitheadar na tráthanna ag “diúghadh na gcárt” is ní raibh *aon tseasamh* i gcath ionta.’

meáidhte: ‘Níl mo chúrsa-sa meáidhte fós aca, ní raibh *aon tsuidheachán* aca air.’

Ach ní fhaighimid ‘t’ roimh ‘s’ in ainmfhocail (bhaininscneacha nó fhirinscneacha) i ndiaidh na réamhfocal simplí eile agus an t-alt uatha:¹⁶⁹

meall: ‘Sé a raibh de chómhartha ag seanduine an chnuic meall bheag olna *ar an slineán*.’

dalladh: ‘Táim dhá dhalladh amach *ag an saoghal*, ní fhéadfainn teacht ar a bhfuil d’fhiachaibh orm.’

¹⁶⁹ Réitíonn an nós seo, i.e. gan ‘t’ roimh ‘s’ in ainmfhocail i ndiaidh na réamhfocal simplí eile, lena bhfuil in GNM (1994: 511), áit a deir Ua Súilleabhaín ‘... ní chuirtear mar a mbeiffi ag súil le hurú, m.sh. *as an slí*.’

éigheamh: ‘D’aithnigheas ar an éigheamh do chuala *fén sráid* go raibh rud éigin i dtreis: ar an ngleódh is ar an bhfaoithrigh.’

eile: ‘Chidheadh-se, a deireadh, daoine *ón saoghal eile*: an saoghal atá romhainn tréis bháis.’

etire: ‘D’imthigh an tón *as an soitheach* nuair chaith na heitridhe, mar chaill sé a ghreim: an rian gearrtha: grainsidhe.’

gasta: ‘Is maith gasta ataoi gléasta, éadach glan, galánta umat; is tu pioctha, giobtha: néata: ar shlighe a thaitnígheas *leis an suil*.’

scoithim: ‘Sin é, tá go breágh agat, scoith leat do bhróga Domhnaigh *tríd an seachtmhain*: caith leat gan aon truagh dhóibh.’

Maidir leis an réamhfocal simplí ‘as’, feictear séimhiú á chur ar an ainmfocal ina dhiaidh, ar an gcuid is mó de. Maidir leis na samplaí sin gan séimhiú ina dhiaidh, ní léir, mar a fheicimid sa sampla seo a leanas, aon phátrún faoi leith in úsáid ag SO. Ag breathnú dúinn ar a bhfuil in GNM (1994: 503) ar an ábhar, luaitear difear idir séimhiú agus gan séimhiú i ndiaidh ‘as’: ‘séimhítéar túschonsan ainmfhocail i ndiaidh *as* i gCorca Dhuibhne, mura bhfuiltear ag tagairt do rud ginearálta, m.sh. *amach as priosún, amach as phriosún Luimini*.’:

téighim: ‘Theastuigh uaidh go raghainn *as Bhéarla* leis nuair chlaoidheas ar Ghaedhealaing é: go bhféachfaimís lé chéile céagann dob oilte *as Béarla*.’

Feicimid nach raibh SO de réir a chéile maidir le focail a thosaíonn ar ghuta ag teacht i ndiaidh na réamhfocal simplí ‘go’ agus ‘le’. In amanna feicimid go gcuireann sé ‘h’ roimh an bhfocal, ach amanna eile go bhfágann sé gan athrú é:

aillilliú: ‘Aillilliú! Féach ar a cheann basctha, nách é fuair an tuiteam, *le hiongadh* deirtear san.’

acaointeach: ‘Nách acaointeach ataoi, fuairis oiread *le haonne*: gearánach.’

adharc: ‘Raigheadh luch *le heagla isteach* in adhairc ghabhair ó chat: bíonn scannruighthe n-a beathaídh ghá sheachaint.’

admhálach: ‘B’fheárr duit saoiste do dheunamh de dhuine éigin eile seachas mise níor mhaith liom bheith admhálach le hobair chómh tábhachtach san: freagarthach, sásta le gabháil fé n-a deunamh ’n-a ceart.’

amhalachas: Ní bhead sásta le amhalachas mo hata, caithfead an hata féin d’fhágail: cómhchlódh an hata.’

eanglais: ‘Níor chuir an bhiotáille láidir air le neart an duine, ach an oiread le eanglais meidhg: uiscealach meidhg: meadhg bheadh meascaighthe le huisce.’

tráchtáil: ‘Ceannaidhthe móra tráchtála Chorcaighe: iad so a bhíos ag díol ’sag ceannach go hiomadamhail maidir le ollmhuiridhe is oinnmhuiridhe.’

Ní raibh SO de réir a chéile, ach oiread, i dtaoibh úsáid an tséimhithe i ndiaidh an réamhfhocail shimpli ‘tar’. Ní hamhán sin, ach feicimid neamhleanúnachas in úsáid an tséimhithe sa réamhfocal féin (.i. tar/ thar). Seo trí shampla ina dtagaimid ar an réamhfocal agus é á leanúint ag an ainmfocal céanna ach go bhfuil úsáid neamhleanúnach á baint as an séimhiú:

ceannródaidhe: ‘Léim ceannródaidhe na saighdiúiridhe *thar chlainne* fé scath, lean an sluagh a eisiompláir.’

cionnaire: ‘Léim an cionnaire a bhí ar na capaillibh *thar claidhe* a’s lean an chuid eile é: an ceann tosaigh: an treóraidhe: an seólaidhe.’

trasna: ‘Tair trasna chugham: *tar claidhe*, abhainn, farraige, etc.’

Arís ar ábhar an tséimhithe, feicimid in amanna go gcuireann sé séimhiú i ndiaidh na haidiachta sealbhaí *mo* agus amanna eile nach gcuireann:

scil: ‘Chrom sé ar spreóitseáil do dhéanamh ar *mo mhéir* thinn ar nós aon dochtúra ag leigeant air go raibh scil aige: eolas is éisteacht leighis.’

beannachadh: ‘Is fada tuillte aige an méid a dubhrais leis, agus *mo mhórbeannachadh* dhuit mar gheall air = molaim go mór thu n-a thaobh.’

mí-: ‘Leis an mí-neart ó bheith laetheanta gan aon rud d’iithe thuiteas as *mo sheasamh*: laige.’

múchaim: ‘Bhí sé ró-láidir dom agus mhúch sé *mo cheann síos* ’on talamh: chuir sé sídhte síos ann é.’

ach,

mór-: “*Mo móir*-bheannacht duit”, a deirtear lé duine go mbíonn rud déanta aige a chuireas sásaimh”; “*Mo móir*-bhuaidhreadh é” (searbas) lé rud gur chuma leat pé brón a chuirfeadh sé ar a thuilleadh”; ‘Go gcuiridh Dia an rath ort, sin é *mo móir*-ghuidhe dhuit: guidhe mo chroidhe’; ‘*Mo sean-mheilit* scine ar mo nós féin, seanduine, i ndeireadh a *maitheasa*: a buille nách mórtugtha: gan puinn eile áise’; ‘Bhíos ró-shéithleach tar éis *mo catha* breóidhtighe chun aon oibre do dhéanamh: ró-lag.’

Ach, feicimid nach neamhréir atá anseo ach nós atá sa chaint. In GCD (2000: 171) deirtear ‘is minic nach séimhítéar consain liopacha i ndiaidh **m^s** (← **mə^s mo**), féach ... *beidh pian im muineál* (3), ... *cuirfidh san punt breise im pócasa* (2); i gcomórtas le ... *chomh ramhar lém mhéarsa* (3), ... *comhairle lém mháthair* (5), ... *rud éigint a thabhairt go dtí mhaíthair* (6).’ Agus má bhreatnaímid in *An tOileánach* feicimid an nós céanna ag Ó Criomhthain: ‘Bhíos *im peata* ina theannta san’ (2002: 1), agus níos faide ar aghaidh san alt céanna, ‘Bhíodar so ar fad mórtugtha do bheith *im báb*.’

4.5 Réimíreanna

Nuair a smaoínímid ar an nós a bhí ag SO cloí leis an litriú foghraíochta, cuireann sé ionadh orm nach scriobhann sé an dara guta a chloisteár go coitianta sa mhír threise ‘an-’ agus a réalaítear mar ‘ana-’ ach i gceithre shampla san fhoclóir ar fad:

coimhde: ‘Ar amannaibh bionn an gheilt bhocht *ana-olc* a’sní fuláir beirt bheith ’n-a fheighil.’

eadh: ‘Chuireas *ana-(n)-eadh* san óráid do thug sé uaidh i dtaobh talamhaidheachta: thógas árdcheann de: na nidhthe adubhairt sé thaitnígheadar liom go mórtugtha.’

sár-: ‘Creidim-se an uile fhocal uaidh, tá *sár-thaidhbhse* age n-a scéal: *ana-dheallramh* ar fad gur fior é.’

síntiús: ‘*Síntiús ana-bheag* atá sa bhannc agam: suim bheag.’

Seo thíreach doornán beag de na samplaí a fhaighimid ansin gan an leagan ‘ana-’ in úsáid:

áiteamh: ‘Áiteamh *an-bhocht* atá aige ann, chúig acra talmhan: fagháltas bocht.’

faic: ‘Ní raibh faic ar stoc indiugh: bhíodar *an-shaor*.’

luath-: ‘Bhí *luath-chlos* déunta againn air, thug duine éigin scéala *an-mhoch* leis: níor bh’fhada in ao’chor tárluighthe gur chualamair é.’

maith: ‘Bíonn sé go *han-mhaith* dosna bochtaibh, tugann móran carthanachta dhóibh: foghanta.’

maothuighim: ‘Thug sé airgead dóibh go maothfaidís mar bhíodar go *han-dhian* ’n-a choinne.’

marbh: ‘Talamh *an-mharbh* seadh é; ‘Marbh-dhóchas atá agam as a mhaireachtaint, tá sé ró-imthighthe is baoghalach: dóchas *an-bheag*, *an-lag*.’

Tugtar neamhréir faoi deara maidir le húsáid an fhleiscín ar ábhar seo na míre treise ‘an-’. Amanna bíonn fleiscín idir ‘an-’ agus an focal ina dhiaidh, mar atá sna samplaí thusa, ach amanna eile ní bhíonn.¹⁷⁰ Faoi cheannfhocail eile ansin tagaimid ar na haidiachtaí céanna, a bhfuil fleiscíní rompu thusa, agus iad gan fleiscín:

comórtaisighe: ‘Is é seo an cluiche is *comórtaisighe* d’imreamair indiugh, imirt *andhian anshuaidhte* is eadh í: an cluiche is déine a himreadh a’s is mó lón rith.’

cómhnaidhe: ‘Beidh cómhnaidhe *anmhaith*, *anshlachtmhar* ort nuair bheidh an tigh nuadh agat: beidh áit mhaith áitrimh agat an’n.’

malartuighim: ‘Cad *mhalartuigh* é? ní bhíonn drundamanois as, a’s bhíodh sé *anchainnteach*, leanamhnach: d’athruigh.’

corcán: ““Cad thugais ar an gculaith athchaithte sin?” – “fuaireas ar mhargadh an tseanchorcáin í: *anshaor* ar fad, ar fad.”

Agus ansin tagaimid ar leithéid an dá leagan seo a leanas, mar iontrálacha éagsúla, ‘anbhás’ agus ‘an-bhás’ a bhfuil difear suntasach idir a mbríonna, agus a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis an bhfleiscín a bheith ann nó as:

¹⁷⁰ Faoi gceannfhocal féin tá fleiscín sna samplaí ar fad atá aige: **an-**: ‘an-Éireannach dob eadh an Piarsach: Éireannach maith, dílis. Cuirfidh sé *an-shioc* anocht: sioc trom. *An-thalamh* seadh Conndae na Midhe, reamharuigheann balláin ann i dhá mhí: talamh saidhbhir. Cnoc *an-árd* seadh Corrán Tuathail maidir le cnocaibh na hÉireann dho. Fear *an-árd* sa tsaothal seadh Deibh: níos aoirde ná a chóimhleacaidhthe.’

anbhás: ‘f.l. drochbhás, bás gráindeamhail, oban. Is é fuair an t-anbhás, tuiteam as an dtruaill sa mhuineál do bhriseadh: bás gráindeamhail.’

an-bhás: ‘f.l. bás maith, bás breágh. Fuair sé an-bhás, buidheachas le Dia, ní raibh ach luigheachán lae air agus gan tinneas ná deacair: bás chómh subháilceach ’sas féidir bás do bheith.’

Ag breathnú dúinn ar shamplaí den chineál céanna in PPI agus DPI, feicimid gurb ann don ghuta cúnta ach go bhfuil an neamhréir chéanna iontu maidir le húsáid an fhleiscín. Seo a leanas cuid de na samplaí sin nach bhfuil fleiscín iontu:

anabhradán (DPI 10); anabuidheach (PPI 29); anacheó (PPI 35);
anachiúin (PPI 35); anaghal (PPI 6); anagheal (PPI 6); anamhoch (PPI 29);
anashleamhain (PPI 120); anasmúit (DPI 11); anathláth (PPI 120);
anathraocharta (PPI 120)

Ag breathnú dúinn ar an réimír treise seo gan fleiscín, feicimid nach dtagann sé le samplaí eile a luaitear sa dá théacs céanna agus fleiscín iontu – ‘ana-bhocht’ (PPI 28), ‘ana-mheabhair’ (PPI 31), ‘ana-ghlic’ (PP1 34) – nó leis an gcuid sin de DPI (1938: 52) a phléann le réimíreanna, sa chaibidil ‘Composition et Dérivation Nominales’:

anə- (ana); excellence, degré élevé: *anəv'an* (ana-bhean) «une femme remarquable»; *anəvuər* (ana-mhór) «très grand».

Tá fleiscín sna samplaí a fhaighimid in GCD (2000: 471), agus aitheantas tugtha ag Ó Sé don leagan ‘ana-’:

An reimír *an-* *an(ə)*. Bíonn béim chothrom ar *an-* agus ar an bhfocal ina dhiaidh. Cuirtear roimh aidiachtaí é, m.sh. '*anə'x'ahəx* *an-cheathach* ... *an-chiotrúnta* ... *an-dhaiocúil* ... *an-fhoithiniúil* ... *an-i seal* ... *an-shláintiúil*; agus roimh ainmneacha, m.sh. ... *an-lá* ... *an-éadromú* ... *an-fhear*.

Réitíonn DF (1984: 121) le GCD sa mhéid is go bhfuil fleiscín in úsáid sa dá fhoinse ar aon:

an- /an 1A,2/, **ana-** / anə 1A,2/ intensive pref. (*an-* is used before vowels and before *f* followed by a vowel; *ana-* is used before consonants, other than *f* followed by a vowel, and sometimes before vowels) ... *ana-bhreá* ... *ana-chruaidh* ... *ana-sheansúil* ... *ana-theipthe* ... *an-íseal* ... *an-fhior* ... *an-aimhleasta* ... *ana-mhór* ... *ana-láidir* ...

Tá an neamhréir chéanna ann maidir leis an bhfleiscín i gcás na réimíre ‘ró’. Feictear fleiscín in úsáid amanna, agus gan fleiscín amanna eile.

cosamhlacht: “An raibh aon iasc airéir aca?” – “cosamhlacht”: “ladhracha” maithe: togálacha ná raibh *rómhór* ar fad, agus ná raibh beag ná sprionnlaithe.’

maslughadh: ‘Budh mhór an maslughadh di srón *ró-mhór* do bheith uirthe.’

craobh-chioth: ‘Ní fheadar cad deirim leis an lá, is mór liom a bhfuil de chraobh-cheathannaibh dhá bhaint laistiar: ceathanna reatha ná seasuigheann *rófhada* ach nách tuar iontaobh iad.’

masluighim: ‘Maisligheann an tsín aon rud do fágatar *ró-fhada* fuithe gan chosaint: máchailigheann.’

In DPI (1938: 52) ar ábhar na réimíre seo tá:

ro:- (ró-) «trop» *ro:è:stə* (**ró-aosta**) «trop âge»

i gcomparáid le CCC agus:

Mealladh an tsean-leinbh agat bheith d’iarraidh malairt áite do dhéanamh leis .i. gan aon dul agat air: tá sé **ró-aosta**, ró-thaithightheach (mealladh).

Tagtar ar shamplaí den chineál céanna i gcás na réimíreanna eile seo chomh maith: árd/ árd-; mear/ mear-; mí/ mí-/ mó-/ mó; deagh/ deagh-; mó-/ mó-; droch/ droch-/ droich/ droich-; lag/ lag-, srl. Tá ní eile anuas air seo le tabhairt faoi deara i gcás na réimíre ‘neamh’. Ní hé amháin go mbíonn fleiscín in amanna agus easpa fleiscín in amanna eile, ach amanna cuireann ‘neamh’ séimhiú ar an dara cuid den chomhfhocal, agus amanna eile ní chuireann:

cráin: ‘Sháidh sé chugham (chun etc.) ar nós na cránach (muice): gan géilleadh d’aois rud: go tulcamhail: go suthamhail: go haineólach, *neamhmín*.’

cranndacht: ‘Cranndacht mo chnámh nár leómhaidh dom teacht ar an gcóisir a’s ní hé *neamhmian*.’

lapadálaidhe: ‘Féach a shailiche d’fhág sí na háiraistidhe tréis a nighthe, an lapadálaidhe cailín sin: cailín *neamh-chúramach*, *neamhghasta*.’

mear-: ‘Má cuirtear an fheóil ar an mear-thinneas atá san uillinn sin mar bheadh na céadta snáthad dhá sháthadh trí chuirfeadh lé *neamh-meabhair*.’

Níl an oiread sin samplaí de seo ag Sjoestedt ach tá – ‘neamh-aistear’ agus ‘neamhaistreach’ (DPI 52) aici. Má bhreathnaímid ar a bhfuil ag Ó Sé ar an ábhar seo, tagaimid ar chuid de na samplaí thuasluaite. Tá ‘neamhaistreach’ aige, ‘neamh-mheabhair’, ‘neamhspleách’ agus ‘neamhshuimiúil’.

Tá samplaí eile den réimír seo ansin agus an ‘h’ bainte de dheireadh an fhocail i.e. ‘neam’. Tá samplaí de seo breactha tríd an téacs – samplaí ina dtosaíonn an dara cuid den chomhfhocal ar ‘b’, tagaimid ar ‘neamhbailbheacht’, ‘neambalbh’, ‘neambeannachtach’, ‘neambeó’, ‘neambuige’, ‘neambéasamhail’, ‘neambreágh’, mar shampla.¹⁷¹ Ag breathnú dúinn faoin litir ‘N’ tagaimid ar ‘neam-báidh’ mar cheannfhocal as féin, agus i gcás na samplaí eile ina dtosaíonn an dara cuid den chomhfhocal ar ‘b’ feicimid go luann SO ‘neamh-bhalbh’, mar shampla, agus an leagan neambalbh taobh leis. Mar an gcéanna, ‘neamh-bhaoghal’ (‘neambaoghal’), ‘neamh-bhlastacht’ (‘neamblastacht’) srl. Má

¹⁷¹ Tagraíodh in 4.4 thusa don chaoi nach gcuirtear séimhiú ar chonsain liopacha i ndiaidh *m*. Maidir leis na samplaí seo d’úsáid *neam-*, níor tháinig mé ar aon sampla sa téacs den mhúnlá céanna i gcás ‘neamh + p-’ (i.e. ‘neamp-’). Tháinig mé, áfach, ar leaganacha mar *neamhpáirteach*, *neamhphuilibidhe*, *neamhphraitineamhail*, srl.

bhreathnaímid ar a bhfuil ag Ó Sé feicimid go dtagraíonn sé don ghné seo i gcás ‘neamh’ agus focal ag tosú ar ‘b’: ‘n’ a’ mu:ən neamhbhuan.’¹⁷²

Ní raibh SO de réir a chéile maidir le húsáid síntí fada sa téacs. Ar na samplaí is coitianta a fhaighimid tríd an téacs tá ‘fear’ agus ‘féar’, agus ‘na’ agus ‘ná’. Ina theannta sin, meascann sé suas ‘fear’ agus ‘fearn’ go minic, agus an dá cheann is mó den chineál seo a fleictear measctha suas aige – ‘sin’ agus ‘sinn’¹⁷³, ‘air’ agus ‘ar’. Seo cuid de na samplaí de ‘sin’ agus ‘sinn’, agus ‘air’ agus ‘ar’ a fhaighimid sa téacs:

áidhbheirseoir: ‘Áidhbheirseoir seadh é dá mbeadh na hadharca air: dá mbeidís *sinn* air b’é comhthrom an diaill féin é.’

athchomaireacht: ‘Ní réidhtigheann an bheirt *sinn*, is fearr gan iad do shuidhe in **athchomhaireacht**: in aice nó lé h-ais a chéile.’

athrádh: ‘As a athrádh d’éirigh an clampar – dubhaint sé trí a thoirmisc air gur amadáin *sin*.’

ceann: ‘Ná coingaibh ar feadh an lae *sin* ag éisteacht leat, cuir ceann ar an scéal dúinn: críochnuigh é.’

ceódh: ‘Thuit scailp cheóidh orainn idir an Tiaracht a’s Oileán Dubh agus chuir sí amugha ar feadh na hoidhche *sin*: bannc ceóidh: brat trom.’

leath-bhonn: ‘Beid *sinn* ’n-a mbrógaibh maithe nuair curtEAR leathbhUinn fúthA.’

léir-: ‘Go saortar *sin* an léir-sceanadh atá déanta ar an bhfeoil bhreágh sin (gort, áit etc.): laitiméireacht gan aon dealramh: gan slacht ná cuma ar pé rud atá déanta.’

marthain: ‘Lé n-ár marthain ní raibh a lithéid d’uain againn ar éinne agus bhí againn air ag éisteacht leis ghá mholadh féin ’sa chuid gaisce: ó rugadh *sin*.’

mí-: ‘Bhídís *sinn* an-mhór lé chéile seal, ní lugha leó an diabhal féin ’ná a chéile anois, tháinig mí-charadas éigin eatartha: olc, ceal dilse.’

millim: ‘Mhillféá *sin*, fan uainn: chlipféá agus chrádhfá.’

mór: ‘Táid *sinn* ró-mhór ionta féin chun coidrimh do dhéanamh linne, bochtáin: mustarach, cúiseamhail.’

¹⁷² Ó Sé (2000: 472).

¹⁷³ Rith sé liom go mb’fhéidir gur ar mhaithe le béim a úsáideadh an leagan ‘sinn’, ach ag breathnú ar an gcaoi a bhfuil ‘sin’ in úsaid go minic mar fhraoinm pearsanta, sa chéad phearsa iolra, ní bheinn cinnte de go raibh cúrsaí béime i gceist ag SO.

pasálaim: ‘Phasálfaidís *sinn* thu dá bhféadaidís é: do chlaoídhfidís.’

pramsálaim: ‘Phramsálfaidís *sinn* anuas ar do bholg dá leigheá dhóibh féin: phasálfaidís is léimfidís.’

ainfhial: ‘Ní bhfuair truaigh ná tréan riamh aon nidh ós na daoinibh *sinn*, dream ainfhial seadh iad: neamhghalánta, gan féile.’

trom-: ‘Bhíodh an oiread san trom-ghleóidh agann sa tseómra scoile nuair fhágadh an máighistir linn féin *sin* go mbainimís smúit as na fallaidhbh: fothrom gan chuimse leis.’

ablálaidhe: ‘Féach *ar* sin de ghort treabhtha, gach scríobh chómh cam le adharc reatha, ablálaidhe dob eadh an céachdóir: duine ná féadfadh céachda d’iondrabháil mar is cóir.’

ádhbhairín: ‘Ní fiú trácht ar an ngortughadh fuair sé, níl *ar* ach ádhbhairín: ní mór go mothófá ar éirigh dó.’

ainbhfios: ‘Bhíos in ainbhfios gur mhair aonne liom, mar nár chuala trácht ná tuairisc riamh *air* iad do bheith ann: bhíos dall ar a maireachtaint.’

allta: ‘D’imthigh an aindeise ar fad *ar* mar fheirmeóir, níl beithidheach ag siubhal na talmhan aige allta ná mín: aon tsaghas in ao’chor, díscíghthe ar fad.’

amhras: ““An fear maith é” dhá fhreagra deifreacha *ar* seo: m’amhras é.”

aontuightheach: ‘Gníomh aontuightheach dom dul chun a theasardhan agus ná bíodh a mhilleán *air* aonne eile: chuadhas asam féin.’

athrughadh: ‘Rugadh *ar* ag athrughadh na gcártaidhe: ag tógaint cártaidhe áirighthe agus ag cur cártaidhe eile n-a n-ionad.’

beagmhaitheasach: ‘Rud beagmhaitheasach seadh iascaireacht anois, mar níl aon luach *ar* = ní bhíonn aon rud de bhárr bheith ag iascach.’

bearradh: ‘Tá sé n-a chaora bhearrthá agat = do chuadhais ró-lom *air* a cheann.’

cáirde: ‘Rud ar cáirde ag eisean rud in aisce: ní bhíonn fonn *ar* íoc as aon rud.’

cáiseamh: ‘Tréis bháis do dhuine, dá fheabhas ar an saoghal so é, is beag an cáiseamh do chuireann sé *air* aonne, dá chruthughadh dhuit gurb ait é toisc an tsaoghail: brón ná cuimhneamh.’

cíosaidhe: ‘duine go mbíonn *ar* cíos d’íoc.’

clóidhdheas: ‘Cad budh mhéine liom ná cailín clóidhdheas léim thaoibh *air* chóisir go mbeadh gach óigfhear ag tnúth lé n-a gáire: cailín áluinn.’

choidhche: ‘D’fhógras *ar* fanacht ó scéimh na faille lé n-a conntabhairt, ach lean sé dhá bhruachaireacht riamh a’s choidhche gur síos leis gan sos.’

donaidheacht: ‘Bíonn *ar* dul ’on Eilbhéis gach geimhreadh le donaidheacht a shláinte: aindeise: olcas.’

draostacht: ‘Cuireadh priosún mí *ar* lé draostacht a chainnte i bpoiblidheacht: cainnt neamhghlan, neamhthaithneamhach.’

lomrach: ‘An ceann lomrach atá air: mothalach: gruaig *air* nós olna ar chaoire.’

mion-: ‘Mion-láimhseáil a bhí agam-sa san airgead, ní bheadh aon chunntas agam *air* cá ngeóbhadh sé: fior-bheagán bainte.’

moch: ‘An té go mbíonn *ar* bheith moch ní misde dho dul a chodladh luath.’

muirn: ‘Tá muirn an domhain *air* an leanbh ag faire fhir na gleas: áthas ar a chroidhe.’

mursaireacht: ‘Bíonn fonn mursaireachta *ar* leis an gcriú, sin é an fáth ná luigheann éinne ró-fhada leis: fonn bheith ag órdughadh ortha ’sag tabhairt sclaimheanna ortha.’

náire: ‘Do chreideamh d’admháilt gan eagla gan náire *air* bith: támaílteacht: go dána láidir os ard.’

pictiúr: ‘Dá mbeadh duine is droich-íde *ar* ón aimsir, é bheith salach nó ionnramhálta go holc, déarffí “is deas an pictiúir é!”.’

rinn-: ‘Bíonn an oiread san rinn-ghreithil *ar* chun an tsaoghal ná déanfadh sé stad nójiminte chun cainnte leat: deabhadh is fotharaga an domhain uile.’

saighdeach: ‘Thug sé fóm go saighdeach: bhí nimh *ar* chugham: gonta.’

tagaim: ‘Tiocfar thar an mbuachaill sin fós lé n-a chlisteacht: beifear ag cainnt *ar* lé n-a fheabhas.’

tréan-: ‘B’é toil Dé an tréan-éifeacht a bhí leis an bhfear is gur áitigh seo ortha gan aon rud mó-rothagach do déanamh: an fhuairmeant ’san éifeacht *air* fad.’

úrnaighe: ‘Tosach na guidhe do bhéal na húmaighe: an té a thugas mallacht gurb *ar* féin a thuitfidh sí.’

Feicimid na forainmneacha pearsanta ‘me’ agus ‘mé’, ‘tu’ agus ‘tú’, ‘thu’ agus ‘thú’ in úsáid tríd síos in CCC. Má bhreathnaímid in GNM (1994: 501-502), tagraítear ann don nós seo, agus tugtar leid maidir le húsáid na bhfoirmearcha éagsúla:

Tá foirmeacha áinsíocha nua de na forainmneacha *mé* agus *tú* tagtha chun cinn, .i. *me/mi, tu, thu* ... Tuairimíonn Diarmuid Ó Sé gur as na foirmeacha treisithe *mise, tusa* a fuarthas *mi* agus *tu*, agus i gcás *me* (mar cailleadh róluath an fhoirm *meise*) gur giorraíodh an guta fada é ag leanúint an mhúnla *tú : tu* ... Is féidir *thu* a úsáid tar éis guta, ach tá seo ag géilleadh don fhoirm *tu* ar mhaithe le soiléireacht. Is iad na foirmeacha gairide a úsáidtear i gcónaí ach amháin nuair a bhíonn an forainm ina ainmní agus é síreachtach i ndiaidh briathair (seachas an chopail), m.sh. *bei' mé, bhual sé me/mi, is tu.*

Ag breathnú dúinn ar a bhfuil ag SO in CCC, feicimid an síneadh fada ar ‘mé’ mar ainmní briathair corrúair, ach ní fheicimid seo tríd síos. Is sampla maith é an chéad cheann a leanas den úsáid a bhí i gceist in GNM. Feicimid ‘me’ agus an bhrí chuspóireach leis, ach ‘mé’ agus é ag teacht síreachtach tar éis an bhriathair. Mar an gcéanna, tagaimid ar shamplaí de ‘tú’ agus ‘tu’ agus gan pátrún faoi leith le feiceáil:

lag: “Agus annsan adubhairt Samson léi, má cheanglaid siad me lé seacht ngadaibh úra nár tiormuigheadh riamh, annsan beidh mé lag, agus beidh mé mar gach nduine eile” (Breitheamhain XVI. 7): fann: gan puinn nirt.’

machtnuighim: ‘Ní thuigeann tú fós cad tá ar bun agam, machtnuigh leat mar sin: cuimhnigh a’s smaoinigh go doimhin air.’

Ach, tá neart samplaí ann nach leanann an mhúnla sin, .i. an forainm síreachtach tar éis an bhriathair gan síneadh fada air, agus an forainm ina chuspóir le síneadh fada:

líomhtha: ‘Cheannuigheas bórd líomhtha ar bheagán, budh bhreágh leat féachaint air, chidhfeá tu fén ann tá sé chómh gléasta san: críochnuighthe ar fheabhas.’

réidh-: ‘Ní haon réidh-iomard é seo orm ach rud a leanfaidh me an dá lá dhéag is faid mhairfead: máchail shuarach.’

suas: ‘Nuair chonnaic sé mé tháinig sé suas chugham: fém dhéin.’

4.6 Briathra

Ó thaobh na mbriathra de, feictear claonadh na Mumhan don fhoirm tháite tríd síos. Ag cur na leaganacha briathartha i gcomparáid leis na leaganacha mar atá siad in GCD (2000: 245-322) feictear go réitíonn siad le chéile; san Aimsir Chaite, is foirmeacha táite iad an chéad agus an dara pearsa uatha, an chéad, dara agus triú pearsa iolra *(-e)as/-a(is)/ -(e)amair/ -(e)abhair/ -(e)adar*; san Aimsir Ghnáthchaite, is foirmeacha táite iad an chéad agus an dara pearsa uatha, agus an chéad agus an tríú pearsa iolra *(-a)inn/-t(e)á/ -imis/ -idis*; san Aimsir Láithreach, is foirmeacha táite iad an chéad phearsa uatha, agus an chéad phearsa iolra *(-a)im/ -(a)imid*. Luann Ó Sé (2000: 251) idir fhoirm tháite agus fhoirm scartha leis an tríú pearsa iolra (Aimsir Láithreach),¹⁷⁴ agus feictear an dá fhoirm ag SO, m.sh.:

ciapadh: ‘Aicme chiaptha iseadh na fiogaidhe chéadna, ag stracadh éisc a’s lón: *cuireann siad* achrann agus dochar ar an iascaire.’

uallachas: ‘Ghní éadaighe breághtha uallachas: *cuirid* tóirtéis ag duine as fén.’

San Aimsir Fháistineach, feicimid idir foirmeacha táite agus foirmeacha scartha don chéad agus dara pearsa uatha, agus don tríú pearsa iolra. Is iad *-f(e)ad/ -f(a)ir/ -f(a)id* na leaganacha táite:

ceileatrom: ‘*Cuirfead ceileatrom* ort gan rudaidhe áirighthe rúnda d’innsint: scáth: cúlbhántacht trí náire.’

cómhnaidhe: ‘An raghaidh cómhnaidhe choidhche ort? an *gcuirfir* aon chrích ar do bheatha – tigh a’s bean do bheith agat, a’s sos ded fhánaidheacht.’

cunntas: ‘Téighir go dtí na Gárdaidhe agus *cuirfid cunntas* ar an té atá imthighthe ar fán: *cuirfid* lorg air.’

¹⁷⁴ Ag breathnú ar an mbriathar seo ‘cuir’ in GCD (2000: 251) feicmid go luaitear ‘cuireann siad’, ‘cuirid’ agus ‘cuirid siad’ san Aimsir Láithreach, 3ú pearsa iolra. Ní fheicimid in CCC ach an chéad dá leagan, ‘cuireann siad’ agus ‘cuirid’.

Foirm tháite atá sa chéad phearsa iolra, i gcás na mbriathra rialta, ach go bhfuil dhá leagan éagsúla ann *-f(a)imíd/ -f(e)am*:¹⁷⁵

saoghal: ‘Tá síul agam go *mbuailfimíd* lé chéile ar an saoghal eile: go mbeam i bhfochair a chéile sa tsíorraidheacht.’

céidghrinne: “A úncail, *buaileam* lá breágh éigin lé chéile, le cóngamh Dé”, ars mo chara Séumas, “agus beidh céudghrinne na dighe againn i gcuideachtain shuairc”: sárdheoch.’

Sa Mhodh Coinníollach, ansin, is foirmeacha táite iad an chéad agus an dara pearsa uatha, agus an chéad agus an tríú pearsa iolra (*-f(a)inn/ -f(e)á/ -simis/ -fidis*):

tríd: ‘Léigh sé an cúnntas dom tríd is tríd go *dtuigfinn* an uile fhocal de: go mion is go cúramach.’

ceódh: ‘Scaipeadh an ceódh det inchinn agus b’fhéidir go *dtuigfeá* cad budh cheart duit do dhéunamh: rud éigin atá ag cosc t’inncheann ar bheartughadh mar is ceart di.’

aragal: ‘Dá n-éistigheadh cuid den aragal b’fhéidir go *dtuigfimís* féin a chéile: cuid den ngleódh.’

fearr: ‘Dhruideadar in aice an chainnteóra ionnas go *dtuigfidis* níos fearr é: go mbeadh a chainnt níos soiléire aca.’

Feicimid *-idh* (úsáideann SO idir *-idh* agus *-idh*) mar fhoirceann leis an dara pearsa iolra sa Mhodh Ordaitheach:

claibéis: ‘*Cuiridh* uaibh an chlaibéis ar phóstaideachachaibh ná déanfar a’s *labhraidh* ar rud éigin go mbeidh fuaimeant leis: an siolta seatha gan ciall ná brigh leis.’

Maidir leis an Modh Coinníollach, cuireann SO an foirceann *-fi* le tromlach na mbriathra saora sa mhodh sin, fiú na cinn a bhfuil fréamh leathan acu. Tagaimid ar ‘ceannóffí’,

¹⁷⁵ Maidir leis na briathra neamhrialta, is iad na foircinn chéanna seo (-fimíd/ -feam) a fhaighimid i gcás na mbriathra ‘abair’, ‘beir’, ‘clois’, ‘déan’, ‘feic’, ‘ith’, ‘tar’ agus ‘tabhair’. Tá leaganacha faoi leith ansin, i gcás na mbriathra ‘bí’: beimíd/ beam; ‘faigh’: gheobhaimíd/ gheobham (tugann Ó Sé (2000: 289) aitheantas d’fhoirmeacha dar túis *gh-* ach is iad na leaganacha ‘geobhaimíd’ agus ‘geobham’ (mar an gceáanna sna pearsana eile - gan an ‘gh’) atá tugtha ag Ó Sé mar phríomhfhoirmeacha); ‘téigh’: raghaimíd/ ragham.

‘dhéanfí’, ‘déarfí’, ‘faghfí’,¹⁷⁶ ‘tabharfí’, agus ‘tugtí’, mar shampla. Má bhreathnaímid ar a bhfuil in *An tOileánach* a mhalaírt de nós a fheicimid ann, i.e. an foirceann leathan á chur leis an bhfréamh caol. Tagaimid, mar shampla, ar ‘cuiartaí’ (2002: 10), ‘faighfá’ (2002: 141), ‘chloisfá’ (2002: 159), ‘cuirfaí’ (2002: 195). Seo mar atá in GNM (1994: 520) ar an ábhar seo:

Tá foirmeacha caola agus leathana ag an saorbhriathar sa mhodh
coinníollach, ach bíonn sé leathan i gcónaí, geall leis, i gCorca Dhuibhne

...

Ní raibh SO leanúinach maidir le ceist an tséimhithe ar bhriathra saora – níl séimhiú in úsaid ar bhriathra saora na mbriathra rialta san Aimsir Chaite, agus amanna feictear séimhiú ar bhriathra saora na mbriathra neamhrialta san Aimsir Chaite, ach amanna eile ní fheictear:

airigheach: ‘Chodail an t-airigheach agus thángthas i ganfhios ar an gcampa n-a shuan: an foraire, saighdiúir fartha.’ / **réidh-:** ‘Tángthas réidh-obann orm cé go raibh súil agam leis, am éigin: cuibheasach.’

tréigim: ‘Nuair chonacthas dóibh go raibh an long ag súncail thréigeadar í: d’imthigheadar aisti.’ / **cómhthoil:** ‘Nuair connacthas dom gur bh’ é cómhthoil na ndaoine é do thoghadh mar theachta chulas, mar nár mhaith liom dul i dtreis na ndaoine: gur bh’ é toil na ndaoine uile é.’

Brúch: ‘Chómh luath a’s chonnaic an bhrúch an scabal shnap í agus d’imthigh lé fé dhéin na mara. Ní fheacthas riamh ó shoin í.’ / **cainnt:** ‘Ní feacthas riamh é ach cainnt dheas aige (searbas): cainnt neambanamhail.’

Mar an gcéanna, feictear séimhiú amanna ar an mbriathar saor sna haimsírí agus modhanna eile, agus amanna eile ní fheictear. Chomh maith leis sin, tá roinnt mhaith samplaí ann ina n-úsáidtear an leagan ‘bheir-’ san Aimsir Láithreach (< ón mbriathar ‘do-bheir’):

¹⁷⁶ Feicimid fréamh an bhriathair seo, ‘faigh’, leathan aige don chuid is mó trí na haimsírí agus modhanna éagsúla.

slán: ‘Bheirim slán a bhréagnughthe ar neach ar bith: cuireadh d’einne é do bhréagnughadh gur féidir leis é.’

súil: ‘Bheireann deoir ón súil suaimhneas don chroidhe: éadtromuigheann gol maith an brón.’

Tagaimid ar chuid mhaith leaganacha briathartha canúnacha chomh maith – go háirithe an claonadh le ‘t’ a chur ag deireadh ainmneacha briathartha, mar shampla: admháilt, aithneamhaint, athbheochtaint, cailleamhaint, claoideachtaint, fágaint, fanamhaint, feicsint, friotháilt goilleamhaint, maireachtaint, meáchtaint, sceitheachtaint, sroicheamhaint (agus sroichint), tharlachaint, thógaint:

mór-: ‘Caithfead a admháilt gur bhain sé preab asam nuair bhual sé an doras isteach, mar ná raibh mór-choinne agam leis: gan bheith deimhnightheach go raibh sé ag teacht.’

fadhbáil: ‘A leithéid d’fadhbáil ní bhfuaireas riamh ag imirt chártaidhe: bualadh: me ag *cailleamhaint* “chómh tiugh le tiul”.

connradh: ‘Moladh ar dhá thaobh na Mara Meann an connradh so do cheangaladh idir Shasana is Éire lé déidheanaighe, mar a bhfuil sé geallta ag Sasana ár bpúirt *d’fhágaint* agus béascháin earraidhe ar an dá thaobh do scriosadh.’

mór: ‘Ar mhór leat me *d’fhanamhaint* annso anocht?’

míonla: ‘Ní hi gcómhnaidhe do bhíonn sí sin míonla, b’fhiú dhuit strán *d’sheicsint* uirthe.’

mion-: ‘Cortha, traochta ó bheith ag mion-fhreastal ar gach éinne sa tigh: ag *friotháilt* ortha go cúramach.’

machnamh: ‘Budh ró-bheag an machnamh a bhí agat orm-sa ná ar connas mar bhíos ag *maireachtaint* nuair bhí rud agat a’s gan aon easnamh ort.’

costirim: ‘Fiadhchloch ar lagtrágha fiú amháin nách féidir a *sroicheamhaint* costirim.’

sroichint: ‘Coimeád (congaibh) do ghreim, táim ag sroichint: ag teacht go tapaidh go dtí thu.’

cáirde: ‘An bhfuilir ag brath ar go bhfillfidh an t-ádh ort? is eagal liom go dtabharfaidh do gheall cáirde duit: an rud go bhfuil muinín agat as a *tharlachtaint* ní thiocfaidh chun cinn chodhche.’

magadh: ‘Bíonn magadh a’s magadh ann, ach bíonn rudaidhe ró-íogair nách féidir do *thógaínt* ’n-a magadh .i. nidhthe áirighthe dá mhéid sult do gheóbhfi asat fúthach gan dul ró-fhada nó chun “seanbhróg”.’

Mar ‘tarrac’ a fheicimid ainm briathartha an bhriathair ‘tarraing’, agus mar ‘taimng’ atá an briathar fénin:

moillighim: ‘Moilligh léd láimh, táir ag *tarrac* ró-theann.’

cumhang: ‘*Tairng* go eumhang ar an airgead san, mar sin a bhfuil lé fagháil agat.’

Ina theannta sin, tagtar ar na leaganacha ‘chonnac’,¹⁷⁷ ‘dubhart’ agus ‘thána’ mar fhoirmeacha táite sa chéad phearsa uatha, aimsir chaite:

léir-: ‘Nuair *chonnac* doimhneas a’s leathad an ghleanna thugas léir-rothag fé, b’é toil Dé gur léimeas é: rith lúthmhar fuinneamhail.’

tagtha: ‘Cé go *ndubhart* leat deireadh do bheith agat táir tagtha rómham uair eile: mé sárughthe agat.’

chómh: ‘Chómh luath agus *thána* isteach chonnac láithreach ná raibh fáilte rómham: an túisce: díreach ar mo theacht.’

Feictear na leaganacha ‘inns’ (‘d’innseas’, ‘d’innseadar’, ‘innseann’, *srl.*) agus ‘seim’ (‘seim’, ‘sheim’, ‘seimeann’, *srl.*) in úsáid mar fhréamhacha:

feas: ‘D’innseas dóibh an méid is feas in-a thaobh: go bhfuil cur síos air nó atá ar eólas.’

craobhscaoilim: ‘Na saighdiúiridhe a mhairbh é agus é ’n-a bhráighe aca, chraobhscaoileadar ar a chéile trí phoít: scéidheadar, *d’innseadar* an cion den mbeart a dhein gach aonne aca.’

innisim: ‘Ó’s fear mise a innseann an fhírinne, etc. .i. go mbíonn an fhírinne agam do shíor.’

ceólán: ‘Cá bhfuairis, a Shéamaisín, an ceólán gleoidhthe? seim dom air: gléas beag ceóil.’

ceól: ‘An diall me gur dhóigh leat gur cheól sidhe é ag seimint ar an bpíb: *sheim* sé go sárbhinn.’

¹⁷⁷ ‘(do) chnuc’ atá in GNM (1994: 528), ach is é ‘chonnac’ an litriú a fhaighimid tríd síos in CCC.

feille-bhinn: ‘Seimeann sé go feille-bhinn, budh bhreágh led chroidhe bheith ag éisteacht leis: go han-cheólmar.’

Seo an leanas mar a fheicimid an briathar ‘seas’ sa téacs:

ceileabhradh: ‘*Sheasaimh* fear an tighe ag ursain an dorais ag tabhairt ceileabhartha do gach n-aon dá dtáinig isteach: ag cur fáilte rómpa.’

seasuighim: ‘Sheasugheadar an ball d’aindeón ar deineadh chun iad do chur as: choimeáadar a ngreim ann’; ‘Sheasuigheas é an fhaid fhéadas is níor bh’fhada san, bhí teanga ró-bhorb aige: bhroiceas leis: d’fhoidhnigheas leis’; ‘Má sheasugheann an cogadh so déanfaidh sé scrios ar an saoghal: má leanann air i bhfad’; ‘Níl annanois ach an fhaid a sheasóchaidh sé go bhfoirfidh: saoghal geairrid atá roimis: níl ann ach an áirighthe sin’, srl.

Tagtar, chomh maith, ar na foirmeacha seo a leanas den bhriathar ‘maraigh’:

ablach: ‘*Mhairbh* an madra cheithre caoire ach ní aithneófá cér leis iad mar ní raibh ann ach na hablaigh: na corpán míochúmtha, stolta, stractha.’

admhálach: ‘Deir an saoghal mór gurbh é do *mhairbh* an t-oifigeach, ach níl sé admhálach ann: ní aontóchadh sé sin.’

marbhaim: ‘Nuair chidhfid a bhfuil agat is gan faic aca féin marbhóchaidh san ar fad iad: crádhfaidh san an croidhe aca’; ‘Mharbhóchaidís a chéile ar fighe fiodha: raghaidís i gcoinnibh a chéile go dtín t-urchar déidheannach ar neamh-nidh: tá olc an domhain aca dá chéile’; ‘Go marbhuiughidh an bás thu! ná héisteóchadh maran agat atá an gleódh: go gciúnuighidh!’

Ar an gcaoi chéanna feicimid ‘chabhair’ mar Aimsir Chaite an bhriathair ‘cabhraigh’:

buidheach: ‘Ní hióngadh gur *chabhair* sé leat, duine buidheach seadh é: duine ná dearmadann maitheasa adéintear air i gcúiteamh.’

comhthrom: ‘*Chabhair* sé liom ar feadh dhá lae ag aistriughadh rothaidhe agus thugas a chomhthrom chóganta dho ag cabhradh leis ag gárdnóireacht: thugas a chómh cabhartha dho.’

feidhm: ‘In am feadhma níor theip sé orainn, *chabhair* sé linn: le linn an ghábhtair: i mbroid an lae chruaidh.’

neartuighim: ‘Lé linn a ghábhtair is minic do neartuigh sé léi gur thug biadh is airgead dhi: *chabhair* sé léi.’

‘Bailbh’ an fhoirm atá san Aimsir Chaite agus sa Mhodh Ordaitheach (an dara pearsa uatha) ag an mbriathar ‘bailigh’:¹⁷⁸

sleanntach: ‘*Bhaile* sí chúiche síos ina mála sleanntaigh bhreághtha fheola i gcóir na seachtmhaine: stíallacha: blúiridheacha breághtha fada bainte de gheannc budh mhó.’

cnocán: ‘Cuir an cnocán diot! scrios! *bailbh*’ (bailigh leat).

croiceann: ““*Bailbh* (bailigh) uaim, nó is tinn duit”, arsa mise leis, agus *bhaile*, ní raibh aon tslighe eile agam chun é do chur as mo chroiceann: a chúram do chur díom.”

éaluighim: ‘Éaluigh! faid is bheidh eaga agat air, táthar chughat: bailigh (*bailbh*) leat i ngan fhios, tá do namhaid chughat.’

fágálach: ‘*Bailbh* (bailigh) chughat na fágálaigh (éisc etc.) sin; dréir dealraimh ná ful tur ag aonne ortha: rudaidhe a fágadh le n-a neamhmaintheasa.’

Feicimid meascán den dá leagan ‘bhein’ agus ‘bheinn’ don chéad phearsa uatha Modh Coinníollach (den briathar ‘bí’) tríd an bhfoclóir:

aimhréidh: ‘Dá me thu, ní *bhein* ag brath rómhór ar chabhair an fhir sin, duine aimhréidh seadh é: níl sé seasmhach n-a thuairimidhibh, n-a ghealleamhaintidhibh nó n-a charadas.’

aithchimeach: ‘Mara bhfuil fonn ceart air cabhradh linn ní *bheinn* aithchimeach air dá mé thu: ag lorg go h-umhal air.’

áiteóireacht: ‘Ní *bhein* ag áiteóireacht ar aonne ná h-éisteóchadh le fuaiméant: ag treasngáil, ag tabhairt freagartha ar chainnt gan dealramh.’

aithrigheach: ‘Ní *bheinn* im aithrigheach ar bhiadh do ghoid fé ocras: ní bheadh sé n-a dhrochghnáiomh ar mo chroidhe: trí chéile choguais.’

¹⁷⁸ An amhlaidh nach leagan róchoitianta a bhí sa leagan seo ‘bailbh’ sa mhéid is gur thug SO an leagan ‘bailigh’ chomh maith i dtromlach na samplaif?

Chomh maith leis na leaganacha sin ar fad, feicimid ‘dein’, agus in amanna ‘déin’, san Aimsir Chaite, san Aimsir Ghnáthchaite, san Aimsir Láithreach, sa Mhodh Ordaitheach agus sa Mhodh Fosuiteach. Is é an leagan ‘dein’ an leagan is coitianta den dá leagan. Feicimid, mar shampla, sé shampla is seachtó de ‘níor dhein’, ach díreach ceithre shampla de ‘níor dhéin’:

athchara: ‘Lé truagh do lé n-a bhochtanacht d’aindeón a ndeárna sé orm *dheineas* athchara dhe: d’éirigheas móir airís leis.’

breall: ‘D’fhág sé brealluirthe: gheall sé go bpósfadh í ach *nior dhéin*.’

deis: ‘Is iomdha deis do *dheineas* do, *dheininn* rudaidhe do thabhairt ar iasacht do, d’oibrighinn do lé linn broide agus a lán eile: comaoiún: maitheas a oireadh do.’

breugadh: ‘Is móir an breugadh ar sheandaoiniúbh an seanláille do bheith aca: *deineann* sé sásamh agus ceannsughadh.’

naoscaire: ‘Cúram ná gnóth *ní dheineann* ach ag imtheacht in a naoscaire ó bhaile go baile: duine fuar, diomhaoin, leisceamhail.’

lón: ““Go *ndeinidh* sé lón síorraidhe dhuit maran agat atá an dúil ann”, deirtear lé duine go mbíonn ampla bídh air.’

longuighim: ‘*Dein* aithrighe, ná longuigh i bpeaca, ní fios cathain ghlaodhfadh Dia ar dhuine: ná fan ann.’

suas: ‘*Déin* suas an táille go ndíolad thu: déin amach an tsuim atá ag dul orm.’

Tá cuid mhaith samplaí ann san Aimsir Chaite ina bhfeicimid ‘rinne’, agus, ait go leor, ‘ní rinne’, in úsáid:

abláil: ‘*Ní rinne* sé riamh d’aoine ghnóth ach abláil: neamhchríochnamhail, neamhshláchtmhar.’

aindearbh: ‘Dá fhaid m’aithne air *ní rinne* sé riamh aon nidh do gheall sé, tá sé ró-aindearbh: taomanach.’

anuaisle: ‘Sin fear nách bhfuil aon anuaisle ann, *ní rinne* sé gníomh sprionnlaithe riamh: ceal uaisleachta, ceal a bheith ann nidh neamhfhearamhail do dhéanamh.’

beagnidh: ‘Nuair chuala go rabhais breóidhte *ní rinneas* de ach beagnidh mar nár shaoileas go rabhais chómh dona san = níor chuireas aon tsuim ann.’

buille: ‘Ní rinneas puinn oibre indé, trí leathanacha agus rinneas buille maith indiugh, deich leathanacha: cuid mhaith.’

caillteach: ‘Beart budh chailltighe ’ná í *ní rinne* fear riamh ar a chóimhchréatúir ’ná **rinnis** gan lámh chóganta do thabhairt dod chomharsain agus é id chumas: budh mheasa, budh neamhfhearamhla, budh mheathta.’

measc-: ‘Bhí an cúram ró-mhaith dho, *ní rinne* sé ach measc-riar ar an ndéirc: riar mío-chothrom.’

Má chuirimid lón na samplaí in CCC de ‘níor dhein’ agus ‘ní rinne’, agus ‘níor dheineas’ agus ‘ní rinneas’ i gcomparáid le chéile feicimid gurb iad na leaganacha ‘níor dhein’ agus ‘níor dheineas’ na cinn is coitianta. Sé shampla de ‘ní rinne’ agus dhá shampla de ‘ní rinneas’ atá sa téacs, ach trí shampla is fiche de ‘níor dheineas’ agus sé shampla is seachtó de ‘níor dhein’ atá ann.

4.7 Úsáid an Ghnidigh

Maidir le húsáid an ghnidigh, ní raibh SO de réir a chéile. Má dhírimíd ár n-aird ar an úsáid a bhaintear as ‘chun’ sa téacs feicimid na patrúin seo a leanas:

1) ‘chun’ + ainmfhocail/ ainm briathartha = ginideach in úsáid

aimhleas: ‘Nílir ghom chur ar m’aimhleas á chómhairleach dom teacht *chun cómhnuigthe* san tigh sin? ghom chur amugha: ar an mbealach mícheart.’

aistearach: ‘Oileán ró-aistearach seadh Oileán Árann san nGeimhreadh *chun cuairde*: ró-fhada ón mintír.’

aithrigheach: ‘Aithrigheach maith seadh thu, chidhim ag dul *chun teampaill* gach lá thu: duine atá cathuightheach i dtaoibh do ghníomh.’

bailiughadh: ‘Bíonn sé ag bailiughadh *chun tighe* de ló agus d’oidhche = bíonn sé ag soláthar don dtigh.’

cóisireacht: ‘Cá bhfuil log na cóisireachta san ósdlann so? an seómra go mbailigtear ann go tromshluaghach *chun ithte* agus ólta go fairsing, flúirseach, súgrach.’

2) ‘chun’ + ainmfocal + ‘do’/ ‘a’ + ainm briathartha = don chuid is mó úsáidtear an ginideach, ach corrshampla gan an ginideach in úsáid. Ag breathnú dúinn in GNM (1994: 492), deirtear ann, ‘Is gnátháí anois gan díochlaonadh a dhéanamh ar chuspóir an ainm bhriathartha i gcomhthéacs den saghas seo: *chun an obair a dhéanamh*, ach níl deireadh fós leis an nós stáiriúil, .i. *chun na hoibre a dhéanamh*.’ Meascán de nós nua-aimseartha agus den nós stáiriúil, mar sin, a fhaighimid in CCC:

adhaint: ‘Má spriogair an duine tóghtha san beir ag adhaint mioscais idir é féin is an té go bhfuil sé ag cúlchainnt air: beir ghá mhisniughadh *chun clampair* do dhéanamh eatartha.’

agairt: ‘Dligheadóir ag agairt do chúise dhuit: ag aighneas ar do shon *chun comhthruim* d’fhághail duit.’

agrain: ‘Agair do dhíoghaltas orm anois, má tá sé de mhisneach agat: déin do dhícheall orm *chun cùiteamh* do bheith agat.’

aimsighim: ‘Nuair bhí an t-urchar deireannach caithe aige d’aimsigh sé a chloidheamh: chuaidh sé i leith a chloidhimh *chun troda* do dhéunamh.’

aisteach: ‘Is aisteach an duine thu *chun scéal* d’innsint, cuirir ag gáridhe mé: greannmhar, seódhambail.’

cóisir: ‘Bhíos ar chóisir Ghiúdach i Lonndain um Nodlaig agus is annamh do chonnac oiread seódraidh, feabhas bídh is siamsa: cruinniughadh tagtha ar coinneamh *chun seal* do chaitheamh go subháilceach, súgach.’

leanbaidhe: ‘Ná tógtar air rudaidhe do dhéanamh thar a thuigsint níl aige fós ach aois leanbaidhe: ró-óg *chun céille* do bheith tagtha léi.’

neamh-shíothchánta: ‘Treabh neamh-shíothchánta iad ná hiarrfadhbh ach beagán cùise *chun catha* do chorruighe: gan chion ar an suaimhneas.’

3) ‘chun’ + ceann/ críoch/ deireadh/ tosach = chun cinn/ chun críche/ chun **deireadh**/ chun tosaigh – feictear go n-úsáidtear an ginideach sna cásanna seo ar fad seachas ‘chun’ + ‘deireadh’:

aghaidh: ‘Gluais ar aghaidh: *chun cinn* nó mar tá agat dhá dhéanamh.’

athrughadh: ‘Déin athrughadh ar do bheatha má tá fonn dulta *chun cinn* ort: mair ar chuma dheifrigh leis an gcuma go mairir anois.’

críoch: ‘Gheall sé na huirc a’s na hairc a’s nuair bhí sé ar a chumas a gheallamhna do chóimhlionadh ní tháinig a chuid cainnte *chun críche*: níor thárlaigh an rud do gealladh.’

feidhm: ‘Budh bhun tuisgeana d’aoinne gur b’ é a chaillfeadh, bhí gach buille ag dul i bhfeidhm ó thúis air: ag dul *chun críche*: in-a luighe air: ag goilleamhaint air.’

gearr-aighneas: ‘Níl aon cheal gearr-aighnis ort, ní bheir **chun deireadh** le haonne a bhíos ag spochaireacht ort: cainnt tharcuisneach, neamhthláith.’

glacaim: ‘Glac a bhfaghair a’s tóg a bhféadfair: gaibh lé n-a dtairgeófar ort nó a bronnnfar ort, a’s ná bí **chun deireadh** lé haonnidh as do chumas fein.’

liopa: ‘Bíonn dhá liopa chun tosaigh ar an rón lé n-a snámhann sé as ionnramhálann se é féin ar an dtalamh tirim.’

rábach: ‘Bhuadhamair go rábach ortha, ná rabhamair deich slata *chun tosaigh* ortha: ag faoibín: go bog: gan iomad duaidh.’

Feicimid na samplaí seo a leanas ag Ó Sé (2000: 182) d’úsáid ‘chun’ agus an ginideach: ‘tagtha chun síl’; ‘dhá bhuille chun cinn agus buile **chun deiridh**’; ‘áras chun uisce’; ‘an-olc chun óil’; ‘áit a bhíodh na ba chun tuair’; ‘tá sí chun Trá Lí is dócha’; ‘ag traenáil chun caide’; ‘chun na mba a chur amach’; ‘is ea, chun na mballaigh’; ‘ag dul chun laige’; ‘dhóbair nár chuir sé chun bás é.’ I bhfianaise na samplaí seo, ‘deireadh’ sa ghinideach atá aigesean i ndiaidh ‘chun’.

Maidir le húsáid an ghinidigh go ginearálta, feicimid go gcuirtear an ginideach i bhfeidhm, go hiondúil (agus de réir mar a chonaiceamar i gcás ‘chun’), ar fhocal, a bhuil leagan roimhe a leanann an ginideach é, atá á leanúint ag an réamhfhocail ‘a’/ ‘do’ agus ainm briathartha ina dhiaidh. Sa chás go dtagann dhá aonad ghinideacha le chéile, feicimid go gcuirtear an ginideach i bhfeidhm faoi dhó. Feicimid easpa leanúnachais, áfach, sna sampaí i dtaobh úsáid an tséimhithe ar an gcéad ghinideach (‘cathaoireach’, ‘fhir’, ‘chogaidh’, ‘chogaidh’, ‘clagairníghe’, ‘mhná’). Má bhreathnaímid in GNM (1994: 492), feicimid ‘b’fhéidir’ ann i dtaobh úsáid an tséimhithe i samplaí den chineál seo, ‘Is minic nuair a bheadh dhá ghinideach i ndiaidh a chéile go bhfágatar an chéad ainmfhocail san ainmneach, agus b’fhéidir é a shéimhiú, m.sh. *fé dhéin chuírt na n-athach ... a’*

d'iarraig an bhraon uisce sin ... i bhfuirm cruceog bheach ... ag cur blonag mo shúl amach ... Fo-uair airítear a mhalaир, m.sh. i dtig athar na céile ... :

cathaoir: ‘Is eaglach duit i láthair *cathaoireach* an bhreitheamhnais: i láthair an Tighearna chun a thásdála.’

clismirt: ‘Gach lá aonaigh bionn earraighe athchaithe dhá dhíol sa chairt, a’s bionn *clismirt* ag muinntir na tuaithe ag ceannach rudaidhe saora: brughadh a’s dul tré chéile tímcheall *fhir* an díolta.’

diabalta: ‘Áthraighe acir *dhiabalta* atá ann anois seachas aimsir *chogaidh* an domhain, iomcharaid na tonnайдhe pléascán agus is fairsing, fada a n-achar seolta: iongtach, áidhbhéil.’

féin: ‘Chonnaicís *féin* mar d’éisigh na hearraighe tighe le linn *chogaidh* an domhain a rádh ná héireóchaidís sa chogadh so: chonnac, is do bhrath gach aonne san.’

reamhar-: ‘An abha *reamhar-thuillte* tar éis *clagairnighe* na hoidhche airéir: atuighthé, ag scéidheachtaint thar port.’

scian: ‘Daoine muinnteardha *mhná* an dochtúra a chuir cos ina *sciain* mar b’iad budh bhun lé n-a fagháil na bearta san: a shocruigh i gceart é.’

Maidir le hainmfhocal neamhchinnte agus aidiacht ag teacht go díreach i ndiaidh ainm briathartha, deirtear in GNM (1994: 492), ‘Ní hannamh le cainteoirí an lae inniu, nuair a bhíonn ainmfhocal a bhfuil aidiacht leis, an dá fhocal a fhágáil gan infhilleadh, m.sh. *fear a’ chasóig dhearg ... (casóig = tuiseal ainmneach, 3.4 thuas)*.’ An nós eile, .i. infhilleadh ar an dá fhocal, a fheicimid in CCC (feicimid easpa leanúnachais arís i dtaobh úsáid an tséimhithe ar an aidiacht fhirinscneach sa tuiseal ginideach):

argóint: ‘Ag síorlorg *argóna* bhíonn mo bhean ar aon tsaghlas cursa: ag áiteamh nó *ag déanamh cainnte neamhghádhtaraighe* ar rudaidhibh suaracha, neamhthábhachtacha.’

ceisteóir: ‘Tiocfaidh *ceisteóir* ón Riaghaltas ag taighde aos na sean so atá ag cur isteach ar an dtáille: fear a bhéas *ag lorg eólais chruinn.*’

claimhe: ‘Fadó budh mhór an scannradh an méid máirméalach a d’éugadh ar an bhfarraige leis an *gclaimhe* ó bheith *ag ithe feóla guirte*: brat gearb a’s othar ar a gneas.’

galar: ‘Bailiughadh *galair* duit do bheith ag obair i dtalamh uisce fé dhrochbhrógaibh: *ag tarrac aicide neamhfholáine* ort féin.’

oiread: (An) oiread san (*ag tómhas blúire big de bharr méire leis an órdóig*) ní bhfuaireas lé n-itheadh an rud ocrach: faic in ao'chor.

plob: ‘Plob plab agam ag siubhal tríd an mbóithrín gutaidh: mo bhróga ag ceangal ann is *ag déanamh glór buig.*’

4.8 Tagairtí dó féin agus don saothar

Tá an chuma ar an sampla seo a leanas, i bhfianaise a bhfuil ar eolas againn faoin gcaidreamh a bhí ag SO le Marie Louise Sjoestedt agus an fonn a bhí air í a phósadh, gur ag tagairt dó féin sa dara pearsa uatha atá sé: ‘Cion in aistear duit bheith i ngrádh le Máire, ní phósfaidh sí choidhche thu: cion gan tairbhe.’ Tagaimid ar roinnt samplaí eile ina dtagraíonn SO dó féin sa tríú pearsa uatha:

aineól: ““Tá aithne mhaith agat féin agus ag an gCóta ar a chéile a Shéamuis” - “Ní haineól do me”: bíonn sé do shíor muinnteardha liom.”

ait: ‘Níorbh aite liom aon rud ’ná an Cóta agus Séamas Beag do chlos ag agallamh ar an gcarolachán: níor shultmhaire liom aon rud ’ná iad.’

annósmhar: ‘A Chóta, dob annósmhar liom thu an chéad lá do chonnac an filleadh beag ort, shíleas gur bhean thu: ní raibh do ghabháil ar aonan eile dá bhfeaca go dtí san.’

greannmhar: ‘Nuair chuir sé an filleadh beag ar dtús air, budh ghreannmhar leis na daoinibh mar chulaithirt í, óir ná raibh taithighe aca air: aisteach: deóranta.’

scáthán: ‘Nuair chuir sé an Filleadh Beag air féin b’é scáthán a raibh ar an sráid é: bhíodh an uile dhuine ag dearcadh air.¹⁷⁹

Laistigh den fhoclóir tagraíonn SO go minic don saothar féin, don dua a bhain lena chur le chéile, agus don dúil a bhí aige san obair. Faightear, mar shampla:

clabhsúr: ‘Seo saothar tromualaigh deacair, mar is follas don léightheóir, agus is fada fós ó chlabhsúr dom: ón litir “u”!'

¹⁷⁹ I bhfianaise na dtagairtí ar fad dó féin agus don filleadh beag, agus don chaoi gur cuireadh iontas ar mhuintir na háite nuair a chaith sé é, shamhlóinn gur ag tagairt dó féin sa tríú pearsa atá sé anseo.

cóir: ‘Dá mbeadh cóir lé fagháil budh cheart breis dhaoine bheith ag cabhradh liom chun na hoibre seo: dá ndéintí dréir mar budh chuibhe chun í do dhéanamh níos fearr.’¹⁸⁰

coirim: ‘Obair chortha seadh an scríobhnóireacht so, dá mhéid m’fhoinn chúiche, suidhte i rith an lae ar mo chromadh, mo shúile sáidhte ins na focalaibh go dtí go mbíd in aimhréidh go minic ar mo radharc: thnáidteach, obair a chlaoidhfeadh do chorp agus t’aigne.’

do-mheanma: ‘Is minic do-mheanma orm nuair mhachtnuighim ar an saothar duaibhseamhail, fada so atá romham: ísle meisnigh: mímhisneach: claoidteach croidhe.’

fadálach: ‘Mara mbeadh mo shuim san obair fadálaigh seo, ag scriobh gan scur ó dhuhb go dubh ó ló go ló do bhrisfeadh sí an croidhe ionam: tuirseamhail de dheascaibh a faid is a hionainne.’

saoráideach: ‘Dá mhéid a scríobhaim ó ló go ló ní thagann sé saoráideach fós orm: éascaidh: réidh gan duadh.’

An ag tagairt dó féin atá sé faoin bhfocal **lorgaire** nuair a deir sé: ‘Lorgaire dícheallach, dúthrachtach a bhaileóchadh a bhfuil de choraibh cainnte fós gesna seandaoinibh: taighdeóir?’

Feictear go dteastaíonn uaidh go mbeidh sé in ann an saothar a chur i gcríoch lá éigin agus é ar ardchaighdeán, agus impíonn sé ar Dhia teacht chun a chuidithe le cinntíú go mbeidh saothar inmholta aige ar deireadh:

ceartuighthe: ‘Ó, cathain bheidh an saothar so ceartuighthe ar mo thoil agam? cathain bheidh sí fém réir agam; í agam ar chuma go mbeadh sásta go gcríochnóchad í go cóir oireamhnach.’

agraim: ‘Agraím a’s guidhim thu, a Dhia Mhóir na Glóire, go raibh an leabhar so go maith: iarraigim óm chroidhe ort do bheannacht do dhortadh air.’

¹⁸⁰ I litir a phléitear i gCaibidil a trí, ‘CCC: Comhaontuithe an Tionscnamh’ (féach 3.7), chuir SO in iúl nach raibh sé ag obair go huile is go hiomlán ina aonar – ‘tá daoine ag bailiughadh dhom in áiteannaibh thart timcheall agus ní bhfaghainn ionam a gcóngamh do ghlacadh in aisce.’ Litir ó SO chuit Seán Mac Lellan, 15/3/38 (N566 D).

uilechómhachtach: ‘A Dhia Uilechómhachtait, féach orm go truaighmhéileach, iarraim cabhair a’s cóngamh ort an saothar so do chríochnughadh go maith: Dia go bhfuil an uile neart a’s an uile bhuaidh a’s feart ar a chur.’

D’fhéadfadh gur ag tagairt dá chuid scríbhneoireachta go ginearálta sna tagairtí seo a leanas atá sé, agus seachas díreach di sna lámhscríbhinní seo, ach is cinn iad a aontódh an t-eagarthóir leo i bhfianaise a raibh le rá aige sna tuairiscí uaidh ar na bearta a bhí á bhfáil aige:

cómharsanacht: ‘Is ródheacair mo chuid scríobhnóireachta do léigheamh trí cómharsanacht na bhfocal: a n-athchomaireacht: iad do bheith ródhchlúth ar a chéile.’¹⁸¹

crothamhail: ‘Budh neamhcrothamhail le haonne é seo mar scrióbh: níl na leitreacha cúmtha ró-líomhtha.’

mí-shlachtmhar: ‘Mo chuid scríobhnóireachta chómh mí-shlachtmhar san gur ar éigean is féidir lé hínne í do léigheamh.’

neamh-luas: ‘Neamh-luas mo láimhe is bun leis an droich-scrióbhneoireacht so: n.-shocracht.’

neamh-thaithighe: ‘Táim dulta i neamh-thaithighe scrióbhneoireachta, mar is fada riamh go rugas im láimh ar pheann: i n.-eolas.’

sciamhach: ‘Is oth liom mo chuid scrióbhneoireachta do bheith chómh neamh-sciamhach san is gur deacair é do léigheamh: neamh-chúmtha, neamhshlachtmhar.’

scrióbh: ‘Scrióbh chómh holc san agam gur deacair é do léigheamh: an crot do chuirim ar dhéanamh na bhfocal.’

Tagraíonn sé san fhoclóir, chomh maith, dá chur chuige agus é i mbun na hoibre, agus d’fhoilsiú an tsaothair dheireanaigh:

cnuaisceamhnach: ‘Budh chnuaisceamhnaighe dhom dá gcuimhneóchainn in am air gach leathanach do léigheamh ar a bheith scrióbhtha agam ’ná fanacht go mbeidís go léir scrióbhtha: b’fhearr an tslighe chun luas a’s luighead oibre é: budh rianamhla dhom é.’

¹⁸¹ Féach nota RÓF sa chomhad N566 III (Payments) (a bhaineann leis an imleabhar sin “righin” – “rún”) i dtaoibh scríbhneoireacht SO: ‘Is maith liom é bheith le rádh agam go bhfáil an scrióbhinn imighthe go mór i léire – is follus go bhfáil peann nuadh fachta aige.’

clódhbhualadh: ‘Beifear ag clódhbhualadh na scríbhinne seo lá éigin: ghá chur so ós chómhair na ndaoine i leabhar.’

Faoin bhfocal **saor** feicimid go bhfuil sé ag machnamh cheana féin ar an uair a bheidh an saothar i gcríoch aige: ‘Ar mbeith críochnuighthe den saothar so agam tá sé dhá thaidhreamh dom saor-chuaird na hÉireann do dhéanamh lé hais farraige: a tímcheall iomlán do thabhairt isteach.’ Réitíonn an tagairt seo le giota as litir a scriobh sé chuig an Taoiseach i mí na Bealtaine 1943 inar dhuirt sé:

Tá fonn orm mór-chuaird na hÉireann do dheunamh cois farraige, gach ball inspéisíse d’fhiosrughadh go bhfuil stair, seanchas a’s báloideas ag baint leis, agus leabhar do scriobh air, agus ar mo thaisteal an Ghaedhealtacht uile do shiubhal agus do mhionscrudughadh dom féin.¹⁸²

4.9 Cumadóireacht Sheáin Óig agus Tionchar an Bhéarla

Is tuairim choitianta é go raibh ‘féith na cruthaitheachta i SO ... bhí sé de bhua aige focail nua a chumadh nuair nach raibh an téarma cuí sa Ghacilge ag an am ar fhearas nó ar choinchéap nua-aimsire éigin.’¹⁸³ Feicimid go maíonn Tadhg Ó Dúshláine an rud céanna i mbrollach a eagrán de *Fánaí* (1989: v), ‘... chum sé téarmaí oriúnacha le cur síos a dhéanamh ar an saol a raibh taithí aige air: *uaireachán* (*timepiece*), *treorán gutháin* (*eolaí teileafóin*), *biot* (*gum*), *cloch fhaobhair* (*kerb stone*), *scunc* (*duine gránna*). Maidir le CCC, feicimid roinnt leaganacha in úsáid ag SO a thugann le fios, sa mhéid is go dtugann sé an leagan cuí Béarla nó leagan eile Gaeilge idir lúibíní, go mb’fhéidir gur leaganacha nuachumtha aige iad, mar shampla:

cliathán: ‘Shín an long chogaidh suas lé n-ár gcliathán agus d’fhiarfraigheadar an bhfeacamair aon “*lachlong*” (*submarine!*): thángadar ar chómhuisce linn.’

¹⁸² Litir ó SO chuig an Taoiseach, 09/05/1943, NA 97/9/370.

¹⁸³ Ó Brosnacháin (2001: 331).

éirghe: ‘Nuair d’ionnsaigh an *lachlong* (bád fé thuinn) an long cogaidh do b’éigean d’ise éirghe ó thauidh: druideam seal sa treó san.’

dícheallughadh: ‘Sin iad lucht an dícheallughthe a chuir fuireann *lachluinge* (long fé) i dtír i gconntabhairt ’si ndrochbhall: lucht a bhí in acfúinn bearta móir do dhéanamh go tapaidh d’aindeón guaise.’

Tagaimid ar thrí shampla eile den fhocal seo, .i. ‘*lachlong*’, sa téacs:

coigcríoch: ‘Nách coigcríoch an chuma a bhíodh ar an mairnéalaigh a thagadh i dtalamh annso trí scrios na *lachlong*? cuma dheóranta ortha: a lithéididhe ní fheacthas san áit riabh.

cúrsa: ‘Ar a cúrsa aniar go Sasana bhí an Liúseatéinia nuair shúngcail *lachlong* í: ar a slighe dualgais.’

ceannradharc: ‘Lé ceal ceannradhairc do shúngcail *lachlong* leis an nGearmáin an “Liusaiténia”, mar b’eól dóibh go raibh Meirice ar sciobaigh chun leithscéil rannpháirteachta sa chogadh ar thaobh Shasana: meabhráidheacht ghéar na nidhthibh lé teacht ar mheas na bhfáth ionthárla i gcoinnibh nó léi.’

Ach, lasmuigh de na sampláí áirithe seo, feicimid na leaganacha ‘bád fé thuinn’ nó ‘long fé thuinn’ in úsáid sa chuid eile den téacs. Faightear trí shampla de ‘long fé thuinn’ ach cúig cinn is fiche de ‘bád fé thuinn’.

Feicimid go dtugann sé an focal ‘acid’ idir lúibíní, mar an gcéanna, i ndiaidh an téarma ‘gusa géir’: **cómhacht:** ‘Meádhtar cómhacht “gusa géir” (acid) ar iarann do leigheadh dréir an méid do leigheann sé go cinnte.’ Faoin bhfocal **do-bhainte** feictear ‘instealladh dearmaid’ in úsáid aige ar ‘anaesthetic’: “Fiacal do-bhainte í seo”, ars an fiacloir, “is éigean dom ‘instealladh dearmaid’ do thabhairt duit”: nách furaiste do stathadh as a préachaibh.’ Ní léir an leis-sean an leagan Gaeilge áirithe seo a leanas ach is ceann é a thugann leagan Gaeilge den téarma Béarla ‘creoste’ (‘creosote’ is dócha): **droch-ainm:** ‘Ní dóigh liom gur droch-ainm “tarradh fionn” ar “creoste” as Gaedhling: go n-oireann do “chómh gleóidhthe agus dhein in aon tsaoghal riabh.”’

Lasmuigh de chumadóireacht den chineál thusa ina dtugann SO an leagan Béarla, tagaimid ar théarmaí agus ar nathanna eile tríd an téacs a bhfuil an chuma orthu gur aistriúcháin iad. Luann Niall Ó Brosnacháin roinnt samplaí dá leithéid (2001: 333). Deir sé:

Is téarmaí nua-aimsire is mó atá i gceist anseo ar chuir SO
Gaeilge orthu toisc nach raibh a leithéid sa teanga ag an am ...
Maidir leis na téarmaí féin sa rannóg seo, ní obair aistriúcháin
amháin a bhí i gceist. B'éigean do SO dul i muinín a chumas
Gaeilge agus bua a shamhláiochta chun a dheimhniú go mbeadh
dul dílis na Gaeilge orthu mar is léir ó na focail sna samplaí
anseo thíos a bhfuil cló trom orthu.

Is iad ‘balmughadh’, ‘díon-philéir’, ‘aisbeist díon-teine’, ‘tian na traenach’, ‘uaireadóirí righe’, ‘pléasclach adamúis’, ‘carra sráide’, ‘íod’, ‘cliant’, ‘oifig an Chonsuil’, ‘an bhóiriata’ agus ‘cnuig leabhar’ na samplaí a maíonn Ó Brosnacháin gur aistriúcháin de chuid SO iad. Nílim ar aon intinn leis, áfach, i gcás na samplaí seo .i. gur aistriúcháin de chuid SO iad.

Sa liosta thusa tá an focal ‘balmughadh’, a fhaightear faoin gceannfhocal **crannda**: ‘San Éigipt gheibhtear marbháin tréis na mílte mílte bliadhan dóibh san uaigh, mar bhíodhar an lá do deineadh balmughadh ortha acht amháin iad do bheith crannda: seirgthe: dulta ’n-a chéile, agus crapaighthe.’ Ag breathnú dúinn in FD (1927: 76), in FMC (1935: 76), agus in FGB (1977: 83) feictear ‘balsamaigh’ agus ‘balsamú’. Is leaganacha iad seo a eascraíonn ón ainmfhocal seanbhunaithe ‘balsam’. Seo mar a fhaighimid in DIL (1983: 26) é:

balsam(m), balsim(e) m. (Lat. *Balsamum*) *balsam: unguent, balm: incessi in betha ... agus a balsame, Laud 610, 25^b (Plummer Ms. notes). Balsaim os gach lind, Uí Maine. (for embalming) TTete 2212, balsam cobhartha cédfadh/ ... /do mhér (to a harper) *balm do**

heal the senses, Studies 1919, 613 § 12. cuireas C. cuid don íce agus don bhalsuim ... re cneadhaibh ... Bh., ITS XXIV 112. 24. corp R. do chumhdach do bhalsaimm, XIX 96. 2. Baladh ... an balsume, St. Ercuil 500. Attrib. gs. an béal bionnfoclach balsaim, Dánta Gr.² 16.48.

Ach, ag breathnú dúinn ar a bhfuil in LEI (1904: 179), agus ar an atheagrán a chuir an t-údar céanna amach (1922: 524), feictear go bhfuil ‘balmughadh’ aige siúd. Seo mar a fhaighimid in eagrán 1904:

Embalm v. bálmuighim; ícim

Embalmed p.p. bálmuighthe; ícthe

Embalming s. balmughadh -uighthe *m.*; íce *gen. id.*

Agus in eagrán 1922 ansin:

Embalm v.t. to anoint all over with balm, to preserve from decay by means of balm and other spices. (1) bálmuighim, -ughadh (2) ícim, - ceadh agus íc: and íocaim, -adh and íoc; also I pay

Embalmed v.a. anointed or preserved with balm, etc. (1) bálmuighthe, *ind.* (2) ícthe agus íochta; also paid

Embalming n. the act of embalming (1) balmughadh, -uighthe *m.* (2) íce *gen. id. f.* and íocadh, -ctha *m.*; also paying

Ní dóigh liom go bhfuil aon cheist ann ach go bhfuil gaol idir an dá leagan ‘balsamaigh’ agus ‘bálmuigh’. An amhlaidh, mar sin, go raibh idir Lane agus SO ag iarraidh idirdhealú a dhéanamh idir ‘balsam’ nach gá a bheith bainteach leis an marbhán, agus gníomh seo an ‘bhalmuighe’? Pé cúis atá leis, ní fheicim gur chóir cumadh an fhocail seo a leagan ar SO.

I gcás ‘dión-philéir’ agus ‘aisbeist dión-teine’, níor éirigh liom teacht ar na téarmaí sin go díreach i bhfoinsí eile ach ba nádúrtha na téarmaí iad ‘dión-philéir’ agus ‘dión-teine’ i gcomhthéacs bhrionna an fhocail **dión** mar atá in FD (1927: 340):

dión cover, shelter, roof, thatch; protection, defence, patronage; quality of being waterproof or –tight.

Cé nár tháinig mé ar ‘aisbeist’, tháinig mé ar ‘asbeist’ in FMC (1935: 58). Ar an ábhar seo, ní raibh le déanamh ag SO ach na focail a chur le chéile. Bhí an scéal amhlaidh ansin i gcás ‘rian’ agus ‘traen’, ‘uaireadóir’ agus ‘righe’, ‘carra’ agus ‘sráid’ (na focail ar fáil go haonarúil in FD), agus i gcás ‘oifig an Chonsuil’. Tá ‘consul’ in FMC (1935: 240), agus ‘consal’ ansin in LLEI (1922: 352). Má bhreathnaímid arís ar an gcéad chuid de ráiteas Uí Bhrosnacháin thusa, ‘Is téarmaí nua-aimsire is mó atá i gceist anseo ar chuir SO Gaeilge orthu toisc nach raibh a leithéid sa teanga ag an am’, tá sé ag maíomh go raibh air na téarmaí seo a “chumadh” toisc nach raibh siad sa Ghaeilge. Ach, ag breathnú dúinn in LLEI (1922: 1052) agus in FMC (1935: 855), feicimid an leagan ‘dión lathaighe’ acu siúd araon ar ‘mud-guard’, atá aistrithe in CCC mar ‘gárda lathaighe’. Tharlódh nach raibh an leagan ‘dión lathaighe’ ar eolas ag SO, ach ní hionann sin agus a rá nárbh ann dó.

Tá seansfhocail aige ansin agus cosúlacht shoileir idir iad agus leaganacha Béarla. Faoin bhfocal **greim**, mar shampla, “Dhá ghreim in am naoi ngreamanna ar ball” .i. má cuirtear i ndiaidh ruda i dtúis a tréigin saorann sé breis duaidh in-a dhiadh san.’ ‘Is fearr paiste ná poll’ a fhaighimid mar sheansfhocal go hiondúil ag freagairt don bhrí seo. Mar an gcéanna faoin mbriathar **oirim**, “Má oireann an caipín duit, caith é”: má is dóigh leat go n-oireann an chainnt duit, go dtagróchadh sí dhuit chómh maith is thagróchadh d’einne eile.’ Faoin gceannfhocal **róimh**, ansin, tagaimid ar an dá leagan seo: ‘Nuair bheir sa Róimh bí id Rómhánach leo: in áit iasachta ná ameasc daoine iasachta déin mar néid .i. ná bí cor lé haon rud a bhíos ar siubhal ag an mbreis’; ‘Ní in aon ló do tógadh an Róimh .i. i ndiaidh a chéile déintear na caisleáin: ní fulair lón is aimsir do chaitheamh lé rud mór-thábhachta.’ Tá nath eile aige chomh maith, ‘ruibe de chlúmh na con’ a bhfuil rian de ‘hair of the dog’ an Bhéarla air:

dochtaír: ‘An bhfuil aon dochtaír agat? “ruibe de chlúmh na con”: braon a leighisfeadh deasca na meisce.’

eagla: ““Ar eagla na heagla”, arsa Seáinín an Chnagaraire ná fuil aon bhraon ag an seanmhnaoi dhom bárfad féin cnagaire liom: d’fhoinn bheith lán deimhnightheach ná beinn gan “ruibe de chlúmh na con”.”¹⁸⁴

ól: ““Is é leigheas na póite ól airís”: ruibe de chlúmh na con céadna.”

Tá seanhocail eile aige ansin atá cosúil le leaganacha Béarla, ach nach aistriúcháin ghlana iad ag an am céanna. Ag breathnú dúinn faoin bhfocal **crobh**, mar shampla, feictear, ““Is fearr éan sa chrobh ’ná dhá éan ar an gcraoibh” (seanhocal): is fearr an rud go bhfuilir deimhnightheach de ’ná a dhá oiread ná fuilir.’ Tá cosúlacht éigin idir seo agus an nath Béarla “A bird in the hand is worth two in the bush”, ach go bhfuil imeartas focal sa Ghaeilge idir ‘crobh’ agus ‘craobh’.¹⁸⁵ Tagaimid ar cheann eile bainteach le héanlaith faoin bhfocal **éan**: ““Dhá éan do marbhadh leis an aon chloich (urchar)” (seanhocal) .i. dhá ghnó do dhéanamh d’aon iarracht’, atá an-chosúil le ‘kill two birds with the one stone’ an Bhéarla.

Tá focail agus abairtí eile ann, nach seanhocail nó nathanna faoi leith iad, a bhfuil de chuma orthu go mb’fhéidir gur bunaíodh ar an mBéarla iad. Feictear faoin bhfocal **aithdhingim**, mar shampla, ““pacálaim” an athuair.’ Is leis an údar na comharthaí athfhriotail thart ar ‘pacálaim’. An amhlaidh gur cheap sé, mar sin, nach raibh sé nádúrtha mar leagan, nó nár leagan dúchasach é? Tagtar ar na comharthaí athfhriotail arís faoin bhfocal **crothuighim**, ‘Níor crothuigh a chlann go maith: “d’iompuigheadar amach” go holc’ (ar a bhfuil macalla de ‘they turned out’ an Bhéarla). Sa sampla seo a leanas a bhfuil fáil air faoin bhfocal **leigeant(t)**, ‘Tá an calán san ag leigeant as, níl braon uisce ag fanacht ann: ag sileadh trí léic ann’, an é gurb é ‘leak’ a bhí i gceist aige leis an bhfocal ‘léic’? Tagtar in FD (1927: 651) ar ‘neglect, failing, weakness’ mar mhíniú ar an bhfocal.

¹⁸⁴ Faighimid cur síos ar an duine seo, Seáinín an Chnagaraire, níos faide ar aghaidh sa chaibidil seo. Féach 4.12.

¹⁸⁵ Tá seanhocal thar a bheith cosúil leis an gceann seo i gcuasach an tSeabhaic (1926 [2003³]: 188, uimhir 2256) – ‘Is fearr éan ar an láimh ná dhá éan ar an gcraoibh.’ Sa chnuasach céanna faighimid ceann a fhreagraíonn go díreach do leagan an Bhéarla – ‘Is fearr éan amháin ar láimh ná dhá éan ar an dtor.’ (1926 [2003³]: 188, uimhir 2257). Sa mhéid is go bhfuil na leaganacha seo, nó leaganacha cosúil leo, ag an Seabhaic, is dócha gur leaganacha iad a bhí coitianta i measc na ndaoine.

Tharlódh go mbeadh ‘weakness’ i gceist, ach sa mhéid is go dtagraíonn an sampla do chalán agus don uisce ag sileadh as tá seans maith ann, feictear domsa, gurb é ‘leak’ an bhrí atá leis.¹⁸⁶ Ag breathnú dúinn ar na focail **laifís** (‘féile, flaitheamhlacht, raidhse, flúirse, sconnabheartacht’), **laifíseach** (‘árdfhlaitheamhail: fialbheartach: sconna-bheartach’) agus **laifíseacht** (‘uaisleacht tabhartha: ró-fhéile’) tá cosúlacht idir na leaganacha seo agus ‘lavish’ an Bhéarla. Má lorgaítear in FD iad, feictear nach ann don leagan ‘laifís’ ach go bhfuil an dá cheann eile aige. McK atá taobh leis an dá iontráil ag tabhairt le fios gur ó SO a fuair an Duinníneach iad.¹⁸⁷ Ag breathnú dúinn in DIL, in LEI agus in LLEI ní fhaightear aon rian de na focail seo. Tá plé déanta ag Mícheál Ó Siadhail (1985: 158), áfach, ar ‘labhaois’ agus ‘labhaoiseach’, agus sonraíonn sé:

The word was, however, common in Inishmore in the Aran Islands and occurs in *Feamainn Bhealtaine* (Máirtín Ó Direáin, An Clóchomhar Tta., Baile Átha Cliath, 1961) ... The word *labhaois* appears to be well established in the language and occurs in a line of verse from the Waterford area attributed to a Dochtúir Heidhin in a section of a manuscript (RIA 23 N 13, P. 226) in the hand of Sean Ó Murchadha na Ráithíneach († 1762): *Sin agaibh mo scéal is ná déinidh labhaois baoth ná faillith am ráithe*; ‘That is my story for you and do not exaggerate, fool with or neglect my words.’

The semantic range of *labhaois* must be ‘extravagance’, ‘wastefulness’, ‘exaggeration’, ‘excess’. This would point to its origin as a loanword from the now obsolete English substantive ‘lavish’ (from Old French *lavasse*, *lavache* ‘deluge of rain’) meaning ‘profusion’, ‘excessive abundance’. The Oxford English Dictionary gives ‘unrestrained’, ‘wasteful’, ‘extravagant’ as earlier usages of ‘lavish’.

¹⁸⁶ Má bhreathnaímid faoin gceannfhocal **léig**, feicimid go dtugann SO ‘léig’ idir lúibíní le hais an cheannfhocail agus go bhfuil ‘i léig’ i gcuid mhaith de na sampláí faoi. B’fhéidir, mar sin, go bhfuil baint idir an sampla áirithe seo agus ‘léig’/ ‘i léig’.

¹⁸⁷ Féach 3.2 chun cur síos a fháil ar McK in FD.

Níor éirigh liom teacht ar an bhfocal **rubaíste**, ‘trufais, roithleach, roide, brúscar’, ach i saothar seo SO agus in FD, cé, an uair seo, nach luaitear *McK* leis. Ar ábhar na cumadóireachta, bhí sé de cháil ar SO gurbh eisean a chum an focal **rothar**. Feicimid in SC go maíonn Ó Lúing (1985: 9):

Bhí sé ráite go raibh sé ar na daoine ba thúisce a fuair rothar i gceantar an Daingin agus gur mhór an seó é chun é a mharcaiocht. Nár bh é féin a thug an focal “rothar” dúinn!

Tagtar ar an bhfocal ‘rothar’ in FD (1927: 917), agus ar an leagan ‘roithear’, ansin, in LEI (1904: 58). An amhlaidh go raibh an focal cumtha ag Seán, mar sin, faoin am go raibh sé naoi mbliana déag d’aois, agus go raibh sé i measc na bhfocal a bhaileadh Lane agus é ag gabháil dá shaothar?¹⁸⁸

Má bhreathnaímid in FMC (1935: 104), ansin, feicimid ‘rothar [M]’ faoin mBéarla ‘bicycle’. Ag túis an fhoclóra, áit a bhfuil fáil ar liosta de na giorrúcháin ar fad faoi ‘List of Sources’, tá ‘Dinneen Dictionary ... McK’ i measc na bhfoinsí, *McK* ag tagairt, mar is eol dúinn, do SO. ‘[M26]’ atá mar giorrúchán dó, ach, ní ‘[M26]’ ach ‘[M]’ a thugtar le hais an fhocail ‘rothar’. Leis an ngiorrúchán ‘[M]’ luaitear ‘Siobhán Ní Mhainín, B. Comm. (Ballyferriter, West Kerry).’

Feictear sa liosta seo a leanas cuid de na samplaí eile sin a bhfuil rian éigin an Bhéarla orthu, bíodh gur leaganacha bunaidh de chuid SO iad nó ná bíodh. Tá cló iodálach curtha agam ar an gcuid sin den abairt a bhfuil rian an Bhéarla, mar a fheictear domsa, air. Tá an comhleagan Béarla tugtha idir na lúibíní cearnógacha agam:

anaiteas: ‘D’óladh sé agus d’imthigh sé chun anaitis leis gan muinighin ag aon ne as: *chun an phota*, thar cailc ar fad.’ [gone to pot]

anchruth: ‘Caith dhíot an t-anchruth: croith suas tú féin.’ [shake yourself up]

¹⁸⁸ Ag breathnú ar réamhrá an fhoclóra sin feicimid buíochas á ghabháil aige le ‘Mr. John Cavanagh, Tralee.’ Is dócha nach SO agus é ina dhéagóir atá anseo.

aoinfheacht: ‘Chaith sé na bliadhanta ag bailiughadh go sprionnlaithe agus scar sé leis in aoinfheacht ag imirt chártaidhe: *in aon tsuidheachán amháin.*’ [in one sitting]

aoinne: ‘Cé tá annsan? - aoinne *acht mise* (go n-aithnighir mo ghuth).’ [anyone but me]

bannóg: ‘*Ní féidir leat do bhannóg bheith agat agus i d'itheadh.*’ [you can't have your loaf and eat it]

beatha: ‘*Táim ithte im bheatheaidh ges na cuileannaibh*: is mór an ciapadh atá aca dhá thabhairt dom.’ [I'm eaten alive by the flies]

dian: ‘Chuaidh an scéal dian mo dhóthain orm an t-ioc *do scriobáil lé chéile*, b'éigean dom troscán do dhíol: cuireadh i gcuadhtan me: cuireadh go dtí'n m'aon bheart me.’ [scrape together]

doirtighthe: ‘*Cá maith brón an bhainne doirtighthe?* an bainne imthighthe fén mbán.’ [what's the use in crying over spilt milk]

olann: ‘Mar a chéile dhuit bheith d'iarraidh olna do bhaint de ghabhar nó bheith ag lorg phlúir sa tsiopa san: *fuil do bhaint as thornap*: gírrfhiadh do chur as an dtor ná beadh sé etc.’ [get blood from a turnip]

piocal: ‘*Táim i bpíocal*anois, is ní fios dom cad dhéanfad: in aimléis: i ndraip: i bhfior-chruadhtan.’ [I'm in a pickle]

piscín: ‘Nuair bhíonn eagla mór nó imshníomh ar dhuine deirtear ina thaobh, “tá sé ag breith phiscínidhe”.’ [having kittens]

preab: ‘Bí amuigh as mo thigh de phreib is *ná doirchigh mo dhoras* go deó airís: ar an dtoirt.’ [don't darken my door]

préachán: ““Cé dubhارت leat é?” – “préachán *dubh* éigin”: duine éigin ná hainmeócham.’ [a blackbird told me]

priongaide: ‘Dá bhfeiceadh an dream atá sa chré na priongaididhe atá ag éirghe suas anois *d'iompóchaidís ina gcómhrainn!* iarmaráin mhiona.’ [they'd turn in their coffins]

roimh: ‘*Ag cur na cairte roim(is)* an gcapall ataoi: ar a aghaidh amuigh ionad taobh thiart de: do dhéanamh nidh go mí-cheart.’ [putting the cart before the horse]

rún-: ‘Mo rún-chroidhe thu, *ni dhéanfainn ruibe ar do cheann do ghortughadh*: cara cléibhe.’ [I wouldn't hurt a hair on your head]

saighead: ‘Is iomdha saighead ina bhogha san: *is iomdha iarann a bhíonn sa teine aige* nó ní bhíonn easbhaidh tionnscaill air: duine ioldánach.’ [more than one iron in the fire]

scaoileadh: ‘*B’fhearr liom é do scaoileadh lé gaoith ’ná é do thabhairt do: gan aon choimeád do dhéanamh air dom féin ná d’éinne eile.*’ [I’d sooner throw it to the wind]

scéal: ‘*Is fearr bheith gan aon scéal ’ná droich-scéal:* is fearr gan aon tsaghас nuadhachta nó tuairisce ’ná droch-aithris.’ [no news is better than bad news]

scraiste: ‘Ach, tá sé imthighthe ina scraiste ar fad: *chun an phota.*’ [gone to pot]

stór: ‘Ó aois go bás ní fheadair neach cad bhíonn *i stór* do: ina chómhair: i ndán do.’ [in store]

téighim: ‘Téigheadh a chuid cainnte *isteach i gcluais leat agus amach trís (tríd) an gcluais eile:* ná tóg aon cheann dá ghlór.’ [in one ear and out the other]

uain: ‘*Ní fhanann uain ná taoide lé héisne:* an tráth dhi gur cóir a friotháilt chun tairbhe do bhaint aiste.’ [time and tide waits for no man]

uisce: ‘*Bhíos in uisce bheirbhthe aige ag éisteacht leis go gcuirfeadh sé crithniughadh ar dhuine leis an saghas cainnte a bhí aige: náire chroidhearg orm aige.*’ [in hot water]

úrlár: ‘Táir-se ag cainnt tamall maithanois, *tabhair an t-úrlár* domh-sa tamall: leig dom-sa labhairt.’ [give the floor]

4.10 Toirt an tsaothair

Mar a chonaiceamar i gCaibidil a trí (3.1), tharraing Mícheál Ó Gríobhtha agus Seosamh Ó Néill, go háirithe, aird ar thoirt na samplaí agus ar an gcaoi a raibh níos mó ábhair ag SO go minic faoi na ceannfhocail ná mar a bhí ag teastáil. Luadh an focal ‘padding’ le cuid de na samplaí, ábhar a phléifear i gCaibidil a cúig (5.5). Luadh cheana an cnuasach cuimsitheach de shainchomharthaí teanga sa téacs, ach tagann méid de thiúis an tsaothair ó na tagairtí céanna a bheith in úsáid níos mó ná uair amháin. Breathnófar níos doimhne ar cheist seo na dúblála i gCaibidil a cúig (5.5), ach seo blaiseadh de chuid de na samplaí a fheicimid sa saothar níos minice ná aon uair amháin. I gcás cuid acu feicimid gur baineadh leas astu ceithre nó cúig huaire:

cómhgar: ‘Arsa an t-Athair Ó hAodhgáin le Pádraig Ó Firéalaigh ar fheicsint do eisean ag marcaidheacht ar asal a’s ag gabháil ó thalamh air d’iarraidh gabháil amach ar Ghoibil

a bhí asal eile ag dul ag fritheáilt pósta inghine dhuine aca lé mac an duine eile: “a Pheaidí, náire do chroidhe é bheith ag gabháil ar an ainmhidhe beannuighthe a iomchair ár Slánuightheóir go Beithil” – “a mhuirmín”, arsa Peaidí, “dá mb’é seo a bheadh aige, ní shroichfeadh sé choidhche é!” b’shin cómhangar cainnte agat, má’s maith leat: gearr, gonta, bríoghmhar.’

éaseamhail: ““A Phádraig”, arsa an sagart, “níor cheart duit bheith ag gabháil ar an asal, sin é d’iomchair ár Slánuightheóir go Beithil” – “A mhúirmín”, arsa Pádraig go héascamhail, “dá mbeadh so aige ní shroichfeadh choidhche í!” .i. chómh tapaidh le “tial!” .i. chómh luath agus bhí an chainnt as béal an tsagairt. [Pádraig Ó Freállaign agus an tAthar Ó hAodhgáin an lá bhí inghean Phádraig ag pósadh ar an mBuailtín, bhí Pádraig agus “Góibil” Ó Ciabháin athair cleamhan Phádraig ag rás le n-a chéile ar dhá asal.]’

Aoine: ““Aoine an Chéasta is mór an céusadh bainne d’ól”: is riaghail é tréadhnas do dhéanamh air an lá san.’

cáisc: ““Aoine an Chéasta is mór an méala bainne d’ól, Domhnach Cásca, is mór an náire bheith gan feoil” – seanghiota.’

céasadhd: ““Aoine an Chéasta is mór an céasadhd bainne d’ól, Domhnach Cásca is mór an náire bheith gan feóil” (seanrádh): is mór an pian a chuirfear ar éinne a bhriseas tréadhnas an bhainne an lá san; ilphianadh; pianpháis; crádh.’

feóil: ““Aoine an Chéasta is mór an méala bainne d’ól/ Domhnach Cásca is mór an náire bheith gan feóil” (rádh coitcheann).’

dath: ““Tá an lá indiu glas” – “ní fheadar cad é an dath atá air ach tá sé fuar!” (deismireacht).’

deaghchainnt: ““An bhfuil an lá glas?” – “ní fheadar cad é an dath atá air ach tá sé fuar!” – “an dóigh leat gur deaghchainnt an freagra san??: cainnt dheisbhéalach.’

do-mhúinte: ““Tá an lá glas”, ars an fear, “ní feadar cad é an dath atá air”, arsa fear ghá fhreagairt go do-mhúinte, “ach tá sé fuar”: gan béasaibh.’

gearr-aighneastóir: ‘Nár bh’é an gearr-aighneastóir adubhairt nár bh’fheadair sé cad é an dath a bhí ar an lá ach go raibh sé fuar mar charbhall ar “lá glas”: pastaire: duine go raibh a theanga ró-phras gan bheith béasamhail.’

deaghchainnteach: ‘An bhean ná raibh clann aice is é dubhairt sí: “mara gcuirid ag gáirimhe sinn ní chuirfid ag gol sinn”, deaghchainnteach go maith do labhair sí: go fáidheamhail: ní raibh fuighleach ar an méid do labhair.’

deisbhéalaighe: ‘An bhean gan chlann adubhairt, “mara gcuirfid ag gáirimhe sinn ní chuirfid ag gol sinn”, do bhí deisbhéalaighe ag baint léi: cainnt d’oir don dáil: glic.’

gáirimhe: ‘Ars an bhean a chuaidh gan chlainn, - “mura gcuirfid ag gáirimhe sin, ní chuirfid ag gol sinn” .i. ós rud é ná fuilid againn ní bhfagham a nduadh.’

gol: ‘Mar dubhairt an bhean ná raibh clann aice – mara gcuirid ag gáirimhe sinn, ní chuirfid ag gol sinn’: ní bheidh in-a gcúis bróin againn.’

cómhgarach: ‘Ná bac aonne a bhíos róchómhangarach do féin, mar ná faigheann lámh iadhta ach dorn dúnta: an té a bhíos róleithleachais ná bíodh suíl aige lé laimhthighiseacht ón bhfeair thall.’

dorn: ““Ní bhfaghann lámh iadhta ach dorn dúnta” (seanfhocal) .i. an té ná tugann uaidh is doichighde ná tabharfar do.’

dúnaim: ““Ní bhfaghainn lámh iadhta ach dorn dúnta” (seanfhocal): domhaitheas in aghaidh domhaitheasa.’

dúnta: ““Ní bhfaghann lámh iadhta ach dom dúnta” (seanfhocal): an lámh neamhfhial dúntar an lámh eile mar fhreagra.’

iadhaim: ““Ní bhfaghann lámh iadhta ach dorn dúnta” .i. fé mar tugtar is eadh gheibhtear.’

dorn: ““Is fearr lán duirm d’fhear ná lán gaid de mhnaoi” (seanfhocal) .i. dá luighead fear is fearr é ’ná dá mhéid bean chun gnóthaidhe áirighthe.’

fearr: ““Is fearr lán duirm d’fhear ná lán gaid de mhnaoi”: dá laighead fear is tairbhighe ’ná bean dá mhéid.’

gad: ‘Is fearr lán duirn d’fhear ná lán ghaid de mhnaoi: dá laighead fear is fearr é ná bean dá mhéid.’

lán: ‘Is fearr lán duirn d’fhear ná lán gaid de mhnaoi: fearín a’s bean mhór.’

droch-ghnóth: ““Fill orm”, ars an droch-ghnóth. Rádh coitcheann lé duine a fhágas an rud a bhíos idir lámhaibh aige go liobarnach.”

dúbailt: ‘Dúbailt duaidh dom rud do dhéanamh mícheart, “fill orm”, ars an drochgnóth.’

fáscadh: ““Fill orm”, adeir an drochghnoth, bíodh fáscadh ionat is suimeóchaидh gach aonne thu: an fonn is an acmhainn chun nidhthe do bheith maiseach i ndiaidh do láimhe.”

amhgar: ‘Do phós leaghadh Dia is lom-amhgair: an bheirt is deilbhe, is neamhchríochnamhla, mío-ádhmharaighe.’

Dia: ‘Is maith mar thárlaíd, leaghadh Dia agus lom amhgair: is oireamhnach mar bhuaile beirt aindeiseóiridhe gan chríochnughadh ar a chéile.’

lánamha: ‘Is olc an lánamha lé pósadh “Leaghadh Dia” a’s “Lom-amhgair”: fuairthé a’s fíor-bhochtán.’

leaghadh: ‘Indé pósadh leaghadh Dia agus lom amhgair: fear nár mhaith aonnidh a’s bean ná raibh tada spréidhe aice.’

pósadh: ““Pósadh leaghadh Dia is lom-amhgair” .i. na beirte go mbionn cuid dhuine caithe is gan ach an suarachas tearc ag an nduine eile.”

lorg: ‘Buachaill ag lorg máighistir a’s máighistir ag lorg buachalla: ar thriall adhmannais ó dhuine a’s duine ar thriall duine a raghadh in adhmannas chuige.’

máighistir: ““Is mar thárla máighistir ag lorg buachalla a’s buachaill ag lorg máighistir” .i. is ádhmrach an teangmháil é .i. tusa nó mise ag lorg ruda a’s é ag an nduine eile chun a chúraim do chur de.’

tárla: ““Is maith mar thárla”, ar seisean “máighistir ag lorg buachalla is buachaill ag lorg máighistir”: ráinig ar feabhas: thuit amach.’

maith: ‘Is fearr an mhaith a déintear a’s a maoidhtear ná an mhaith ná déintear in ao’chor .i. is cuma cad deirtear leat nuair cuirtear comaoin ort.’

maoidhim: ‘Is fearr an mhaith a maoidhtear ’ná an mhaith ná déintear in ao’chor: a castar lé duine: a “caithtear sa bhéal” air.’

breall: “Imthigheann an spré agus fanann an bhreal ar an mnaoi” = caithtear an t-airgead a thugann an bhean chun a fir agus is annsan is mó tugtar fé ndeara a lochta.’

fanaim: “Imthigheann an spré leis an bhfaill acht fanann an bhreidhill ar an mnaoi” (seanfhocal): luigheann.’

imthighim: ““Imthigheann an spré a’s fanann an bhreal ar an mnaoi” .i. léigheann sí: scaipeann sí.’

mairim: ‘Imthigheann an spré leis an bhfaill, ach maireann an bhreill ar an mnaoi: caithtear an t-airgead a gheibhtear léi ach fanann a locht uirthe.’

meill: ‘Imthigheann an spré leis an bhfaill is fanann an mheill ar an mnaoi: rud reatha seadh an t-airgead, rud cómhnaidhtheach gnúis ghránda .i. nuair bhíonn deireadh airgid na céile gránda caithte is baoghalach di a mí-sciamh do chasadhl léi.’

spréidh: “Imthigheann an spréidh leis an bhfaill is fanann an bhreill ar an mnaoi”: caithtear cuid na céile mná is ní fhanann aon mheas uirthi.’

(leaganacha gaolta leis na cinn thusa:)

óinseach: ‘Imthigheann an t-ór is fanann an óinseach: caithtear an spré agus maireann an bhean gan chrích.’

ór: ‘Imthigheann an t-ór is fanann an óinseach: scaiptear an spréidh is fanann an bhean a pósadh ar a shon.’

dícháirdeas: “Agus cuirfidh mise dícháirdeas idir tú féin agus an bhean etc.” (Gen. III. 15).’

drochfhuil: “Cuirfead drochfhuil idir thu agus an bhean” (Gen. III. 15): drochaigne: namhadas.’

earraig: “Cuirfead earraig idir tú féin agus an mnaoi” (Gen. III. 15): easaontas.’

faltanas: ““Agus cuirfead faltanas eadrad agus an bhean agus idir do shíol agus a síol-sa, brúighfidh sé do cheann-sa agus brúighfidh tusa a shál san” (Genesis III. 15): neimhchion.”

síol: ““Agus cuirfe mise namhadas eadrad agus do bhean, agus eidir do shíol agus a síol-se, bruighfidh sé do cheann-sa, agus brúighfidh tusa a shál san” (Gen. III. 15): sliocht: clann.”

fá: ““Ólaim do shláinte, a mhinic a thig fé thuairm sláinte, a mhinic nách dtig is truagh nách é minic nách dtig a thig chómh minic le minic a thig” (cailín go raibh éileamh ag beirt uirthe. Sin mar dubhairt i láthair a muinntire is an té a ghnáthuigheadh a dtigh, ach nách air a bhí an cion aice).’

minic: ““Ólaim do shláinte a mhinic a thig/ fé thuairm sláinte a mhinic nách dtig/ is truagh nách é minic nách dtig/ a thig chómh minic le minic a thig” (cailín ag ól sláinte beirte buachaillidhe go raibh éileamh aca uirthe): a dhuine a tháinig mórán uaireann.”

tagaim: ““Ólaim do shláinte a mhinic a thig/ fé thuairm sláinte a mhinic nách dtig/ is truagh nách é minic nách dtig a thig chómh minic lé minic a thig”: a thug cuaird etc.

tuairm: Ólaim do shláinte a mhinic a thig, fé thuairm sláinte a mhinic nách dtig: ólaim is me go mothálach, deagh-aigeanta, deagh-ghuidheach ina taobh agat.¹⁸⁹

Agus tagairt á déanamh do shamplaí a bheith san fhoclóir níos mó ná uair amháin, tá iontrálacha ionmlána agus fáil orthu faoi dhá litir éagsúla, ach iad faoin gceannfhocal céanna, rud a chiallaíonn go bhfuil iontráil amháin acu faoin gceannfhocal mícheart. Faoin dá litir ‘N’ agus ‘T’, tagaimid ar na ceannfhocail seo a leanas, ach ní hiad na samplaí céanna a fhaighimid iontu:¹⁹⁰

tnáthadh: ‘f. (-aithte) tuargaint: suathadh: buaidhreamh: coimheascar: tuirse: obair mharbhthach: fuadar le haon rud. Bhíomair dár dtnáthadh go maith ag an ngaoith is ag an

¹⁸⁹ Féach an leagan eile seo a fhaightear in Wagner/ Mac Congáil (1983: 108-109), faoin teideal “Minic do thig”: “Do thóig sí an gloine ’ná láimh cómh maith lé cách. Seo mar dubhairt sí: “seo í do shláinte a mhinic do thig, ach fé thuairim sláinte an minic nár thig; is truagh nach é minic nár thig atá ’na shuidhe cómh minic lé minic do thig.””

¹⁹⁰ Má bhreathnaímid ar ‘tnáthadh’, feicimid go bhfuil dhá iontráil ann (agus tá na samplaí eile ina dhiaidh ar an múnlá céanna). Is faoin litir ‘N’ a fhaightear an chéad iontráil, cé gur ainmfhocal ag tosú ar ‘t’ atá i gceist, agus faoin litir ‘T’ an dara ceann.

dtaoide in am is gur bhog se, ní fada eile sheasóchaimis é: traochadh: ag fagháil ár ndóthana dhe. Tnáthadh seadh bheith in aon bhóthar leat, cad fáth ná ceapair do shuaimhneas ar nós gach éinne? suathadh, trangláil, buaidhreamh. B'éachtach an tnáthadh do thugadar dá chéile ag iomrascáil, duine aca ar lár agus duine aca airís: tuargaint thugtha: coimheascar cruidh. Na fir, mar bheadh scata amadán, ghá fhéachaint lé chéile, d'iarraidh an fhir d'fhagháil, an tnáthadh uathbhásach, an saoiste is a theanga ina leathbhéal aige: an fuinneamh is an fuadar. An madra ag tnáthadh na gcaorach: ag tasant ró-dhian ortha. Cá lúthmhar ag tnáthadh an ghriffiaidh bhig: ghá chluicheadh, ghá thraochadh amach: é i ndeireadh na feide aice. Obair tnáithte bheith suidhte i gcathaoir ag scriobhnóireacht ar feadh an lae duaibhseamhail. Ní bheinn ghom thnáthadh féin ag cainnt leat: tuisiughadh. An Rúis is an Ghearmáin ag tnáthadh a chéile ar dalladh an aimsir seo, na céadta mílte fear dhá mharbhadh ar gach taobh: iad d'iarraidh a chéile a chnaoidhe 'sa chur ar lár.'

tnáthadh: 'f. (-*ththa*) suathadh, traochadh, cluicheadh, tuisiughadh. Lé dhá mhí anois tá an dá arm ag tnáthadh a chéile gan aon staonadh, d'iarraidh na cathrach do bhaint dá chéile: ag tuargaint 'sag tuisiughadh. Tnáthadh gan tonachadh chughat: go glaoindhidh an bás thu is nár fhaightear do chorp lé nighe! Ar an dtnáthadh atá fachta ón mbreóidhthigh aige mara mbeadh ann neart a bhí ann bheadh sé árduighthe chun siubhail fadó riamh: tuargaint agus suathadh. Sheirbheáil sé me go raibh mo mhadra ag tnáthadh a chuid caorach: ghá ruagadh is ghá gcluiche. Is iomdha áit go bhfeaca dian-obair ach a leithéid de thnáthadh is a bhíonn i muileann iarainn ní bhíonn lé feicsint: greitheal is strus. Is mór an tnáthadh bhí ag éisteacht leis: chuirfeadh sé tuirse ort: bhodharfadhl sé duine. Cé gur bhuaidh sé orm thugas tnáthadh maith dho: suathadh: chuireas trí n-a ughamachaibh é. Ní mór go bhféadfadh sé labhairt i gceart, bhítheas ghá thnáthadh le ceisteannaibh is faoidhthireacht: ghá chóir is ghá thraochadh.'

tnáthaim: '(tnáthuighim) b.a. tuirsighim: tugaim me féin: cnaoindhim, coirim, cluichim. Tabhair eaga dhom m'anál do tharrac, ná tnáthuigh me: ná coir amach ar fad me. Tnáthfaidh an fharraige fhiadhain sin iad tá sí ró-chrústuighthe ina gcoinnibh: claoindhfidh iad. Tnáthócaid féin a chéile, ná beidh corrughe láimhe ná coise ionta tar éis an bhobhta

so: tuirseóchaid a chéile go gcaithfid éirghe suas dá chéile. Do thnáthfad sé an fear is fearr aca: raghadh sé go beilt an chloidhimh air. Tnáthann an bás cách: claoideann.'

tnáthaim: ‘*b.a.* claoidehim, traochaim, coirim, cluichim, tuargaim, laguighim, suathaim. Cad bhí ar siubhal agat gur thnáthais (thnáthuighis) thu féin, níl corrughe na coise ionat: gur thraochais. Tnáthfaidh ceal an chodlata thu: traochfaidh ar fad. Cad a thnáthaidh é go bhfuil an codladh go léir air? a choir, a chlaoidh é. Tnáthfaidh an bás gach éinne againn: claoidehfidh: cuirfidh ar lá. Tnáthfair me má bhír ghom ghuailneáil mar sin: suathfair: braithfead ag goilleamhaint ar mo chorp é. Tnáthadh ó thalamh na fir bhochta d’iarraidh talmhan do shroichstint i gcoinnibh an ghála: suathadh is traochadh. Thnáthaidh na madraighe an chaora gur thuit an t-anam aiste: throach amach í. Tnáthann an tsíor-scríobhnóireacht so me, ní mór go mbíonn ionam corrughe tráthnóna thiart: coireann ar fad.’

tnúthaire: ‘*f.4.* duine a bheadh ag leanamhaint na coise agat nó ag gnáthughadh áite le hionchas go bhfaigheadh síntiús éigin: gobadán: geócach: duine formadamhail. Anois go bhfuil sé gannachúiseach daor, is iomdha tnúthaire tobac tímcheall duine a bhíos ghá chur i léith cuid d’fhagháil. Riamh ní fheaca in aon chuideachtain é ach ina tnúthaire, deoch níor chuala riamh dhá ghlaodhach aige: ina maidrín ag súil lé digh ós gach éinne. Tnúthairidhe gur mór leó cianóg do bheith ag éinne ach aca féin: dream formadamhail gobadáin.’

tnúthaire: ‘*f.4.* falpair, maoideóir, braithidhe, braithire. Tnúthaire diabhall nár bhain an croiceann de scilling riamh ach ag faire ar bhrabúch d’fhagháil ort-sa nó orm-sa: braithidhe: duine a bheadh ag boladhghail ’sag faire cao búntáiste do bheith aige ar bholg duine eile. Ní shanntuighim ceárd an tnúthaire: ní bhíonn formad agam leis an té a bhíos ag brath ar rud nó “ailp” d’fhagháil go bog ar chúnntas dhuine eile. Tnúthairidhe is mó a ghnáthuigheas an tigh tábhairne sin, fan uatha: daoine a bhíos ag brath ar chao dighe ó dhaoinibh eile.’

tnúthaireacht: ‘*b.3.* ionchas, súil lé rud éigin: failpéireacht, stocaireacht. Do shaoghal caithir ag tnúthaireacht ameasc gach aon chuideachtan: ag brath ar an rath rud éigin d’fhagháil. Ag tnúthaireacht ar dhígh: géócaireacht: ag faire is ag brath mar bheadh

madra ar chnámh. An tnúthaireacht ag gabháil lastuas de, an scian tríd an gcroidhe aonnidh ag éinne ach aige féin: an formad: motháilt na droch-aigne dhá ghríosadh ag maith, ionmhas, buac dhuine eile.'

tnúthaireacht: 'b.3. ag súil lé rud in aisce, súilidheacht, gan bhuanacht, in ionchas an nidh ná bíonn tuillte. Chuir sé dhe, d'aithnígh sé nár bh'aon tairbhe dho beith ag tnúthaireacht ar dhaoinibh a bhí ag tnúthaireacht iad féin: ag brath ar rud d'fhagháil ar a mbolg. Nách táir an béas aige a cheann do sháthadh i ngach cuideachtain ag tnúthaireacht: in ionchas go bhfaghadh rud dá dhruim. Bhíos ag tnúthaireacht ar thoitín ó bhíodar chomh flúirseach aige, is gan gal lé seachtmhain agam: ag dul i dtreó cinn d'fhagháil.'

tnuthálaidhe: 'f.4. geócach, bíodán: gobadán: éadaire: formadach. Chaithfeadh an tnuthálaidhe sin a lá sa shaoghal id chosaibh ag súil sag braitheól go bhfaigheadh sé brúscar éigin: gobadán: duine a bhíos ag súil is ag déanamh a ghéir-dhíchill ar é féin do chur in iúil in áit ná bíonn fáilte roimis. Tnuthálaidhe gur mór leis lé n-a spriónnlaitheacht is lé n-a dho-chroidheacht éinne do bheith ag siubhal na talmhan ach é: duine go ngabhall sé tríd go cnámh bail do bheith ar neach eile.'

tnúthálaidhe: 'f.4. duine formadamhail, braithidhe. Ag rith ina thnúthálaidhe ó thigh go tigh féach cá bhfaghadh sé béile bídh: duine a chuireas é féin i dtreó a fhaghála ar gach slighe gur féidir leis cuimhneamh air gan allus gan náire thríd air. An chnáimhseáil is an formad a bhíonn ar an dtnúthálaidhe aon rud d'fheicsint ge n-a chomharsain: maoidhteóir: duine gur mór leis aon rud bheith ag éinne is go ngoilleann air.'

tnúthamhail: 'a. éadmhar: braitheólach, droch-aigeanta. Chaith sé seal maith go tnúthamhail ar imeallaibh na cuideachtan, uisce é n-a fhiaclaibh is gan aon rud ag imtheacht i nganfhios do: ag súil lé cion de n-a raibh ar siubhal. An béal bocht atá uirthi agus an formad lé mnáibh a cómharsan, ag cainnt go tnúthamhail ortha: éadmhar.'

tnúthamhail: 'a. formadamhail, mío-rúnda. Ní raibh ógánach sa cheanntar ná raibh tnúthamhail leis toisc an chailín álúinn a bhí aige, ní mór ná gur bh'fhearr leó marbh é: formadamhail, éadmhar. Bhíos ró-thnúthamhail, ná tuig gur duit féin a deineadh an

saoghal so ar fad: bhí súil leis an mbreis agat i neamhthairbhe daoine eile. Cad n-a thaobh aigne thnúthamhail do bheith mar sin agat gur b'olc leat maith éinne: mío-rúnda.'

tnúthán: 'f.1. éad, dúil mhairbh: ionchas. Ag tnúthán liom-sa atá sé ar an gcogaint bhealaidheacht atá air nuair chidheann sé rud agam-sa is gan faic aige féin: in éad: is mór leis é do bheith agam agus cráidteach dhóighte ar a chroidhe féin. Ag tnúthán lé greim bídh an t-aindeiseoir chaith sé an lá: ó chúl-doras go cún-doras, is a chaolán tríd siar lé hocras: i ndóchas lé rud éigin trí eineach na ndaoine. Me ag tnúthán leis an té is baoghalach ná fillfidh mo shúil anáirde leis go láidir. Ar an dtnúthán a mhaireann sé: síor-lorg.'

tnúthán: 'f.1. ionchas, súil, dóchas, muinghín i bhfagháil, mianadh; duine formadamhail, braithide (braithire), éadaire. Faid agus tá aithne agam ortní fheaca thu ach ag tnúthán ar rud éigin i gcómhnaidhe: ag braith air is ag dul ina threó gan náire ná iongadh. Ag tnúthán lé biadh mar bheadh ainmhidhe ocrach: ag súil leis is a grith ina dhiайдh. Dá luighead a bhíonn agam, agus dá dheacracht a thuillim é, bír ag tnúthán liom, sé an scian trís an gcroíche agat é bheith agam: bíonn formad is éad ort liom: suathann sé thu. Ghlac tnúthán an domhain é leis an mbata greanta a bhí agam, agus a thuisce is fuair an chao air ghoid é: dúil aige ann. Dá n-itheadh sé fiche uair ist ló bheadh sé ag tnúthán lé biadh: ag súil go bhfaghadh sé dá mbeadh ar siubhal. Mhaireann sé ar an dtnúthán, ní fheicfeá faic dá chuid féin choidhche aige: ar an méid a gheibheann sé lé déircíteacht is ghá chur féin i dtreó gurb eól go mbíonn ar an lorg. Níl a thnúthán lé héinne, tá a dhóthain mór aige féin: níl sé ag súil lé haon rud ó neach ná ag brath air.'

4.11 Blúiríní Scéalta

Anuas ar na cineálacha samplaí eile in CCC, i.e. seansfhocail, cora cainte, tagairtí ón mBíobla, rainn filíochta srl., tagaimid ar roinnt blúiríní scéalta ann. Blúiríní mar na cinn seo a leanas:

brúch: "Tháinig fear lá ar bhrúch a's í ghá grianadh féin ar charraig. Scioibh sé scabal a bhí i dtímeall a gualann mar ná féadfadh sí scaramhaint leis an scabal. Do ráinig clann

aca. Lá amháin nuair chuaidh sé anáirde sa frathachaibh mar a raibh lón a theastuigh uaidh. San áit chéadna do bhíodh ar scabal aige i bhfolach ón mbruich. Thuit sí anuas i nganfhios do. Chómh luath a's chonnaic an bhrúch an scabal shnap í agus d'imthigh lé fé dhéin na mara. Ní fheacthas riamh ó shoin í. Ródhéisidheanach don bhfear nuair fuair sé amach cad do thárlaidh”.¹⁹¹

cleas: ‘Bhraitheadh Muiris na Tinte go mbíodh duine éigin as an dtigh ag bradghal ar an dté (agus é gannchúiseach daor an uair sin an tseanshaoghaile) agus ’sé cleas a rinne sé ná cuil bheó do chur i stán choimeádta an té. Ar theacht abhaile dho ní raibh aon chuil ann – cóimhartha gur oscail duine éigin an stán! agus ’sé adubhairt sé: “A Mháire, cá bhfuil an chuil?”: beart ghasta, ghlic.’ [cuimhneamh: ““A Mháire, cuir an chuil i stán an té agus má éaluigheann aonne ar eulóchaidh an chuil, annsan beidh a fhios agat an mbítear ag bradaidheacht” – “mo ghradhain do chuimhneamh, a Mhuiris”: machtnamh iongtach.]

cloichín: ““Cuir an chloichín seo id bhéal”, ars an sagart le Piaras Firtéar “agus ní féidir tu do chrochadh choidhche”. Do réir ráta (béaloidis) sin mar bhí agus faid chongaibh sé ’n-a bhéal í ní chumangóchadh an sealán air, go ndubhairt dhá caitheamh as a bheul nach dtabharfaí “fuílleach na croiche” air fén choidhche.”

cloigneachán: ““Cad is pósadh ann?” ars an sagart le buachaill mór a bhí i mbuidhin an Teagaisc Críosdaidhe – “fear agus bean do cheangal le córda/ iad do chaitheamh síos ar thóin seanchófra/ a's srathar na haindeise d'fhágaint go deó ortha”. “Cloigneachán!” do scread an tAthair Seán a's amach an doras leis: amadán “croidhearg”.

creidhill: ‘Creidhill cheárdchan air, an t-ainscian, an íde is measa a imtheóchadh air tá sé tuillte aige (mallacht uathbhásach). (Deirtear gur seachtar gaibhne a bhí i dtreis, gur marbhuiigheadh dreatháir dóibh a's lé gach buille do bhualidís ar an inneón go n-agraídís oirbhire Dé ar an té a dhein agus ar bhain leis, gur bh'uathbhásach an íde a imthigh ar an té a dhein agus ar a mhuinntir).’

eachtra: ‘Agus sinn ’n-ár leanbhaíbh chaithimis na hoidhcheannta cois teine fé dhraoidheacht agus an seanduine ag innsint na n-eachtraidhthe a bhí cloiste ós na seandaoinibh. Bhí eachtra aige ar fhearr a chaill sparán airgid ag teacht ó Chorcaigh tar éis ime do dhíol, agus a fuair san áit chéadna é, gan coinne, bliadhain ina dhiaidh san agus an féar fásta timcheall air: scéal.’

¹⁹¹ Tá leagan eile den scéal seo in Wagner/ Mac Congáil (1983: 110).

glas: ‘An Għlas Ghaimhneach, bó áirighthe i ndéscéalaidheacht. Ní raibh aon teóra le n-a tál bainne. Áthrach ar áthrach líontaí as a húth. Ón bhfarraige (deirtear annso) do thagadh sí, ag ittheadh ar an bhféar budh shaidhbhre sa cheanntar (baile an Fhiadhanaigh annso mar a gcodladh sí idir dhá stacán mhóra chloch i rith na feadha san tagtaí a’s crúidhtí í. Tháinig cailín a’s criathar aice gur thosnuigh ghá crudhadh gur dhísc bainne na Għas-Għaimhnighe. As san amach ní feachtas ar talamh i),’¹⁹²

mágach: “Dia na ngrást linn nách geairrid mar bhás é, fear tighe a’s áite, im a’s bláthach a’s leanbh breagh mágach” (Bean d’beit ħażżeek bállidhe ar bhiadh, a’s cuigeann díreach deunta aice, thogħadar san a bó in olc. Tháinig an fear ag fuasċait na bó a’s mħarbhugħeddar é. D’imthiġġ an bhean ón dtiġi fé dhéin an chorpáin. Ar flilleadh di bhí an chuigeann laitighthe, a’s an leanbh stollta as a chéile ag cráin mhuice, d’fhág san gan chéile, gan leanbh gan chuiginn i).’

4.12 Leasainmneacha

Tá cuid mhór tagairtí san fhoclóir do leasainmneacha. Luadh na tagairtí do SO fén mar ‘Seán an Chóta’ agus ‘Seán an Chlóca’ i gCaibidil a dō¹⁹³, ach tá raidhse tagairtí eile sa téacs do dhaoine eile agus, i gcás cuid acu, do na fáthanna gur tugadh ainmneacha áirithe orthu. Tá cló iodálach curtha agam ar an leasainm áirithe:

bóithreán: ‘Bhí aithne agam ar fhear go dtugaidís *Seán Bhóithreáin* air.’

breágh: “Lá breágh”, beannachadh coitcheann seadh an rádh so. Leasainm (lé deireannaighe) ar dhuine ag tosnughadh ar an nGaedhilg d’fhogħluim.”

breasal: “Breasal” leasainm ar dhuine go mbíonn fonn troda air.”

bríste: “Brístin”, leasainm a tugtar ar dhuine ná bíonn a thriubhas nó a bhríste fáiscighthe mar budh cheart air: nó fear geárrchosach: íseal, téagartha.”

broc: “Broc”, leasainm ar fhear bheathuighthe, téagartha gan bheith árd.”

¹⁹² Tagaimid ar roinnt tagairtí eile don Ghlas-Għaimhneach (agus ‘Għaibhneach’) chéanna san fhoclóir, mar atá: léir-: ‘An Ghlas-Għaimhneach (ghamhnach), bó na farraige a léir-tháladh ar għad neach dá gcrudhadh i: a thugadh a cuid bainne go fairsing, flúirseach’; **scamħárdach:** ‘Bó thar bhuaibh dob eadħ an Ghlas Għaibhneach, bħiðu crudh scamħárdach aice: bainne saidhbhir, soċċrach.’

¹⁹³ Féach fonótaí 12 agus 13.

brothall: ““*Brothall*”, leasainm ar dhuine go mbíonn móran cainnte aige, a’s gur bhreágh leis babhta bruighne do bheith ar siubhal.”

buailteán: ‘Leasainm ar dhuine a bhíos trodach.’

cácar: ‘Tugtar *cácar* mar leas-ainm ar dhaoinibh go dtéidheann díobh.’

cáis: ‘Bhí aithne agam ar fhear go dtugtí “*Cáis*” mar leasainm air, toisc gur ith se *cáis* do caitheadh isteach leis an muir agus ná h-íosfadhbh aonnie eile í.’

captaen: ““*Captaen na luatha ó Bhaile an Ghoilín*” a tugadh mar leasainm ar dhreatháir Thighearna Fhinn Trágha in amhrán, toisc nár thug fóghnamh riamh uaidh.’

casóg: ““*Seán na casóige*” leasainm ar fhear toisc a mhinicighe a bhíodh sí air gan ghádhtar. “*Na Casóga*”, mar leasainm a líontighe.’

cearc: ‘B’aithnid dom duine, bheidhleadóir go dtugtí “*an cearc*” mar leasainm air, toisc an ghlór chaoil lag a bhí aige.’

ciotach: ‘coitcheann an focal ‘*ciotach*’ mar leasainm.’

ciotóg: ‘Bhí aithne agam ar fhear, siúinéir, de Mhuinntrí hUigin go raibh “*Ciotóg*” mar leas-ainm air, agus seo mar deirtí le haon rud budh leis, “úirlisidhe etc. *Chiotóig*”; chonnac an *Ciotóg* leis, ann.’

cleas: ““*Liam na gCleas*” an leasainm a tugtí ar mhúinteoir a bhí ar an mBuailtín ar an áilteóireacht gan diobháil do bhíodh aige leis na daoinibh ghá dtarang chun cártaidhe agus braoin dighe: a chuireadh a chuid meallaireachta ’n-a luighe ortha.’

cleas: ‘Bhíodh *cleas* ag “*an Yorcar*” a dheineadh sé le dhá hata agus cheithre mionphrátaidhe – iad go léir do chur fé aon hata amháin i ngan fhios don súil: clisteacht láimhe: basluas.’

cnagaire: ‘Bheidhleadóir de Mhuinntrí Ghearrailt a bhí ar an Gorta Dubha i bParóiste an Fhirtéaraigh go raibh “*Seáinín an Chnagaire*” mar leasainm air, toisc gur b’annamh do raghadh sé abhaile ó chóisir ná ó bhainis gan *cnagaire* chun a leighiste ar maidin – ruibe de chlúmh na con san ar n-a bháireach, mar deireadh sé féin “ar eagla na heagla”.’

cnagarnach: ““Seadh”, ars an *Boighlear* (fear annso dúlmhar i bhfeóil go bhfeóil an leasainm sin air) “anois go bhfeóil an tseantáille i ngiorracht dom, beidh cliathán slán na muice ar crochadh os chionn teineadh agam, agus beidh *cnagarnach* agam uirthe, Domhnach a’s dálach: glór m’fhiacula ghá hitheadh, agus cuid mhaith dhi agam.”

cogaint: ‘Tá fear ar an mBlascaod go dtugtar “*Cogaini*” mar leasainm air lé n-a dhúil “scine” (tobac) do bheith fén fhiacal aige.’

coillteán: ‘Do bhíodh fear annso fadó go dtugtí “*Coillteán*” mar leasainm air, toisc go raibh sé áitriughthe chun ainmhithe do choilleadh.’

coltar: ‘Is minic a tugtar “An *Coltar*” mar leasainm ar dhuine.’

cómhlann: ‘Ón lá gur baisteadh “*Muiris an Chipín*” ar Ghearaltach an Leitir Iubhaighní i gcómhlann aon fhir ach as chómhlann beirte, bhí beart ghá ionsaidhe: troid le claidhtibh.’

cródh: ““*Séamas an Chródh*”: Séamas mac an fhir láidir go raibh “an *cródh*” mar leasainm air.’

dath: ““*An dath*”: leasainm ar dhuine coirtiughthe dubh ar a cheannaghthaibh.’

deifridheacht: ‘Is eol dom fear gur leasainm do “*deifridheacht*” toisc go gcaithfeadh a lá is a shaoghal ag argóint nó ag cur ceisteann.’

dileas: ““*Cácar*” an leasainm atá air ach an ainm dhileas “Seán”: an ainm ó thuíis.’

féasóg: ““*Féasóg*”, leasainm ar fhear go mbíonn fás fada gan bearradh choidhche ar a agaidh.’

feileamhnach: ‘Nách feileamhnach an leasainm do tugadh air, “*caimiteónach*”, mar tá sé cam: oireamhnach: iomchubhaidh.’

fiogach: ““*An Fiogach*” leas-ainm d’fhear a ghaibheas trí anródh go neamhspleádhach.’

geannc: ‘Tugtar “*Geannc*” mar leasainm ar dhuine go mbíonn srón dá shaghas air.’

glinn: ‘Fear ann gur leasainm do “*Coilidhe*” a bhí chór mh glinn radharcach san go gcomhairigheadh sé caoire ar oiléán sé míle ón míntír: géar, glanradharcach.’

gliúc: ‘Gliúc leasainm ar dhuine a bheadh ag féachaint fé mar bheadh an radharc go lag aige.’

iarann: ““*An t-Iarann*” leas-ainm do tugtar ar fhear chruaidh, fuinneamhail.’

lá: ““*Lá breágh* (laetheanta breághtha)”: leasainm fén nGaedhealtacht ar thosnóchair Gaedhealainge! toisc gur beannachadh coitcheann é a’s go mbíonn ar an gcéadchuid d’fhoghlumuighid.’

láimhín: ““An bhfuil aithne agat ar “*Láimhín*” .i. leasainm ar dhuine go mbíonn a lithéid aige.’

lóistín: ‘Ní bhfaghadh aon fhear siubhail lóistín ar an mbaile céadna, sin é fáth gur baisteadh “*dún an doras; mích an solas*” air, lé doicheall roim thaisthealaidhthe.’

maídhrín: ““*An maidrín ruadh*”: leas-ainm do tugtar ar fhear bheag go mbíonn an dath san air.’

maoínín: ‘Duine gur béas aige “mo ghrádh” is “mo laogh” do bheith go mion minic ’n-a bhéal, tugtar “maoínín” air.’

múch: ““*Dún an doras, mích an solas*” leas-ainm bhaile ag bacaigh in áit ná biodh fálte rómpa.’

pápa: ‘Bíonn Pápa mar leas-ainm ar dhaoinibh.’

pocaire: ““*Pocaire*” leas-ainm ar duine go mbeadh “éadan reatha” air, dána, do-thuigseanta.’

puirt: ‘ainm d’fhear bheag, ghasta, thóstalach. Budh mhaith an rinnceoir *an puirt*: leas-ainm.’

puth: ““*Maidhc puth*” leasainm ar dhuine a bhíos ag puthaireacht.’

rón: ‘Féach an ceann rón atá air: ceann beathuighthe, sleamhain, leas-ainm ar fhear í seal téagartha, “*an rón*”.’

séithleach: ‘leas-ainm ar dhuine lom, caol.’

sidheóg: ‘*Sighle* nó *Beití fir*.’

síle: ‘duine piteánta, garsún ceanamhail ar coidreamh cailínidhe nó cailín ceanamhail ar choidreamh buachaillidhe.’

sleaidí: ‘*Liam Sleaidí* leas-ainm ar dhuine bhocht.’

smiotaim: ‘Tugtaí “*Muiris an Chipín*” air de chionn gur smiot sé a cloidheamh siar go cipínidhe an domchlaidh i gcath: gur bhris ina smut is ina smut é.’

smuilcín: ‘Smuilcín an leas-ainm a bhí againn air toisc a shrón: buachaill go raibh srón ghearr, leathan air.’

spóirtín: ‘Spóirtín an leas-ainm a bhí air: fear lé ragairme, caitheamh airgid go háit (spóirt).’

stráice: ‘Tugadh “*an stráice*” mar leas-ainm air, an lé n-a dhiomhaointeas is leisce é nó lé tóirtéis é?’

tradhna: ‘Tugtar mar leasainm é ar dhuine go mbíonn glór garg géar aige.’

4.13 Cluichí

Tugann SO léargas dúinn, i gcuid de na samplaí, ar na cluichí a bhíodh ar bun aigsean agus ag na páistí eile agus iad óg, agus cluichí a chonaic sé á n-imirt ag na páistí agus é ina dhuine fásta:

aon-chosach: ‘Chím leanbhaidhe ag imirt “leapacha” ar an sráid d’aon-chois: ag léimeadh ó chearnóig go cearnóig ar chois amháin.’

balla báisín: ‘(**balla bogha báisín**) leanbhaidhe beirthe ar lámhaibh a chéile a’s iad ag casadh mórdtímeall.’

caitheamh: ‘Bhuaidh an garsún réul ar chaitheamh anáirde ós na garsúnaibh eile: cluiche go rúidtear pingnidhe san aer agus go nglaodhann an caitheoir “ceann” nó “cláirseach”.

clúmh: ‘Dheinimís liathróid de chlúmh na mbó, dhá liathradh dhúinn idir ár lámhaibh agus rann ar siubhal gurbh é a túis, “liathram, liathram ... ” agus sinn ag caitheamh ár silidhe air chun a dhlúighthe ar a chéile go mbíodh daingean fuinnte.’

codladh: ‘Deir garsún beag lé n-a cheaisil (saghais bréagáin go ndéanamh an phéire go mbíonn spiara air ar a gcuirtear ag rinnce i) nuair thógann ar a bhais í, glór dóirdánach aice, ar nós beiche, ag rinnce dhi – tá mo cheaisil ’n-a codladh! ’

cófra: ‘Seo rann a bhíodh againn agus sinn óg, ghá fhéachaint lé chéile cé b’fhearr agus budh thapamhla chun a ráidhte, gan rith focail do dhul air: “dhoirt cearc uisce pic uisce, cois, cois an chófra” (é d’aithris agus d’athaithris gan stad).’

corrach: ‘Féach, na rudайдhe beaga (leanbhaidhe) ag súgradh ar an maide corrach: maide nó clár curtha treasna tímcheall a láir ar thaca agus duine ar gach ceann di síos suas san aer.’

daillicín: ‘cluiche aithnideamhail leanbh go gcuirtear púicín ar shúilibh dhuine den bhfuirinn agus é ar thóir na coda eile d’iarraidh breith ar an gcuid eile: púicín (dallaphúicín).’

lasóg: ‘Dheinimís, leanbhaidhe, lasóga (spríosanna) cois claidhe nuair bhímís ag aodhaireacht tréis scoile agus is minic do bheirbhíghimís luthóg (phrátaidhe) ortha: teinteacha beaga lé cipinidhibh as préachaibh sceach a’s aitinn.’

neadaireacht: ‘Is minic do shéanamair an scoil is go ndeaghamaír ag neadaireacht ó ghort go gort is ó thor go tor: ar thóraidheacht nead.’

pí-pá-pin: ‘Cuirtear rud i bhfolach i gceann den dá dhorn, buailtear méar ar cheann aca agus annsan ar an gceann eile go dtí chéad dom airís agus leantar de “pí-pá-pin, oscaltar an dorn is tá annsan”, ag teangmháil lé dorn ar gach focal. Ní haon imirt pí-pá-pin í seo: imirt leanbh.’

seile: ‘Caith do sheile ar do mhéir is buail annsan í .i. sin mar déintear (idir gharsúnaibh) mar dhubhshláin troda.’

sprioc: ‘Na garsúin ag imirt airgid ar spric: cloch nó eile mar thríall; an té is giorra a chaithfeadh di is aige bheadh caitheamh anáirde, agus lé n-a linn ghoirfeadh sé “ceann” nó “cláirseach”, an méid bonn a iompóchadh mar sin budh leis iad.’

trasna: ‘Abair é seo gan t’anal do tharrac – “is deacair stoca stracadh trasna” airís agus airís.’

trom: ““Trom trom cad tá os do chionn?” (cluiche leanbh): caillfir muna gcuirir amach cad atá i láimh an té a labhras agus tusa ar do ghlúinibh is ar do dheárnachaibh.’

Mar is léir ó na samplaí anseo istigh, caint dhíreach atá in an-chuid d’ábhar an fhoclóra, gné a chuireann go mór le stíl scéalaiochta an tsaothair. Tugann an stíl seo beocht agus comhthéacs ceart do na focail, ceann de na príomhaidhmeanna a bhí ag SO agus é ag gabháil do CCC, mar a chonaiceamar in 3.1:

Gheobhfar eólas uatha gurb é áis na bhfocal atá in easbaidh ortha agus connus mar budh ceart earraidheacht do bhaint asta i gcúrsaidhibh na beatha lasmuigh den nGaedhealtacht.¹⁹⁴

Feictear comharthaí ceiste in úsáid amanna ag SO nuair, is dócha, a bhí amhras éigin air i dtíobh leaganacha, lena n-áirítear:

corp: ‘Ar rádh leis ná raibh aon mhaith ann, d’éisigh sé as a chorp (chugham etc.): tháinig buile a’s aonach (? éanach) air.’

¹⁹⁴ Litir ó SO chuig an Aire Oideachais, 20/09/1938 (N566 II).

crochta: ‘Nách crochta an teanga atá aice? is deacair a húrlabhra do thuigsint le teinne (?) tineadh)¹⁹⁵ nó blas neamhghnáth.’

faghaid: “Muna b’ é an té seo d’áirighthe go bhfuil ag tagairt dó chomh dorcha, doiléir ní fheadar” – “do thuairm i bhfaghaid airís”: gan tur (?) “wide”).¹⁹⁶

feirm: “Connas bhráithir?” – “i bhfeirm (?) foirm) mhaith”: slán, beó, beatadhach”; ‘I lár na hoidhche chonnaic sé amhailt i bhfeirm (?) foirm) muice, a scannruigh an t-anam ann: i ndénamh: i grot.’

feóthanach: ‘Raghad ar an bhFeóthanaigh ambáireach: baile (?) gaothmhar) cois farraige.’

fiar: ‘Is aoibhinn is is fairsing an radharc atá ó fhiar (?) fhíoghar)¹⁹⁷ an chnuic: as an áit de go dtosnuigheann an claoindh: an mullach.’

plámásach: ‘Chuiris chuige plámásach go maith, níl aon bhaoghal ná gur chuiris galbhan (?) gallúnach) fé: bog-bhriathrach.¹⁹⁸

plaosc: ‘Ní ná go bhfuil (?) ní hé ná fuil) plaosc do dhóthain ort, go dteipfeadh ort rud sonaoideach mar sin do dhéanamh: ceann mór go leór, gur chóir go mbeadh inchinn ann.’

tnáchadh: ‘f. (*chta*) (?) tnáthadh.)’

4.14 Tá tal

Tá níos mó i gceist le CCC ná cnuasach focal. Is téacs uileghabhálach é, atá mar thaisce d’oidhreacht bhéaloidis is léinn, agus de shaibhreas na Gaeilge, ina bhfaighimid cur síos ar shaol mhuintir na háite, ar conas an aimsir a thuar agus an fharraige a léamh, ar chúrsaí polaitíochta na hÉireann, chomh maith le cúrsaí polaitíochta agus cogáiochta idimáisiúnta. Tá léiriú, chomh maith, ar aigne agus ar éirim SO, ar an tuiscint a bhí aige ar an seansaol agus ar an saol comhaimseartha, agus ar a thuiscint ar an saol náisiúnta

¹⁹⁵ “tuin” (tuin chainte), is dócha atá i gceist anseo.

¹⁹⁶ Ag breathnú ar bhrí na habairte seo, agus an chaoi nach bhfuil bunús le tuairim an duine, feictear domsa go bhfeadfadh ‘wide’ nó ‘void’ a bheith i gceist anseo.

¹⁹⁷ B’fhéidir gur “faobhar” atá anseo, i.e. faobhar ‘an chnuic’.

¹⁹⁸ Sa mhéid is gur ag tagairt do phlámás atáthar anseo, ritheann sé liom go mb’fhéidir go bhfuil ‘galbhan (?) gallúnach’ bunaithe ar “soft-soap” an Bhéarla, a úsáidtear le plámás a léiriú (cf. ‘don’t be soft-soaping him’).

agus ar an saol idirnáisiúnta. Ag tagairt do CCC, deir Seán Ó Lúing (1985: 36), ‘tá foraois eolais i bhfoclóir Sheáin ar chleachtadh agus cóir agus imeacht na Gaeilge.’

Tá sé léirithe sa chaibidil seo gur foirmeacha na Mumhan iad, i bhfianaise DPI, PPI, GCD agus GNM,¹⁹⁹ an-chuid de na foirmeacha teanga a fhaighimid in CCC. Ach, mar a chonaiceamar i gCaibidil a trí (3.1), agus i gCaibidil a cúig (5.4), léiriódh amhras i dtaobh an ábhair fírin a bheith bainte le Ciarraí. Go dtí go ndéanfar anailís cheart ar ábhar CCC, áfach, ní féidir linn a luach mar chnuasach de Ghaeilge Chiarraí a mheas. Taispeánadh, áfach, i gCaibidil a trí (3.10), go bhfuil an-chuid tagairtí bíobalta sa téacs agus rainn as dáonta agus amhráin, a thugann tacaíocht don amhras sin. Mar an gcéanna, cruthaíonn iontrálacha den chineál seo amhras i dtaobh mhodh oibre SO, agus a mhaíomh gur ag bailiú ó sheandaoine an cheantair a bhí sé. Cuirtear leis an amhras sin má smaoinítear go raibh cónaí air i mBaile Átha Cliath, agus ní i measc sheandaoine a cheantair dhúchais, go dtí gur shocraigh sé go bhfillfeadh sé ar an nGaeltacht i 1937.²⁰⁰ Ina theannta sin, má bhreathnaímid ar chnuasaigh eile de leaganacha canúnacha, feicimid an nós iontu ainmneacha na gcainteoirí a thabhairt mar chruthúnas gurb ann do na leaganacha, nós nach bhfeicimid in CCC.²⁰¹

Tá, ar an ábhar sin, idir mhór-bhuntáistí agus mhór-mhíbhuntáistí ag baint le CCC. Fuair mé nóta ón Dr Éamonn Ó hÓgáin le déanaí²⁰² inar iarr sé orm, sa mhéid is go bhfuil CCC clóscríofa, léite agus pléite agam, machnamh a dhéanamh ar ábhar agus ar chineál an tsaothair. Seo mar a bhí sa nóta uaidh:

Conas a mheasfá ábhar an fhoclóra dá mbeifeá á úsáid i bhfoclóir stairiúil?

- (i) ábhar ó bhéal na ndaoine.
- (ii) ábhar ó scríbhneoir cruthaitheach ar cainteoir dúchais Muimhneach é (ar aon dul le Máirtín Ó Cadhain – cainteoir dúchais a scriobh go

¹⁹⁹ Agus foirmeacha Chiarraí i bhfianaise na n-áiteanna a luaitear leis na foirmeacha sna téacsanna sin.

²⁰⁰ Féach 3.1.

²⁰¹ Mar shampla, de Bhaldraithe (1945: xii), Ó hAnnrracháin (1964 : vii), Stockman (1974 : v) agus Mhac an Fhailigh (1968: xv).

²⁰² 13/05/2008.

cruthaitheach agus a bhain úsáid as focail etc. ón gcaint bheo mar aon le hábhar lasmuigh di sin ó thaobh ama agus ceantair).

- (iii) ábhar amach as foclóir, e.g. an Duinníneach.

I bhfianaise a léirítear sa tráchtas seo, bheadh sé deacair CCC a shuí faoin gcéad nó faoin triú rogha. Is dócha, mar sin, go rachadh sé faoin dara rogha níos éasca ná aon cheann eile, i.e. gur ábhar ó scríbhneoir cruthaitheach ar cainteoir dúchais Muimhneach é, a bhain úsáid as focail agus nathanna ón gcaint bheo mar aon le hábhar lasmuigh di, atá ann.

5. Eagarthóireacht

De réir mar a tháinig ábhar isteach ó SO, ba léir go mbeadh cuid mhór eagarthóireachta le déanamh ar an téacs sula mbeadh sé réidh le cur i gcló. Nuair a bhreathnaigh Mícheál Ó Gríobhtha ar an gcéad chuid a tháinig isteach, tharraing sé aird ar an easpa slachta agus oird a bhí uirthi, agus léirigh sé amhras faoi oiriúint nithe áirithe ann. Mhol sé go gceapfaí duine a mbeadh cur amach acu ar an gcanúint agus taithí acu mar eagarthóir. Socraíodh go dtabharfaí ról an eagarthóra do RÓF ('Fiachra Éilgeach'), eagarthóir leis *An Gúm*.

5.1 RÓF (1871 – 1957)

Ba shaofhraí ar son na Gaeilge é RÓF, a bhí bainteach le heagraíochtaí éagsúla Gaeilge agus a raibh ardaíní air mar eagarthóir.²⁰³ D'oibrigh sé mar eagarthóir leis *An Gúm* agus i mí na Samhna 1936 fostaíodh é ina eagarthóir ar an dréachtleagan Gaeilge de Bhunreacht an Stáit a bhí á chóiriú ag Mícheál Ó Gríobhtha. Scríobh Breandán Mac Giolla Choille faoi RÓF agus a lámh throm mar eagarthóir ar an gcáipéis úd, rud a thuigfear níos fearr agus an eagarthóireacht a rinne sé ar CCC pléite:

Is mar seo a d'oibrídís: Mícheál ag céadscríobh an téacs Ghaeilge mar aistriú cruinnbheacht ar an fhocláiocht dlíthiúil sa leagan Bhéarla; Risteard ag déanamh eagarthóireacht, alt ar alt agus focal ar fhocal, ar shaothar Mhíchil chun é a dhéanamh níos soiléite mar phrós Gaeilge nó chun é a thabhairt i gcóngar na gnáthchainte sa méid ab fhéidir é, gan baint de bhrí an bhunleagain ó thaobh an dlí de. Bhí láimh an-trom ag Risteard mar eagarthóir agus ní foláir nó bhí foighne an naoimh ag Mícheál. Tar éis na heagarthóireachta ar an chéad leagan, mar shampla, bhí na hathruithe chomh hiomadúil sin gurbh éigean do Mícheál cur chuige agus cónip

²⁰³ Le haghaidh sonraí beathaisnéise RÓF agus liosta de na heagraíochtaí Gaeilge a raibh baint aige leo, féach Breathnach/ Ni Mhurchú (1986: 73).

ghlan a scríobh amach a mbeadh ceartú Risteайд istigh inti sula bhféadfaí tosaí ar an dara dréachtadh.²⁰⁴

Ina theannta sin, chuir RÓF cuid mhór filíochta in eagair (filíocht na Mumhan ón ochtú agus naoú haois go príomha), agus rinne sé roinnt scéalta agus drámai a scríobh agus a aistriú.²⁰⁵ Bhí sé ina eagarthóir leis *An Gúm* go dtí mí an Mhárta 1941 nuair a thug sé faoi eagarthóireacht a dhéanamh ar CCC i gceart.²⁰⁶ Tá an chuma ar an scéal go raibh taithí ag RÓF ar scríbhneoireacht SO agus go ndearna sé eagarthóireacht ar an gcéad iarracht iriseoireachta dá chuid, ‘Cathrach Nua’, a cuireadh i gcló i *Sinn Féin* i mí Aibreáin 1911.²⁰⁷ Is léir nach raibh Seán Ó Lúing (1985: 11) cinnte cé acu ‘Fear Eagair’ nó ‘Fiachra Éilgeach’ a bhí i gceist leis an ‘FE’ a bhreac an t-eagarthóir ar an mbunscríbhinn:

Chuir sé ‘Dubh Dorcha’ mar ainm cleite leis an aiste. Chuir fear eagair Gaeilge an pháipéir, más sin é a chiallaíonn F.E. (murab é ‘Fiachra Éilgeach’ é), chuir sé nóta ag deireadh na haiste ...

Ní raibh an t-amhras céanna ar Thadhg Ó Dúshláine in EDD (1991: Brollach v) maidir le haitheantas eagarthóir an ailt. Maíonn seisean gurbh é RÓF an t-eagarthóir. Réiteodh sin leis an nós a bhí aige an síniú ‘FE’ (nó ‘FÉ’) a chur le nótaí eagarthóireachta in CCC. Bhí díospóireacht bheomhar idir SO agus RÓF, chomh maith, ar úsáid cheart focail Ghaeilge, díospóireacht atá i gcló faoin teideal ‘Comóradh nó Súgradh?’ in EDD (1991: 53-57).

Ar an 30 Aibreán 1936 tháinig an t-ábhar a bhain leis an litir ‘A’ de CCC chuig oifigí na Roinne Oideachais. Cuireadh amach chuig RÓF é go bhféadfad sé tuairisc a scríobh ina

²⁰⁴ Mac Giolla Choille (1988: 64).

²⁰⁵ Tá ainmneacha na scéalta agus na ndrámaí a scríobh agus a d'aistrigh sé, agus a d'fhoilsigh *An Gúm*, le fáil i gcatalóg *An Gúm* (Mag Shamhráin, Antain [eag.] (1999)).

²⁰⁶ Níl aon tagairt ag Breathnach agus Ní Mhurchú (1986: 73) do RÓF mar eagarthóir ar CCC. Ní thagraítear dó ach oiread in aon cheann de na heagráin eile de *Beathaisnéis* (Breathnach/ Ní Mhurchú 1990, 1992, 1994, 1997; Ní Mhurchú/ Breathnach (1999, 2001, 2003) sa rannán a bhaineann le ceartúcháin agus leasuithe ar eagráin níos lúaithe.

²⁰⁷ EDD (1991: 24-25).

thaobh, agus an tuairisc a chur ar fáil do Choiste Comhairleach na Roinne Oideachais. Ar an 18 Bealtaine 1936 fuair An Roinn an tuairisc sin ar an litir ‘A’ uaidh. Cé ‘gur rud foghanta atá ann’ cheap sé ‘nach beag a mbeidh d’eagar le cur air.’ Leag sé béis ar scríbhneoireacht SO agus ar an gcaoi a raibh sí brúite le chéile, gan dóthain spáis fágtha idir na línte le haghaidh nótaí eagarthóireachta. Ina theannta sin leag sé béis ar litriú na bhfocal:

Tá an leitriughadh bunoscionn le riaghail an fhoclóra²⁰⁸ go minic, agus ba mhór an nídh an scéal do leigheas i dtosach bára: connus, ceud, ceudna, deunta, eudach, B’l’Áth Cliath, an diall (diabhal), mhachtnófi etc. etc. etc. Tá na céadta nidh den tsórt san aige, agus ní fearr a bheith dá mbreacadh.²⁰⁹

Tá cuid de na focail a luann an t-eagarthóir, mar shampla ‘B’l’Áth Cliath’ agus ‘an diall’, ina leaganacha canúnacha a thugann leid faoin gcaoi a bhfuaimnítear sa cheantar iad. Ní dóigh liom gur moladh stuama a bhí sa mholadh an litriú de réir ‘riaghail an fhoclóra’ a chur i bhfeidhm, go háirithe sa mhéid is gurbh í príomhaidhm SO agus CCC á chur le chéile aige, an Ghaeilge mar a bhí sí á labhairt ag na seandaoine a bhailiú. Agus é i mbun na hoibre scrios RÓF na leaganacha seo amach agus cuireadh ‘Baile Átha Cliath’ agus ‘an diabhal’ ina n-ionad. Ní chabhródh an litriú ‘foclóra’ seo leis an té a bheadh ag iarraidh staidéar canúnach a dhéanamh ar an nGaeilge labhartha.

Ní díreach an dá fhocal sin a scriosadh amach chun leagan ‘foclóra’ (neamhchanúnach) a chur ina n-ionad. I measc na samplaí coitianta eile a fheicimid tá: ‘tréis’, a d’athraigh RÓF chuig ‘tar éis’, ‘sáipéal’ chuig ‘séipéal’, ‘dréir’ chuig ‘do réir’, ‘cruisteach’ chuig ‘cur isteach’, ‘tarraic’ chuig ‘tarraigte’, ‘scríg’ chuig ‘scríbh’, ‘Abrán’ chuig ‘Aibreán’, ‘thar n-ais’ chuig ‘thar ais’. Bhí RÓF sách dian tríd síos maidir leis na leaganacha seo a ‘cheartú’, ach más rud é go raibh sé chomh mór sin ar son ‘leagan folclóra’, cén fáth ar cheadaigh sé leaganacha mar iad seo a leanas?: ‘conntabhairt’, ‘compráid’, ‘greán’,

²⁰⁸ An amhlaidh gur FD a bhí i gceist ag RÓF anseo, nó litriú stairiúil?

²⁰⁹ CCC (SO) 9.

‘piont’, ‘pínt’, ‘siolpa’, ‘sprid’, ‘t’r’om’, gan trácht ar na leaganacha ainm briathartha ar fad dar críoch ‘-int’. Díreofar go mion níos faide ar aghaidh sa chaibidil seo ar eagarthóireacht RÓF (5.2).

I ndiaidh do RÓF an tuairisc a chur faoi bhráid an Choiste Chomhairligh, mhól siad gur chóir ábhar na tuairisce a chur in iúl do SO agus go molfaí dó comhairle an eagarthóra a leanúint. Ar an ábhar sin, scoladh litir chuige ar an 7 Iúil 1936. De réir mar a tháinig ábhar isteach ó SO, iarradh ar an eagarthóir breathnú air chun íocaíocht ina thaobh a cheadú nó a dhiúltú bunaithe ar chaighdeán na hoibre ann. Tagaimid go minic i bpáipéir na Roinne, mar sin, ar thagairtí den chineál ‘The Editor reported on 17th September, 1937 that it was very well done. A payment of £80 was made to the author on the same date’, ‘This was examined by Risteárd Ó Foghladha,²¹⁰ who recommended payment of fee. A payment of £96 was made to him on 7th December, 1937’,²¹¹ ‘A further instalment of MS was received on 1st March, 1938. It was examined by Risteárd Ó Foghladha and found satisfactory, and a further payment of £94:10:0- was made in respect of it on 14th March, 1938.’²¹²

Tuigeadh go mbeadh cuid mhór oibre le déanamh ar an téacs sula mbeadh sé réidh le cur i gcló, agus iarradh ar an eagarthóir tuairisc a thabhairt ar an tionchar a bheadh ag an eagarthóireacht ar thoirt an tsaothair. I mí na Bealtaine 1938, chuir RÓF in iúl gur cheap sé nach mbeadh laghdú níos mó ná deich faoin gcéad ar an saothar faoi mar a bhí sé cóirithe ag SO. Theastaigh ón Roinn Airgeadais méid an tsaothair a theorannú, áfach, agus eagraíodh cruinniú ar an 17 Meitheamh 1938 leis an ábhar a phlé. Moladh gur chóir iarracht a dhéanamh méid an tsaothair a laghdú:

²¹⁰ Feictear sa chomhfhreagras a bhainneann leis an obair seo, agus sa síniú a chuir sé agus deireadh curtha aige leis an eagarthóireacht, gur mar ‘Foghludha’ a litriugh sé fén a shloinne. Agus tagairt á déanamh ag an Roinn Oideachais dó feictear, mar is léir ó na tagairtí seo, gurbh é an leagan ‘Foghladha’ a d’úsáid siadsan.

²¹¹ Má bhreathnaímid ar Agusín a trí (7.3) feicimid nach bhfuil na dátaí seo ag teacht le chéile. An 9 Nollaig, seachas an 7 Nollaig, atá ann.

²¹² CCC (SO) 13-14.

... by the exclusion of common idioms and examples: and that to secure this the assistance of the Editor, and the influence of the General Inspector (Seoirse Mac Niocaill) be brought to bear on the author.²¹³

Ar an 20 Meitheamh tháinig Seosamh Ó Néill agus RÓF le chéile leis an gceist a phlé agus chuaigh siad trí chuid den ábhar a tháinig isteach ó SO. Seo an uair a ardaíodh ceist i gceart faoi nithe in CCC a bheith le cloisteáil lasmuigh de Chiarraí, agus d'iarr Ó Néill ar RÓF samplaí ar bith dá leithéid a scrios. Ag breathnú dúinn ar Chaibidil a trí (3.1), feicimid nach raibh an t-údar sásta in aon chor leis seo, agus nár éirigh rómhaith leis An Roinn iachall a chur air gan ábhar a bhí sa chaint lasmuigh de theorainneacha Chiarraí a úsáid.

Ar an 5 Márta 1941, d'éirigh RÓF as a phost mar eagarthóir in *An Gúm* agus thug sé faoi eagarthóireacht shaothar SO i gceart. Ceapadh go mbeadh an obair i gcrích aige faoi dheireadh na Bealtaine 1943. Ba é 5/- an míle focal an ráta a tugadh dó as an obair. Leag An Roinn roinnt treoracha amach dó inar diríodh a aird ar ghnéithe áirithe den chomhaontú, go príomha, an cur síos ar an téacs mar ‘liosta de fhoclaibh agus de abairtibh insan teangain Ghaedhilge atá in úsáid i nGaedhealtacht Chiarraighe mar aon le míniúcháin agus samplaí insan teangain Ghaedhilge de na focláibh agus de na habairtibh sin’;²¹⁴ Clásal a ceathair (1) a dúirt nár ceadaíodh don údar aon athrú nó leasú a dhéanamh ar an ábhar agus é curtha isteach aige gan cead an Aire; Clásal a sé, nach mór don saothar a bheith ina shaothar bunaidh de chuid an údair, agus nach mór dó aitheantas ceart a thabhairt do leagan ar bith as téacs nó saothar ar bith eile; Clásal a naoi, agus eagarthóireacht ar bun nár ceadaíodh don eagarthóir an oiread sin ceartúchán agus leasuithe a chur i bhfeidhm go n-athrófaí bunchruth an tsaothair; agus Clásal a trí déag, a leag amach go mbeadh ar an Aire, ‘taobh istigh de dhá mhí dhéag ón lá a bheidh críoch curtha ar eagarthóireacht an tsaothair’, an cinneadh a dhéanamh faoi fhoilsitheoiréacht an tsaothair. Anuas air sin, ‘it was impressed upon him verbally that all repetitions and unnecessary items which might be regarded as “padding” must be removed from the

²¹³ *ibid.* 17.

²¹⁴ ‘Comh-aontughadh ar n-a dhéanamh an 4adh lá de Dheireadh Foghmhair, 1939, idir an tAire Oideachais agus SO’, NA 97/9/370.

MS.²¹⁵ Agus an eagarthóireacht idir lámha measadh go mbeadh dhá mhilliún, céad caoga míle focal sa saothar deiridh.

I 1943, scríobh Seosamh Ó Néill tuairisc d’Oifig an Taoisigh mar fhreagra ar cheisteanna a bhí ardaithe ag an Taoiseach i dtaobh an tionscnaimh. Mar chuid den tuairisc sin chuir sé in iúl go raibh an beart deireanach faigte ar ais aige ó RÓF ar an 14 Bealtaine agus rinne sé tagairt don tsuim a íocadh leis an eagarthóir as a chuid oibre ar an saothar. Mar a luadh thusa, 5/- a íocadh leis as gach míle focal, agus ba é dhá mhilliún, dhá chéad tríocha míle focal an figiúr deireanach ar bunaíodh an íocaiocht air. £557.10.0 an méid a tugadh dó.²¹⁶

5.2 An Eagarthóireacht féin

Ar feadh tuairim is dhá bhliain bhí RÓF ag gabháil d’eagarthóireacht CCC. Le linn na tréimhse sin thug sé faoina chuid oibre go dúthrachtach – ródhúthrachtach i ndáiríre. D’fhéadfáí a rá gur maith an rud é nár cuireadh an saothar leasaithe i gcló riamh toisc rian róládir an eagarthóra ar lámhscríbhinn bhunaidh SO.

Mar a chonacthas faoi Chláusal a naoi den Chomhaontú, sonraíodh nár chóir go n-athródh an eagarthóireacht bunchruth an tsaothair. De réir mar a fheicimse an scéal, bhris an t-eagarthóir clásal sin an chomhaontaithe agus d’athraigh sé cuid mhór bunchruth an tsaothair. Bhí SO féin ar buile le cuid den eagarthóireacht, agus chuir sé a mhíshástacht in iúl go láidir i litir a scríobh sé chuig An Roinn (ní luann sé ag túis na litreach ach ‘a chara chaoin’, ach measaim go mb’fhéidir gur chuig Seán Mac Lellan a bhí sé ag scríobh sa mhéid is gur úsáid sé an beannú sin i litreacha eile chuige):

²¹⁵ CCC (SO) 24.

²¹⁶ Litir ó Sheosamh Ó Néill chuig Rúnaí Oifig an Taoisigh, 2/7/43, NA 97/9/370.

Agus eadrainn féin dá bhfeictheá mo láimhscribhinn (a bhí molta go hárd lé dhá bhliadhain roimhe sin) agus a raibh di scriosta ó chiumhais ciumhais chuirfeadh sé maoithreachas ar ao'nne.²¹⁷

Maidir le hábhar a bheith scriosta ‘ó chiumhais ciumhais’ cé chomh dian agus a bhí an scriosadh i ndáiríre? Leis an gceist seo a fhreagairt i gceart, ní mór dúinn breathnú ar fhairsinge an scriosta. Ag túis na caibidle seo tagraíodh d’fhocail áirithe a bhí scriosta ag RÓF tríd síos, leaganacha a raibh tábhacht chanúnach ag baint lena litriú mar a bhí siad sa saothar bunaidh. I dteannta na leaganacha canúnacha sin, feicfear anseo thíos gur scriosadh focail aonaracha eile mar aon le habairí agus iontrálacha ionmlána.

5.3 Leaganacha á n-ionadú

Ní hé amháin gur cuireadh litriú ‘foclóra’ i bhfeidhm ar chuid mhaith focal, ach scriosadh focail agus téarmaí áirithe tríd síos agus cuireadh foirmeacha eile ina n-áit; ina measc:²¹⁸

annso agus annsúd → thall is abhfus

pluc: ‘Droch-shaoirseacht ar an bhfalla san féach na pluic atá air annso agus annsúd [thall is abhfus]: iogáin, builg: cuid den saoirseacht leigthe amach as a díreach.’

an ola dhéidheannach → ola an bháis

ola: ‘An ola dhéidheannach [ola an bháis]: an tsacraimint a tugtar lé linn bháis ina gcuirtear an ola bheannuighthe ar an gceann is an ucht, ar na lámhaibh is na cosaibh.’

cac → bualtrach²¹⁹

treascraim: ‘Is minic do treascradh fear maith i gcac [bualtrach] bó: gur baineadh a bhuinn uaidh is gur leagadh ar an dtalamh é.’

²¹⁷ Litir ó SO chuig an Roinn Oideachais, 15/10/38 (N566 III).

²¹⁸ Sa mhúnla seo a leanas faightear buntéacs SO roimh an tsraighead agus leasú RÓF ina dhiaidh. Sa sampla féin ansin, is é leasú an eagarthóra a fhaightear idir na lúibíní céarnógacha.

²¹⁹ Breathnófar ar an bhfocal ‘cac’ níos faide ar aghaidh sa rannán seo.

cailín → buachaill (sí → sé)

giústáil: ‘Raghadh an cailín [buachaill] ar scoil go fonnmar dá bhfaghadh sí [sé]
giústáil: léasadh ar a tóin [thóin].’

cruisteach²²⁰ → cur isteach

rún-: ‘Mo rún-pheata beag thu, ní leigfeadh do neach cruisteach do chur ort [neach cur-isteach ort] i.e. peata go bhfuilim árd-cheanamhail air.’

dá (mbudh) me thú/ dá mbudh mise t(h)usa → dá mbeinn it áit

leamh-: ‘Dá mbudh me thu [dá mbeinn-se it áit] ní bheinn chómh leamh-inntineach agus go mbeinn de shíor ag trácht ar rudaidhíbh beaga suaracha gur b’iad cúirimidhe na ndaoine iad.’

dulta → imthighthe

bosca: ‘D’imthigh an clár do bhosca (ag rinnce, ag ól, ag cainnt, ag troid, etc.) ar fad indiugh (anocht etc.) = tá sé dulta [imthighthe] anfhada air = níl aon chuimse leis.’

gan me/é/í → im/ina (h)éagmuis

ó: “Olagón ó, mo dhiachair, an baile atá im dhiaidh-se: gan me [im éagmuis-se] is fuar, faillichtheach é.”

óinseach: ‘Tugaim seo dhuit-se is bím féin im óinsigh: bím go ciotach gan é [ina éagmáis]’

pléidhe: ‘Dá oilceas í an tsean-bhean is fearr bheith ag pléidhe ’ná bheith gan í [ina héagmáis]: ag broic: ag foidhneamh léi is í bheith ag broic liom.’

go deo → choidhche

²²⁰ Feictear in CCC go n-úsáidtear ‘cruisteach’ leis an mbriathar ‘cuir’, atá athraithe ag an eagarthóir chuig ‘cur isteach’ agus an briathar ‘déan’. Ní hé amháin go n-úsáideann SO an leagan seo ‘cruisteach’, ach úsáideann sé an fhoirm aidiachtach ‘cruisteachach’ chomh maith: **crúcán:** ‘Duine “cruisteachach” is eadh é ná féadann aon rud do leigeant tharaí gan a chrúcán do bheith aige ann: baint éigin: lámh éigin.’

neamh-shiubhal: ‘An neamh-shiubhal cainnte atá fút ní bheadh scéal aithriste go deó [choidhche] agat: moille.’

gort → páirc

piocaireacht: ‘Ní mór a bhfuil lé fagháil ges na buaibh ar an ngort [bpáirc] ach piocaireacht annso is annsúd: fo-ghreim.’

mar mise/ thusa → dem/ det shórt-sa

ncamh-shiubhlóid: ‘Neamh-shiubhlóid d’fhear líomhtha, fuinneamhail mar thusa [det shórt-sa] deich míle fishead: taisteal ná cuirfeá aon nath ann.’

péacógach: ‘Gabhtha mar tá sí i gculaith álúinn tá sí ró-phéacógach do haimiteánach tuaithe mar mise [dem shórt-sa]: taidhbhseach: bastallach.’

saoiste → ceann meithile /maor²²¹

ainfhial: ‘Saoiste [ceann meithile] ainfhial atá orainn a chuireas sclaimh air féin dá mbeimís oiread agus nóimint deireannach ar maidin: saoiste [duine] dian gan mhórchroidheacht.’

stripach → (imeacht) le haer an tsaoghail

coitcheann: ‘Mo thruagh í an cailín bocht! tréis leinbh gréine do bheith aice a’s ná pósfadhb an cionntach í, d’imthigh sí coitcheann: d’imthigh sí n-a mnaoi choitchinn: striapach [d’imthigh sí le haer an tsaoghail].’

²²¹ Bhreac an t-eagarthóir na nótáí seo a leanas san imeall mar shoiléiriú ar an bhfáth go raibh ‘saoiste’ á scrios aige. Taobh leis an bhfocal **maor** - ‘suidhiste = “boss” of straw, hay etc.,’ agus taobh leis an bhfocal **saoiste** – ‘slang ar an mbéarla san “boss”.’ Ag breathnú ar FD feictear go bhfuil dhá cheannfhocal éagsúla aige le haghaidh ‘saoiste’ – 1) ‘a seat or stool, esp. a round stool of coiled straw-rope, etc., a hassock or boss, a roll, a roller or billow, anything stout or thick.’ 2) ‘an overseer or “boss”.’ Taobh leis an iontráil seo feicimid go dtugtar (*R.O., McK*) a thugann le fios gurb iontráil í a bhí in RO agus ag SO. [Féach Caibidil a trí, ‘CCC: Comhaontuithe an Tionscnáimh’ le haghaidh plé ar an mbaint a bhí ag SO le FD].

tímcheall → i dtaobh/ i gcúrsaí

neamh-mheabhrach: ‘Táim comh neamh-mheabhrach agus is féidir do bheith tímcheall [i dtaobh] rudaidhe deaslámhacha do dhéanamh: n-ghéar-inntineach: níl tionnscal ar bith ionam.’

neamh-ghuiseach: ‘Táir ró-neamh-ghuiseach tímcheall [i gcúrsaí] an tsaogail, ní bheidh faic i ndeireadh thiar agat: leadránach, faillightheach.’

Tá trí fhocal faoi leith ansin a d’úsáid SO an-mhinic sa téacs agus iad athraithe beagnach gach uile uair ag an eagarthóir: ‘olc’, ‘iachall’, agus ‘díol’, agus iad athraithe chuig ‘droch-’/‘dona’, ‘d’fhiachaibh’ agus ‘ioc’. Seo a leanas roinnt samplaí as an téacs, leis an múnla céanna in úsáid agam maidir le buntéacs an údair roimh an saighead agus leasú an eagarthóra ina dhiaidh.

1) olc → droch-/ dona (na samplaí seo le fáil faoin litir ‘A’ **amháin**)

acht: ‘Connus tá an duine breoidhte? níl sé acht go bocht suarach: ole [dona] go maith, gan aon fheabhas.’

Adam: ‘Ó cruthnuigheadh Adam ní tháinig lá chómh holc [dona]: fáid is tá daoine ar an saoghal.’

adeirim: ‘Níl an fear bocht ró-láidir le fada, mhuiuse mo thruagh é - sin adeir a chuid bídh leis: ní hiongadh san agus an biadh olc [droichbhiadh] do chaitheann sé.’

adughadh: ‘Ag adughadh ar an aimsir atá le holcas [donacht]: ag dul in olcas agus in olcas atá sí.’ [‘ag dul in olcas agus in olcas atá sí’ scriosta].

aghaidh: ‘Bhíos chómh holc [dona] san gur shaoil gach aonne go rabhas le h-aghaidh báis: ar bhruach báis.’

aimhleas: ‘míothairbhe, dochar, díobháil; slighe olc [dona] nó dhrochthairbheach beatha.’

aimhréidhe: ‘Is deacair ao’nidh do dhéunamh ag aimhréidhe na h-aimsire: tamall olc [dona], tamall maith, tamall gan bheith mar seo nó mar siúd.’

ainbheart: ‘Dá mhéid ar ghaibh sé tríd agus do deineadh mícheart air ní dheárma sé ainbheart riámh: beart nó gníomh olc [dona]’; ‘Cad eile é ach ainbheart luighe trom ar

bhochtaibh? gníomh olc [dona]'; 'Go maithidh Dia dho is iomdhá ainbheart do rinne sé ag scríosadh na ndaoine as a mbailtibh: olca [gníomh] gránada.'

ainbheartach: 'droichghníomhach, tugtha d'olcaibh [don cham].'

ainbheus: 'béas olc [droich-bhéas], béas neamhghlan.'

ainbhéusach: 'go mbéasaibh olca [droich-bhéasach].'

aindeis: 'Bliadhain aindeis ag feirmeóiridhibh seadh i, drochaimsir do bharraidhibh agus luach shuarach ar thorthaibh: bliadhain olc [dhona].'

aindeis: 'Is aindeis a rinnis orm é nár bhual liom mar gheallais dom: bhíos déidheanach mar gheall ort agus chailleas an traen: olc [dona].'

aindeis: 'Ní dóigh liom go bhfuil sé ach go h-aindeis fé látháir, dá mhéid a shaidhbhreas seal: go bocht, go h-olc as ['go h-olc as' scriosta amach].'

aindeise: 'Ní léighfeadh aonan leabhar le h-aindeise a scríbhte: olcas [donacht]; d'ólas cuid di, chaitheas an chuid eile uaim le h-aindeise na dighe: olcas [donacht].'

ainghníomh: 'beart nó gníomh olc [droichbheart nó droichghníomh].'

ainiarsmach: 'Níl aon droichbhéas is ainiarsmaidhe ná an t-ólachán, bochtanacht, míochlú, drochshláinte a thoradh: is measa deasca a fhágas rian olc [droichrian] n-a dhiaidh.'

ainleóireacht: 'Ag ainleóireacht na stoirmeach seadh is mó a chaith an long an tseachtmhain le holcas [donacht] na h-aimsire: a tosach sa ghaoith agus san aimsir.'

ancaire: "Is maith an t-ancaire an t-adharta" (seanfhocal): is maith cluthmhair, daingean an áit an teinteán oidhche stoirmearmail: fantar istigh oidhche olc [dhoininne].'

an-chaitheamh: 'Thug na bróga so an-chaitheamh uathu, táid dhá bhliadhain agam: sara rabhadar ró-olc [chaithe]

anchás: 'cás olc [droch-chás].'

anchruth: 'Do thug an geimhreadh anchruth ort, ar éigean a aithneóchainn thu: crot olc [dona].'

anchruth: 'Seanduine beag, lag, cromtha gan a anchruth ar aonan: clódh an-olc [droch-chlódh].'

an-chumtha: 'Scríobhnóireacht gach focal an-chumtha de, nách bhféadfainn líne do léigheamh: na leitreacha scríobhtha, déanta go h-olc [dona].'

anfhocal: 'gan bheith sláinteamhail lé n-itheadh, galarach, olc [dona].'

aníde: ‘críoch olc [dona], droichdhéanamh, bás éigin.’

aníde: ‘Chuireadh an mháthair céile an leaschlann fé għlas i seómra gan iad do leigeant amach agus iad ar chaolchuid bíd hag tabhaortha: ceann olc [droch-cheann].’

annlann: ‘Is olc [dona] an t-annlann salann le prátaidhibb: ní maith an cóngamh itħte é.’

antoil: ‘Duine antola a bhriseas gach dlighe, do ritħtear lé faltanas poilitidheachta: daoine go mbionn meón olc aca [daoine ag a mbionn droch-mheón].’

anuas: ‘Tá an diall²²² anuas ort ná fanfadħ socair, lé h-6l, chun cártaidhe, le mallaightheachta, le h-olcas [doras], le gliocas: ní fēidir buadhachtaint ort, níl aon teóra leat.’

ar: ‘Ná cuir troid ar neach: ná téir chun troda le. Cuireadh fios ar an ndochtúir lém olcas [dhonacht]: glaodhadh air.’

aragal: ‘Is é lá dhuit teacht, é chómh fada ó bhaile lá aragal mar é: lá fiadhain, olc [dona].’

athchaithte: ‘caithte go maith gan bheith ró-olc [dhona], curtha i leatħtaobh tréis cuid mhaith chaithte, iar bheith in áis nō dhá chaitheamh cheana.’

athchrudhaim: ‘Bhí buige ar an lá ar maidin acht d'athchrudhaidh sé ó shoin: chuaidh sé in olcas [i ndonacht] ó shoin.’

2) iachall → d'fhiachaibh (samplaí faoin litir ‘T’ **amháin**)

teann: ‘Ránguigh leó dul i dtalamh, ach cuireadh deabhaidh amach airis ortha, gur giorra Dia leó bheith bailighthe leó: cuireadh iachall [d'fiachaibh] ortha scriosadh go géar, láidir.’

teicheadh: ‘Cuireadh an teicheadh as an dtigh air nuair bhí a chuid caithte aige ann, is gan aon tairbhe ann dóibh: ruaigeadh é: cuireadh iachall [d'fiachaibh] air an áit d'fhágaint.’

teicheadh: ‘Cuirfidh an teine iachall [d'fiachaibh] ort teicheadh siar uaithi: druideam tamall ar eagla do dhóighte.’

téighim: ‘Tharais seo ní rachfaid, mo dhubhshlán fé éinne bheadh d'iarraidh iachall do chur orm [d'iarraidh a chur d'fiachaibh orm]: ní għluaisfead: imtheóchad, chorróchad.’

²²² Seo anois sampla den fhocal ‘diall’ a bhí athraithe chuig ‘diabhal’ ag RÓF, ach sa mhéid is go bhfuilim ag breathnú anseo ar na hathruithe a rinne RÓF ar ‘olc’, ‘iachall’ agus ‘diol’, níl luuíté agam sna samplai seo ach malairt leaganacha an eagarthóra ina dtaobhsan.

tiománame: ‘seólaim, cuirim uaim ar, chun siubhail, leanaim ar, saigheadaim chun cinn, stiúraim, dírighim, smachtuighim, cuirim iachall [d’fiachaibh] ar etc., ruagaim, díbrighim.’

tiomáint: ‘An saghas san giobaireacht atá ag tiomáint mórán chun an donais is ólacháin: ghá ngríosughadh: ag cur iachall [d’fiachaibh] ortha ólachán do dhéanamh mar fhaoiseamh ar a mbuaidhreamh.’

toil: ‘Bíonn sí ag imirt a tola air: ag cur iachall [d’fhiachaibh] air na rudaidhe is mian léi-se do dhéanamh.’

toileamhail: ‘Ní tháinig sé leis na gárdaidhibh go toileamhail in ao’chor, b’éigean dóibh iachall do chur [cur d’fhiachaibh] air: dá dheóin féin.’

toilidheacht: ‘Thug sé a thoilidheacht uaidh aon rud budh mhian linn do bheith againn: ghéill sé gan iachall do chur [cur d’fhiachaibh] air.’

tugaim: ‘An dtabharfar chun creidimh choidhche é? an gcuirfear iachall [d’fhiachaibh] air géilleadh dar slighe-ne.’

3) díol → íoc (faoin litir ‘S’ amháin)

saor: ““Cad a thugais air sin?” – “fuaireas saor in aisce é, is amhlaidh do bhronnadh orm é”: gan aon rud do dhíol [d’íoc] as; ‘Ní mór na hallmhuiridhe ag teacht saor isteach ’on thír seo anois: gan cháin do dhíol [d’íoc] asta.’

sár-: ‘Tá na fiacha so ort anois leis na ciantaibh, is sár-mhithid iad do dhíol [d’íoc]: budh cheart iad do bheith glan amach fadó riamh.’

scála: ‘Fear an scála a inneósadh duit é: an té a bheadh ag díol [íoc] leat a luigheas ar an sparán agat.’

scaoiltheoir: ‘Bhí an t-eallach ag imtheacht ag an mbáille i ngioll lé cíos nuair tháinig scaoilteoir maith éigin a dhíol [íoc] é, is leigeadh leo: fuascalthóir.’

sceidimín: ‘Túsce chonnaic sí an gárda ag teacht ná tháinig sceitimidhe uirthi i dtaoibh a madra, mar ná raibh diolta [íoctha] as: loinne is lionrith go gcuirtí an dlighe uirthi mar gheall air.’

scríob: ‘D’aon scríb amháin d’íoc sé a raibh d’fhiachaibh air: in aon díolaidheacht [íocaidheacht] amháin.’

seasuighim: ‘Sheasaimh deoch don dtigh: ghlaoiðh uirthe is díol [íoc] aiste do n-a raibh láithreach.’

sin: ‘Níorbh aon easbhaidh airgid a bhí air, leis sin, déarfainn ná beadh sé ag braith ar éinne chun díolta [íoctha] as: toisc sin: nuair tógtar ceann de.’

sin: “An ndíolann [íocann] sé as an áit úd?” díolann [íocann] san, a deirim-se leat: mise fé dhuit go ndíolann [n-íocann].”

siúráil: ‘Thug sé siúráil dom go ndíolfadh [n-íocfadh] sé me: urradhas.’

sláinte: ‘Caitheann gach éinne deachmhadh na sláinte do dhíol [d’íoc] i.e. níl éinne ná go dtagann rud éigin air am éigin.’

slán: ‘Tabhair slána dómh-sa go ndíolfair [n-íocfar] roim dheireadh na bliadhna me agus tabharfad cárde do dhóthain duit: urradhas: téighir fé dhom.’

smacht: ‘Cuirfidh t’athair dian-smacht ort-sa ná déanfair a leithéid sin de rud go ró-luath airís: díolfair [íocfair] as leis.’

smearadh: ‘Níl smearadh na mbróga aige: an oiread agus díolfadh [íocfadh] as a nglanadh, agus gléas do chur ionta.’

smut: ‘Bead ag tabhairt smuit do mar fhéadfad: ag díol [íoc] mo chuid fiach i ndiaidh a chéile.’

socair: ‘Níl socair fós agam leis: réidhtighthe: fiacha díolta [íoctha]: margadh déanta etc.’

sochar: ‘Gheibheann sé an airighthe sin sochair as gach aon luach céad púint a dhíolann sé i dteannta a thuarastail: díolaidheacht [íoc] bhreise as an seirbhís.’

sógh: ‘Ní bhíonn sógh gan an-shógh: is minic díoltar [íocfar] go daor as aoibhneas: leanann duadh subháilceasaidhe.’

sraith: ‘Caithfir sraith do dhíol [d’íoc] as fhoghaileadh na gcaorach: scot’; ‘Aon phingin dá fhiachaibh ní díolfaidh [íocfaidh] an stangaire choidhche leat: duine a obas ar a dhualgas.’

Is léir ó na samplaí thusa go raibh an t-eagarthóir docht i dtaobh na leaganacha seo a athrú, go háirithe má smaoinímid nach bhfuil iontu ach na samplaí a aimsímid faoi aon litir amháin.

Tá aird le tarraingt ar an bhfocal ‘cac’, nó ar easnamh an fhocail ‘cac’, in CCC. Is go fíorannamh sa téacs nár scrios RÓF é, agus, in amanna, scriosann sé abairtí ionlána le cinntíú go gceilfear é. Má bhreathnaímid ansin ar an litir ‘C’ i lámhscríbhinn bhunaidh an téacs, feicimid go bhfuil leathanaigh in easnamh idir na ceannfhocail ‘cabhrúighim’ agus ‘cacamas’. Níl ach dhá shampla faoin mbriathar ‘cabhrúighim’ faoi mar atá, agus tá an líne dheireanach ag bun an leathanaigh críochnaithe i scríbhneoireacht an eagarthóra, rud a thugann le fios gur athscriobh sé deireadh na habairte ón gcéad leathanach eile. Cén fáth go ndearna an t-eagarthóir amhlaíd, .i. gur athscriobh sé críoch na habairte ón gcéad leathanach eile, agus cén fáth, má chuirimid an briathar sin ‘cabhrúighim’ i gcomparáid leis na briathra eile sa saothar go bhfeicimid i bhfad níos lú samplaí faoi? Má bhreathnaímid ar na huimhreacha leathanaigh, feicimid ‘cabhrúighim’ ar leathanach a hocht, agus is é leathanach a haon déag an chéad cheann eile atá sa lámhscríbhinn. Is léir, mar sin, gur scriosadh an chéad chúpla leathanach eile, leathanaigh ar a raibh na iontrálacha eile de chuid an bhriathair ‘cabhrúighim’ agus, is dócha, an ceannfhocal ‘cac’. Sa mhéid is go bhfeicimid go bhfuil na leathanaigh ar a mbeadh an focal in easnamh, agus sa mhéid is go bhfeicimid cuid mhór samplaí den fhocal in abairtí a scriosadh, agus, ait go leor, cúpla ceann eile nár scriosadh, chuirfeadh sé ionadh orm nach mbeadh sé ag SO mar cheannfhocal as féin. Seo samplaí de nár scrios an t-eagarthóir:

meadar: ‘Tá an scéal ’n-a chac meidre agat, nách éachtach ná féadair leigeant d’aonnidh: laitighthe: curtha gan mhaith ar nós na cuiginne, a raghadh i gcoinnibh dhuine.’

miaslach: ‘Níor luga leis miaslach madra ’ná é d’ithe, bhí an oiread san col aige leis: cac madra.’

siopa: ‘Cac an tsiopa atá ort: an t-éadach is measa a fhéadfá cheannach.’

Níl sna hathruithe thusa ach athruithe a bhain le focal nó téarma amháin. Bhí an t-eagarthóir gach pioc chomh diograiseach maidir le hathruithe ar abairtí agus iontrálacha ionlána, agus is féidir linn na hathruithe sin a ghrúpáil faoi dhá theideal: 1) na leaganacha a scrios an t-eagarthóir, agus 2) na leaganacha a chuir sé isteach, leaganacha nach raibh aon rian diobh ag an údar féin.

5.4 Leaganacha á scrios

Ag díriúanois ar na leaganacha a scrios an t-eagarthóir is cúsiontais é méid na leaganacha sin. In amanna níor chuir sé tríd an ábhar a bhí le scrios ach líne amháin, ach in amanna eile scrios sé amach go trom iad. Rinneadh iarracht na leaganacha sin a chur ar ais san eagrán seo de CCC. Tharla anois is arís, áfach, go raibh na habairtí scriosta amach róthrom leis an rud bunaidh a oibriú amach. Baineadh triail as cruth bhun agus bharr na litreacha a oibriú amach leis an iontráil a chur le chéile – d'oibrigh sin uaireanta, ach uaireanta eile, ar an drochuair, níor oibrigh.

Tá iarracht déanta anseo thíos ar na samplaí sin a scrios an t-eagarthóir a ghrúpáil – cinn a scriosadh ar mhaithe le cinsireacht a dhéanamh, cinn a thagraíonn do chúrsaí polaitiúla, cinn a scriosadh amach agus ‘Dupl.’, ‘Duplication’ nó ‘Repetition’ breactha taobh leo, cinn a scriosadh a rachadh, is dócha, faoin teideal sin ‘Padding’ a bhí lúaithe ag An Roinn Oideachais, cinn a thagraíonn do rudaí áitiúla, cinn a scriosadh amach toisc nár bhain siad leis an gceannfhocal a raibh siad leis, nó go raibh siad míchruinn nó doiléir, agus ansin cinn atá ilchineálach atá curtha faoin teideal ‘Ábhar eile leasaithe’. Is dócha gur scrios an t-eagarthóir na cinn sin toisc gur shíl sé nach raibh siad ‘peculiar to Kerry.’

Ag breathnú dúinn ar an liosta faoin teideal ‘cinsireacht’ is dócha go bhféadfaimis ‘cinsireacht mhorálta’ a thabhairt air. Baineann tromlach na dtagairtí le cúrsaí gnéis agus an ball fearga, sin nó gur baineadh úsáid as focal iontu nár thaitin leis an eagarthóir – go príomha ‘cac’ agus ‘tóin’.²²³ Níorbh í seo an chéad uair go ndearnadh cinsireacht den chineál seo ar shaothar de chuid SO. Cuireadh a shaothar *Fánaí* i gcló sa bhliain 1927 ach tarraingíodh raic de bharr tagairtí ann do chaidreamh idir fear agus bean, don taobh foréigneach den chaidreamh go háirithe, mar aon le tagairtí do chúrsaí dí. Ullmháiodh eagrán leasaithe den téacs agus cuireadh amach i 1928 é. Tugann Ó Dúshláine (1989: 124) tábla de na giotaí sin a scriosadh as an téacs, mar aon leis na hiarrachtaí teacht ar

²²³ Bhí an t-eagarthóir féin breá sásta na samplaí seo a leanas, agus an focal ‘tóin’ iontu, a bhreacadh síos san imeall chun go gcuirí san áireamh sa téacs iad: **díreach:** “Is díreach é, an capall is mó maire gurab é is aoirde a chaitheann a thóin” (sean-rádh): is iad na suaracháin as mó dhéineann de ghleó etc.’ **liobar:** “Níor bhí é sin an donacht acht an áit n-a raibh Oscar ar chúlaibh an dorais ’n-a chomhair sin, gur buail sé liobar dá shuist le fuinneamh air – níor dhein a ghúna bheith casta ar a thóin do!”

chomhréiteach idir an t-údar agus An Roinn Oideachais. ‘Author’s comment’ a fhaighimid sa cheathrú colún ann, agus taobh leis an iontráil a bhaineann le leathanach 76 tá an méid seo scríofa ag SO:

Let it all stand. When writing this and other passages similarly marked nothing was in my mind other than language heard very very often among mixed company in the Gaeltacht.

Sa mhéid is go raibh taithí ag SO, mar sin, ar a dhéine is a bhí eagarthóirí agus lucht foilsithe na Roinne Oideachais, an amhlaidh gur chuir sé cuid de na tagairtí isteach ar mhaithe le hiad a chur isteach, ar mhaithe le lucht na Roinne a ghriogadh, nó an é gur chreid sé sa rud sin a dúirt sé i dtaobh an ábhair in *Fánaí*, agus go raibh na leaganacha in CCC ‘heard very often among mixed company in the Gaeltacht’ agus gur theastaigh uaidh na leaganacha sin a chaomhnú? Sin ceist, is dócha, nach bhféadfaimis freagra cinnte a thabhairt uirthi choíche. Má chuirimid an t-ábhar as *Fánaí*, ar tarraingíodh raic ina thaobh, i gcomparáid leis na leaganacha sa liosta seo a leanas atá curtha faoin teideal ‘cinsireacht’, ní haon ionadh gur mharcáil an t-eagarthóir iad le scrios, agus gur scrios sé cuid acu go trom chun iad a cheilt, go háirithe má smaoinímid gur tugadh faoin téacs seo faoi scéim na dtéacsleabhar meánscoile.

5.5 Cineálacha scriosta²²⁴

Cinsireacht

adhall: ‘adhaltransas, dúil chumaisc in ainmhithibh áirighthe. Tá an madra fé adhall: tá mian cumaisce ar an madra.’

adhaltranach: ‘tugtha do chumaisc neamhdhleaghthach. Is é an béas adhaltranach an béas is peacamhla agus is gráinde.’

²²⁴ Mura bhfuil nóna curtha idir lúibíní cearnógacha ag deireadh na samplaí seo ag léiriú cén chuid den abairt a scriosadh, is ionann sin agus a rá gur scriosadh an giota iomlán.

adhaltranas: ‘cumaisc neamhdhlightheach (lasmuigh de phósadh). Thug sí í féin d’adhaltranas: do chumaisc lé fearaibh eile seachas a céile.’

ceódh: “Bhuadhfainn an duais dá mbeinn istígh ar an gcomórtas” – “mo cheódh a’s mo mhairg deó! is fada siar do chacfá as”: níl id chuid cainnte ach baois: gaoth mhór: bladhgar a’s aiteas.’ [‘is fada siar do chacfá as’ scriosta]

cimileáil: “Ní theastuigheann aon phioc ded chuid cimileála uaim”, ars an cailín leis an mbuachaill agus fearguirthe: tuanáiste, láimhseáil thútach: ladhráil ar a ballaibh ná taithneann léi.’ [ó ‘ladhráil’ ar aghaidh scriosta]

cionntuighim: ‘Chionntuigh sé le mnáoi an tighe agus a fear as baile: bhí cuid aige dhi: chumaisc sé í.’

cloch: ‘Cad é an méid cloch ionat? – dhá cheann! ars an fear grinn. Ní hé sin a méudhaim ach cad é an méid cloch meádhachana – ó!anois do thuigim thu, cheithre deug!’

cloichín: ‘Níl ag an leanbhín fós ach cloichínidhe: uirgheanna beaga, eudtroma.’

coimeád: ‘Fear naomhtha a dhéanfadh coimeád air féin léi ar an spochaireacht do rinne sí orm: a smachtóchadh a chaise.’

deaghailt: ‘I dtíorthaibh áirighthe bíonn druthlann ar deaghailt: i gceannтарaibh leó féin.’

droch-chaidreamh: ‘Fuair an t-oifigeach amach go raibh a chómhoifigeach dlúthmhuiinteardha i ndroch-chaidreamh lé n-a mhnaoi agus lámhach é: go mbíodh baint neamhcheart aige léi: go ndeárna sé drúis léi.’ [‘go ndeárna sé drúis léi’ scriosta]

droch-dhuine: ‘Dár tháinig treasna orm b’é díg na ndroch-dhaoine é: ní thabharfadh sé a chac dosna madraidhibh i gcead ’on chuideachtain: sprionnlaithe, cumhang, bochtchroidheach.’ [‘ní thabharfadh ... chuideachtain’ scriosta]

drúis: ‘adhaltranas: céileachas: briseadh pósta: méirdreachas, corb, táth, anmhacnas, antoil na colna, colnайдheacht, sanntughadh céile neamhdhlistineach.’ [‘sanntughadh céile neamhdhlistineach’ scriosta]

glanta: ‘Tá an bhó glanta: árus an ghamhna curtha aice dhi.’

gleacaidhe: ‘Gleacaidhe truaillighthe: duine a bhíos ag imirt ar a bhall síolraíd.’

gleacaidheacht: ‘Gleacaidheacht thruaillighthe: teangmháil droichbheusach leis an mball síolraíd.’

géas: ‘An géas: an ball síolraíd.’

guidhe: ‘Nár ghaibhid do ghuidhe (drochghuidhe) thar pholl do thóna as an cómhgar isteach; cainnt an-ghioraisc, an-tharcuisneamhail.’

ionnsaighim: ‘D'ionnsaigh sé an bhean: thug sé iarracht ar a truailliughadh.’

láthaim: ‘cumaiscim, cómhlúighim, feisighim. Do láth sé í: do chumaisc í.’ [‘cumaiscim’ agus an sampla scriosta amach]

láthadh: ‘cumaisc, cómhlúighe. Ag láthadh a chéile cois clathach: feisiughadh.’ [‘cumaisc’ agus an sampla scriosta amach]

léim: ‘sáthadh amháin tairbh nó staile i gcumaisc:’ [‘i gcumaisc’ scriosta amach]; ‘Fuair an bhó trí léim ón dtarbh, ní fuláir nó tá sí dortha.’ [‘ón dtarbh’ scriosta amach]

leisce: ““Ní leigfeadh leisce dho a mhún de dheunamh!!!””

liobar: ‘Bhuail sé liobar uirthé: chumaisc sé í.’

long: ““Long ar an bpoll nó bean ar a dheón”: ní iarrfaidh stad choidhche; ní ró-ghleóidhde an rádh é ach tá sé coitcheann.’

luath: ‘Sé an luath-éileamh ar mhnáibh agat é, a theallaire, a’s gan na déaga curtha fós agat díot: caitheamh ’n-a ndiaidh an-óg.’ [‘ar mhnáibh’ scriosta amach, agus ‘ar phósadh’ ina ionad]

maide: ‘Chuaidh sé ar a mhaididhe: chumaisc sé í.’

manglam: ‘Tairng anáirde do thriubhas ort, tá sé ’n-a mhanglam tímcheall do thóna: ar sileadh go neamhghasta.’ [‘do thóna’ scriosta amach agus ‘it thímcéall’ ina ionad]

marbh: ‘A haon ón mbeó is a dó ón marbh, sin é chuireann saill ar thóin an tsagairt: an t-airgead do ghéibheann as ghuidheachtaint leis an anam.’

máta: ‘Máta mór caca: clais mhór de.’

méaduighim: ““Agus tu fá deara do sciam d’fhuathughadh agus d’oscaill tu do chosa do gach n-aon dar ghaibh thart, agus do mhéaduigh tu do striapachas” (Eséc. XVI. 25): rinnis breis is breis de.’ [an ionráil iomlán seo scriosta amach]²²⁵

múnaim: ‘Tá sé chómh tighearnamhail tarcuisneamhail sin go múnfad sé ort.’

ó: ‘Dhearbhuiugh sé nach uaidh a bhí sí ina mnaoi thrupa: nách aige: nár bh é budh chionntach’; ““Go dtuitidh do chac uait! mar an aimlidhthe atáir”, deirtear lé duine go mbíonn rudaidhe ag tuiteam uaidh le neamh-aire.’

²²⁵ Is dócha gur ar mhaithe le cinsireacht ar an bhfocal ‘striapachas’ a scriosadh an ceann áirithe seo. Tá fáil air ag an ionad luaite sa Bhíobla a chiallaíonn nár scriosadh é toisc go raibh an t-ionad Micheart tugtha ag SO.

oidhche: “... ansan do ghlac an t-ógánach a leanán agus rug amach chúcha í agus do bhíodar aice agus thruailligheadar í ar feadh na hoidhche go maidean etc.” (Breitheamhain XIX. 25): i rith: faid mhair.’

peacadh: ‘Dheineas peacadh léi: déanamh do thabhairt di ná leómhann Dia.’

pilib: ‘Plib (plibín): táir-ainm ar an mbod (péac) fir.’ [‘mball feardha’ curtha in ionad ‘mbod (péac) fir’]

plapachar: ‘teangmháil leis an bplapa. Ag plapachar ar: glacaireacht mí-ionchair tímcheall na háite sin.’

poll: ““Dhéanfadhl sé gabháil lán do shaic ort” – “dhéanfadhl! poll tónach ag oscailt sag dúnadh”, deirtear lé tarcaisne is mí-mheas ar dhícheall an fhir thall”; ‘Ní raibh uatha ach an chao chun mé d’fhágaint ar pholl mo thóna: ar an bhfóraoil. Chaithfeadh sé an lá ar pholl a thóna: ag caint leis na daoinibh: suidhte síos’; ‘Tabhair poll tóna an bháid sa ghaoith is abhaile leat: rith fairsing í’; ‘Is é maирg a chuireann an saoghal air sin – logall súl méith agus poll tóna gioblach: gach aon rud do chur ’on bholg is cuma cad é an saghas éadaigh a bheadh air’; ‘Baoghal mór ar a pholl tóna obair do dhéanamh: gan aon truagh do bheith dho ach oiread lé hínne eile’; ‘Ní raghad ina thóin ná gur dheineas: ní thabharfad iarracht ar é do shéanadh’; ‘Is furaiste breith ar pholl tónaanois air tar éis saothair an lae: ní deacair labhairt leis: tá sé mínighthe.’

pósaim: ““Agus adubhairt Iúdah le Hónan, bí ag mnáoi do dhreathár agus pós í agus déin slíocht dod dhreathair” (Gen. XXXVIII. 8): bíodh sí mar chéile leapán agat dréir dlighe Dé”; ““Má chómhnúighid dreatháracha i bhfochair a chéile agus go n-eagaíd aon díobh agus gan clann aige, ní phósfaidh bean an té a éag lasmuigh lé coimhtheach beidh dreatháir a fir aice agus bárafaidh chuige ina mhnaoi í, agus cóimhlíonfaidh cúram a dhreathar di” (Deut. XXV. 5): glacfaidh chuige í is claoídhfidh léi.”

pósta: ‘Sean-striapach fir gur cuma leis aonta nó pósta iad: céile do bheith ag mnáibh nó gan bheith.’

preabaireacht: ‘Preabaireacht atá ag an dtarbh ní dhairfidh sé choidhche an bhó: léimreach neamhthualaing.’

préach: ‘Sin capall ná ful glan-choillte, tá préacha éigin fágtha aige: cuid des na sreangaibh a bhí ag ceangal na gcloch.’ [‘a bhí ag ceangal na gcloch’ scriosta amach]

préachaim: ‘Ní mór ná gur préachadh me suidhte ar mo thóin ar thochta fhuar ar feadh oidhche gheimhríd, me ar dearg-chreathadh ó bhathas go bonn: nár thug an droich-shín an t-éag dom.’ [‘ar mo thóin’ scriosta amach]

reasach: ‘Clocha reasacha: go mbeadh an mangarla cruinnighthe ar a chéile mar bheadh tar éis teacht as an sáile.’

priongaide: ‘Ní bheadh aon chlann ag eisean is a phriongaide buid: plibire beag.’

púirtidhe: ‘Teasbán do púirtidhe dhúinn: do phéac.’

raideóg: ‘Buaileadh cruinn díreach isteach i gclár an éadain lé rúideóig (chloiche) é, a chuir ina shuidhe ar a thón é go breágh, galanta: urchar.’ [‘a chuir ina shuidhe go’ athraithe chuig ‘a shín go’]

rath: ‘Budh mhór an rasail é agus an cailín a bheith do chur ó rath is gan í do phósadh; í do chur ó mhaith, ó crích: í do chreapadh.’

réabaim: ‘An cailín bocht do réab an cladhaire alfraits a clú nuair a chuir sé ó chrích í: do bhris lé héigean’; ‘Réab sé an bhruingheall: rinne sé éigean uirthi.’

reath: ‘D’imthígh sí ó reath sara dtáinig an reatha: an dúil cumaisce lé reatha a bhí aice chaill sí í.’

reatha: ‘É ag an uair sin is é ina reatha tímcheall ban: éileamh mór aige ortha.’²²⁶

reathaidheacht: ‘Caora lom sheirghthe é (an reatha) tar éis reathaidheachta an tsaosúra: cumaisc.’

rith: ‘Chuaidh sé ag rith uirthe, go raibh duine claimne aice leis: d’fheisigh, chumaisc sé í.’

roimh: ‘Ó chuiris ceann an chaca den scéal rómhat, seo leat é, bíodh sé ar a thástáil agat: thugais ort féin an t-aiteas etc.’

ropaim: ‘Rop an tarbh ar bhó: thug léim dhártha di.’

ruaill: “Is conntabharthach an rud d’fhear ruaill do thabhairt ar striapaigh”, ars an dochtúir, “ar eagla galair”.

ruainne: ‘Fuair sé ruainne uaithi: leig sí dó í do chumaisc.’

ruaiseacht: ‘Tá toradh a ruaiseachta ag an gcailín mbocht, leanbh toghartha aice: a súgradh léi leis an rud toirmreasctha.’

rud: ‘Thairng sé amach a rud os chómhair na ndaoine: a bhod.’

²²⁶ Leagan canúnach, is dócha, atá anseo den fhocal ‘reithe’.

rúisc: ‘Nách neambéasach, mío-mhúinte an duine é do dhein sé rúisc i láthair na cuideachtan go léir: dhein sé breim.’

rúiscim: ‘Chómh dearbhtha is tá gabhar i gCiarraighe má rúiscir arís, a bhleageáird, amach an doras leat: má bhreimir, má bhrisir gaoth.’ [‘a bhleageáird’ agus ‘má bhreimir’ scriosta amach]

sailim: ‘Do shailigh an bhunóc an leabaidhe: dhein sí a suidheachán (cac) innte’; ‘An té a shaileóchadh leabaidh fir eile is aithiseach an rud do: a thruailleóchadh is a dhéanfadh drúis lé n-a mhnaoi.’

sainnt: ‘Rinne sé sainnt ar mhnaoi a chómharsan: dhein sé drúis léi.’

salchar: “Iadhamh puill ar an té a dhein a shalchar annso fem nadhbhóig”, ars an t-iascaire: a chac’; ‘Thuit sé i salchar duine: cac.’

sanntach: ‘An té a bhíos sanntach cun mná a chómharsan bionn sé cionntach i bpeaca na drúise.’ [‘na drúise’ scriosta amach]

sanntughadh: “Acht adeirimse ribh ‘ghiodh b’é neach a fhéachas ar mhnaoi chun a sanntuighthe, go ndearnaidh sé adhaltranas cheana léi ina chroidhe” (Matha V. 28): go mbíonn smaointe cumaisce aige’ [‘go mbíonn smaointe cumaisce aige’ scriosta]; ‘Lámhach sé a chómharsa trí amhras go raibh sé ag sanntughadh a mhná: go raibh mian aige drúis do dhéanamh léi.’

sanntuighim: ‘Ná sanntuigh bean do chómharsan: ná drúis lé: ná cothuigh droichmhian ina taobh: ná héiligh a cion thar chrois a fir.’

saoghal: ‘Bíonn saoghal aca ar a chéile: gheibhid aoibhneas cumaisce ó chéile.’

scagaim: ‘Scag an bhean a cosa an iomad: leath sí amach ró-mhór iad: cuireadh ó chrích í.’

scáirdim: ‘Fiche uair ist oidhche do scáird an fear bocht, níl aon ghreim ar a chuid uisce aige: mhúin sé.’ [‘mhúin sé’ – scriosta amach]

scaoileadh: ‘Chuaidh sé cois claidhe chun scaoilte uaidh: a shalachar nó a bhraon uisce do dhéanamh.’

scaraim: “Scar sí a cosa ró-mhór”, deirtear (ós íseal) lé mnaoi go mbíonn leanbh toghartha aice.’

scathadh: ‘Chaith sé scathadh ar leabaidh léi: bhain sé scathadh dhi: tháinig cumasc aige léi.’

sceathach: “Léan id pholl sceathach!” deirtear lé duine nó ainmhidhe breimníghe.’

sceinnim: ‘Bheadh an scéal go maith aige mara sceinnfeadh a chac uaidh: go n-imtheóchadh uaidh gan choinne aige leis.’

scoithim: “Rug na mná isteach air, leagadar fútha thíos é, agus chuadar i ngiorracht phoinnte an bhiorán go scoithfidís é”: go gcoillfidís.’

scrabhadh: ‘Scrabhadh leathair: cumaisc. Thug sí scrabhadh leathair do: chumaisc sí é. Bhain sé scrabhadh (leathair) di: chumaisc sé í.’

seangán: ‘Chómh géar lé mún seangáin: an-ghonta.’

sileadh: ‘Cuireadh ag sileadh caca iad, agus d’imthigheadar agus teann deabhaidh ortha: eagla a gcroidhe ortha.’

síoladh: ‘Bean ró-aosta chun síoltaanois: thar ionbhaidh clainne do bheith aice: a cnúthacha silte aice.’ [‘cnúthacha’ scriosta amach]

síorach: ‘Seáinín síorach suarach Seán ruadh na gcailínidhe: táir: dí-mheasa.’

siortach: ‘bean nó cailín mío-mhánla: striapach. Ag imtheacht ina siortaigh ges gach éinne sin mar tá mo speal: tamall ges gach duine uirthi a loirgeas í. Ní bheadh súil lé malairt drochchainnté ó shiorthaigh mar thu: bean mí-mhanla: gháirseamhail.²²⁷

sleabhcaire: ‘Ní thabharfaidh an sleabhcaire úd a chac ar na madraidhibh: rud sprionnlaithe.²²⁸

sráideóir: ‘Ó cuireadh ó chríoch í dhein sráideóir di: ag siúl sráideann ar son a beatha.’

stealladh: ‘Chuirfeadh ag stealladh a chaca lé heagla é: bheadh sé ag imtheacht gan aon ghreim aige air.’

steallaim: ‘Steall sé cac uaidh leis an eagla: scaoil cac lé fuinneamh.’

stocach: ‘Ar an bhfonn ban atá air, tá an galar stocach air: a bhiach do bheith ina shíor-sheasamh’; ‘Chómh stocach is ná féadfainn cac: teann.’

stropa: ‘Deirtear go bhfuil stropa iongtach aige: mangarlaidhe is clocha toirteamhla.’

stuif: ‘Ag dortadh a chuid stuife: fola síl an fhireannaigh.’ [‘seamhan’ curtha isteach in ionad ‘fola síl’]

²²⁷ Bhreac an t-eagarthóir an nóta seo san imeall, taobh leis an gceannfhocal seo: ‘An O'Reilly error for “siorthach” = one who “solicits”: see sirtheach in Duineen [sic]. Compare O'Reilly's “cigire”! for “cighire” or “cighire” (dot fell off).’

²²⁸ Bhí an focal ‘repetition’ breactha taobh leis an gceann seo ag an eagarthóir, ach níor éirigh liom teacht air arís aon áit sa téacs. Measaim gur scriosadh é de bharr an fhocail ‘chac’ a bheith ann.

tafann(t): ‘Is grda an rud baint do bheith aige le mnaoi gan cheart fiu amhain is i fin do thafann air: tairsgint a cumaisc do.’

tafnaim: ‘Do thafant si i fin orm: thaimg si i fin i gcumaisc dom gan grosadh ar bith uaim.’

tamall: ‘Bhain si tamall as: d’fheisigh se i. Thug si tamall do: thug do i d’aithint, do chumaisc.’

taobh-: ‘Cad a chuir taobh-throm i? connas rainig si torrach.’

tarraigim: ““Tairring chughat as do thoin thiar e!” ag eitheach duine no le duine gur cheart do fin an rud a iarrann do bheith aige fin”; “Tabhair dom gal” – “tairring as do bhundn thiar e”: beir dha cheal uaim-se.’

te: ‘Bean the: bean go mbionn dul i gcumaisc aice.’ [‘bruithneach’ curtha in ait ‘go mbionn dul i gcumaisc aice’]

teas: ‘Bean go bhfuil teas uirthi: dul chumaisce: an fhaid agus bhionn an dul sin ar dhuine.’ [o ‘dul chumaisce’ ar aghaidh scriosta amach agus ‘bruithineacht’ ina ionad]

thios: ‘Rug si thios air: ar a mhangerlaidhe.’

triall: ‘Bonn a triall aige uirthi: cumaisceann se i.’

thuaidh: ‘Chuaidh se thuaidh uirthi: chumaisc se i’; ‘Thainig se aniar dtuaidh orm: fuair se brabuch orm agus bhain tairbhe as (seo radh ameasc lucht foghluma na Gaedhealainge ata coitcheannanois agus nr choir do chothughadh. Nath shalach seadh i. Samhluigheann si peaca Sodom dom. Is i an t-aon chainnt scriobhtha go dti so agam i go mbeadh col ag cluais na sean-Ghaedhilgeoiridhe lei. Ni maith liom i).’²²⁹

tuar: ‘Dearbhadh ceart air go raibh na caoirigh ann, na fuairtheas a dtuar ann? cacamas.’ [otrach curtha in ionad ‘cacamas’]

ullmhuighim: ‘D’ullmuigh se i: d’fhaisg se i.’

Tagairt polaitiula

adhanta: ‘Nuair theastuaigh o Shasana buanaidheacht do chur ar ognaibh na hireann le linn an chogaidh fuair si na daoine adhanta ’n-a choinnibh le michion air: togha i bhfeirg.’

²²⁹ Is le SO fin an nota seo idir na lubini.

adhbhar: ‘Cad é an t-adhbhar atá agat lé n-a rádh go bhfuil an Ghearmáin ag ullmhughadh chun cogaidh airís?: cad air gur féidir leat do ráidhte d’adughadh.’

adfhuathmhar: ‘Ár, marbhadh, ionnarbadh, gorta agus gach ao’nidh dá adfhuathmhaire do rinne Sasana ar mhuinnitir na hÉireann: budh ghráineamhla, budh dhéistinighe ’ná a chéile.’

adhnadh: ‘Sé cáil atá ar Shasana ameasc tíortha lasmuigh bheith ag adhnadh fala ’n-a measc: ag lasadh ’sag cothughadh mioscaise, fill agus neamhmhuinghine’; ‘Bíonn lucht na fhreasabhartha sa Dáil ag adhnadh na ndaoine in aghaidh an riaghaltais: ghá ngoradh, ghá spriogadh, ghá spionnadh chun achrainn a’s clampair do dhéanamh.’

cóimhlíontach: ‘Ceann-urradh budh chóimhlíontaighe ’ná an Sáirséalach budh dheacair d’fhagháil, a dhualgas d’Éirinn i mbaile ’sa amuigh dhein sé é: fear is mó chuir i gcrích an ceart a bhí ag Éirinn ar a chogubhas.’

cóimhmheas: ‘Ag déunamh cóimhmheasa idir Arm Shasana agus Arm na Gearmáine do bhíos, a’s ní ag moladh ná ag cáineadh chinn aca thar an gceann eile: ag cur an dá airm ar meádh, a dtreise agus a bhfeabhas: ghá dtómhas lé chéile, an chosamhlacht agus an éagcomhsamhlacht do chur lé chéile.’

cóimhneartughadh: ‘Tháinig Blíuitsear chun cóimhneartuighthe Uilleangton lé sluaughtibh fear in aghaidh Neapóilean: chun a chomhachta do thacaidheacht agus do threisiughadh. Cóimhneartughadh ar an gcois leóntha cliath do chur léi: fáscadh agus treise.’

cóimhneartuighim: ‘Gearánann Sasana go gcóimhneartuigheann Musailní agus Hitlear na círéibigh san Spáín agus gearánaid sin go gcóimhneartuigheann Sasana riaghaltas na Spáine: go dtugaid a gcógnamh dóibh.’

cóimhneartuighthe: ‘Dún cóimhneartuighthe thar barr ní fuláir dob eadh Bheardún, ar an iomshuidhe fhada do sheasaimh an chathair ar na Gearmánaigh gan a thógaint: dún daingean, diongbhálta.’

cóimhré: ‘Do mhair an Sáirséalach a’s Rí Uilliam i gcóimhré: do bhíodar ann an t-am chéadna d’aois an domhain’; ‘I gcóimhré lé hEoghan Ruadh Ó Néill do bhí Piaras Firtéar: bhíodar ’n-a maireachtaint lé linn a chéile.’

cóimhréidheach: ‘Beirt chóimhréidheach dob eadh Art Ó Gríobhtha agus Mícheál Ó Coileáin: mhaireadar san aimsir chéadna.’

cóimhréimeas: ‘Ní bheadh Sasana sásta cóimhréimeas do bheith ag an bhFrainnc léi ar thalmhaintidhibh do bhaineadar den nGearmáin, gan iad do bheith gan cruisteach fúithe féin: comhbhuannacht riarthar.’

Duplication,²³⁰

bádhadh: ‘Seán báidhte: beat huisce, bainne nó té a bhíos laitighthe lé n-a iomad uisce.’ [‘an sampla céanna arís faoin bhfocal báidhte’]

báirneach: “Biadh ríogh ruacain biadh bacaigh báirmigh” seanhfocal é seo a chuireas in iúil suaraidheacht na mbáirneach i gcompráid ruacán.’ [‘Dupl.’]

buirbín: ‘fóidín caol a fágta i lár slighe na claise i riastáil ar iompódh ar dheis agus chlé fód dhá iomaire d’fhonn an chlais do bheith níos leithne. Foghruightear “bruibín” é.’ [‘I think I recall that the word deleted opposite has appeared already under the spelling boirbín (or perhaps birbín) but the vol. in question has left my hands. FÉ.’]

caile: “Rún caile go h-iomcháin” (seanhfocal): mol seambhean is coimeádfadh sí an rún ort, ach cain í is níl aon teóra léi.’ [‘Explained more fully on page 22, under the headword caile’]

cáiréis: ‘Piaras Firtéar ag caoineadh an Dúna “an dún is dubhach liom mar tá sé/ a dhóirse dubha dúnta lé buidhiughadh gréin/ annsúd do bíodh flúirse agus cáiréis/ lucht súgraídh na gcúig gcúige chun dínéir” bíti go cúramach i dtaobh fheabhsa an bhídh a’s na dighe agus i dtaobh na ndaoine a bhíodh ar cuireadh ann agus iad san i dtaobh a ngleusta.’ [‘Duplication of matter which has already appeared in this collection (probably under the headword “buidhiughadh”)’]

ceannas: ‘Lean sé sall ’on bhFrainnc í lé ceannas di: grádh dochoimsighthe dhi.’ [‘duplication of page 7’]

céasadhb: “Aoine an Cheusta is mór an ceusadh bainne d’ól, Domhnach Cásca is mór an náire bheith gan feól” (seanrádh): is mór an pian do curfear ar aonan a bhriseas tréanas an bhainne an lá san: ilphianadh: pianpháis: crádh.’ [‘quotation opposite has already appeared in this work (under Cásca)’]

cluichim: ‘Madra agat tagann agus cluicheann mo chuid caorach dem chuid féin – cad é mar shaghás oibre san? ruagann sé iad dem sheilbh.’ [‘dupl. of matter on page 66’]

²³⁰ Is le RÓF na nótáí idir na lúibíní cearnógacha i samplaí an rannáin seo.

dlaoi: ““A dlaithe ag teacht go halt ’n-a deóidh”: trílsidhe fada a fuilt.’ [‘see below’]

dúiseacht: ‘Paidear do múineadh im leanbh dom féin ar dhúiseacht lé dúthracht ar ghairm na n-éan mo ghlúin deas do leigeant fùm a’s bheith athchuirt chun Dé ar an Righ d’fhuilng sciúirse a’s peanaid ’n-ár dtaobh.’ [‘sid é mar ghabhann an roinn san insna scribhniabh: - Urnaidhthe múineadh im leanbh dam féin – Mo ghlúine a chur chugham is me ag agall chum Dé, Dúiseacht le dúthracht ar ghairm don éan, Do ghrádh an Uirmhic fuair sciúirse agus peanaid n-ár dtaobh. FÉ. 16.1.1940.²³¹ This appears already in the series – probably under the word ‘agall’’]

ithim: ““Cheithre muca baineanna, bána ag féachaint siar ar thalamh Uí Dhálaigh, d’íosfaídís a dtiocfaidh ’sa dtáinig, as ní chacfaídís oiread an cháinthe” – cheithre chúnne na roilige.’ [‘Dupl.’]

lámh: ‘Cuireadh mo lámh i bpaca mar d’imreas thar láimh: b’éigean dom mo chártaidhe do chaitheamh uaim mar d’imreas roim m’uain.’ [‘Dupl.’]

lomaidheacht: ‘Ní cheannóchadh aonne an t-ainmhidhe lé n-a lomaidheacht: ceal bláthais na feóla.’ [‘dupli of line in previous book?’]

maolán: ‘Cad fhásfadh ar an maolán cnuic sin: cnoc cruinn, scéirdeamhail.’ [‘Dupl.’]

mór: ‘Tabharfainn breis duit ach ná fuilim mór fé airgead indiugh: gan cuid mhór.’ [see above - FÉ]; ““Ní raibh mór riagh ná beadh beag”, deirtear so lé daoinibh ná bionn buidheach dá chéile ce go rabhadar tráth muinnteardha go maith.’ [‘already entered’]; ‘Táid chómh mór lé chéile is bheadh bó is cóca fér: an-mhuinnteardha ar fad.’ [‘Reptition’]

olughadh: ‘ungadh, an ola dhéidheannach do chur suas, tháinig an sagart chun é d’olughadh chun báis: ungadh: an ola dhéidheannach do chur. Gan cléireach láithreach chun a n-oluighthe: gnás deidheannach na heaglaise do dháil dóibh. Mise an sagart oluighthe a bheidh ort-sa: mise a chuirfidh deireadh leat. Olughadh an chroidhe an t-im: ile: ungadh: is é is maith mhór do.’ [‘Repetition’]

oluighim: ‘cuirim an ola dheidheannach ar. B’é an sagart so a oluigh chun báis é: a thug an tsacramaint dheidheannach dho.’ [‘Repetition’]

²³¹ Tá an uimhir dheireanach seo, i.e. ‘0’, doléite ar an lámhscríbhinn féin, ach tháinig mé ar nota ó RÓF, sa chomhad N566 II, a bhaineann leis an mbeart ó ‘dúirneog’ go ‘éileamh’ agus an dáta 16/1/1940 leis.

olúighthe: ‘ungtha. Seadh, is mó an nidh é do bheith olúighthe chun báis: an ola deidheannach curtha air i gcóir na siorraidheathta.’ [‘Repetition’]

poc: ‘Cuir do lámh i poc ceileabhras: cuir do chártaidhe ameasc na gcartaidhe cinn.’ [‘dupl.’]

réagún: ‘Ní talamh atá aige siúd i lár na hÉireann ach réagún: leirgidhe gan teóra.’ [‘see previous page last line but one’]

ridire: ‘Ná tuigtear duit ar feadh leath-nóiminte go mbeinn-se im ridire agat: im sheirbhíseach nó im fhrestalaidhe táir ort.’ [‘see next page “má tuigtear duit ... ”’]

ropaire: ‘Ropaire cait ná fágfadh faic fé chloich ná go mbeadh aige: sladaidhe.’ [‘dupl.’]

seachnaim: ‘Nár sheachnайдh Dia choidhche sinn: nár shéanaidh.’ [‘dupl.’]

seanduine: ‘Ná déin magadh fé sheanduine ná fonmhód fé sheanóir: ná gáir fé dhuine i dtaoibh a aois agus ná tarcuisnigh an sean-chomhairleach.’/ **seanóir:** ‘Magadh fé sheanduine ná fonmhód fé sheanóir: tarcuisne do thabhairt do dhuine ársa ughdarásach.’

[‘triplication, see p. 163’]

seólaim: ‘Seól isteach ina shuidheachán féin gach éinne: treóruigh: tabhair eolas na suighe.’ [‘Dupl.’]

siubholtach: ‘Lamhach sé fear toisc é do bheith siubholtach ar a mhnaoi: do thabhairt cuairdeanna neamh-chearta uirthi.’ [‘duplication of earlier page ... 59’]

siubhlach: ‘Peaca marbhthach bheith siubhlach ar mhnaoi dhuine eile: bheith ró-dhlúth-bháidheamhail léi.’ [‘dupl ... 59’]

sleamhnughadh: ‘Is baoghalach liom go bhfuil a chosa ag sleamhnughadh uaidh, ná fuil an oiread measa air agus bhíodh: é ag cailleamhaint an ghradaim a bhí dho.’ [‘Dupl.’]

sligrín: ‘Beidh sligrínidhe againn má leagtar an bórd: áruistidhe briste.’ [‘Dupl.’]

sprochadh: ‘Bhagair sé sprochadh air má bheadh aon bhaint lé n-a inglein aige: é do choilleadh.’ [‘repetition of meaning which appears already under sprochadh’]

sprochaim: ‘coillim, scriosaim, foghaim. Sproch an imirt me, chailleas gach cluiche: dhealbhuigh: níor fhág tada agam. Cártaidhe is cur geall do sprochfad thu: a árdochadh airgead uait.’ [‘already entered under the word sprochaim’]

sprochaire: ‘coillteoir, scriosaire, bearrtóir. Siad na sprochairidhe iad, a shaoire cheannuighid agus a dhaoire dhíolaid: robálaidhthe. De ló is d’oidhche sprochairidhe i mullach cinn orm gan aon chairde ag lorg fiach: dian-éilightheóiridhe. Aon chao, aon dul

a gheóbhadh an sprochaire sin ort bheadh do chuid aige: bitheamhnach.' ['already entered under the word sprochaim']

suas: 'Chuir sé suas an áit orm: é bheith ceannuighthe aige agus annsan gan a mhargadh do chóimhlíonadh.' ['Dupl.']

teasbach: 'Tá teasbach ort is nár chuirir díot é: lé duine go mbíonn lán an domhain fé is ná hiomcharann é féin.' ['Dupl. see 84']

teine: 'Tabhair gal den dteine don éadach tais sin sara gcuirir ort é: cuir fe bhrághaid an teasa é go n-imthigheadh an taisireacht.' ['Dupl.']

tón: 'Tairring as do thóin é (airgead, biadh, etc.) go míbhéasach an chainnt seo i bhfreagra ar lorg éigin.' ['Dupl.']

trí: 'Na trí nidhthe is fusa ghortughadh – súil, glúin is uile.' ['Dupl. of p.54 line 2']

trice: 'Budh shásamh leat í d'fhaire ag fuagháil, a thrice is ghníonn sí: a chlisteacht is a aicillidheatht do thriallann a méireannta: an oilteacht atá ag baint léi.' ['Dupl. see prev. page under tric']

tosnughadh: 'Tosnughadh maith leath na hoibre: an chéad chuid do bheith déanta go maith.' ['Dupl. see p224 line 6']

tuitim: 'Thuit a mhúin uaidh le heagla: scéidh a chuid uisce dá aindeón air.' ['Dupl.']

'Ná tuit chun feóla mar bheifeá it aindeiseoir cheart: ná leig d'fheóil teacht ort.' ['Dupl.']

uisce: 'Ní fiú uisce na gcos thu: aon faic in ao'chor.' ['dupl.']

'Padding'²³²

adughadh: 'Tamall tréis aduighthe dhóibh in Éirinn d'éirigh na Gearaltaigh flor-Ghaedhealach: tréis curtha rompa chun maireachtana agus fanamhna innte.' ['tréis curtha rompa chun maireachtana agus fanamhna innte' scriosta amach]

aerach: 'Buachaill aerach é, dhein sé trí greasa rinnce agus thug sé tamall maith ag amhrán: beódha, meadhrach, scléipeach, gan buaidhreamh aigne.' [ó 'dhein sé' chuig 'beódha' scriosta amach, agus ó 'scléipeach' ar aghaidh]

aerím: 'Aer an léine sara gcuiridh tú ort í: cuir lé gréin nó le teas í, go n-imthighidh pé taisireacht atá innte.' [ó 'go n-imthighidh pé taisireacht atá innte' ar aghaidh scriosta amach]

²³² Is liomsa an t-ábhar idir na lúibíní cearnógacha sna cinn seo a leanas.

aicídeach: ‘Níl aon dúthaigh is neamhaicídighe do dhuine ’ná a dhúthaigh féin: is lugha go mbeadh drochshláinte aige innte: is lugha a ghoillfeadh ar a shláinte.’ [‘is lugha a ghoillfeadh ar a shláinte’ scriosta amach]

aigéanach: ‘Ní mar a chéile éisceanna aigéanacha agus éisceanna abhann: éisceanna as an bhfarraige agus éisceanna abhann.’ [‘éisceanna as an bhfarraige agus éisceanna abhann’ scriosta amach]

aighneas: ‘Aighneas ar fad seadh é: cainnteoir maith seadh é, nó ní bhíonn aige ach cainnt a’s gan obair.’ [ó ‘nó ní bhíonn’ ar aghaidh scriosta amach]

aon: ‘Níl aon tsubháilceas agam sa tsaothal, ní bhfaighim sult ar bith ann ach sé an t-aon subháilceas atá agam, mo phíp: subháilceas amháin (cinnte).’ [ó ‘ní bhfaighim’ chuig ‘atá agam’ scriosta amach agus ‘ach mo phíp’ curtha ina ionad]

bagairt: ‘Níor ghádh dhi ach bagairt air nuair leanfadh sé ar fuaid an domhain í = sméideadh amháin air.’ [‘sméideadh amháin air’ scriosta amach]

banim: ‘Baineann an feirmeoir na huain de dheól nuair thógann sé ós na caoiribh iad agus nách féidir leó bheith ag ól bainne a máithreach.’ [ó ‘agus nách féidir’ ar aghaidh scriosta amach]

baothán: ‘an chlais i gcorp an duine amuigh anuas ón gcromán go dtín ngabhal.’ [scriosta amach]

béal: ‘Bíonn beul múinte aige liom-sa = bíonn sé béusach liom. Tá scáth aige rómham, ní abrann sé aon rud as an slighe ar mhaithe leis féin.’ [ó ‘tá scáth’ ar aghaidh scriosta amach]

braithim: ““Braith an abha sara dtéighir n-a cuilithe” = féach an bhfuil sí conntabharthach sara dtéighir n-a lár = scrúduigh go maith cad tá fút do dhéanamh sara dtéighir ceangailte ann ar eagla gur thinn duit.’ [ó ‘scrúduigh’ ar aghaidh scriosta amach]

broideamhail: ‘An lá chuala bás m’athar dob é an lá budh bhroideamhla dá rug riaghorm é: bhain obaine an scéil preab asam, chuir sé buairt dochoimsighthe orm agus bhí orm dul i bhfad gan puinn aimsire agam: an lá budh shuaidhthe etc.’ [ó ‘bhain obaine’ chuig ‘aimsire agam’ scriosta amach]

call: ‘Níl aon chall orm dul abhaile go Satharn, fanfad sa chathair: níl aon iachall orm, ná níl aon nidh gur gádh dhom frithealit air nó níl aon cheal orm gur b’éisgean dom an chathair d’fhágaint mar gheall air.’ [ó ‘nó níl aon cheal’ ar aghaidh scriosta amach]

cam: ““Comh cam le hadhairc reatha”, “chómh cam le snáithín stoca”, na canamhna a chialluigheas míomhacántacht agus cealg aigne.’ [‘chómh cam le snáithín stoca’ scriosta amach]

caol: ‘Duine is caoile ’ná thu níor bhual riamh liom, ní fheicfeá do chroidhe dá mbeadh sé ar do bhais agat: is sprionnlaithe.’ [ó ‘ní fheicfeá’ chuig ‘do bhais agat’ scriosta amach]

catach: ‘Bíonn cluasa fada ar uan na caorach cataighe: tagann clann mhórchúiseach ó mhuinntir chúlbhánta, réadhchúiseach.’ [ó ‘tagann clann’ ar aghaidh scriosta amach]

céir: ‘Bain an chéir as do chluasaibh a’s b’fhéidir go gcloisfeá me! an bracht righin buidhe a bhailigheas ’n-a chnapán san gcluais.’ [ó ‘an bracht’ ar aghaidh scriosta amach]

ciorrhaim: ‘Chuaidh an lucht oibre ar stailc mar chiorrhaidh an saoiste ’n-a dtuarasdal iad, corón ist lá a bhíodh dóibh, a’s níor thug dhóibh ach ceathair a’s raol: chuir sé siar iad: níor thug sé an tsuim ionlán dóibh.’ [‘níor thug sé an tsuim ionlán dóibh’ scriosta amach]

coc: ‘Ó eirigheas indiu, táir id choilichín coc ar fuaid an tighe: ag gleódhgháil, mar bheadh coilichín ag glaodhach ’sag rith tímcheall go ruaiseach, ait.’ [ó ‘mar bheadh’ ar aghaidh scriosta amach]

cogar mogar: ““Fiú amháin”, ars an seanduine go raibh a shaoghal millte ag mnáibh an tsaoighail mar deireadh sé féin, “ní fhéadfadh na diaill bheith ’n-a dtost i láthair an aifrinn gan bheith ag cogar mogar ar na cómharsanaibh”: ag cúnchainnt ’sag ithiomrádh.’ [ó ““Fiú amháin”” chuig ‘deireadh sé féin’ scriosta amach]

coilice: ““Chaith sé an oidhche casta ar a chéile aige” – “cad n-a thaobh nár chuiris ortha an coilice dho?” – “ní raibh agam” – “múinfeadsa dhuit í – “fear fial a’s bean mharbh, a’s mac Dé ’n-a luighe san gcolg, agus cuimil an tsealg a’s beidh sí slán.”” [ó ‘fear fial’ chuig ‘slán’ scriosta amach]

cóimhriar: ‘Ní hé an cóimhriar céadna do thugadh Sasana uirthe féin agus ar Éirinn – géirleanamhaint orainne, saorise dhóibh féin: níor bh’ionann a slighe chun an dá thíre do riaghalaughadh.’ [ó ‘géirleanamhaint’ chuig ‘riaghalaughadh’ scriosta amach]

cóimhrith: ““Connus tá an dreatháir úd leat do fuair an taom breóidhreachta?” – “n-a chóimhrith ag obair ’sag gnóth mar bhí riamh”: ag caitheamh a thóna, chómh maith agus a bhí se in aon saoghal riamh.’ [ó ‘ag caitheamh’ ar aghaidh scriosta amach]

coimpléas: ‘Féach an coimpléas atá aige! níl casóg mhór sa tsiopa a oireamhnóchadh é: an tímcheall cabhlach a’s deunamh colna atá aige.’ [‘an tímcheall cabhlach a’s deunamh colna atá aige’ scriosta amach]

drithleach: ‘Fíon drithleach dhá líonadh chúcha i gcornaibh: dealánach: mar bheadh solas spreach aige nuair ritheadh sé.’ [ó ‘mar bheadh’ ar aghaidh scriosta amach]

droichmheónach: ‘Bodach droichmheónach gur bheag an nath aige bob do bhualadh ar chailín shaonta:amus nó rún chun a mhillte a’s a sásughadh a mhian féin.’ [‘a’s a sásughadh a mhian féin’ scriosta amach]

ladhróg: ‘Chidhinn an seanduine ag baint scéach le haghaidh díon-scolb, ladhróg a’s corrán aige: smut de chrann aitinn go mbíodh gabhal dhá bheann a’s cos ghearr air.’ [‘gabhal dhá bheann a’s cos ghearr air’ scriosta amach agus ‘gabhlóig ann’ curtha ina ionad]

priocadh: ‘An rud salach, ag priocadh mhíol do thugann sé a shaoghal: ghá mbaint dá chuid éadaigh é n-a mhéireanntaibh. “Cad dhéanfad anois?” “téighir ag priocadh míol” (tarcuisne).’ [ó ‘ghá mbaint’ ar aghaidh scriosta amach]

ropaim: ‘Mara bhfuil fonn air é do thabhairt uaidh ropadh sé ina thíos é: sáthadh: cuireadh ann le neart is deabhadh é.’ [‘cuireadh ann le neart is deabhadh é’ scriosta amach]

sár-: ‘Chuirfeadh sé an ghráin mhairbh agat air bheith ag féachaint air ghá shár-shacadh féin lé biadh, ar nós sutha muice: ag slogan lé hairc.’ [‘ar nós sutha muice’ scriosta amach]

scéalaídhe: ‘Deirtear lé duine go mbíonn sean-bhlás air i dtaobh scéil, “slán an scéalaídhe, is go n-éalughadh a chac uaidh!”: rud a shághfadh ina cheap magaidhe gan coimeád ar aonnidh aige níos mó ná tá aige ar a theangain.’ [ó ‘i dtaobh scéil’ ar aghaidh scriosta amach]

silim: ‘Nuair chloisfidh sé é silfidh sé fuail: beidh sé ag strealladh a chuid uisce lé feirg.’ [‘a chuid uisce’ scriosta amach]

slapaireacht: ‘Ná bí ag slapaireacht léd chuid bídh ar nós na muice: ag méiseáil.’ [‘ar nós na muice’ scriosta amach]

spleódar: ‘Creid uaim-se ná fuil aon spleódar ortha taréis an lae: má bhuaidheadar féin, ná raibh puinn lé maoidheamh aca: ná fuil puinn lé maoidheamh aca.’ [‘má bhuaidheadar féin, ná raibh puinn lé maoidheamh aca’ scriosta amach]

teanga: “Is amhlaidh sin as ball beag an teangaidh, agus do ghní mórdháil mhór. Féach, créad é méad an adhbhair lasas re teine bhig” (Séamas III. 5): an ball féin.’ [‘féach créad é méad an adhbhair lasas re teine bhig’ scriosta amach]

tiugh-: ‘Bíonn sé ag tiugh-shlogadh bídh mar bheadh muc: ag alpadh.’ [‘mar a bheadh muc’ scriosta amach]

toghaim: ““Agus do sheas an pobal ag féachaint air. Agus do rinneadar na huachdaráin leis fonmhód faoi maille riú san, ag rádh d’fhóir sé ar dhaoinibh eile. Fóireadh sé air féin má sé seo Críost, do thoigh Dia” (Lúcas XXIII. 35): a cheap Sé lé hintinn áirighthe.’ [ó ‘Agus do sheas’ chuir ‘dhaoinibh eile’ scriosta amach]

tonn: ““Acht iarradh sé maille ré creideamh gan bheith amhrasach ar éanchor, óir an té ar a mbí amhras is cosamhail é ré tuinn farraige ghluaisdear ris an ngaoith, agus bhíos dá thiomáin anonn ’sanall” (Séamas I. 6).’ [ó ‘Acht iarradh’ chuir ‘éanchor’ scriosta amach]

tréigean: ‘An té a dhéanfadh a thír dhúthchais do tréigean lé linn a broide ní bheadh ann ach meathach: an té ná claoihfeadh léi: an fear teip ar fóghnamh do dhéanamh di.’ [‘an fear teip ar fóghnamh do dhéanamh di’ scriosta amach]

Tagairtí do nithe áitiúla

ábhacht: ‘Chuirfeadh iarthar Chiarraighe ábhacht ar chroidhe aonne lé n-a bhreághthacht: aoibhneas agus éirighe croidhe.’

abar: ‘Cáirde dob eadh Tomás a’s mé féin riamh, agus níor shaoileas go bhfágfadh sé in abar mé: thréig sé mé.’

aerach: ‘Áit aerach seadh mullach Chnuic Bhréanainn: áit go bhfuil radharc fairsing a’s aoibhneas ann féin. Deirtear gur áit aerach Mullach an Chlasaigh, dá mbudh i lár an lae é: áit go bhfeicfi taidhbhsidhe nó púcaidhe nó daoine maiithe ann.’

‘Daoine aeracha seadh muinntir Chaomhánach: nílid róstuidéardha ’n-a meabhair, táid baoth.’

aghaidh: ‘Is ar aghaidh Dhún Chaoin siar atá na Blascaodaidhe: ós a choinne, san áird sin.’

caol: ““An Cao!” ainm fir a bhí sa cheanntar seal ó shoin toisc a dheunamh.”

cóimhréimeas: ‘Nuair thagann an Dún Chaoin seo againn agus aon pharóiste ar thuaith an Daingin in iomarbháidh Gaedhilge lé chéile bionn cóimhréimeas an domhain eatartha: comórtas: d’iarraidh sáruighthe ar a chéile i bhfeabhas.’

Botúin déanta ag an údar (nithe as ord, tagairtí neamhchruiinne srl.)²³³

ballán: ‘Fear chómh láidir le ballán seadh é = an-láidir. Táir id bhallán = táir beathuighthe láidir. Cheannuigh sé leathchéad bhallán ar an aonach = leathcheud do bheithidheachaibh fireanna a bhí coillte. Talamhaintidhe ballán seadh iad = talmhaintidhe go mórchuid cloch mhór, nó talamhaintidhe go mbíonn a lia beithidheach fireann coillte ortha = leirgidhe eallaigh.’ [‘the scored lines are carried to bullán’,²³⁴]

breall: ““Imthigheann an spré agus fanann an bhreall ar an mnaoi” = caithtear an t-airgead a thugann an bhean chun a fir agus is annsan is mó tugtar fé ndeara a lochta.’ [‘notation cancelled opposite is inaccurate. It should come under breill (see p. 166) and not under breall’]

cam: ‘Caimín ubhall (deirtear freisin) caimín garbh?’ [Not cam but com dheineóil -FÉ]

ciota: ‘Ghlaoídh fear ón Leitir Iubhach ar sheacht bpínt leanna duibhe, budh mhaith an mhaise sin d’Eóghan é, dubhairt sé na ciotaidhe céadna do líonadh amach ar an gcuideachtain airís: na h-áraistidhe céadna.’ [Leitir Iubhach athraithe chuig ‘Leith-triuch’]

cneas: ‘Bíonn fuinneamh i gcapall ar an aos san agus ní rófhuiriste é do bhriseadh: an snódh: an diall dealramh nádúrdha.’ [“cneas” not included in the passage’]

cocaidhe: ““Cocaidhe ó cúc! cá ndéunfad mo nead?/ Dá ndeunfainn sa tráigh í, gheóbhadh na faoileáinn/ A’s cocaidhe ó cúc cá ndeunfad mo nead?/ Dá ndeunfainn san tsliabh í, gheóbhadh na fir fiadhaigh í/ A’s cocaidhe ó cúc, cá ndeunfad mo nead? etc. etc.”” [an giota iomlán seo scriosta agus ‘Gogaí ó gaoc’ scríofa ag RÓF thar]

coille: ‘an chéad lá den mbliadhain nuadh. Lá Coille do saoghaluigheadh é. Oidhche Choille, ól é sin mar onóir don oidhchche. “Oidhche Choille ’o chodladh leat, a chailleach”: bailigh leat, a ghósta. Lá Coille: lá Nodlag beag. Iarsmaidhe lae Coille: na

²³³ Mura luaitear ‘SO’, is le RÓF an t-ábhar idir na comharthai athfhriotaí (sna lúibíní cearnógacha) i samplaí an rannáin seo. Is liomsa ábhar idir na lúibíní gan comharthai athfhriotaí.

²³⁴ i.e. na línte sin ar chuir RÓF líne tríothu.

h-aiscidhe a loirtear an lá san. “Fógraíim iarsma ort” (órdúighim ort a thabhairt dom) – “fógraíim an diall ort! (sa diall leat!)” – “fógraíim an t-oileán thiar ort”: an Blascaod Mór (isteach ann leat).’ [‘nothing to do with Coille.’ An ionráil iomlán scriosta agus na samplaí ar fad den fhocal marcálte le hathrú chuig ‘caille’]

grádh: ““Níl grádh ná só níos mó ag éinneach ná a anam do thabhairt ar son a charad” (Eón XV. 23): cumann ceanamhail.’ [‘Níl seo le fagháil insan ionad atá luaidhte .i. Eón XV. 23. Tá caint an Bhíobla Ghallda botúnach liobarnach sa méid sin.’]

madradh: ““Ní thabharfaidh tuarastal striapaighe nó luach madraídhe go tigh do Thighearna Dia ar son móide ar bith, óir is athfuathmhaireacht iad so araon dot Thighearna Dia” (XXIII. 18): cóimhmheas do bhí ortha.’ [‘reference incomplete’]²³⁵

marcaidheacht: ““... agus iad uile ’n-a n-ógánachaibh toileamhla ’n-a marcshluagh ag marcaidheacht ar eachaibh” (Ec. XXIII. 6): ag gluaiseacht.’ [‘not in section specified’]²³⁶

marmar: ““... d’fháinnidhibh airgid is d’uaithnidhibh marmair agus do bhíodar na leabthacha d’ór agus d’airgead ar úrlár de mharmer dhearg agus gorm agus bán agus dubh” (Esc. I. 6).’ [‘not where stated’]²³⁷

nádúrtha: ““Óir dá n-éisteadh éinne ach leis an mbriathar agus nách ndéin sé dá réir is cosamhail é lé duine a bhíos ag breithniughadh a ghnúise nádúrtha i scáthán” (I.²³⁸ Peadar. 23).’²³⁹

oibrídhe: ““Agus thugadar é don lucht oibre a shaothruigh i dtigh an Tighearna, do chur suas agus do dheisiughadh an tighe” (ii. Croinic XXXIV. 13): oibrídhthe: oibrightheóiridhe: fir oibre.’ [‘not in the location indicated’]²⁴⁰

²³⁵ Níor luigh SO an leabhar as ar baineadh an ráiteas seo, ach d’éirigh liom é a aimsiú ag an ionad sin .i. Caibidil fiche trí, Alt a hocht déag, in Deotranaimí.

²³⁶ Ní raibh SO leanúnach i gcónaí maidir leis na giorrúcháin a bhí in úsáid aige do leabhair an Bhíobla. Feicimid go minic ‘Ec.’ in úsáid aige do thrí leabhar éagsúla – Eacsadas, Ecclesiasticus agus Eiseceil. Tá fáil ar an ionráil áirithe seo ag an ionad luaite i leabhar Eiseceil.

²³⁷ Feicimid ‘Esc.’ in úsáid ag SO mar ghiorrhachán don dá leabhar Eacsadas agus Eiseceil. Is dócha gur botún a rinne sé anseo toisc gur i leabhar Estear, ag an ionad luaite, a thaighimid an tagairt áirithe seo agus ní i gceachtar den dá théacs Eacsadas nó Eiseceil.

²³⁸ Bhain SO úsáid as idir uimhreacha Rómhánacha agus uimhreacha Arabacha agus tagairt á déanamh aige don chéad nó don dara leabhar, mar shampla, feicimid, mar atá sa sampla seo, an t-ionad ‘I. Peadar. 23’, ach feicimid an t-ionad ‘I. Peadar III. 5’ in úsáid aige chomh maith.

²³⁹ Is dócha gur scrios RÓF an ceann seo toisc nach raibh sé san ionad ceart. Tháinig mé air i litreacha Shéamais seachas Pheadair. Is é ‘Séamas II 23’ ionad iomlán an ráitis.

²⁴⁰ Níor éirigh liom teacht ar an gceann seo in Ó Fiannachta (1998) mar atá sé ag SO. Faighimid an tagairt seo a leanas ag an ionad (II. Croinic XXXIV. 13) ann: ‘a thuilleadh a bhí i gceannas an lucht iompair; a thuilleadh a thug treoracha do shaoistí oibreacha na mbeartas ar leith; agus roinnt Léiviteach a bhí mar scríobhaithe, mar chléirigh, agus mar lucht faire ar na geataí.’ (Ó Fiannachta, 1998: 403).

oilim: ““Agus oilfidh me thu annsan óir atá fós chuíg bhliadhna gorta ann d’eagla go dtiocfá féin agus do mhuinnitír agus an uile nidh a bhaineas leat chun bochtaine” (Gen. XV. 11): cothóchad thu.’ [‘not in the location indicated’]²⁴¹

órduighim: ““ ... annsan adubhairt sé, cé órdóchas an cath? agus d’fhreagair seisean, tusa” (1. Righthe 14): cé chuirfidh treoir air.’ [‘Location not distinctly stated’]²⁴²

pus: ““Gach a bhfeiceann me bíd ag magadh fúm, sáthaid amach a bpus, croithid a gceann” (Sailm XXII. 7): cuirid breall ortha féin chugham.’ [““Pus” is not in this location in my copy of the Bible: béal is the word used’]²⁴³

ros: ‘Galla-ros: ros na nGall: ainm áite. Teampall Ghalla-ruis: roileige na ngall.’ [‘Wrong interpretaion of place-name: properly Gall-iorras and not gall-ros. FÉ 15/5/1942’]²⁴⁴

ruadh: ““Agus d’imdhéarg sé an Mhuir Ruadh mar an gcéadna, agus do thiormuigh suas í, agus thug ortha san siubhal ins na haigéannaibh mar an ndiothramh.”” (Sailm XXI. 9). [‘wrong location indicated’]

ruibh: ““Agus gheóbhaidh na daoine meathtacha ... a gcuid sa loch atá ar dearg-lasadadh do theine agus do ruibh noch is dara bás ann” (Sailm XXI. 8): den earra uathbhásaithe seo.’ [‘not in position indicated’]²⁴⁵

saothar: ‘Fuadar chun an bhídh is saothar chun an óir.’ [‘Location for this is not indicated, and is not ascertainable’]

scéalach: ‘An do scéalach choidhche aige, ní déarfaidh se “seadh” go bráth lé rud: cainnt neamh-thaithneamhach.’ [‘incoherent’]

seo: ‘Seo mar bhíos ar feadh na hoidhche: ar agam a déarfad nó atá ráidhte agam.’ [‘incoherent’]

sluasad: ““Agus do dhéan chum a luatha do ghlacadh chúcha, agus a sluaiste agus a baisínigh, agus a hadhail agus a hoighne teineadh; a huile shoithighe do dhéanfaidh tu do phrás” (Ecs. XXVIII. 3).’ [‘wrong location given’]²⁴⁶

²⁴¹ Is in Geineasas XL. 11 atá an tagairt áirithe seo.

²⁴² Bhí an chaibidil in easnamh anseo. Is é (1. Righthe XX 14) an t-ionad iomlán.

²⁴³ Is in Sailm XXII. 8 atá an ceann seo, ní in Sailm XXII. 7, agus in Ó Fiannachta (1998) is é an focal ‘pus’ atá in úsáid: ‘Gabhann a bhfeiceann mé ag fonóid fúm: croitheann siad a gceann agus pus orthu.’ (Ó Fiannachta, 1998: 508).

²⁴⁴ Ag breathnú ar *Onomasticon Goedelicum* (1910), a bhfuil teacht air ar an suíomh <http://www.ucc.ie:8080/cocoon/doi/locus/G#uvtop>, tugtar ‘gall-irrus, Smerwick in Kerry, Ml. 35, note’ ann a thugann le fios gur ag an eagarthóir atá an ceart leis seo. (19/02/2008).

²⁴⁵ Níl teacht ar an tagairt seo i leabhar na Salm, ach tá teacht air ag an ionad luithe in Apacailipsis Eoin – ‘Taisbeánadh’ an t-ainm atá ag SO ar an leabhar úd.

smeacháinín: ‘braon beag beathuisce. Ní rabhamair glas in ao’chor bheith fo-smeacháinín den bhfeart cruidh againn: rith an lae: braonaidheacha beathuisce.’ ['incoherent']

soillse: “In aice na gcoillte i gcuim an tsléibhe, gan mhaig gan mhoill ar shoillse an lae”: solasmhaireacht.’ [‘Not the same meaning: the proper word here would be soillseadh (soillsiughadh) = the act of brightening, dawning: iar s. The same expression occurs in “Eachtra Giolla an Amarráin” viz. “San uaigh sin síos iar s. an lae ghil”. FE’]

soir: ‘Ní fhéadfá an chainnt sin do chur siar orm-sa: ní fhéadfá san d’áiteamh orm. Ól siar é agus mún síos: staill síos id ghoile é go sásta etc. “Níor ghabhaidh siar aniar”, deirtear mar shláinte lé linn óil.’ [Nóta ó SO: ‘fē siar iad so’; RÓF: ‘no opportunity of transposing to the appropriate position as the “siar” book is not at hand’]²⁴⁷

spairn: ‘Mé fén agus an saoghal ag spairn lé chéile: an saoghal mó agus maith dom mo shlighe bheatha do dhéanamh aige.’ ['incoherent']

stróinséis: ‘Daoine ann agus dá mbeadh puinn den tsean aca phasálfaidís thu lé’ ['incomplete']

teagascóir: “A teagascóir fhior müinte na ndaoine neamh-eagnaidhe, ad theagascóir na leanbh, air son go bhfuil foirm an eólais agus na firinne agad fan dligheadh” (Romh. ii. 20): eólaidhe, oide.²⁴⁸

tin: ‘cimiar, gortughadh, máchail, buadhait. “Cad na thaobh gur imthigh do bhean uait?” – “tin t’fiafruighthe ort!”: buadhait is ciapadh go né sé dhuit maran fiafruightheach ataoi. Seadh, nách gleoidh te giorraisc an freagra fuairis uaidh agus tin t’fiafruighthe ort maran ort a chuireann cúram na ndaoine eile an tinneas: ná rabhais istigh leat fén mar gheall ar bheith chómh fiosrach.’ [‘This, with two lines on p229 to be carried to don in an earlier book’]²⁴⁹

²⁴⁶ Is é Eacsadas XXVI, 3 an t-ionad ceart.

²⁴⁷ Scrios RÓF na cinn seo cé, mar a scriobh sé fén, nach raibh fail aige ar an gcuid sin de lámhscríbhinn a raibh ‘siar’ ann chun mian an údair a chur i gcrích, rud a chiallaíonn, is dócha, go mb’fhéidir nach gcuirfi i bhfeidhm in aon chor iad.

²⁴⁸ Ní thuigim céin fáth ar scriosadh an ceann seo. Seo mar a fhaighimid in Ó Fiannachta (1998: Rómh. II. 20) ag an ionad sin: ‘gur tú oide na n-ainbhiosán agus müinteoir na naónán mar go bhfuil corp an eolais agus na firinne agat sa dlí.’

²⁴⁹ Má smaoinímid, áfach, gur admhaigh RÓF nach raibh an leabhar a bhain leis an bhfocal ‘siar’ (fonóta 243) aige agus nach raibh sé in ann an t-athrú áirithe sin a chur i bhfeidhm, an amhlaidh go bhfuil an scéal céanna i gceist anseo? i. sa mhéid is nach raibh an leabhar eile aige nach gcuirfi an t-athrú seo i bhfeidhm ach oiread?

truaghaire: “Nách muar an t-óbhacht ’s an gleó i measc daoine truaghaire ’et shórt gan bhó gan chaoirigh”: aindeiseoir dealbh.’ [‘Ní “truaghaire” atá sa Chúirt le ceart acht “Truagh Mhuire”’]

tuarthach: ‘Bhí an ré is na réalta thuas, níor chlos fuaim tuinne na trágha: ar an spéir.’ [‘Suas’ a bhí ag an bhfile ann’]

turraing: ‘Ghoirtigh turraing mo dhuirn: an fuinneamh a bhraith se nuair teangmháladh leis.’ [‘? sense wanting’]

Ábhar eile leasaithe

a: ‘an méid. Seo púnt duit, a bhfuil agam: níl a thuilleadh agam, sin an méid atá agam. “Imtheóchaidh a dtiocfaidh is a dtáinig riamh”: gheobhaidh an chinidh daonna bás. Mura mbeadh ar thárla dhó nuair leónadh a chos budh mhaith an reathaidhe é: an rud (gortúghadh) d’éisigh do. Sin é an fear lé n-a mbím ag iascach: go ndeinim iascach in-a fhochair. Thar a bhfeaca riamh, is tú an cladhaire is mó: i gcomórtas leis an méid daoine etc. Dar a bhfuil beó, má chuirtear barra méire orm marbhóchad duine éigin: luighim fé, móidighim é. Fág an leabhar mar a bhfuil sé: san áit etc., ná corraigh é. Mar a mbíonn talamh maith bíonn barraidhe maithe: in áit go mbíonn talamh maith etc. Fág an leabhar mar atá sé: ar an aiste go bhfuil sé; ná hathruigh aon phioc de; ná hathruigh a dhéanamh; ná déin aon nidh leis.’

abha: ‘Braith an abha sara dtéighir ’na cuilithe: féach rómhat sara dtugair fé rud do dhéanamh.’

ábhacht: ‘b.3. meidhir, caitheamh aimsire, aoibhneas. Ag ábhacht seadh bhí na buachaillidhe nuair goirtigheadh duine aca: ag déanamh seóidh (spóirt nó grinn). Bímid bailighthe sa tigh seo gach oidhche ag ábhacht: ag déanamh cuideachtan, is grinn a’s seóidh. Scéal ro-stuama dho seadh é chun ábhachta do dhéanamh de .i.chun magaidh do dhéanamh de.’

abhaile: ‘Tair abhaile: chun do thighe. Abhaile leat, níl aon ghnóth annso agat: imthigh chun do thriall go tapaidh. Bhíodar ag argóint le chéile ghá chur abhaile duine acu ar an nduine eile gur aige féin a bhí an ceart: ghá áiteamh go dian’; ‘Scaoil abhaile mé: leig dom dul chun mo thighe.’

abair: ‘Ná stad fós, abair leat: labhair a thuilleadh. Cad thug sé ar an gcoin? – ní fheadar, fiche púnt abair: b’fhéidir.’

ábalta: ‘Nílim ábalta ar léim sé troighthe ar aoirde do chaitheamh: níl sé ar mo chumas. Nílim ábalta ar Ghaedhilg do scríobh chomh maith agus budh mhaith liom é: ní fhéadaim etc. Gan sciathánaibh ní bheadh éan ábalta ar eiteal: ní éireodh sé ón dtalamh gan iad. Nílim ábalta ar thu chlos leis an ngleódh ar fad: ní féidir liom etc. Dob ábalta an cléireach a árduigh leis na cécada a’s níor rugadh riamh air: glic, deagh-eolais. Budh dheacair bheith ábalta don nDíomsach i gcródh na dórnála: cómhchliste, eolgaiseach.’

ábaltacht: ‘Budh mhór an ábaltacht do teacht idir thú féin agus airgead do dhreathár: budh mhór an gliocas agus an chamasghal dó é do dhéanamh.’

ablach: ‘Ablach duine seadh Ceárnaora, an dóirneálaidhe: duine anmhór neamhchórach, beathuighthe, aindeis. Mhairbh an madra cheithre caoire ach ní aithneófá cér leis iad mar ní raibh ann ach na hablaigh: na corpáin míochúmtha, stolta, stractha. Tháinig an leómhan agus an sionnach nuair bhí an t-asal marbh aca chun a ablaigh do roinnt eatarthu: an marbhán, an corpán. D’ith an t-ablaich oiread lé cúigear: an craosaire. Nuair bhíos ag gabháil thar fhuinneóig an bhrothaire do chonnan trí ablaigh mairt ar crochadh innte: trí cuirp feanta, cóirighthe lé diol. Fág san! as mo shlighe, a ablaigh, táir rómhall: a dhuine aindeis, neamhpaidh.’

abláil: ‘b.3. láimhseáil nó ionnramháil neamhchneasta; gearradh tuathalach, neamhshlachtmhar; útamáil shalach. Beir ag abláil leis an gcíste sin ag cur an iomad bainne ann gan a dhóthain taois go laitfir é: láimhseáil gan eolas. A lithéid d’abláil agus tá agat dhá dhéanamh ag gearradh an aráin: neamhshlachtmhar, ghá lat. Brúighfir an t-iasc má sheasuighir air agus ní cheannóchaídh aonan é lé habláil: trí n-a bheith millte, míochúmtha. Ní curadóireacht atá déanta ar an ngort so ach abláil: tá sé a bhfad ó n-a bheith saothruighthe mar budh cheart é. Ní rinne sé riamh d'aon ghnóth ach abláil: neamhchríochnamhail, neamhshlachtmhar. In ionad an ghlais do chur ar an ndoras mar budh cheart, is amhlaidh do dheinis abláil air idir dhoras agus ghlás: táid araon millte agat. Focal de san ní féidir liom léigheamh, ní scríobhnóireacht í ach abláil: obair míochumtha, míscéimheamhail. Ní dhéanfair choidhche ach abláil: obair gan chuma uirthe.’

ablálaidhe: ‘f.4. duine a ghnidheas gnóth nó cúram go haindeis nó gan slacht; tuathalán. Tá do chos cam n-a dhiaidh, níl ann ach ablálaí dochtúra: dochtúir gan eólas a caladhan aige. Ablálaidhe coisidhe seadh thu, cos leat thall is cos leat abhfus: coisidhe nach siubhalann go slachtmhar. Níl tóin ná ceann ar an leitir seo, ní scríobhfadh aonne í mar seo ach ablálaidhe críochnuighthe: scríobhnóir andhona. Fair an t-ablálaidhe, an tslighe aindeis go mbeireann sé ar roth an ghluisteáin: duine gan luid eólais aige ar chonnus breith ar an roth. Nuair tháinig an freastalaídhe im aice do thuit an sciath a’s a raibh uirthé uaidh im ucht, an t-ablálaidhe!: an duine aindeis, neamhaireach, neamhchúramach, neamheólgaiseach. Chaith an t-ablálaidhe an oiread san aimsire ag cur an bhoighte ar an ndubhán gur thug sé suas é: duine míothapaidh, míchliste. Ag cur a mhealbhóige airgid i bpóca a chromáin do thuit sí ar an dtalamh i ngan fhiós dó, an t-ablálaidhe: neamhchliste lé n-a láhmaibh. An dtugann tú rámhaidhthe (imirtheóiridhe peile etc.) orthu san go bhfuil a mbád ag casadh ar gach áird fén spéir? ablálaidhthe do thugaim-se orthu. Fód slán níor chuir sé anfós as an bportach, ablálaidhe seadh é: oibreoir millteach, diobhálach. Dá bhféachtá rómhat, a ablálaidhe, ní thuitfeá leis an staighre: a dhuine aindeis, neamhchúramaigh. Ablálaidhe iondúra do cheap an caladh san nách féidir teacht air ná imeacht de ach ar leathaoide: iondúir gan aon tsaghas eólais. Ní dheárna ablálaidhe ceárdaidhe riamh: ní féidir duine gan meabhairdeacht a mhúineadh chun céirde.’

abhraiseach: ‘b.2. cardálaídhe nó sníomhadóir olna.’

abhraiseach: ‘a. tugtha do chardáil nó do shníomhadóireacht olna. Budh shlachtmhar na mná abhraiseacha a bhí ann sa tseanaimsir: na cardálaidhthe is na sníomhadóirí ban.’

abrán: ‘f.1. an ceathramhadh mí den mbliadhain. Is maith liom an tAbrán bog, braonach: mí gan fuacht, míncéathach, go mbíonn fás ann.’

abhras: ‘f.1. an lón nó an olann oireamhnach lé figheadh n-a éadach; roinnt lín nó roilcheithidhe olna le cur ar an gcoigeal nó ar an bhfearsid. Bíodh dhá abhras ar do choigeal agat: ná bí ag brath ar nidh amháin ar fad, ar eagla go dteipfeadh slighe ort, bíodh breis agus san agat. Ionann dhuit a bheith ag iaraidh airgid orm-sa agus bheith ag iaraidh abhras ar phocán gabhair: ag lorg an ruda do-fhaghála: lorg in aistear seadh é. “Ní den abhras an chéad tsnáth” ar chualaís riamh é?: tástáil airis é, má theip an chéad iarracht ort ná cuireadh san droichmhisneach ort. Abhras garbh: líneadach garbh go ndéintí bairlíntidhe de. Abhras mín: go ndéintí éadaighe cláir a’s a lithéididhe de.’

acainteach: ‘Nách acainteach ataoi, fuairis oiread le haonne: gearánach. Tugtar lucht acainteach ar na feirmeóiridhíb, agus níl san ceart mar is orthu thuiteann breis gach cruadhtain: míoshásta, doshásta. Ní duine acainteach mé: is furaiste mé do shásamh: nílim tugtha do bheith ag fagháil lochta ar mo chion de rud.’

achar: ‘méid, fairsinge, faid na haimsire, faid, slíche, turús. Ní bhíonn aon achar sa lá tímcheall na Nodlag: bíonn sé an-ghearra agus ní bhfaghfá chun do shásta é chun aonnidh do dhéanamh. Is sia d’achar ó B’l’Áth Cliath go Corcaigh ’ná ó B’l’Áth Cliath go Béal Feirsde: tá breis faid slíche ann. Níor thómhaiseas riamh an gort so, ní fheadar cad é an t-achar atá ann: fairsinge. Cad é an t-achar atá ó bhí bliadhain na gorta ann?: an iomdha bliadhain? Cad é an fhaid aimsire. Táimí ag gluaiseacht ar achar fhadaanois, ní bheam ar ais go ceann mí: turus fada.’

acfuiinn: ‘Do thug gach aonne a shíntiús dréir a acfuiinne: dréir mar bhí gustal nó neart aige air. Ní raibh sé ar m’acfuiinn pingin do thabhairt don mbochtán direóil: ní raibh sé agam lé tabhairt do. Dá mb’acfuiinn dom iasacht mo rothair do thabhairt duit do dhéanfainn sin: dá bhféadfainn é. Níl aon acfuiinn ar bháistigh aige, tá sé ró-leice: ní fulang aige uirthe. An bhfuil acfuiinn fuachta ionat?: an féidir leat fuacht d’ fhulang? Déarfainn go bhfuil acfuiinn i leathar na mbróg san: buanas agus fulang. Lé haois níl acfuiinn ag fanacht ionam: neart, luadar a’s fulang. Tháinig taom obann air nár fhág aon acfuiinn n-a ghéagaibh: aon lúth ná luadar. Ná bí ag cainnt ar acfuiinn na dtónn, ná feicir gur scoilteadar an chloch dhubbh: cómhacht, luighe. Níor chaith an slabhradh ar feadh na mbliadhan lé n-a acfuiinn: buanas. Biodh acfuiinn id bhuille nó ní bhrisfir an charraig: fuinneamh agus cómhacht. Speach go raibh acfuiinn innte do chuir an chaid leathchéad slat: ceól a’s fuinneamh. Cuir ding leis an gcúilín sin agus déanfaidh sé breis acfuiinne air: neartóchaidh sé é.’

acfuinneach: ‘Mara mbeadh an bád acfuinneach do bhí agaibh ní thiocfadhb sibh saor: bád dhaingean, láidir, líomhtha. Mara mbeadh gur cheannaidhe acfuinneach é ní fhéadfadh sé an oiread carraidhe do thabhairt ar cairde: láidir a dhóthain agus maoin aige. Fear acfuinneach, cuir uait, seadh aonne go bhfuil míle púnt sa bhanc aige: ná bí ghá rádh náach eadh; fear os cionn a chumais seadh é. Cómhluchta acfuinneacha seadh ceannuightheóir muc: ní beag é a maoin. Tá an dair ar an gcrann is acfuinneighe ag fás: is

láidre. Dob acfuinneach an fear é, ag iascach ist oidhche a's ag feirmeóireacht is ló ar bheagán codlata: brioghmhar, fuilngtheach, dochlaoidhte.'

acfuinneacht: 'cumas ar rud do dhéanamh, feidhm, neart, maoin, ionmhas. Níl sé d'acfuinneacht lútha ionat an falla do léimeadh: de chumas. Ní raibh acfuinneacht áruis agam chun an bhainne do chur ann: árus mór a dhóthain. Dá mhéid ar chaith sé dá chuid níor bh'fhéidir é do bhochtanughadh lé n-a acfuinneacht: an mhaoin a bhí aige. An té go mbíonn acfuinneacht aige is cuma cad é dho cabhradh leis an mbocht: saidhbhreas.'

achmhusán: 'f.1. easmailt, searbhchainnt, carball míchéadfadach, easonoir, béal-aithis, aithbhír, imdheargadh, toibhéim, leasainm. Ní hachmhusán d'aonne an bhochtanacht: ní rud é gur cuibhe do chasadhl le haonne, do chur mar choir n-a leith. Caithid a saol ag achmhusán ar a chéile: ag fagháil lochta agus ag cur rudaidhe suaracha i leith a chéile. Bíonn mo bhean mhic ag achmhusán orm go bhfuilim sprionnlaithe agus nách bhfaigheann sí a cion uaim: ag tromaidheacht orm go héagcórách. Dá mbeadh aon achmhusán agat le cur im leith ní cheilfeá é: aon nidh budh dhóigh leat do chuirfeadh mímeas ag na daoinibh orm. Sid é an chéad uair agam ghá eiteach é agus deineann sé cúis achmhusáin de: cúis ghearáin. Duine míín macánta dob eadh é nár chuir achmhusán le neach riabh: nár thug aithis d'aonne. Bíthear ag achmhusán ort má dheinir maith ar do chómharsanaibh: ag tromaidheacht ort. Ní haon achmhusán fear flaitheamhail do thabhairt air, mar is aige atá croidhe na gcéadta: leasainm. Bíonn an dá chomplacht poilitidheachta ag síor-achmhusán ar a chéile: iad ag cur cortha i leith a chéile, gach re ceann.'

achmhusánach: 'a easmailteach, imdheargach, toibhéimeach, gearánach. Duine achmhusánach gan mheas ar aonne aige seadh é: tarcuisneach, gearánach. Pé rud a déarfair leó n-a gcoinnibh ná bí achmhusánach: bí measartha id ráidhtibh. Ná bí achmhusánach orm ná fuaireas obair dod mhac, dheineas mo dhícheall: ná bí míchéadfadach, gearánach. Dá achmhusánaighe a bhí ar a chéile, an bheirt dreatháir, nuair bhíonn aonnidh aca roinnid ar a chéile é: dá ghearánaighe.'

achmhusánaidhe: 'f.4. cáinteoir, aithiseoir, báirseoir. Raghadh leat bheith it achmhusánaidhe gan géilleadh gan tabhairt ionat: síor-ghearántóir aithiseach. Sin é mar gheóbhfa furmhór na ndaoine dá fheabhas a bheidhfeá dóibh, n-a n-achmhusánaidhthibh:

gearánach, aithisbhéalach. Is olc an díol air, an t-achmhusánaidhe maith do dhéanamh air: an duine searbhchainnteach, míobháidheach, tromchainnteach.'

achmhusánaim: 'b.a. tugaim íde béis dó, lochtuighim. Ná hachmhusáin mé i dtaobh nár choimhlíonas mo gheallamhaint, do theip orm dem aindeoin: ná bí chómh míchéadfadach a's go gcuirfir rudaidhe míchearta im leith. Cad mar achmhusáin ceann na scoile agus a thoghantóir a chéile: níor fhágadar aon rud i bhfuirm cúise ghearáin ná gur chasadair le chéile é.'

achrann: 'aimhréidheas, dul trí chéile, imreas, bruighean, snaidhm, iomard; daingean. Achrann ar fad seadh an bóthar san, clocha, gearrthaidhe cumhang, fan as: aimhréidheas, ceal míne. Chuaigh mo dharadha in achrann nuair bhíos ghá chaithreamh amach: ceangailte ar a chéile i slighe ná rithfeadh sé. Scaoil an t-achrann san ar éill do bhróige: an trí chéile atá uirthe. Bíonn achrann éigin sa tigh sin ó cheann ceann na seachtmhaine: imreas, clampar. Cailleadh an long in achrann na n-oileán: a dheacracht scóladh n-a measc toisc a ghiorracht a bhíodar dá chéile. Fág ar mo bhuelle anois mé, táim in achrann ceiste cruidhe: ceangailte taighdte isteach innte. Ag gabháil thar n-a chéile dóibh do chuaidh an gluaisteán 'san trucaill in achrann a chéile: ceangailte. Glac mo chomhairle, ná téirigh in achrann dlighe go deo má fhéadair: ná leig duit féin greim d'fhagháil ort innte. Ní cuimhin liom riamh 'ná beadh achrann éigin ort, a dhuine mío-ádhmharaigh: cruadhtan. Dhearbhuiugh an gárda go bhfeaca sé rian achrainn ar an mbóthar tréis na hoidhche: comharthaidhe go raibh bruighean ann. Is mór an náire do chómharsanaibh béis dorais bheith ag achrann: in casaontas. Ag cur bruighne a's achrainn, a alfraits, ataoi ar dhaoinibh riamh: ag cur troda ortha a's ag déanamh toirmisc dóibh. Réidhtigh an t-achrann so eadrainn, ní thuigimid féin a chéile: socruigh go sítheach an cursa dhúinn. Ná téirigh in achrann ban: ná bíodh aon bhaint agat leó. Má tá fonn gnótha oraibh, caithidh uaibh achrann agus tagaigh le chéile: easaontas. Seachain tú féin go deó ar fhearr achrainn: fear troda. Fear achrainn seadh an Tomásach so na gcánach: fear gur fonn leis cruadhtan do chur amach. Caithfear an t-achrann so ar fad do scartadh sara dtosnuighthear ar thógáil: na rudaidhe toirmisc seo go léir atá sa tslighe. Achrannach do dhuine bhocht iseadh dul go B'1'Áth Cliath agus teacht as: costas a's clampar. Ní fonn réidhtigh a bhí air ach achrann: ní síocháin a bhí uaidh ach troid.'

achrannach: ‘fuadhmach, casta, trodach, constaiceach, toirmmeascach, doshaothruighthe. Thugas an oidhche ar fad d’iarraidh na háite d’fhagháil ameasc na gcúlshráideann, áit chómh hachrannach san seadh é: casta, deacair eolais. Bóthar chómh hachrannach san ná féadfá cairt a bhreith ann: aimhréidh, neamhmín. Tá iall mo bhróige chómh hachrannach san go bhfuilim clipthe aice agus go dtabharfad an scian uirthe: casta, snadhmtha, do-scaoilte. Ceann (tíre) achrannach seadh é le carraigeachaibh, pollaibh, aiteann, cnapánaibh: aimhréidh, deacair do thaisdeal, Ní gádh dhuit aon eagla do bheith ort, níl aon rud achrannach rómhat: faic a thiocfadh treasna ort. Is achrannach an diall duine thu in earrad lé gach aonne: in casaontas, mío-mhuinnteardhas. Is deacair an talamh san do chur toisc a achrannaighe: clocha nó constaicidhe eile ann; gairbheacht etc.’

acht: ‘*comhnasc*. Gheobhair oiread le duine má thagair in am, acht muna dtagair, ní bhfaighir ach (acht) a leath: i gcás nách dtagair. acht amháin gur chosnuigheas ortha é mharóchaidís é, bhí an oiread san buile ortha: dá mbeinn as an láthair bhí a ghnóth déanta. Pósfaidh sé í má gheibheann sé míle púnt léi acht gan san ní dhéanfaidh: dá mbudh nách bhfaigheadh sé an méid sin ní phósfadh sé í. Is maith is feas dom go bhfuil an ghráin aige orm agus go mbeadh sé annso acht ná beinn-se ann: ar mise gan bheith annso. Tháinig sé chugam ag ceannach bróg a’s gan acht coróin aige: sin a raibh aige. Connus tá an duine breoidhте? níl sé acht go bocht suarach: olc go maith, gan aon fheabhas. Ní stadann sí acht ag gearán: ag siorghearán. Ní théidheann lag air acht ag itheadh agus ag ól: bíonn sé ag gabháil de bhiadh agus de dhigh chómh minic is gheibheann sé an chaoi. Níl aon scannradh acht an lá: is mór an scannradh é, drochlá ceart iseadh é. Deirir ná raghair go Tráighlí ambáireach, ní raighead-sa acht an oiread: acht chómh beag. Cé a bheadh ar an aonach acht fear ná raibh ann lé deich mbliadhanaibh: ní raibh coinne leis. Cé bhualfeadh chugainn isteach acht mo dhreatháir ón Oileán Úr ná feaca le fiche bliadhain: chuir a theacht iongadh orainn. Cad gheobhainn ar an mbóthar acht bille chúig bpúnt!: rud gan choinne. Raighead-sa fé bhrághaid na traenach acht bí-se uirthe: ar choingeall go mbír uirthe. Labharfainn acht teanga liomhtha bheith agam: dá mbeadh teanga etc. Déanfaidh an garsún san fear maith fós acht córaidheacht a thabhairt dó: faigheadh sé í a’s níl baoghal air. Thugas deoch dó, acht má thugas thug sé ceann dom: de chionn gur thugas, fuaireas ceann n-a coinne. Acht amháin ná labharfá focal ní leigfi isteach tú: ar choingheall ná. Acht gur labhras in am

dearmhadfí mé: mara mbeadh gur etc. Céad púnt a bhí sa bhanc agam thógas amach é ar fad acht chuíg phúint: thógas amach nócha a chuíg púnt. Ní fiú acht púnt an seanrothar san: ní fiú breis é.’

acht: ‘Bíodh sé n-a acht eadrainn go mbuaileam lé chéile annso ar an uain seo ambáireach: n-a choimhgheallamhaint dhaingean. Ar acht go bhfaigheadh sé fiche púnt n-a láimh dubhairt go scríobhfadh sé scéal: ar choingheall etc. Cuireadh an reacht os cómhair na Dála agus tréis a shuathadh agus d'argóint do deineadh acht de: tá sé n-a dhlighe don ndúthaighanois. Acht riamh ameasc na ndaoine dob eadh teinte cnámh a d'adughadh oidhche Bhealtaine: nós. Gheóbháir iasacht airgid sa bhannc lé beirt urraidhe, agus ar chuíg phúint fén gcéad d'ioc as, ar aon achtaibh eile ní bhfaighir pingin: coingheallacha.’

achtughadh: ‘cóiriughadh, órdughadh, socrughadh, bunughadh, breitheamhnas nó moladh, dlighe nó órd ag lucht ceannais. Sé an t-achtughadh do rinneadar, mé do chaitheamh i gearcar ar feadh dhá bhliadhain: órdughadh. B’é an t-achtughadh a rinneamair eadrainn mise do bheith ag iascach agus eisean do bheith ag feirmeóireacht, agus roinnt leath ar leath: b’é sin an margadh a’s a choingheallacha.’

ádh: ‘Is mór an t-ádh cloinne a bhí ar an mnaoi go raibh deichneabhar aice: an bhailuirthe nó an buaidh. Ní fheaca an fear san ag imirt riamh ná go mbeadh ádh cártaidhe air: gheibheann sé cártaidhe anmhaithe. Ní hiongadh é bheith ar droichéadach, agus dealbh, mar is fada go raibh ádh an tsaoghal air: gur éirigh aon rud leis. Go n-éirighidh an t-ádh leat, tá sé tuillte agat: gura fearrde thu an uile lá ded shaoghal nó go raibh an buaidh agat ar pé nidh do chuirir rómhat do dhéanamh. Beannachadh so leis, a deirtear nuair bhíonn daoinne ag dul ar thurus nó ag scaramhaint lé chéile. Is olc an t-ádh a bhí leis ná rabhas chuíg nóimintidhe níos luaithe bhéarfainn ar barra uisce air sar ar shúncáil sé: bhí an chinniúin n-a choinnibh. Bíonn ádh ar dhaoinibh thar a chéile: daoine go ritheann leó agus daoine ná ritheann. Dá mbeadh sé d’ádh ort go bpósfadh sé thu: dá dtuiteadh sé amach, dá dtárluigheadh b’é do bhail é: bheadh malairt cuma sa tsaoghal ort nó budh shona dhuit sin. Nár éirighidh ádh leat, maran mé atá clipthe agat: mo mhallaacht ort, táim cráidhte agat. Ádh a’s mó-ádh an saoghal so: daoine go mbíonn rath ná bail ortha agus daoine ná bíonn.’

adhaint: ‘b.2. fadughadh, dóghadh. Mar a chéile dhuit bheith d’iarraidh céille do thabhairt don nduine buile sin nó bheith ag adhaint teine ar loch: d’iarraidh teine do lasadh ann: iarracht in aistear is eadh í. Is deacair teine d’adhaint in áit scéirdeamhail: d’fhadughadh nó do dheargadh. Má leanair ar an gcainnt atá fút beir ag adhaint fola dhuit féin: beir ag bídughadh daoine chun diámais id id choinnibh. Má spriogair an duine tógha san beir ag adhaint mioscals idir é féin is an té go bhfuil sé ag cúnchainnt air: beir ghá mhisniughadh chun clampair do dhéanamh eatartha.’

adhaircín: ‘adharc bheag nó rinn, beara.’

Adam: ‘Ní fheadar ó Adam cé hé an duine sin: níl aon léas eolais agam air. Ní fheadar ó Adam anuas cé bhí ag cainnt liom: aon neach den gcinidh daonna. De shíol Adam is tú an fear is measa liom: ameasc na cinidh daonna níl aonne is fearr liom ná thu. Ó cruthnuigheadh Adam ní tháinig lá chómh holc: faid is tá daoine ar an saoghal.’

ádhamaill: ‘do bhreith maitheasa gan choinne leis: do theacht i dtreo dhuine go fabharach, rathmhar; bail nó maitheas a theacht lasmuigh dár smacht féin. Is ádhamaill do chlainn go bhfágann a muinntir airgead aca: ádhmarach, is sármhaith dóibh é.’

adhanta: ‘Teine adhanta seadhanois í, do bheirbheóchadh sí aon rud: lasta go maith.’

adhantach: ‘Is adhantaighe oíle ná adhmad: is fusa é a chur ar lasadh nó teine do chur ann. Níl aon mhianach chómh hadhantach le gual: is fusa do dheargadh ’ná é.’

adhantacht: ‘b.3. solastacht. Chuaigh an teine sa ghual go luath lé n-adhantacht: furaisteacht lasta. Budh chonntabharthach an rud lasán do lasadh annso ameasc na gcéadta soitheach oilé toisc a n-adhantachta: a fhusa bladhm do chur ionta.’

adhantaidhe: ‘f.4. rud a lasadh lóchrann nó coinneal nó píp nó toitín. Díoltar adhantaidhthe oíle fé láthair: gléisseanna go n-oíle, rud a bhaineas splannc. San tseanaimsir breó-chloch a bhíodh acu mar adhantaidhe: is leó chuiridís teine i nidhthibh.’

adharc: ‘an forfhás péacach cruidh a bhíos ar cheann ainmhídhthe áiríthe. Adharc cheoil, adharc ólacháin, adharc fhiadhaigh, adharc cheóidh, adharc ghluaiseáin. Nách neamhshíothach na daoine sibh ó Luan Satharn in adharcáibh a chéile: ag achrann is ag clampar. Chuala an gluaisteán ag séideadh na h-adhairce. Séideann longa adharcá i gceódh. Chroch an sealgaire adharc fhiadhaigh ar a chrios: adharc chun éighimh ar a chonairt. Tá an tarbh ar leath-adhairc: aon adharc amháin. “Bó na leath-adhairce”: ainm amhráin.’

adharcach: ‘*a.* adharca do bheith ar, beannach. Ainmhidhe adharcach seadh bó. Crann adharcach é sin, seachain tú féin ghá ghreadamhadh: tá fadharcaín nó snadhmanna ar a shleasaibh. Iasc adharcach iseadh gliomach: bíonn bear a’s crúba air. Bata adharcach seadh droighean: bíonn dealga láidre, géara air.’

adharcadh: ‘*f. (-citha)* ag ionnsaidhe leis na h-adharcaibh. Deighil na hainmhidhthe nó beid ag adharcadh: ag bualadh a chéile.’

adharcáil: ‘*b.3.* ag ionnsaidhe leis na h-adharcaibh; ag pécadh. Baintear na h-adharca d’eadáil ar eagla go mbeidís ag adharcáil a chéile nuair cuirtear ar thrucaillidhibh traenach iad: ag tabhairt fé chéile leis na h-adharcaibh. Dearbhuighim go bhfeaca an bheirt fhear so ag adharcáil a chéile: ag tabhairt fé chéile (ag tuargaint ’sag bualadh) go fiochmhar.’

adharcaim: ‘*b.a.* tugaim fé leis na h-adharcaibh, cuirim adharc trí, ionnsaidhim go fiochmhar. Seachain tú féin ar an dtarbh san nó adharcfaidh sé tú: buailfidh sé le n-a adharcaibh thu, péacfaidh sé thu. D’adharc an bhó mo mhadra sa bholg: chuir sí an adharc trí n-a bholg. A bháinidhe, ná hadharc í sin!: a bhó bhán, ná tabhair fén mbuin eile lét adhairc. (**adharcáilim**)’

adharcán: ‘*f.1.* adharc bheag; péacán; beannán, fáibre cruaidh ar an gcroiceann fe’n mbonn, nó ar órdóig, nó ar mhéir coise. Drochbhóthar é seo, tá adharcán chloch tríd aníos: stacáin. T’anam ’on diail cé bhual thú? tá adharcán ar t’éadan; fáibre atuighthe cruaidh de dheascaibh gortuighthe. Nuair thagann an taos tagann adharcán diaulta ar mo chosaibh nách féidir liom siubhal: fáibridhe cruaidhe, leóchaileacha.’

adhart: ‘*b.2.* cúilín fada cuirtear fé’n gceann. Is iomdha duine, fairí, ná faigheann bás adhairte: bás n-a leabaidh (nádúrdha).’

adhastar: ‘an téadán nó eile ceangailte de cheannrach ainmhidhe lé n-a ngiolluigtheár é. Tá sé ar adhastar ag n-a mhnaoi: tá sé fé smacht cheart aice’; ‘Ná bí ag brath ormsa chun teacht leat, ní féidir é, tá adhastar orm: cosc éigin, go mórmhór ag céile dhuine. Tá sé ar adhastar ó phós sé: níl an tsaoirse aige a bhíodh.’

ádhbhairín: ‘Níl agam ach ádhbhairín airgid mara mbeadh san do chabharfainn leat: suim nách fiú trúcht air. Níl ach ádhbhairín talmhan ges na daoinibh sa Ghaedheatacht: fághaltaisidhe gan méid. Dá mbeithfeá ádhbhairín eile níos luaithe bheithfeá in am: beagán aimsire. Níl do chuid tae milis a dhóthain, cuir ádhbhairín eile siúicre chughat:

tómhaisín eile. Dá mbeadh ádhbhairín breise gaoithe ann chuirfimis an seól anáirde: is beag eile an méid gaoithe budh ghádh etc. 'N-a ádhbhairín is 'n-a ádhbhairín iseadh a bhaileachtair airgead: cnuaisciúin bheaga ar a chéile. Nách tú an sutha, ní dhéanfadh ádhbhairín in ao'chor thu: deacair do shásamh, ceal meónaidheachta ar roinnt. Tabhair slighe dom, druid isteach ar an stól ádhbhairín: beagán eile slighe. Árduigh do lámh ádhbhairín leis an solas: tamall eile anáirde. Táim ádhbhairín ró-íseal lé me do ghlacadh sa Gharda: nílim san aoirde cheart. Níor h-árduigheadh an brat fós. Táimid luath ádhbhairín: tréimhse beag roim am tosnúighthe. Ní fiú trúcht ar an ngortughadh fuair sé, níl ar ach ádhbhairín: ní mór go mothófá ar éirigh dó. Ní fhanann sé ar ádhbhairín nuair bhíonn sé sa treo: ólann breis is budh cheart dó.'

ádhbhál: 'a. an-mhór, fairsing, arrachtach. Nách coimhtheach í an fharraige ádhbhál: mór, doimhin, fairsing. Chaith an mhuiр ainmhidhe ádhbhál-mhór isteach ar an dtráigh: dhéanfá iontas agus faitchíos dá mhéid neamhghnáthach. Iasc ádhbhál-mhór seadh an miol mara: is iongtach 's is uathbhásach an toirt é. Ainmhidhe ádhbhál-gránda seadh nathair nimhe: rógránda ar fad. Loch ádhbhál-dhoimhin seadh í, deirtear nách féidir tón d'fhagháil aici: doimhin, doimhin dothómhaiste.'

adhbhár: 'Bhuail sé mé, a bhreithimh, gan chuíis gan adhbhár: gan aon tuilleamh agam air, ná raibh aon rud aige im choinnibh a bhéarfadh cóir do air. Táir déidheanach 'od chuid oibre indiugh, bír déidheanach gach aon lá, ar an adhbhár san ná tair airís: toisc sin, mar gheall air sin. "... pheacuigheas go rómhór im smaointibh, im bhriathraibh, im ghníomharthaibh, tríom chiontaibh, tríom chiontaibh go rómhór, ar an adhbhár san athchuinighim ar etc.": mar gheall air sin, dá bhrí sin etc. Toghadh iad chun imeartha ar adhbhár gur dhóigh leis an mbreitheamh gurbh iad rogha iad: de chionn, toisc, de bhrigh, mar gheall air. Níl aon adhbhár agat fearg do bheith ort liom: aon chiall leat. Gheibheann na boicht bainne agus feóil in aisce agus ceannúireacht airgid, ar na hadhbharaibh sin táid buidheach: toisc sin, de chionn na maitheasa san. Níl do dhóthain leathair agat mar adhbhár bróg: an méid a raigheadh chun a ndéanta. Adhbhar sagairt seadh an buachaill sin: tá sé ag foghluim chun bheith n-a shagart. Raighead i gcoláisde mar adhbhár dochtúra: ag foghluim chun bheith im dhochtúir fé dheóidh. Thug sé bliadhna 'n-a adhbhár saoir a's i ndeireadh na haimsire sin ní fheudfad sé cloch do chur: 'n-a phrintíseach; ag foghluim a chéirde. Adhbhar maith mná seadh an cailín sin: tá an

mianach innte (é de chuma uirthe) go mbeidh sí 'n-a mnaoi mhaith nuair fhásann sí. Níl stáca ar bith ná a adhbhar ann, an cnoicín fraoigh: aon rud gurbh fhéidir stáca do dhéanamh de. Adhbhar bitheamhnaigh seadh é: níl aon rud do dhéanann sé ná go gcuireann sé 'n-a luighe ort go mbeidh sé 'n-a bhitheamhnach. Tuathach deaslámhach a dhéanfadh aon rud dá mbeadh an t-adhbhar aige: an rud bunaidh mar adhmad, éadach, leathar, etc. An bhfuil aon ádhbhar (d'aon rud) agat?: cuid, roinnt. Ní h-aon díobháil bheith ádhbhar déidheanach, tá an lá so fada a dhóthain aige: aimsir neamháirighthe. D'ísligh an t-eiteallán ádhbhar ró-ghairid don talamh a's níor nocth sí droim an tighe: achar thar ceart agus theip uirthe éirghe os cionn an tighe. Ná himthigh chómh luath san uainn, fan ádhbhar eile againn: seal níos sia, saduigh d'fhanacht. Scaoil ádhbhar beat huisce chughat féin: braon idir-eatartha. Thugas ádhbhar dem shaoghal san Oileán Úr: tamall de bhliadhantaibh. Cuir ádhbhar mine sa phlúr agus beidh an císte níos fearr: roinnt ná beadh ró-mhór. Maide ádhbhar éatrom chun rámhaidheachta go maith seadh é: tá sé ar a thruime. Mara ndéanfaidh sé rud ort agus dul ar scoil imthigheadh sé ar a ádhbhar féin: ar a thoil féin. D'imthigh gach fear díobh ag lorg an óir ar a ádhbhar féin: do féin gan baint aige le haonne eile ná ag aonne leis. Imthigheadh sé ar a ádhbhar féin feasta: bíodh sé ag brath air féin. Ní bheir ar d'ádhbhar féin choihche arís anois ó taoi pósta agus tigh agat: ní bheidh cead do chos agat. Dá óige scaoileadh ar a n-ádhbhar féin iad, nuair fuair a muinntir bás d'éirigh leó: ag déanamh dóibh féin, gan chabhair ó aon'ne.'

adhar: 'Ní raibh adhar a ghnótha riamh ann – ní raibh ann ach fuarthé: ní raibh sé i gcumas a ghnóth do dhéanamh mar budh cheart. Ná bac aonne ná bionn adhar a ghnótha ann: aonne ná cuireann roimis sa cheart nidhthe do dhéanamh go cúramach. Deirtear so le duine a bhíos faillightheach, siléigeach ar aon tsaghais cuma; níl adhar a bheatha ann.'

ádhbhar: 'Cuir do mhaide rámha ar an ádhbhar (más dolaidhe adhmaid a bhíos ghá choimeád i dtreó); cuir do mhaide rámha san ádhbhar (más laghar iarainn í): ionad an mhaide rámha.'

adeirim: 'Ní tú adeirim in ao'chor: ní duit go bhfuilim ag tagairt. Nuair labhrann an fear san deir(eann) sé cainnt mhaith: tagann cainnt mhaith uaidh. "Tá cuma an fhuachta ar an aimsir" – "ní deirim (abraim) id choinnibh": aontuighim leat air. Nuair bhíonn groga i

nduine ag imirt chártaidhe deirtear leis, “cad deirir?”: cad tá fút do dhéanamh?; ‘Deir sé amhrán go maith: canann sé go maith.’

adfhuar: ‘Lá millteach adfhuar dob each an lá fuair sé slaghdán: lánfhuar ar fad, ar fad.’

adfhuath: ‘Cuireann daoine a bhíos ag cáineadh na tíre seo adfhuath orm dóibh (leo): ní fhéadfadh déistin níos mó do bheith orm leó.’

adfhuathmhar: ‘a. gráineamhail, déistineach. B’adfhuathmhar an choir do cuireadh ’n-a leith, an bhean do mharbhadh agus í do ghearradh ’n-a ceathramhnaibh: coir a chuirfeadh gráinidheacha ar do chuid fola. Ní mór ná gur thuit an t-anam asam leis an eagla nuair chonnac an t-ainmhídh adfhuathmhar chómh mór le tigh ag éirighe in aice an bháid: cuma ghránda, mhíochuibheasach air.’

adhlacadh: ‘Ceann des na seacht ngníomharthaibh trócaireacha corporachdha seadh adhlacadh na marbh: a gcur fá iadhadh uatha. Ní leigfi é d’adhlacadh i dtalamh coisrictha: cur críosdaidhe do thabhairt do. Bhíomar ag adhlacadh na marbh: ghá gcur i gcré.’

adhlacaim: ‘b.a. cuirim (duine). Adhlacadh go galánta é: do cuireadh tórramh maith air, cómhra shlachtmhar, a’s bhí sochraíd mhór aige, níor coigleadh aon airgead ar a chur. Mara mbeadh aonne eile beó ach mé ní adhlacóchainn thu! d’fhágfainn ar barr ithreach thu lé droichmheas ort! Ní fios d’aonne cá n-adhlacfar é: an áit go sínfear i gcré é.’

ádhmhail: ‘a. rathamhail, buacach. Thógadar clann ádhmhail: clann gur éirigh leó go maith sa tsaoghal. Ní rabhas riamh ádhmhail ar chártaidhibh: níor bhuadhas faic ortha tá a shláinte aige tá a dhóthain de strus an tsaoghail aige. Fear ádhmhail seadh é: fear go bhfuil an sonas air. Daoine ádhmhala agus neamh-ádhmhala a dheineas an saoghal mór: daoine sona agus daoine dona. Nách ádhmhail do bhuaillis liom anois díreach a bhíos ag dul chun do thighe: is mór an bhail dom etc. Dob ádhmhail dóibh gur fhan an fharraige ciúin agus an drochbhád a bhí aca: budh rí-mhaith dhóibh, budh shona.’

admhaim: ‘b.a. feic admhuighim’

admhálach: ‘a. d’admháil; bheith freagarthach. Ní bheadh sé admhálach i bhfiachaibh a mhuinnire: ní gheóbhadh sé air féin iad d’íoc. Clipighthe, chómh clipighthe sin gur scriobhas chun na bpáipéar ná mbeinn admhálach i bhfiachaibh mo mhná: freagarthach. Deir an saoghal mór gurbh é do mhairbh an t-oifigeach, ach níl sé admhálach ann: ní aontóchadh sé sin. B’fheárr duit saoiste do dheunamh de dhuine éigin eile seachas mise

níor mhaith liom bheith admhálach le hobair chómh tábhachtach san: freagarthach, sásta le gabháil fé n-a deunamh 'n-a ceart. Téanam go dtín dtáilliúir; déarfad-sa leis go mbead admhálach in aon rud a thabharfaidh sé dhuit: go n-iocfad é má theipir féin.'

admhálacht: 'b.3. d'admháil, freagarthacht. Glac-se admhálacht an airgid seo ort féin, bheith freagarthach ann, é a chur chun na críche is ceart: súil bheith 'n-a diaidh agat, gan é do leigeant ar fóraoil. Céagaibh go bhfuil admhálacht na hoibre seo air?: céagaibh a bhfuil a curam air, atá 'n-a cheap lé n-a dhéanamh go ceart.'

adhmanas: 'Is iomdha san aidhmeanas do thairngeann an duine air féin: is iomdha rud do chuireann an duine roimis etc. n-a bheatha, duine múinteóireacht, duine siopadóireacht, etc. duine de shlighe eile agus mar sin do.'

ádhmhar: 'a. ráthamhail, sonasach, le conách, le leas. Is é an lá ádhmhar duit an lá phósas thu, a dhuine neamhchríochnamhail: budh mhór an sonas duit mé mar is ró-olc an sás chun an tsaoghaill thu. Beart ádhmhar gur cheannuighís an tuicéad, féach gur bhuaigh sé 30,000 púnt duit. Ní raibh ach a rádh gur scar sé leis an ngluaisteán é do bhualadh, garsún ádhmhar seadh é: rathmhar. Sin cao ádhmhar agat ar dhul go B'l'Áth Cliath in aisce sa ghluaiseáin so: teangmháil gan choinne leis agus fhabhrach. Feirmeoir ádhmhar: go n-éirigheadh a chuid leis. Is ádhmhar don té go mbíonn inchinn mhaith aige: is sonasach do san.'

ádhmharach: 'Dá mbeadh uain ádhmharach ann gheóbhfa iasc san abhainn sin: tráth éascaidh, fhábharach, shéanamhail.'

ádhmharaighe: 'Tógadh a chuid troscáin le fiachaibh, ar ádhmharaighe an domhain do ráinig an t-airgead agam a's do thugas do é chun a choda d'fhuascailt: séan gan choinne leis. Ag imirt chártaidhe dá mbeadh cárta lag ag cearrbhach a bhualfeadh agus gur bh'shin do bhuaidh ann, cárta eile – ar ádhbharaighe an domhain. Ádhbharaighe an duine, agus ní a fheabhas de shiopadóir, gur dhein sé airgead sa pholl san. Lé n-a fheabhas de mhairnéalach do thug sé an bád saor ach lé n-a ádhmharaighe: rath iongantach. Ní lé n-a fheabhas do deineadh saoiste dho ach lé n-a ádhmharaighe: séan, an chinneamhain do bheith ar a thaobh; an rath do bheith air.'

adhmholadh: 'b.3. (-*lta*) do labhairt go hárd ar son; mórmhaoidheamh. Gheibheann an Craobhín adhmholadh ar son a ndeárma sé don nGaedhilge: moladh thar na beartaibh. Ní

féidir an Ghaedhilge d'adhmholadh lé saidhbreas a cora cainnte: a mholadh rómhór. Ní féidir maitheasaidhe Dé d'adhmholadh: do mholadh mar budh cheart.'

adhmholaim: 'b.a. molaim go hárd. Cé gur adhmholadh mé lém aghaidh, cáineadh me lém chúl: tugadh moladh iongtach dom im láthair. Ní gá gníomh maith d'adhmholadh: moladh go leor seadh feabhas an ghnímh fén.'

admhuighim: 'mínighim nó cuirim síos go mion. Adhmuighim gur pheacuigheas; deirim é gan chosnamh gan choimirce. Adhmuighim go Dia go bhfuil mo chroi briste agat le haiteas: deirim é go firinneach. Adhmuighim gurbh áilne cómhnaidhe cois farraige sa samhradh ná in áit eile: aontuighim leat air. Admuigheann sé go raibh sé ann nuair a goideadh an t-éadach, ach nách raibh aon lámh aige ann: cuireann sé in iúil, craolann, fógrann. Ní raibh aonne ann a admhochadh do cheart-sa ar chuid den roinnt d'fagháil: a fhógróchadh go raibh buannacht agat air. Ná hadmhuigh d'aonne choídhche go raibh grádh agam duit: ná leig ort le haonne é agus má fhiachuigtear díot é ná h-aontuigh leis.'

adhnacadh: 'f.3. (-ctha) feic **adhlacadh**'

adhnachaim: 'b.a. feic **adhlacaim**'

adhnadh: 'adhanta, do chur teine ann, d'at; spionnadh, misneach; soillsiughadh, lasadh. Dá mbrisinn mo chroidhe, ní fhéadfainn teine d'adhnadh as an móin fhlich seo: do fhadughadh, do chur ar lasadh. Ag adhnadh a's ag adhnadh atá an chneadh: ag at agus ag at. Do chuir an beathuisce adhnadh 'n-a chroidhe lag: múscailt, spionnadh, bíodhgadh. Bíodh adhnadh ionat agus tabhair fé labhairt: bíodh misneach agat. Dá mbeadh aon adhnadh ionat ní fhoighnéofá dhá nóimint lé teallaire tagarthach mar é sin: misneach. Ní raibh sráid sa chathair ná raibh adhnadh solais innte le honóir don Uachtaráin: gluardhacht agus gléire agus gléineacht. Níor chaillis riamh é, ag adhnadh achrainn idir dhaoine: ag bíodhgadh na ndaoine chun troda.'

adhnaim: 'b.a. faduighim, deargaim, lasaim, soillsighim, spionnaim, misníghim. B'fhada nár labhramair lé n-a chéile, sa deireadh d'adhain eadrainn: d'éirigh eadrainn go fiochmhar. Ní raibh beirt riamh ag adhaint (ag adhnadh) teine ná go n-adhanfad eatartha: ná go dtroidfidís. Ná bí ag cur fúnanois, ní adhanfad do dhicheall mé: ní bhainfeá choidhche chun buile mé. Níor ghádh dhuit ach méar do bhualadh air, chómh lasánta san é, nuair adhanfad sé chughat: nuair a thiocfadh buile air. Adhnaim chómh

luath agus chidhim é: tá an oiread san gráin agam air. Ní raibh riamh i gcuideachtain ná h-adhanfad spaim: ná músclochadh troid.’

adhnáire: ‘*b.4.* náire dhearg. M’adhnáire é, a Sheáin, nár bheith ag obair agus do chómharsa béal dorais dhá adhlacadh indiugh: náire mhór.’

adhnáireach: ‘*a.* cúthail. Labhair amach ná bí adhnáireach: cúthail. Níor éirigh riamh le garsún chómh hadhnáireach leis: cúthail, tamálte. Budh dhóigh lé duine ar a adhnáirighe do thaidhbhsigh sé ná tiocfadh oiread cuthaigh air a’s go labharfad sé go feargach. Bean lághach adhnáireach dighe seadh í: cúthail, méineamhail, gan scléip.’

adhnódh: ‘Táthar ag déanamh adhnóidh de dhuine éigin sa tigh sin anocht, an gcloiseann tú an ceól? an bhfeiceann tú na soilse go léir? ag tabhairt urraime do dhuine éigin.’

adhradh: ‘*f.3.* an urraim, an umhlaidheacht, agus an onóir is dual do Dhia. Téidtear chun teampaill chun Dé d’adhradh: chun seirce agus urraime do thabhairt do Dhia. Na déithe adhartha a bhí in Éirinn roimh theacht Phádraig, déithe pagánacha dob eadh iad. Théidheadh na manaigh go logaibh iargcúlta ná beadh aonne ag cur isteach ortha chun an Dé chirt d’adhradh: do ghrádhughadh, umhalughadh dho, urraim do thabhairt dó.’

adhruightheóir: ‘*f.3.* níl thír fé lúighe na gréine ná go bhfuil adhruightheoiridh Dé ann: a chreideas, a ghrádas, a mholas a’s a umhaluigheas don bhfior-Dhia.’

adhraim: ‘*b.a.* grádhaim go hiomlán, umhal. A Dhia, adhraim tú: grádhaim lém chroidhe a’s lém anam go hiomlán thu.’

adtuaidh: ‘Gaoth adtuaidh: gaoth ag séideadh ón áird sin. “Cad as an duine sin?” – “adtuaidh seadh é”: ón dtaobh thuaidh den ndúthraighe.’

adubhairt: ‘Chuala dubhairt-sé-dábhairt-sé éigin i dtaobh oibre do chur ar bun annso: trácht ná raibh deimhnightheach, ráflail. “Deirtear go bhfuil ag imtheacht as so” – “ní ann ach dubhairt-sé-dábhairt-sé”: cainnt nách ceart suim do chur innte. Ní maith liom daoine dubhairt-sé-dábhairt-sé: daoine a bhíos ag aithinnsint gach ráflála dá gcloisfid. Mé féin is ciontach le bheith déidheanach, chaitheas an aimsir ag comhchainnt leis gach aonne a bhual liom. Tá scéal breáigh agat a ndubhairt an fear: mar déarfadh aonne a chloisfeadh thu. “Chuir an leanbh a lámh san teine agus dóigheadh go cnámh é” – “ní mise ná dubhairt sin”: d’fhógras air aire do thabhairt dó féin. Ní fada a bhí an muileann ar siubhal nuair dúnadh é, “ní mise ná dubhairt sin”: d’fháisnéiseas san.’

adughadh: ‘teine do chur. Ag adughadh na teine; ag cur adhbhar na teine i gclódh agus í do lasadh. Ná bíodh aon eagla ort go gcaithfear amach tu, déin tú féin d’adughadh annsan: cur fút go neamhshaitchíosach, dána. Níl adughadh na teine agam: aon rud do thabharfadhl teine don adhbhar. Ó bhliadhain go bliadhain bhíodar ag adughadh leó sa cheanntar go dtí ná raibh aonne ann sa deireadh ach iad: ag méadughadh. Ná bí ag adughadh leis an scéal tá sé siléigeach a dhóthain agat: ná bi ag cumadh aon nidh nár chóir do bheith ann.’

aduighim: ‘*b.a.* lasaim, deargaim. Feic **faduighim**’

aduighim: ‘Ní mar sin do chuala-sa cad thárla, ní fuláir nó d’aduighis leis: chuiris breis leis. D’imthigh sé as so fadó riamh a’s ní fheadair aonne cár aduigh sé: cár lonnúigh sé. D’aduighinn ar mo bheagánín airgid gach uair dob fhéidir liom, mar sin d’fhás sé: chuirinn aguisín leis. Aduigh annso in aice liom-sa tu féin: socrúigh annso. Adóchad ar thaobh na foithana den gcarraig: suidhfead nó cuirfead fúm. B’olc leó an chré talmhan a bhí ann a’s ní adóchaidís ann: ní lonnóchaidís. Daoine tóirtéiseacha ní maith leó go n-adóchaidís ameasc bochtán: go mairfidís. Is aisteach na háiteanna go n-aduigheann éanlaithe ann go minic: go ndeinid a neadacha. Ag adughadh tighe ar ghainimh seadh bheith ag brath ar an rud nár thuillis fós: rud nách iontaobha. D’aduigheadar ar feadh na hoidhche i dtigh an óil: chuireadar fúta ann: thugadar an oihche ag ól.’

æ: ‘Fálte rómhat, a chara na n-ac: a chara mo chroidhe istigh, a chara na gcarad. Bíonn dúil na n-æ ag cat in iasc: raigheadh sé fé’n roth chuige. Baintear úsc as æ éisc: oíle ionlasta. Ní fuláir nó níl aon æ ann, féach an dath mílitheach atá air: tá an ball beatha san ar míriar ann.’

aer: ‘Níl grian ar an aer indiugh: níl sí soifheicse. Is é an t-alfraits is mó idir aer a’s uisce é: atá le fagháil ar an saoghal. Imthigh amach fé’n aer duit féin: buail amach fé’n spéir. Ó tháinig grian ar aer indiugh tá sé ar an aiste sin: níl aon athrughadh air ó éirigh grian. Níl aon aer sa tseómra: tá sé múchta. Tabhair aer don mnaoi (í i laige): druidtear siar uaithe. Thuas san aer chonnac eitleallán a’s gan oiread éin innte: abhfad anáirde ón dtalamh. Fadó bhíodh obair ag dul san aer san Oileán Úr: oiread san oibre nár bh’fhéidir daoine d’fhagháil di. Ná coiglídh an deoch, a fharea, tá sí ag dul san aer annso: oiread annso dhi agus ná féadfaidh sibh d’ol is bhur ndícheall do dhéanamh. D’imigh mo chuid ag éanlaithibh an aeir: gan chosc ar aonne é d’árdach leis, gan aon aire do thabhairt do.

Labhair go ciallmar a's ná bí ag imtheacht lé haer an tsaoghail: gan aon chosc ar do labharthaibh ná machtnamh ar do ráidhtibh. Is doiligh an scéal aige é, d'imthigh a chlann go léir le haer an tsaoghail: scaipeadar soir siar gan tuairisc ortha. “Cá bhfuil do thriallanois?” – “táim ag imtheacht le haer an tsaoghail”: gan aidhm agam ar aon áit ná aon rud. Mara mbeadh tú bheith ag imtheacht le haer an tsaoghail ní bheidhfeá gach oihche go maidean nách mór ód thigh féin: gan aon riaghail, ciall ná fonn ort faic a dhéunamh seachas ragairne a's scléip. Indiugh tá gach nidh ag imtheacht san aer orm: nílim in ann teacht ar aon rud do dhéanamh. Níl mo mhac ar fónamh in ao'chor, níl ann gabháil amach fé'n aer fós: dul amach as an dtigh. Is folláine an t-aer cois na farraige ná isteach fé'n ndúthraighe: an fonn.’

aerach: ‘diamhair, a chuirfeadh faitchíos (áit); ceanamhail ar sheódh; soiléasta, éadrom, luaith-inntineach. Níor mhaith liom gabháil thar an áit sin im aonar, tá teist aerach air: deirtear go mbíonn na daoine maihe ann. Áit ró-aerach chun cómhnaidhthe seadh bun cnoic: ró-uaigneach, iargcúlta. Ní raibh aon diobháil ann ach é bheith aerach: neamhstuidéardha, tugtha do sheódh, do bheith ag gabháil tímcheall ar chóisridhibh: duine nách mbíonn saoghaltach: duine cainteach. Dá mbeinn chómh haerach leis an gcuid eile raghainn ar na ráiseannaibh indiugh: dá mbeadh an oiread fonn aoibhneasa orm. Cathair aerach seadh B'l'Áth Cliath: cathair go mbaineann daoine aoibhneas as a saoghal innte.’

aeridheacht: ‘ag siubhal chun aoibhneasa; siamsa (rinnce, ceól, amhránaidheacht etc.) fén spéir; baois, neamhspéiseamhlacht (agine). Raighead ag aeridheacht an chuid eile den dtráthnona: ag siubhal go neamhspéiseamhail in aon rud ach i mbreághthacht na háite. Ag aeridheacht cois na farraige dob fhéarr liom mo chuid laetheanta saoire do chaitheamh: ghom aoibhneas fén ann, gan chúram eile. Ní chuirfinn aon eadh sa duine sin cad dhéanfad sé, tá aeridheacht ag baint leis: níl sé ró-stuidéardha, rófhuaimeantamhail.’

ag: ‘Bíonn fuath agam don pheaca: ’n-a inntin. Ná corrúigh nílir sa tslighe orm, fan mar a bhfuil agat: san áit ’n-a bhfuilir. Fan mar tá agat: ar an gcuma go bhfuilir.’

aghaidh: ‘Suidh ar m’aghaidh sall: ós mo chomhair, ós mo choinne. Gluais ar aghaidh: chun cinn nó mar tá agat dhá dhéanamh. Ar aghaidh, a fheara: chun cinn sibh. Thuiteas ar m’aghaidh: is í m’aghaidh bhí fum. Tabhair aghaidh orm-sa; féach im threó-sa. Suighidh aghaidh ar aghaidh: ós choinne a chéile. Ná stad, déin ar t’aghaidh: lean rómhat nó ar an

rud atá ar siubhal agat. Budh ró-lag mé mar bhí deichneabhar im aghaidh: ag gabháil síomh, d'iarraidh an lae do bheith aca orm. Thugas féidir ndeara an lasadh 'n-a aghaidh: go raibh a aghaidh lasta. Budh dheacair dúinn teacht agus an tsíon i 'n-ár n-aghaidh: ag teacht as an áird go raibh ár dtriall air. Ná téirigh in aghaidh do mhuinntire: ná déin aon rud ná taithneóchadh leó. "Cad thuillir?" – "púnt in aghaidh an lae": púnt gach lá. Beireann an chearc ubh in aghaidh an lae: ubh gach lá. Mar mhaithimíd dóibh seo a chionntuigheas 'n-ár n-aghaidh; a dheineas cortha orainn. In aghaidh a ndubhart leis ghá chómhairleach gan dul in arm chuaidh sé ann: d'aimhdeóin etc. A dhalladáin, nách bhfeiceann tú do phíp ar t'aghaidh amach? díreach féd shúil. Gheóbháir an t-árus sa chupard ar t'aghaidh isteach díreach: lom díreach gan bheith ar aon taobh. Má labhrair ar son na mbocht, ní chuirfead it aghaidh: ní dhéanfad aon chur isteach ort. Bailightear an t-arbhar lé h-aghaidh an gheimhridh lé h-aghaidh an eallaigh: i gcóir an gheimhridh (lé chaitheamh i rith na haimsire sin), lé tabhairt lé n'itheadh don eallach. A lithéid d'aghaidh bhéil agus thug sí orm: cáineadh, masladh. Cad tá curtha tharat agat le h-aghaidh deiridh do shaoghail? i gcóir, chun ná beidhfeá ag brath ar aonne. Tóg aghaidh do chaoraidheachta dhíomsa: t'aire fiosrachta agus ná bí ghom shíor-chiapadh (ag lorg orm, ag cainnt nó ag cur isteach orm etc.). Thairng sé aghaidh na poiblidheachta air fín nuair lámhach sé a bhean i bhfuil fhuar: de chionn san bhíodh na daoine ag cainnt air. In aghaidh mo thola d'fhág mo chlann mé: ní raibh mo thoil dóibh lé n-a bhfágaint. Ná bí in aghaidh réidhtigh choidhche: bí sítheach. Dubháirt sé lém aghaidh gur bh'fearr leis marbh mé: go dána: ní laistiar dem dhrom do chuaidh sé ghá radh. Ní raibh ach uisce le h-aghaidh lae aca: oiread agus dheánfadh a ngnóth ar feadh na haimsire sin. Ná téirigh ann lé h-aghaidh toirmise: má's fonn troda atá ort fan as. Níl aghaidh ná tón ar an gceist. Ná teasbán t'aghaidh go deo airís annso: ná feictear annso thu.'

aifreann: 'Aifreann na geine Aifreann a's fiche: gheibheann duine oiread luachta as aifreann meádonoidhche Nodlag agus gheóbhadh sé as fiche aifreann eile.'

as: 'Tá sé ag dul amach as a chroiceann: ag pleuscadh nách mór lé cothughadh. Ag dul amach as a chroiceann lé teaspach ataoi: ag brúchtghail lé mire a's lé fonn.'

baoth: 'Tuitfidh an t-ualach tá sé baoth = tá leathcheann ar an ualach.'

barra fuar: '(fic **barra**) seadh doradha gan iomchar air. Cuirtear ag iascach nuair bhíonn an t-iasc eudtrom i.e. in aice uachtair uisce.'

bladar: ‘Bí ag bladar leis agus b’fhéidir go ngéillfeadh sé dhuit = labhair leis i slighe do thaithneóchaidh leis.’

bodhrán: ‘Nuair buailtear bodhráin chun catha = na dromaídhe.’

bog-: ‘Táim bogchortha ó bheith ag scríobh = cortha go maith.’

braithlín: ‘(**bairlín**) 4. blúire mór, fairsing líneudaigh nó eudaigh cadáis a leathtar ar leabaidh. Luigh fén mraithlín = téidhir a chodladh. Cuireadh braithlín seoil fén mbád = seol mór fairsing. Níl aon déanamh ar do chasóg, tá sí mar bheadh braithlín = mór, flúirseach.’ [an ionráil ionlán scriosta]

braon: Thóig sé braon ar bórd = d’ól sé deocha mearbháill.

breac: ‘i gcómhfhoclaibh cuibheasach; foth-; ballach. Breac-dhubh: cuibheasach dubh. Breac-bhán: cuibheasach bán. Breac-glas: cuibheasach glas nó fuar. Chuir sé sioc trom airéir agus tá an lá breac-glas dá chionn = fuar go maith mar gheall air sin. Níl an t-uisce sin oireamhnach chun té do dhéanamh leis, níl sé ach breac-the: cuibheasach te.’ [an ionráil ionlán scriosta]

buannacht: ‘Táim aosta, caithte, laganois, is beag é mo bhuanacht ar an saoghal so: is geairrid mhairfead.’

bullá báisín: ‘f.4. mearbhall incheann, ag gabháil tímcheall i mboghaisín. Tá mo cheann n-a bullá báisín ó bheith ag léigheamh: tá glór agus meubhán ann, níl aon nidh léir dom. Chas an ghaoth me fén a’s mo rothar ’n-ár mbullá báisín: casadh tímcheall sinn mar deunfi ceirtlín.’

cailleamhaint: ‘Cailleamhaint an dochar mo sheanuaireadóir, bhíodh sé ag stad rómhinic: a dhul ar fán nforbh aon chur siar orm é.’

caitheadh: ‘Le neart agus fuinneamh na gaoithe do bhí farraige cháithe ag teacht aníos de dhruim na bhfailteach: an sáille ag imtheacht ’n-a cheódhmharán leis an ngaoith.’

cáithim: ‘Thug sé an oidhche ag cáitheadh sneachtaidh: ag cur.’

carthannach: ‘Sé an té is mó thugas dréir a chumais, is ní hé an té is mó thugas an té is carthannai he: an té gur méine leis an mhaith do dheunamh ar a chómhdhuine.’

ceangal: ‘Cuir ceangal féd theangan: ná bíodh an oiread sann cainnte agat.’

ceannasach: ‘a. grádhmhar, gnaoidheamhail. Duine ceannasach gan tóirtéis gur furaithe labhairt leis: duine a bhíos íseal, uasal, caoin, cneasta lé gach n-aon. Dá bhfaighinn cainnt cheannasach fén ann gan bac lé biadh: cainnt bheusamhail, ghnaoidheamhail. Dá

cheannasaighe bhíranois a's gan aon chao leithscéil do thabhairt do 'seadh is mó an dul atá agat ar eirghe leat: dá lághaiche labhrair leis: dá chneasta thugair cainnt do.' [transferred back to page 8 - FÉ]

ceapaim: 'Ceapann gach óigfhear gur leó féin me nuair ólaim lionn 'n-a bhfochair a's go labhair séimh leo: tuigtear dóibh etc.: bíonn sé n-a gceann.'

cíocaire: 'Cíocaire beag duine ná feicfeadh a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: sprionnlóir.'

claoídheascairt: 'Ní fhéadfadh an chlaoidheascairt é, tá a fhios féach cad tá 'e bharra an tseóidh aige ach a chos bheith briste de dheascaibh an ghluaiseáin do dhul 'on gleann: an sólás gan teóra.'

cnagadh: 'Cnagadh maith seadh i: is fiú dul 'n-a clúid.'

cnagaim: 'Nách é an droichmhianach é, bhíos cnaguighthe aige sara raibh suas faic agam: buailte go cruidh, láidir. Tá a bhean cnagtha (cnaguighthe) aige: cumaiscthe: clannuighthe.'

cníosc: 'f.l. caoch ar arbhar. Ní bheidh an coirce go maith tá cníosc sa chraoibh aige: an "bhleast": feódhadh. A chnísc! an suathadh a bheir orm ameasc na bhfear bhfiadhain ag gabháil orm (focal eighdeánach): dar fiadh! táim buidheach agus bheith scartha leó. "Cuirfead geall leat go mbeadh eagla ort dul ag iomarascáil liom" – "dar chnísc! ní bheadh": dar mo mhóide ná beadh. [Is iomdha duine ar m'aitheantas go bhfuil sé mar nath (focal a leanas do shíor a gcuid cainnte) aige, "dar chnísc" do rádh ag deimhniughadh a mbriathar].'

codladh: 'Deirtear lé duine a chodlas rófhada nó gur deacair a mhúscailt "codladh an tradhna" (ceann des na seacht gcodlatánachaibh): go ndeinir codladh fada.'

coimeád: 'Coimeád istigh ón sneachta: fan sa tigh.'

cóimhlíonadh: 'Gach geallamhaint dár nasc a athair air ar linn bháis dho do dhein a mhac iad do chóimhlíonadh go galánta: do rinne sé mar iarradh air.'

cóimhlionaim: 'Ar chóimhlionais do gheallamhaint go ndíolfá t'fhiacha sara gcuirfi an dlighe ort 'n-a dtaoibh? a ndeaghais dréir do gheallamhna? ar íocaí iad? Cóimhlíonadh na bréithre do labhair an fáidh: an rud adubhairt sé thárlaidh sé. Níor cóimhlíonadh riamh é: níor cuireadh 'n-a dhiaidh: níor deineadh san.'

cóimhlíontach: ‘a. do chur i gcrích: do dhéanamh: a shroichstint. Dá mbeadh sé gan tu d’ioc go ceann fiche bliadhain, gheóbhair do chuid uaidh, duine cóimhlíontach seadh é: duine a dheineas amach dá fhocal. Dhearbhuiigh sé go ndíolfí as an éagcóir do deineadh air, bídís seachantach, mar fear cóimhlíontach seadh é: fear a ghníos an rud a deir sé. Dualgas ná comaoin ná braithim ar mo chogubhas cad chuige go mbeinn cóimhlíontach ann? cad fáth go bhfuasclóchainn iad?’

cóimhlíontacht: ‘b.3. do dhéanamh dualgais, comhardú comaoine. Cóimhlíontacht a bheارtha a thug a bhás do, chuaidh sé ar tóin puill lé n-a luing: ag déunamh an ruda bhí ceangailte air - gan a long do thréigean. Dúthracht cóimhlíontacht maitheasa do deineadh air do bheir do aire do thabhairt don ndíleachtaidhe: dioghras (fonn ceart) comaoin na maitheasa do dhéunamh. Ná bíodh aonne in éadóchas ar chóimhlíontacht briathar Dé, go maithfidh Sé don bpeacach is dona, a ghnidheas siothcháin is aithrighe: fiorughadh a bhriathar.’

cóimhlíontóir: ‘f.3. duine a ghnidheas a chúram, a ghnóth dearbhtha. Cá bhfuil cóimhlíontóir is beachta ’sis firinnighe ’ná an Bás! gan teip air.’

cóimhmhéad: ‘Cuirtear cóimhmhéid ualaigh ar gach fear agus ní bheidh leathscéal leathruim ag neach: an mheáchtaint chéadna, agus ní bheidh cúis ghearáin aca. Cóimh-mhéid “a dó is a trí” agus “a cúig”: is ionann iad i gcomhaireamh. Cóimhmhéid in aoirde, i meádhchtaint, agus in aois nách mór, dob eadh an bheirt dhóirneálaidhthe: dob ionann iad ar gach slighe ach beagán. ’n-a udhacht d’fhág sé cúig céad púnt ge n-a mhnaoi agus a chóimhmhéid ag aonne dá thriúr mac: cúig céad an duine aca san freisin.’

cóimhmheas: ‘Is furaiste an bheirt do chóimhmheas, duine aca láidir a’s duine aca lag: ní deacair neart dhuine aca d’fhionnad. Ní cóimhmheas duit in ao’chor é ar Ghaedhling, is cuma cad thuigeann sé di ná cad is féidir leis de do léigheamh, tá an chainnt go dona aige: ní comórtas duit é: níl se in aon ghiorracht duit in eolas. Na fir atá tugtha suas ar thé a’s ar arán plúir cuir i gcóimhmheas iad lé n-a sínear ná bíodh aca ach arán míne choirce a’s prátaidhe a’s bainne, freagair me, céaca is sláinteamhla nó is treise? meádhaidh a dtréithe agus cuir lé chéile iad. “A Sheáin, is mór agam-sa tusa” – “an cóimhmheas céadna agam ort”: tá an cion céadna agam orts. “Chuirfinn fearg i gcóimhmheas le teine!” dheallramhóchainn iad. An tionntódh do rinne sé ar an leabhar, dá gcuirtheá i gcóimhmheas é leis an scéal bunaidh d’fhionnfá go bhfuil caibidil cóimhlíonta ann focal

ar fhocal: i gcompráid: á gcur lé chéile agus scrúdughadh do dhéanamh ortha. Cóimhmheas idir rudaidhe cosamhla, eidirdhealughadh (dealughadh) idir rudaidhe deifreacha. Ar a dtáinig riamh a's a dtiocfaidh choidhche ní raghainn ar chóimhmheas leat, a shuaracháin: ní raghainn ar chomórtas leat: ní dhéunfainn na rudaidhe do dhéinir, dá bhfaghainn Éire saor air!

cóimhmheasaim: ‘Cóimhmheas na scríbhinnidhe go léir go bhfuil an eachtra ionta sara gcuirir in eagair í: cuir lé chéile iad agus tabhair do bhreith ortha. Cóimhmheasfaidh sé an dá fhagháltas ar dtúis sara roinnidh sé go comhthrom eatartha é: meádhfaidh sé luach an dá cinn agus cuirfidh agus tómhaisfidh.’

cóimhmheascadh: ‘Sid é an cóimhmheascadh - ‘Seán Báidhte!’ - agus ní rómhaith an earra é, sé an cumasc gan suiméar é: an cur trí chéile uisce a's beathuisce. Níor deineadh an cóimhmheascadh ceart ar an mbarracht (táthán, “suimint”) san, tá an iomad grin i gcuid di a's cuid eile dhi ar chaolchuid: níor cuireadh lé chéile san gcomhthrom riachtanach.’

cóimhmheascaim: ‘Níor chóimhmheascas leis na daoinibh sin ó scéidheadar leis na Dubhchrónaigh: ní dheaghais ’n-a gcómhluadar. Má chóimhmheasctar “bán” a's “uaithne” gheibhtear dath ruadhbhuidhe: má cumasctar iad: má cuirtear (suaidhtear) tré chéile iad. Dá gcóimhmheascthá brúscar móna leis an gcré thalmhan d'fhásfadh an bhláth sa phróca níos fearr: iad do shuathadh go comhthrom ar a chéile. Ar mbeith don dá chuallacht ceannaidheachta ag dul chun deireadh i dtrácht chóimhmheascadar d'fhéachaint an dtiocfaídís suas ar an gcuma san: rinneadar aon chuallacht amháin díobh féin. Chuir sé spíonóga siúicre ar a chupa agus annsan chóimhmheasc sé é go dtí go raibh sé ar chuma ná féadfá é d'ól lé mílseacht: leaghaidh sé trí chorruighe an tsíúicre ar an dté go dtí ná raibh gráinne ann.’

cóimhneart: ‘Cuma dhuit céaca capall do chuirfir ag obair, cóimhneart atá ionta: an neart céadna: cómhláidir dóibh. Mara mbíonn cóimhneart agat ar do dhá mhaide ní rámhfair i gceart: tú do tharang mar a chéile leis an dá ghéig: cómhtharangt.’

cóimhneartughadh: ‘An scéal atá tagtha gur bádhadh an uile dhuine den bhfuirinn deineann sé cóimhneartughadh ar an ráfla fuairtheas indé: dearbhuigheann sé gur firinne ghlan é.’

cóimhneartuighim: ‘Chóimhneartuigh an sagart é lé gnásaibh na hEaglaise i gcóir an bháis: threisigh sé é: thug sé misneach agus fortacht spiride dho.’

cóimhneartuighthe: ‘An scéala do fuaireas coigthíos ó shoin ghom bhriseadh, tá sé cóimhneartuighthe san leitir do fuaireas indiu: dearbhtha: ghá rádh airís agus ghá chur in iúil go bhfuil sé fior.’

cóimhneasa: ‘Labhras leis an té budh chóimhncasa dhom agus nár mhór an glór a bhí ann a’s é gem chluais nár chualaidh me: an té a bhí nách mór buailte liom. Daoine cóimhneasa dhómsa iad san sa bhaile: chidhim an uile lá iad nách mór: buailte liom.’

cóimhneasacht: ‘b.3. cómharsanacht, foigseacht. Cómhnughid i gcóimhneasacht dá chéile, is furaiste dhóibh scéala do bhreith chun a chéile: i gcómharsanacht: in aice a chéile. Ar éirghe don gceódh do bhí an long mhór i gcóimhneasacht carraigeacha gránada agus scannruigh a fuireann: an-ghiorracht dóibh.’

cóimhphréamh: ‘Mo thuairm go bhfuil do chóiriughadh catha fén tugtha agat-sa ar an scéal; ní hionann é a’s an ceann atá agam-sa, cé gur cóimhphréamh dóibh: gurb ón áit chéadna thágadar.’

cóimhphréamhaim: ‘(cóimhphréumhuighim) tugaim préamh (préach): éirighim as an bhfoinnse chéadna: ón mbuntús céadna. Chóimhphréamhuigh ár sliocht i Loch Garman: is ann do shíolbhuigheadar lé chéile a’s do chóimhneartuigheadar. Na céadta, céadta bliadhan ó shoin do chóimhphréamhuigh ár sinnsear sa thaobh thoir d’Éirinn: shíolbhuigheadar lé cois a chéile: ón bhuntús céadna dhóibh.’

cóimhréidh: ‘a. libhéalta, socair, tuinn, slinn, ar chóimhrian. Is fada ó bheith cóimhréidh an bóthar so, tá sé lán de chnapánaibh a’s de phollaibh: níl a uachtar mar a chéile, ar an líomhthacht chéadna. Cuir an clog ’n-a shuidhe ar chlár cóimhréidh, mar clog ait seadh é, nó ní raghaidh sé ar siubhal: ar bhórd beidh uachtar comhthromamhail. Dheineamair deithneas mar bhíomair ag gluaiseacht go mear ar bhóthar chóimhréidh: ar bhóthar go raibh uachtar mín air. Siubhaluigh go cóimhréidh, a shaighdiúiridhe, ag éalódh ar an namhaid díbh: ar chéim shocair tómhaiste, éadrom. Má bhuaileann tú in ao’chor, buail go cóimhréidh, mar rud an leóchaileach seadh gloine: go héadrom, cneasta.’

cóimhréim: ‘D’fhág trí athraighe móra scóil an Astráil i gcóir Chóibh lé cruithneacht agus bhíodar i gcóimhréim ar an slighe ar feadh dhá mhí gur ghaibh ceann aca amach ar an gcuid eile: ar an gcúrsa chéadna agus suas lé chéile i ndréim gluaiste.’

cóimhriachtain: ‘Má bhíonn camplachtaidhe poilitidheachta in earrad lé chéile féin in aimsir shíothchána, tagaid i gcóimhriachtain i ngábhadh dúthaighe: tagaid agus luighid lé chéile i gcomhobair.’

cóimhfhreagaim: ‘Scríobhann sé chugham fothuair agus cóimhfhreagaim gach leitir leis: cuirim aithscéala air. Caith uait an peann san tá rinn róchaol air, ní chóimhfhreagrann sé Gaedhilg do scríobh; ní oireann di. Cosa aimlidhthe atá orm agus ní chóimhfhreagrann feidhre as an siopa iad, is éigean dom an gréasайдhe do dhéanamh bróg dom: ní bhíd oireamhnach dom chosaibh.’

coir: ““Más coir a bheith dubh tá an saoghal damanta”: más aon rud in aghaidh Dé nó duine dath dubh do bheith ar dhuine tá an oiread san daoine mar sin nách ar neamh do raghaid.’ [‘dubh’ athraithe chuig ‘buí’]

dailtíneach: ‘Nár dailtíneach an rud do a rádh suas lém bheul cá’n fáth ná raibh clann gem mhnaoi: tionnscalach: sáthadh cinn i rud nár bhain leis.’

díriughadh: ‘Ag díriughadh ar ólachán: ag luighe amach air: ag caitheamh an iomad de’; ‘Ag díriughadh na ngunnaidhe: ag caidhmsiughadh leo: ag tabhairt a mbéil ar an mball buailte.’

diúltadh: ‘Is geairrid is fear tá sé ag diúltadh den bhiadh: ní iosfadh é.’

droichbheusamhail: ‘Ní thaithneóchadh a shlighe droichbheusamhla ag caitheamh a sheile ’sag séideadh a shrón ar an úrlár: droichiomchair: nóna aige ná taithnígheann lé meón na ndaoine.’

glaodhaim: ‘Tá an ghráin agam ort, ná glaoidh orm fiú amháin ná déin oiread a’s m’ainm do rádh liom.’

ladhráil: ‘Laitfir an t-iasc má bhír ag ladhráil leis: má bhír ghá shuathadh léd lámhaibh.’

laoch: ““Is é mo laoch mo ghile mear etc.”: mo threoir a’s mo thogha saighdiúra.’

laoidh: ‘Ar dhearcadh laoidhe dhóibh chuadar ag ól: b’é críoch na mbeart aca é.’

leagaim: ‘Cár leagais t’ualach? cár chuiris díot (uait) é: scaoilis é.’

léas: ‘Níl léas tímcheall ban aige: tá sé bán gléigeal lé héileamh ortha: do shíor ag cainnt go hait ortha.’

leath-rann: ‘Cuireadh ar leath-rann me toisc m’óige: leath-chion fir.’

longughadh: ‘An fonn longuighthe atá annsan ort ná fuil aon fhonn gluaiste ort? fonn fanamhna níos sia mar is ceart.’

luighim: ‘Ná luigh ar an gcluais go ná go bhfuil a fhios aice cad tá ar siubhal laistiar di d’aindeón a luighead do leigean sí uirthe: ná bí deimhnightheach de go bhfuil sí dall air.’

máthair: ‘Ar an maoidheamh atá air budh dhóigh leat go ndéanfad sé an diabhal ’sa mháthair: iongtaisidhe.’

milleadh: ‘Mo mhíle milleadh é: táim (ba chóir bheith) mí-bhuidheach go móré de.’

millte: ‘Girrifiadh millte ná fíadfadh cú ar bith teacht suas leis: ceann go raibh siubhal áidhbhéil aige.’

mór: ‘Ní mór a gheóbhfa a dhéanfadh beart shuarach mar sin: cuid bheag dhaoine a dhéanfadh é.’

poc-fheádhaire: ‘Aon diabhal gnóth níl annso dhe ná lugha na theastuigheann sé ó éinne téigheadh sé ina phoc-fheádhaire in áit éigin eile: ina dhuine ná fuil uaidh ach bheith ag féachaint ar dhaoinibh eile ag obair.’

ráib: ‘Ní har mhnaoi ná ar bheirt do thug an ragnálaidhe sin ráib: d’aithean iad.’

réidh-: ‘Bhuail sé an tsráid síos go réidh-dh. gach éinne ag feadghail is ag faoidhrigh fé: ar a chraodó: gan áird ná suim aige ortha.’

réidhteach: ‘Réidhteach gach cruadhtain an bás: cuireann deireadh leó.’

ropaim: ‘Nil breágh ná scéal a bhíos ag imtheacht ná go roptar sa cheann orm-sa: go gcaithtear gan bac lé comhthrom na truagh.’

rud: ‘Fear gan rudanois iseadh é: lag-bhríoghach chun obair.’

saoghlach: ‘Nách mhi-shaoghlach an duine má chuireann rud beag mar é sin déistinn ort: duine lag-spirideach.’

saoraim: ‘Saoraidh airgead i dtúisce lé aghaidh ceal deiridh do shaoghail: taisc é: cuir i gcoimeád é.’

sáruighim: ‘“Sáruigheann bean an diabhal”: chlaoidhfeadh sásá is cluain mná duine i bhfad níos measa ná dhéanfadh cathughadh an diabhal.’

scannradh: ‘Duine fiadhain, ná tóg aon cheann de gan scannradh roim Dhia ná dhuine aige: gan eagla air go ndéanfadh Dia ná duine díoghbháil do: is cuma leis cad dhéineann sé as an slighe.’

scaoilte: ‘Féachaidh poll scaoilte! duine ná bionn coimeád aige ar aonnidh n-a chliabhlach.’

- scartghail:** ‘Mara mbeadh scartghail agat nuair a chidhfir é, déanfá aon gháire amháin fé mara mbeadh agat ach é: pléascadh gan chosc.’ [‘poor!’ - FÉ]
- seóinseálim:** ‘Mara dtaithnígheann an suidheachán san leat sóinseálfad leat: malartóchad.’
- siubhal:** ‘Chuadhas ann de shiubhal mo chos: gan cúram ar bith eile.’
- siubhlach:** ‘a. tugtha do shiubhal, ghluaiseacht, corrughe taistéal.’
- slánuighim:** ‘Má bhír aon rud chun deiridh slánóchad-sa dhuit é: cúiteóchad leat é.’
- slightheach:** ‘Má chuimhnigheann aca ar connus é do dhéanamh cuimhneóchaidh tá sé slightheach: beartach, cuimhnteach.’
- tabhartha:** ‘Siúd é an fear go bhfuil an tabhartha amach aige ar a ngníomhtharthaibh: an cunntas cruinn, iomlán. Bainis go raibh tabhartha amach dhá lae uirthé aca: coinnimh: biadh, deoch etc. etc. Casadh leis gur mhac tabhartha é ná raibh a fhios aige cér bh’é: leanbh neamh-dhlistinneach, nár saoghaluigheadh fé chuing phósta.’
- taomnach:** ‘Uaireannta bheadh sé talamh annso agat is uaireannta ná beadh, barra taomnach is eadh: claoon lé teip chómh maith lé n-a theacht.’
- tarraing:** ‘Ag cur na té chun tairric: ag leigeant don uisce te an suiméar do shughadh aiste.’
- tarraingim:** ‘Thairring sé amach a raibh aige: d’fhoillsigh sé é.’
- tart:** ‘Cá bhfuil a chúis gearán níl tart oighear ná ocras air: níl ceal dighe, bídh ná eadaigh air.’
- teann:** ‘Cuir a thuilleadh gaoithe sa lamhnán, níl sé teann fós: lán amach.’
- teastún:** ‘Ní thabharfadadh sé a chuid den ndonas ar theastún.’
- tiugh:** ‘Ag déanamh airgid i rith an chogaidh chómh tiugh le tiul! chómh pras is thiocfadhbh piléir ort.’
- tréigthe:** ‘Tá gach aonnidh tréigthe anois: druim láimhe tugtha lé gach rud go gcuireadh sé suim ann.’
- úndúir:** ‘Budh mhaith iad na sean-úndúiridhe: an sean-dream.’
- úth:** ‘Chuireas amuga gan sabhchus d’éinne buile na hútha is lúth a ngéaga.’

Ag breathnú dúinn ar na samplaí faoin rannán deireanach thusa, ‘Ábhar eile leasaithe’, feicimid go dtosaíonn na hiontrálacha faoin litir ‘A’ ar leathanach 204 agus go leanann

siad ar aghaidh go leathanach 223 (beagnach naoi leathanach déag), ní théann iontrálacha ‘B’ thar leathanach amháin, ó 223-228 a fhaighimid de shamplaí ón litir ‘C’, agus leathanach amháin, ansin, nó níos lú, atá i gceist le hiontrálacha as ‘D’, ‘G’, ‘I’, ‘M’, ‘P’, ‘R’ agus ‘U’. Ar leathanaigh 229 – 230 a fhaighimid iontrálacha ‘S’, agus 230-231 iontrálacha ‘T’. Má smaoinímid gurb iad na litreacha ‘S’ agus ‘C’ an dá litir is mó in CCC, cén fáth go bhfeicimid níos mó d’iontrálacha ‘A’ scriosta ná na hiontrálacha eile curtha le chéile? .i. beagnach naoi leathanach déag atá i gceist le hiontrálacha ‘A’, agus ocht leathanach le hiontrálacha na litreacha eile le chéile. Feicimid go dtagraíonn Nessa Ní Shéaghda (1990:1) do mhéid an scriosta a rinneadh ar an gcéad imleabhar: ‘Vol. 1 (G601) has copious deletions in different coloured pencils.’

Feictear domsa go bhfíeadfadh dhá chúis a bheith leis seo. Baineann an chéad cheann le cúrsaí airgid. Scríobh SO chuit An Roinn Oideachais i mí na Samhna 1935 ag lorg eolais maidir le cúrsaí íocaíochta (idir mhéid agus mhodh íocaíochta). Sa litir a cuireadh ar ais aige, mí Eanáir 1936, cuireadh in iúl dó go raibh sé i gceist acu £2 an míle focal a foc leis, ‘but that he must understand that he would be paid only on the total of words accepted by the Department.’²⁵⁰ Shamhlóinn gurbh í an bhrí a bhí leis seo ná lón na bhfocal agus an eagarthóireacht déanta. Socraíodh go n-íocfaí 5/- an míle focal le RÓF as an eagarthóireacht. Ní bhfaigheadh RÓF níos mó nó níos lú airgid ag brath ar mhéid na heagarthóireachta a dhéanfadh sé, agus, mar a chonaiceamar ag deireadh 5.1, íocadh £557.10.0 leis as eagarthóireacht ar dhá mhilliún, dhá chéad tríocha míle focal. Ach, sa mhéid is go raibh SO á foc as lón na bhfocal ‘accepted by the Department’ d’fhéadfaí níos lú nó níos mó airgid a íoc leis ag brath ar obair RÓF. B’fhéidir, mar sin, go raibh cúrsaí airgid i gceist le doimhneacht an scriosta ar an litir ‘A’. Ach, ní mhíneodh sin an fáth nár lean sé ar aghaidh mar an gcéanna tríd síos.

Ar an 18 Bealtaine 1936, chuir RÓF tuairisc i dtaobh na litreach ‘A’ faoi bhráid Choiste Comhairleach na Roinne Oideachais.²⁵¹ Ní raibh ceachtar den dá chomhaontú sínithe agus RÓF ag breathnú ar an imleabhar, agus níor tugadh treoracha dó i dtaobh na

²⁵⁰ CCC (SO) 8.

²⁵¹ *ibid.* 8.

heagarthóireachta ar an saothar. Scrúdaigh sé an t-imleabhar, scríobh sé tuairisc ina thaobh agus dhírig sé aird an Choiste Chomhairligh ar nithe áirithe a thug sé faoi deara ann. Ach, níorbh é seo an t-aon uair amháin a bhreathnaigh sé ar imleabhar na litreach ‘A’. Ag breathnú dúinn ar an leathanach deireanach den lámhscríbhinn bhunaidh, feicimid ‘FÉ 10.5.41’ scríofa ag an deireadh. Faoi 1941, bhí an dá chomhaontú síniú agus bhí RÓF tar éis *An Gúm* a fhágáil. Bhí eagarthóireacht CCC ar bun i gceart aige, agus treoracha na Roinne Oideachais á leanúint aige:

In the letter of instructions issued to him at the commencement of the editing his attention was directed to the terms of the Agreement summarised under 36 (1) (5) (8) (11) and (13)²⁵² above, and, in addition, it was impressed upon him verbally that all repetitions and unnecessary items which might be regarded as “padding” must be removed from the MS.²⁵³

Is dócha, i bhfianaise na dtreoracha béal sin a tugadh dó, gur á leanúint a bhí sé agus é ag gabháil d'imleabhar ‘A’. Chonaiceamar in 3.2 thusa, go raibh ar An Roinn géilleadh ar cheist an ábhair a bhain le Ciarraí amháin. Chonaiceamar, chomh maith, comhfhereagras idir Seán Mac Lellan agus Proinnsias Ó Dubhthaigh ar an ábhar i mí na Bealtaine 1940. An amhlaidh, mar sin, nár cuireadh seo ina luí ar RÓF go dtí go raibh an eagarthóireacht ar ‘A’ déanta aige, agus gurb í seo an chúis go bhfeieimid difear suntasach idir líon na n-iontrálacha a scriosadh in imleabhar ‘A’ agus líon na n-iontrálacha a scriosadh sna himleabhair eile?

5.6 Leaganacha á gcur isteach

Ní hé amháin gur serios RÓF abairtí iomlána as an saothar, ach chuir sé abairtí iomlána isteach é féin, abairtí nach raibh rian díobh ag SO, línte as amhráin nó as dáonta i gcás cuid mhaith acu. Má smaoinímid ar na forálacha ar fad a leagadh amach do SO maidir le

²⁵² Ailt 1, 5 8, 11 agus 13 de Chomhaontú 1939 atá i gceist anseo.

²⁵³ CCC (SO) 24.

hábhar bunaidh a úsáid agus aon ábhar as aon téacs a cheadú go soiléir, is cúis iontais é gur chuir an t-eagarthóir an oiread sin giotaí isteach gan tagairt go minic don té ar leis an ráiteas, nó don áit as ar baineadh iad. Ní hamháin sin, ach ag dul tríd an liosta thíos tá roinnt mhaith tagairtí d'aiteanna i gContae Chorcaí. Ní fhéadfadh éinne a chruthú gur tagairtí ‘peculiar to Kerry’ atá iontu.²⁵⁴ Seo a leanas cuid de na habairtí agus na giotaí sin a bhreac RÓF san imeall agus saigheada leo le taispeáint cá háit sa téacs a raibh siad le cur:

beárna: ““Briseadh agus beárna ar bhur n-arrachtach sean!” – Eoghan Ruadh.’

bocht: ““Cos istigh is cos amuigh, ní bhfuil cóir, is dócha liom; ceann fá’n bhfárdoras, lámh ar tairsigh, is bocht an cás má thá san mar sin”.”

bolg: ““Óch ón! is scíosmhar glór na taoide san oidhche/ is nuair shuidhim-se cois an tighe amuigh is chím an bhuilg bhán/ Ar mo chroidhe bocht tigeann sceimhle/ ná raghaidh díom go bhfagha mé bás” – Rann ag máthair gur bádhadh mac léi.”

cáineadh: ““An de mhuintir Cháinte (sloinne) na háite seo tusa?” arsa duine leis an bhfile. “Seadh” arsa eisean, “má thuillean siad uaim é!””

cámas: ““Ag fagháil cámais ar shaoithibh” – Eoghan Ruadh.’

casadh: ““Mar do bheadh cursa cù agus girffhéidh aici – a chasadh i ngach ponnc is an cúpla ar saothar” – Donnchadh Ruadh.’

ceannann: ““Ar a dtarraingthear ón ngeadaigh bhig is ón mbuidhe de/ Ar thairbhe na ceanainne agus ciar-dhuibhe an ghaid/ Ar ar ghlacais-se de theagascaibh ó mhíle bean/ Ní scartha dhuit le caidreabh na saoithe sean” – rann a seóladh go dtí Tadhg na Súl mBeag i mBaile Bhoirne nuair chomhairligh bean do caidreamh na bhfilí do thréigean.”

ciste: ““Gile mo chroidhe do chroí-se, a Shlánaitheoir, is ciste mo chroidhe do chroí-se a fhagháil im chomhar.””

clárach: ‘Seán Clárach Mac Domhnaill, ardfile: fear mó-r-chinn-aightheach.’

cloch: ““Clocha ceangailte agus madraí is Eilís ag titim chomh mear is a d'éiríodh sí” arsa an duine deoranta ar bhaile nuair nach bhféadfadh sí iad a bhaint ag sioc agus na

²⁵⁴ Is dócha go bhféadfaí léamh eile a dhéanamh ar chur chuige RÓF anseo – go raibh sé ag glacadh leis nach foclóir de chaint Chiarrai amháin a bhí idir lámha ag SO.

madraí á dtóraíocht is á ngreamú.’ [an giota ‘is Eilís ag titim chomh mear is a d’éiríodh sí’ curtha isteach]

cré: ““Cré agus cill go bhfaghaidh gach bráthair/ Cuir spéis ná suim in im ná i mbláthraig/ Dream do mhionnuigh go bruinne an bhrátha/ In aghaidh gach cruinnighthe ciste gaus cána ... ” - Leastar an bhráthar.’

cruadhaim: ““Crudhann sí gach lá dham seacht gcáirt insa cheann” (amhrán): bíonn seacht gcáirt agam uaiithi ar maidin agus um thráthnóna.’

crúibín: ““Is an crúibín muice a gheobhthá ar phingin go mbeitheá á chreimeadh go hoidhche” – “Aonach Bhearna na Gaoithe” (Sean-amhrán).’

cruinn: ““Beir scéal go cruinn abhaile leat/ Go Cloichín siar an Mhargaidh/ Go n-imeochaídíde is measa fós/ Ar Bhaguell is ar Mhaude/ Go sloigtear beó sa talamh iad/ NÓ amuigh i lár na fairrge/ NÓ áit ná beidh a gcasadh chugainn/ Go Luan Lae an bhráth” - sean-amhrán ar an Athair Nioclás ’ac Síthigh do crochadh i gCluain Meala, A.D. 1766.’

cuan: ““Agus ‘Donnchadh Ruadh’ i gcuau a thraochta”: an sionnach i mbaoghal a mharbhtha.’

cúil: ““D’aithe na bhfile dar bh’ionmhas éigse is iúl/ Is maírg do chonnaic an chinneamhain d’éirigh dúinn/ A leabhair ag tuitim i leimhe is i léithe i gcúil/ Is ag macaibh na droinge gan siolla da séadaibh rúin!””

cúirt: ‘Cúirt na mBúrdún: cúirt fhileata a bhíodh ag an éigse, agus bachall a bhíodh innti mar chomhartha ughdaráis: “glaodhfam cúirt anonn go Fanaisc air/ is cuirfam ’n-a shuidhe é ag ‘bata na bachaille’/ annsúd gheobhaidh trial ameasc trí cheathair/ is má’s daor í a chuíos i láthair búird le feidhm go dtachtfam é!””

damhas: ““bíonn turise na ngaibhne ar na buachaillí bó!” – FÉ, 25.x.39’

dlúth-churtha: ““Do leaghaidh clú úr-chloinne Táil go feas, gan oidhreacht fiú a n-úire ina láimh gan cheas; crainn na n-ubhall gcúmhra do b’ádhbhál meas - an draigheanach dúr dlúth-churtha ar lár ’n-a measc.” [sin é olagón dhuine den éigse nuair adhlacadh Burton i dtuama Shéarlais Uí Bhriain.]’

dorn: ““Dorn de bhochannaibh ghorm rósta”: ladhar de phrátaibh shuaracha.’

Éire: ““Ar Éirinn ní neosainn cia hí” arsa file eile.’

fabhar: “Dé Domhnaigh tig fabhar chughainn is grása ó Dhia/ Dé Domhnaigh níl clampar ná crádh lucht fiach/ Dé Domhnaigh níl pobhar ag an namhaid ’n-ár ndiaidh/ ’S ’sé mo lom-chreach nach Domhnach gach lá sa bhliadhain!””

foilighim: ““foilighidh, foilighidh an chloichín ghlas, foilighidh í sin go ró-ró-mhaith”: cluiche do leanbhaí nó do dhaoine fásta.”

gealt: “Dá b'eaglach le gach beirt dá gcuala, go rachainn im pheilt im gheilt gan tuairisc”: as mo mheabhair: fiadhain.”

gráig: ‘Gráig na Manach, Gráig na nGabhar: Ioth na Gráige.’

guardal: ‘an t-éan beag mara a shamhlúigheann beith ag siubhal ar an bhfairrge, mar aon le heitilt uirthi: Peadairín .i. “Éan Pheadair”.’

lachanta: “Lúibín lachanta, eala an chuirc bháin” – sean-amhrán.”

laogh: ‘An eilit is a laogh: a hoisín (óig-fhiadh).’

lastar: “Ba me an cleas margaidh nó an lastram aonaigh” (Donnchadh Ruadh).’

leadhb: ‘Garrdha na leadhb: cillín le haghaidh adhlactha leanbhaí gan baiste.’

léim: “Thug se léim ó Fhlaitheas Dé go hifreann”: duine a mhalartuigh a chreideamh.”

loch: ‘loch sáile: loch a lónann le gach taoide.’

loca: “Uch! mo chreach-sa faisean Chlár Éibhir/ Loca cas ar mhac gach mná déarca/ Cufa geal ’ma ghlaic, is fáinne aerach/ Is a chrobh ó alt go halt go práisleadach”!”

lóma: “Anois ó taoi it lóma is gan hata ort ná bróga, is do mhálaí it dhóid agat ag dul ó thigh go tigh, ní mar sin do Nóra, ach t sí each fá n-a cóiste, is ní fhéachfadh sa ród ar an Rógaire Dhubh”.’

lomaim: “Ó lom an cuireata cluiche ar an rí córach.””

luath: “Uabhar ná poimp ná déineadh duine as a stór, is an uaigh go líontar díobh go minic sa ló; ní luithe innti an fiotal foirbhthe ar dtóis, ’ná an muar-fhear groidhe nó an naoidheanán leinbh bhig”.’

lúbach: “Ba lúbach fada righin a striúide paidrín”.’

mac: ‘Lá na mac: lá an chatha.’

maingléiseach: “Is ait an nós so ag mórr-chuid d'fhearaibh Éireann, d'át go nódh le mórtas maingiléiseach, cé tais a dtreoir i gcódaibh galla-chléire, ní chanaid glór acht gásta garbh-bhéarla”.’

maiseacht: ““A bhainrioghan na mbainríoghan is a mhaise na mbé”: tagairt fhileata do Mhuir Mháthair.”

mála: ““Seo chughainn ‘Seán an Mhála’” .i. an púca – chun leanbhaí a chiúnughadh.”

marc: ‘Mar bheadh cuil i marc: ar nós cuileóige i gcapall.’

masluighim: ““Is ní chasfadhl a chúl/ le héin-fhearr insa Mhumhain/ nó gur mhasluigh an gúta/ a chosa is a chnamha” – Donnchadh Ruadh.”

muillteoir: ““Tusa árd-mhaor Mhuisire/ mise muillteoir mhuilinn an Ghliomaigh/ déin-se dhamhsa scillige agus déanfad-sa dhuit-se mín-mheilt”.”

múineadh: ““Ag múineadh scoile do b’obair dom laethibh/ Is a rún don phobal go mba follamh an chéird sin”.”

oirim: ““Oireann spallaí d’fhabláí chomh maith le clocha muara/ agus oireann ciall do ghaigí chomh maith le móran tuairim”.”

planndughadh: ‘Do bhí leabhrán Gaedhilge ag Bíoblóirí céad bliadhain ó shin agus “Cat Breac” an dá fhocal tosaigh de.’

poc: ““An té chífeadh an ainnir ar maidin nó ar neón, Gúna agus clóca uirthi, caidhp agus cnot; Stocaí geal greanta uirthi, bróg chaol is búкла, Is gan leithéid mo chuílfhinn ar Aonach an Phuic”.”

portán: ““Tagann biolar sa bhféithe bháidhthe/ fásaid báirnigh ar an gcarraig/ an cat, tré dhuthchas, clúmhail ar/ siubhlann an portán ar nós a athar”.”

pota: ““Má thíeigheann tú go Conaithe gheobhair pota maith ann ach glaodhach go tigh Chiarmhic an t-ósta”.”

sácráil: ““Ar Aifreann dá ndeachainn-se le linn sácrála”.”

sál: ‘Sál an lae: tráthnóna.’

scáirdeach: ““scaoil chughainn scáirdeach den bheóir is cuibhe dhúinn a shláinte siúd d’ól”.”

scilleadh: ““Tusa árd-mhaor Mhuisire/ mise muilleoir Mhuileann an Ghliomaigh/ déin-se dhomh-sa scilligeadh/ is déan-sa dhuit-se mín-mheilt” [Muileann an Ghliomaigh .i. láimh le Daingean Uí Chúis].”

siodairiam: ““Beidh siodairiam againn den bhfion ’s den bheóraigh” – an t-amhrán san “Eóchaill”.”

speirín: ‘Speirín: ainm chnuic i dTír Eoghain.’

srannán: ““Go dtagann srannán an bháis ’n-a scórnain, is mo thruagh-sa an t-anam bocht n’fheadar cá ngeóbha sé!””

steall: ““Don Pháپ ná thabharfá steall cé náir it tigh/ ná lán an pheannta mhantaigh bhearnaigh bhig”.”

stiocium: ““Québec stioc-chaite ag fuirinn na bhFrannc”.”

striúda: ““Ba lúbach fada righin a striúda paidrín”.”

sursaing: ““Má’s bráthair bocht an bráthair méith/ is maith a ghné is a shursaing teann”.”

teacht: ““Ar mo ghabháil dam trí Dhroichead na Tuairighe/ ar thuairisc mo stuaire cailín/ do casadh cnap tighe orm in uaigneas/ gan braon ag teacht anuas air ná aníos”: sileadh anuas, ná fúscadh aníos.”

thuaidh: ‘Tháinig sé aniar dtuaidh ortha fé mar tháinig Tadhg na Cuaiche ar Corcaigh: d’ealuigh sé ortha gan fhios.’

trasnach: ‘An Loch Trasnach: cuan atá in iartha Cho. Chorcaighe.’

úire: ““Do leagh clú úrchlainne Táil go feas – gan oidhreacht fiú a n-úire ina láimh gan cheas; crainn na n-ubhall gcumhra do b’adhbhal meas, an draighneach dúr dlúth-churtha ar lár ’n-a measc”, rann dár cheap duine d’fhilibh Thuamhain nuair d’adhlacadh Burton i dtuamba Shéarlais Uí Bhriain.²⁵⁵

5.7 Nótáí ón Eagarthóir

Bhreac an t-eagarthóir roinnt nótáí ansin ag tabhairt treoracha do na clódóirí nó inar ardaigh sé ceisteanna faoi litriú cuid de na focail sa téacs. I lámhscríbhinn na litreach ‘B’, mar shampla, scríobh sé an nótá seo do na clódóirí, nótá a luadh i gCaibidil a ceathair (4.7): ‘Printer – throughout this book and up to page 148 of the next book the author has changed his plan of using colons and now uses “equals” mark. Please regard every “=” as colon.’²⁵⁶ Taobh leis an gceannfhocal **ainbhiosach**, tá an nótá: ‘Ceist i dtaobh an

²⁵⁵ Bhí an sampla áirithe seo breactha síos cheana ag an eagarthóir le hais an cheannfhocail **dlúth-churtha** rud a thugann le fios dúinn nach SO amháin a bhí ciontach as leaganacha a athúsáid faoi cheannfhocail eile.

²⁵⁶ Níor éirigh liom teacht ar aon tagairt do na clódóirí i gcáipéisí na Roinne féin. Tá corrthagairt déanta ag SO i litreacha chuit An Roinn ina dtagrafaonn sé do chlódóirí agus don téacs a chur i gcló. Níor tháinig mé ar aon fhianaise go raibh aon teagmháil ag Oifigigh na Roinne le clódóirí i dtaobh CCC, agus níor aimsigh mé ach na tagairtí seo do chlódóirí in CCC (SO) 10 & 11: ‘The Committee recommended that the portion

leitriúcháin sin dreachair agus i dtaobh an fhocail sin “monchra” factory ar leath.ch. a 76. Ní dócha go bhfuil sé in úsáid i gcaint Chiarraige. FÉ. 30. iv. 1941, Lá fillte na scribhne ar an oifig.’ D’fhéadfaimis an leagan seo ‘dreachair’ a ghrúpáil leis na leaganacha ar fad ag túis na caibidle sin ar leaganacha canúnacha iad a chabhródh le húsáideoir an fhoclóra fuaimniú na bhfocal sa taobh sin tibre a thuisceint. Tá ceist eile ardaithe aige maidir le hiontráil faoin bhfocal **scannradh**: “I much doubt the sentence marked [] opposite. I believe it must be a misreading of a line in Cúirt an Mheadhon Oidhche, the proper reading of which is – Mo scannradh! scéal gan féith dhem chroidhe = horror of horrors! a thing which had never entered my head!”²⁵⁷ Maidir leis an dá cheann eile anseo, ní dóigh leis an eagarthóir go bhfuil siad i gceart; scríofa san imeall taobh leis an bhfocal **clúnfairt** tá, ‘Mairiach (= marbh-each – Dictionary – meaning a foal stillborn or prematurely): given opposite as applied to a prematurely born human!’, agus taobh leis an bhfocal **buidheanach**, “Baenach, baoinach, atá ann le ceart: ionann ‘baon’ nó ‘laogh’”. Tugann SO ‘dréir’ mar cheannfhocal as féin, agus ‘do réir’ idir lúibíní taobh leis. San imeall scríobh an t-eagarthóir: ‘This is out of course. It should be brought back to “do réir” or forward to the word réir. There is no sense in putting it under dréir, there being no such word.’

Mar is léir ó na liostaí ar fad thusas, bhí RÓF thar a bheith díograiseach agus dùthrachtach agus é ag gabháil do ghnéithe dá chuid oibre ar an saothar seo, ach rinne sé failí ar cheann de chúraimí bunúsacha an eagarthóra – botúin a cheartú. D’fhág sé botúin litrithe tríd síos mar aon le neamhréireanna i litriú focal áirithe. Mar shampla, níor cheartaigh sé, nó is ar éigean gur cheartaigh sé, an síneadh fada in easnamh ar an bhfocal ‘ná’, an chaoi a raibh ‘fear’, ‘fear’ agus ‘fearr’ measctha suas, d’fhág sé ann na leaganacha ‘Meirice’ agus ‘Aimeirice’, ‘Páiméalach’, ‘Peáirnéalach’, ‘Peairmeil’ agus ‘Peáimeill’, agus níor

of the work in question be accepted for publication. ... the Committee recommended that A and B be printed as separate volumes and that be bound in paper covers.’; ‘This letter [17/11/1936] was brought before the Advisory Committee on 20th November, 1936 when the Committee recommended that a further payment of £100 be made to the author, but that he be informed that no further payment in respect of A and B could be made to him until that portion of the work had been set up in proofs by the printers.’ Tá ‘FÉ 22.v.1941’ scríofa le hais an fhocail **buailte**, a thugann le fios, is dócha, gur thart ar an am sin a bhreac sé síos an nóta seo do na clódóirí. (I litir dar dátá 28/11/1944 (NA 97/9/370) a cuireadh in iúl do SO nach mbeadh an saothar á fhoilsiú).

²⁵⁷ ‘Is é mo scannradh scéil gan airgead .i. is uathbhásach (orm) lé hinnisint’ a bhí idir na lúibíní cearnógacha ag RÓF.

cheartaigh sé leaganacha mar ‘go hÉireann’ (m.sh. **reibiliúntaidheacht**: ‘D’ao’ghnóth glan do cuireadh na dubh-chrónaigh go hÉireann chun reibiliúntaidheachta do dhéanamh ar na daoinibh: marbhadh, sladaidheacht is fuadach’).

Ag breathnú dúinn ar na hiontrálacha ar fad a scrios an t-eagarthóir d’fhéadfaí a rá, i gcomhthéacs thoirt ionlán an tsaothair, nach mórán iad an tríocha leathanach (nó mar sin). Ach nuair a chuirimid na leathanaigh sin leis na hathruithe ar fad a rinneadh ar fhocail aonaracha agus ar litriú canúnach, chomh maith leis na nithe ar fad a chuir an t-eagarthóir isteach é féin, bheadh sé deacair a áiteamh nár bhris RÓF Clásal a naoi de chomhaontú Dheireadh Fómhair 1939:

Ní misde don Aire nó dá eagarthóir nó dá eagarthóirí nó do dhuine eile ar a leagfaidh sé cúram eagarthóireacht an tsaothair de thuras na huaire ceartúcháin agus teascaí **réasúnach** do dhéanamh insan tsaothar nó in aon chuid de fá órdughadh an Aire. Ní **ceadmhach** do cheachtar de na páirtidhthe sa Chomhaontughadh so ná do dhuine ar bith thar a cheann nó thar a gceann **malairt crota do dhéanamh le ceartúchán** nó le **teascadh** ar ghné geinearálta an tsaothair do réir mar a léirightar san sa Chomhaontughadh so.²⁵⁸

Ní haon ionadh, nuair a smaoinímid ar thoirt an tsaothair agus ar an méid ama a chaith RÓF ag gabháil don eagarthóireacht, go raibh sé ag súil go mór leis an deireadh de réir mar a bhí an deireadh sin ag druidim leis. Sa nóta a scríobh sé i dtábhair an imleabhair dheireanaigh (“Tuagh” – “útamálaidhe”) scríobh sé ‘sidé an chríoch ar obair an ughdair, agus is binn liom an focal deiridh de d’fheicsint. Tá an beart so ar chomh-dhul le n-a dtáinig cheana.’²⁵⁹ Ag breathnú dúinn ar dheireadh na lámhscríbhinne féin ansin feicimid gur shínigh idir SO agus an t-eagarthóir í mar léiriú ar a gcúraimí siúd a bheith déanta acu:

²⁵⁸ ‘Comh-aontughadh ar n-a dhéanamh an 4adh lá de Dheireadh Foghmhair, 1939, idir an tAire Oideachais agus SO’, (Alt a naoi), NA 97/9/370. Is liomsa an cló trom.

²⁵⁹ N566 III Payments.

‘Ar n-a chríochnughadh ar an 30adh lá d’Easba fault 1942.
A bhuidhe le Dia.
Seán an Chóta.’

Ba le filíocht a chuir RÓF a shéala leis an saothar:

‘Críoch don eager fám’ láimh-se II.V.1943; 9.20 pm.
A bhuidhe le Dia – amen.
Risteárd Ó Foghludha’

‘A chlanna Gaoidheal sin crích [*sic*] ar mo ghnó
Gan smúid gan fuigheall ó bhuinn go baitheas;
D’eagruigheas gach nidh bhí romham
Go fiú gach poinnc is síneadh fada! – “Fiachra Éilgeach”.’

6. Úsáid agus Fuaimniú na bhFocal

Tugann SO leideanna tábhachtacha go minic tríd an bhfoclóir i dtaobh úsáid cheart na bhfocal chun brí faoi leith a chur in iúl. Faigtear treoir idir lúibíní, nó,anois is arís, tar éis fleiscín, ag deireadh chuid mhaith abairtí a insíonn comhthéacs an ráitis dúinn. Ar na cinn is coitianta tá ‘deagh-ghuidhe’, ‘drochghuidhe’, ‘eascainghe’, ‘guidhe choitcheann’, ‘mallacht’, ‘rádh’, ‘seanamhrán’, ‘seanhfocal’, ‘seanghiota’, ‘seanrádh’ agus ‘seanscéal’, mar shampla:

briseadh: ‘Nár thé briseadh ar do shláinte (*deagh-ghui*): lé linn buidheachais nó ólacháin: go raibh sláinte mhaith i gcónaidhe agat.’

log: ‘Leigheadh na log ort (*drochghuidhe*): na súile go n-imthighidh lé galar éigin a’s ná raibh agat ach na cuasa.’

daol: ‘Nead an daoil it scórnaigh! (*eascainghe*) go raibh na piastaidhe ghod itheadh sa chré.’

iascaire: “Go dtugaidh Dia saor na hiascairidhe” (*guidhe choitcheann*).’

lom-scread: ‘Lom-scread air, an bitheamhnach, gan mheas air féin, a ghoidfeadh ó leanbh (*mallacht*): bás chuig a’s á chaoineadh go rabhthas.’

dán: ““Abair (cas) amhrán” – “ní chasfad; níl ‘dán ná duain’ agam”: (*rádh*) filidheacht de għlanmheabhair ná guth a canta.’

cábla: ““Loingeasaidhe...gan luascadh ar linn dá gcáblaídhe etc.” (*seanamhrán*): na téada móra a bhí ghá gcoimeád ar ancaire: chómh ciúin sin ná raibh strus ortha.’

beart: ““An bheart dhéidheannach an bheart” (*seanhfocal*): an mhaith dheidheannach is í an mhaith a mbíonn an meas uirthe.’

dailtín: ““Dar lé dailtín na gcuach gur mar é féin do bhíonn an sluagh” (*seanrádh*): an té a bhíos ar meisce, dar leis gur b’í an chiall ait chéadna bhíos ag cách.’

seanghiota: ‘An Mhioncháisc, an domhnach roimh Domhnach Cásca. Um Cháisc: tímcheall na Cásca. “Aoine an Chéasta is mór an céasadh bainne d’ól, Domhnach Cásca, is mór an náire bheith gan feóil” – *seanghiota*.’

díodán: ““Bhuail an fathach uime a’s é ag díodán amhráin” (*seanscéal*) ag cur aeir nó fuinn air idir a fhiaclaibh.’

Ina theannta sin, faightear treoir anseo is ansiúd maidir le fuaimniú agus brí na bhfocal, áit go dtugann SO litriú foghraíochta, nóta faoi litreacha nach gcloistear nó nóta beag faoi bhrí faoi leith na bhfocal. Seo a leanas liosta de na nótaí atá tugtha aige ina míniúnn sé na nithe faoi leith sin a bhaineann le focail nó nathanna áirithe. Go dtí seo, níl aon staidéar déanta agam ar na nótaí ná na treoracha a thugann sé agus, ar an ábhar sin, ní dhéanfar a luach a mheas anseo:

adh, aidh: ‘(ádh, áidh) *réimhmhír* aidhbhlithe (adh- in iartha Chiarraighe).’

Adam: “An raibh móran daoine ann?” – “bhí siol Ádhaimh is Éabha” (siol Á is É, sin mar a fhoghruigtear é): na sluaigthe.”

ádhbhar: ‘Cuir do mhaide rámha ar an ádhbhar (más dolaidhe adhmaid a bhíos ghá choimeád i dtreó); cuir do mhaide rámha san ádhbhar (más laghar iarainn í): ionad an mhaide rámha.’

ag: ‘leis an ainmfocal bhriathardha; de thamall nó d’eaga; cialluigheann gníomhaidhe gnímh; cialluigheann sé toisc; cialluigheann sé seilbh le briathraibh seachas ‘is’ agus ‘tá’; i dtaobh, mar gheall air; féach annso le ‘seo’; in ioscaid le ‘ar’, chun chomhthruim a chur i gcéill.’

ag: ‘Ag seo leabhar duit: tóg an leabhar (mar bhrónntanas nó le cur in ionad rud eile b’fhéidir). Má cuirtear an fhoirbhrigh ar an bhfocal ‘seo’ sé a chialluigheann sé go bhfuil leabhar ag teastáil; más ar an bhfocal ‘leabhar’ do chuirtear an fhoirbhrigh cialluigheann sé leabhar in ionad ruda éigin eile.’

áidhbhéil: ‘Innseósad an scéal díbh gan aon áidhbhéil: gan aon iarracht do thabhait im aithris ar a chur ’n-a luighe ar mo lucht éisteachta go raibh sé níos measa nó níos uathbhásaithe ’ná bhí (níl an chiall “áidhbhéis” leis annso in ao’chor).’

áidhbhéil: ‘Á, a dhaoine, éistidh leis an áidhbhéil atá aige: an chainnt árdbhomasach (is féidir so gan áidhbhéis).’

aimhleisceacht: ‘aimhleisce, an bhrígh chéadna.’

aithbheódhadh: ‘f. (*aithbheódhaidhte*) aithbheódhachtain(t), aithbheódhughadh, aithbheó. Malairtidhe firmeach iad so ar aithbheó.’

aithdheinim: ‘An uile lá cuireann sé geall ar chapallaibh agus cailleann, ach ní thréigfeadh a mhian, ní aithdheunfad (aiteunfad an fhoghraidheacht) an saoghal mór: ní atharróchadh faic a aigne.’

ál: ‘Uimhir iolraídh an fhocail seo, alta.’

amach: ‘Tháinig tinneas amach im dhrom: suas im dhrom (ní h-ionann so agus amach tríom dhrom).’

amach: ‘Amach, a madra! fág an áit gan rómhoill. (Is soiléir as an méid seo go gcialluigheann “amach” le breithribh áirighthe treisiughadh nó breisiughadh agus lé réamhfocal faid slighe).’

amhlabhair: ‘Bíonn na leitreacha seo amhlabhair as Gaedhling uaireannta, “c” i ndiaidh “g”, “b” i ndiaidh “m”, “d” i ndiaidh “n”, “f” i ndiaidh “b”, “p” i ndiaidh “b”, “t” i ndiaidh “d”, “s” i ndiaidh “t”, etc.: cailleann siad a bhfuaim: múchtar iad.’

amhlabhra: ‘droichrith chainnte, mílíomhthacht, neamhshnastacht (connrárdha an fhocail seo, uchtach).’

aimhdheónin: ‘Aindeón an bhrigh cheudna.’

amhras: ““An fear maith é” dhá fhreagra deifreacha ar seo: m’amhras é (nuair bhíonn an bhéim ar an ainmfocal cialluigheann sé nách é do thuairm láidir, agus ar an bhforainm cialluigheann sé dearbhacht).’

an: ‘Is é an lá é (le teas, fuacht, cruadhtan, áthas nó aon rud mar sin a chomharthóchadh é thar laetheantaibh eile): an-lá.’

anachain: ‘Anachain dubhach (drochghuidhe ach is minic, minic deirtear é le duine toisc diombáidh do chur ar dhuine) air nár fhan uatha (daoine a dhein a dhíobháil) a’s a fhios aige cad é an saghas iad: bíodh san aige de bharr a amadántaidheachta.’

anairt: ““Nár bheiridh t’anairt ar an luach!” deirtear so lé duine go mbíonn deabhadh ní fothagadh air chun aon ruda (mo thuairm gur éirigh so san am a dtugtí anairt i bhfochair ime go Corcaigh ó Dheasmhumhain).’

an-am: ‘In am ’san an-am bí aireach ar t’anam: gach tráth. (Is ar “an-” do bhíonn an bhéim nuair bhíonn an chiall fé leith seo leis an bhfocal; ar “-am” a bhíonn sí nuair chialluigheann sé am maith).’

annamh: ‘Ní cloistear an “mh” i ndeireadh annamh roimh “l”; is anna(mh) liom, leat, leis, léi, linn, libh, leó.’

anois: ‘Nuair deintear nó thárluigheann aon rud a chuireas sásamh ar dhuine deirtear, “seadh anois”.

anshásta: ‘Freagra anshásta seadh “b’fhéidir”: freagra ná sásódh duine.’

aoinnidh: ‘Cad tá fé t’oscail agat? - aoinnidh: faic (bíonn fonn ceilte ort nó fiosrachta do chur díot).’

araghaidh: ‘Ní fheaca riamh araghaidh ar aon fhear mar atá air: gnúis thaithneamhach (“araoi” an fhuaim, ach nách “ar” + “aghaidh” atá ann? ar nós air scriobh, airí etc.).’

arbhu: ““Cathain chonnaicis é?” – “arbhu indiu!”: indé (deirtear san amhail a’s dá mbudh greann é). Arbhu anocht (deirtear san ar an slighe gcéudna mar a deirtear ‘arbhu indiu’).’

árd: ‘Ainmneacha áiteann: Árd Fhearta, Árd Phíonáin. Na h-Árd Ruaidhtidhe: uimhir iolraíd Árd Ruadh (is ar an aidiacht do bunuigheadh an iolraigheacht! nách ait sin?).’

árd-: ‘Tráighlí sé árd-bhaile Chiarraighe (cóimhbhéim ar an dá fhocal): an baile is mó ann.’

athair: ‘Na h-Atharacha Naomhtha: Ábratham, Iácób etc. ach “ár n-aithreacha”, deirimíd lé n-ár dtuismightheoiridhibh féin.’

banim: ‘Tóg díot do chuid éadaigh (sid é contrárdha cuir ort).’

bairriobar: ‘barə ‘lubər’ (barraliobar)’

banndairne: ‘fic ‘**bambairne**’ an chiall chéadna atá leó.’

bannlámh: ‘Deirtear trí bannlámhtha etc.’

bantracht: ‘Ní nár díbh bheith maoidhteach as bhur mbantracht = mná áilne seadh iad go mbeadh an saoghal mór meastamhail asta, nó (nuair deirtear lé searbas é) chuirfidís náire ar aonnan.’

barránach: ‘garsún nó ógánach. (Tá an chiall so leis cailte anois nách mór agus tagartar é lé duine go neamhmheastamhail). “Á, a bharránaigh!” déarfá lé bitheamhnach nuair bhéarfa ’sa bhfoghail air, nó ag iascach, cuir i gcás, agus go mbeadh iasc dhá choimheascá agat agus bheadh ar tí imtheachta uait ach nuair bheadh daingean agat, “á! a bharránaigh”. Cad as an barránach? = cad as an duine iasachta? (ná beadh t’aithne air nó gur chuma leat é). Chidhtear mar sin gur b’é an chiall atá lé barránach = duine glic, cúinseach, intseachna.’

barróg: ““Mhuise, dhá bharróig ort” = “léan ort”, ach ní lé drochaigne deirtear é.’

bas: “Tá sé go deas agat dá mbeadh sé ar do bhais agat”, deirtear é seo le rud a bheadh ag duine eile go mbeadh meas aige air agus ná beadh aon mheas agat-sa air.’

bastairt: ‘ní díochlaontar’

beag: ‘gan díochlaonadh’

beagán: “Beagán ratha ort” (drochghuidhe) = ná raibh aon rath in ao’chor ort. Is minic a deirtear é seo, leis, ag cur míchéadfadhl in iúil gan aon drochaigne do bheith ag an té a labhras: beagán ratha orm-sa féin nár dhein an obair agus gan bheith ag braith ar fhuairthé duine mar thusa.’

beanbhach: ‘cloistear an bh’

beannacht: “Mhuise beannacht Dé leat (agus abair amhrán)” deirtear so lé cion ar dhuine”; “Beannacht Dé le hanam do mharbh agus innis scéal dúinn”, ag cur misnígh ar dhuine labhartar mar seo.’

beárna: ‘Stad stagúin i mbéal beárnan ort, deirtear lé duine a stadas agus ná raigheadh chun cinn ar an uain thábhacthaigh, nó nuair ná beadh coinne ná gádh leis.’

beart: “An bheart dhéidheanach an bheart” = an mhaith dhéidheanach is í an mhaith go mbíonn an meas uirthe. Dá mbeithteá ag déanamh maitheasa do charaid duit ar feadh do shaoghail agus go dtéipfeá aon uair amháin agus go ndéansadh duine eile iasachta an rud nár néis is minic gur mó an mheas bheadh ag do charaid air sin ’ná ort-sa, uime sin an seansfhocal.’

beilt: ‘Chuaidh sé go beilt an chlaidhimh air = ní mór ná gur éirigh leis. Tá baint éigin ag an gcarbal so lé pionnsaidheacht, dar liom.’

bliadhain: “Chuir sé ceangal lae a’s bliadhna ar a churrachán, cur i gcás, agus ná beadh sé uaithe ach aon uair an chluig amháin”: láithrigheann an chainnt seo go minic i seanscéaltaibh = ceangal maith.’

bochtán: ‘Léan ort! a bhochtáin, ní fleicfeá do chroidhe dá mbeadh sé ar do bhais agat (lé n-a luighead) = rud suarach, sprionnlaithe seadh thu (a chontrárdha so: tá croidhe bó aige!).’

bodhar: ‘An bhfuil do lámh-sa bodhar? (in imirt chártaidhe) an bhfuil do lámh caithte uait agat?’

boireann: ‘Ní cloch do chaith sé liom ach boireann, deirtear chun méid na cloiche do chur in iúil. Áidhbhéis seadh é.’

brach: ‘ní díochlaontar’

bradach: ‘Tá greim bradach ag an leanbh (deirtear so lé rud a éalóchadh sé i nganfhios; is deacair goid do thabhairt air).’

breágh: ‘Nuair a chuirtear (go) breágh roimh aon aidiacht cialluigheann sé brigh na haidiachta san chun doshásta.’

breill: ‘Tá breill ag teacht ar an leanbh: tá cuma an ghuil ag teacht ar a bhéal. (Aithchiall) Imthigheadh an bhreill diot: cuir uait an chuma mhíoshásta.’

breith: ‘An bhfuil sé ag breith na gcos fós leis? an bhfuil sé ag éalughadh ó n-a namhaid (má tá sé ar teicheadh); an bhfuil sé eulughadh na dligne? (má tá coir déanta aige); an bhfuil sé ag eulughadh ón mbás? (má tá sé aosta nó an-bhreóidh); an bhfuil sé chun tosaigh? (má tá sé i gcomórtas nó in iomarbháidh).’

briathar: “Ambriathar mhuiise”, deirtear so i dtúis cainnte go mbíonn malairt tuairme inntleis an rud a bhíos ráidh nó déunta.’

bró: “Ní mheileann leathbhró”: muna luigheann beirt lé n-a chéile go dúthrachtach ní deintear an obair (is minic adeir bean lé n-a fear é agus í ghá imdeargadh lé n-a dhíomhaointeas).’

broigheall: ‘saghas fiaidh mhara. Sid iad na saighiseanna atá ann: an seagadh (an ceann is lugha agus néal glasuaithe ann leis an ngréin) an fiach (mara) féin (dubh ar fad); an broigheall annsan (níos mó agus dhá bhall bhána ann siar fés na sciathánaibh) agus an lóma (an ceann is mó agus is fánaighe).’

brón: ‘Brón ort, ná stadfadh: léan ort: b’fhearr liom go stadfá (deirtear so lé duine a bheadh ghod chiapadh gan aon drochaigne do bheith agat do).’

brugham: ‘Ná bí chómh támáilte, brúigh isteach tú féin: ná bíodh scáth ort roim aon: druid isteach (an támáilteacht amháin a bhíos ag cosc sa chás so).’

brúighe: ‘Seadh, tá an turus brúighe agat, is maith an teacht é sin: tá do thriall sroichte agat (i sín olc is minicighe deirtear so, nó fé dhuadh).’

brusaire: ‘duine mear, gasta; teallaire; cleasaidhe; duine ná beadh róthoirteamhail agus go gcuirfeadh a dheallramh sa dhéunamh in iúil duit ná bionn sé rómhínbhriathrach ar fad (tá an Ghaedhilg lán den saghas so focal ag ríomh daoine).’

buachaill: ‘Tugtar fé ndeara an earraidheacht do baintear as bhuachaill ar na cumaidhibh seo: - an bhfuairis an casúr fós? tá an buachaill agam’; ““Chughat na buachaillidhe bána” (deirtear lé leanbhaidhibh chun iad do chur n-a n-éisteacht): ta do namhaid chughat.’

buidheanach: ‘Focal ancheinamhail ar fad is eadh é a luigheas leis an gcroidhe i bhfad níos mó ’ná mar ghnídheann “grádh”, “múimín”, “cumann” ná eile.’

buirbín: ‘Foghruightear “bruibín” é.’

bun: ‘Bun i gcómhfhoclaibh aidiachta: cuibheasach, agus i gcómhfhoclaibh ainmneach: adhbhar maith.’

buirbín: ‘foghruightear “bruibín” é.’

camhaoir: ‘Is aoibhinn liom siubhal cois mara leis an gcamhaoir: an tráth gur deacair na rudaidhe id thímcheall do thabhairt chun cruinnis (taithnígheann fuaim an fhocail seo leis na daoinibh, is minic do chuala iad ghá mheádh ar an dteangain).’

can: ‘Is eól dom lion tighe áirighthe a bhaineas áis as an bhfocal “can” in ionad “gan” do shíor.’

canad: ‘*d.bh.* cad é an áit (cá + ionad).’

carr: ‘Is minicighe gur ar an gcabhall gan na rothanna tugtar carra.’

cás: ““Dhéanfainn trí mhíle focal do scríobh in aon ló” – “níor chás duit”: ní fhéudfá choidhche: b’fhada uaidh thu (nuair cuirtear béim na cainnte ar “chás” cialluigheann an rádh searbas). Níor chás duit do chos do chur san uisce te sin: níor dhuadh leat é: ní thárlóchadh go loiscí thu dá ndéinteá é (an bhéim chomhthrom-roinnt) ach níor chás duit (béim ar “cás”) do chos etc.: ní bheadh sé de mhisneach agat: budh bhaoghal duit.’

ceaidé: ‘Cá bhfuil (cabhail) an ceaidé? (bíonn tagairt annso do dhuine éigin áirighthe is eól don té go gcuirtear an cheist air): an duine beagchúirim: a bhíos de shíor gan puinn dochma ag obair ná saoghaltacht ghá chur air.’

ceann: ““Cé chídhfinn indiugh ach seanMháire Ruiséal, gléasta, inealltha budh dhóigh leat gur tí pósta bheadh sí” – “ceann oireóige ar sheanchirc”: an aois d’iarraidh bheith óg airís (oireóg = sicín).’

céiddéag: ‘i ráidhtibh mar aon chéaddéag etc., cialluigheann sé cuid anmhór.’

ceódmhar: ‘ceódmhaire an chéim bhreise a chuala i gcómhnaidhe in ionad ceódhraighe.’

cianmharthain: ‘Léd cianmharthain ní iomcharófá an mala guail seo go barra an chnuic sin: faid agus bheidhfeá beó (lé cinnteacht a deirtear é seo).’

ciara-má-boc: “ciarla-má-boc” adeirtear sa Dún so agus thart tímcheall.’

cleachtadh: ‘Focal marbh ar dhair seadh “omna”anois ní deintear aon chleachtadh air: ní baintear aon áis as.’

cliabh: ‘San Dún so againn agus mórdtímcéall ní tugtar “cliabh” ar aon árus fighte ach ar an gceann do h-iomcharthar ar dhruim dhuine.’

clog: ‘Do bhí clog san gcoill a’s budh bhinn an clog é, ach tháinig clog eile a dhein clog binn den gclog san: ceann budh mheasa ’ná é. Deirtear so dá mbeadh duine ar digh uair agus gur mheasa bheadh sé an chéad uair eile.’

cnap: ‘An cnap uaireadóra atá aige ní iomcharóchadh asal í! uaireadóir toirteamhail (uaireadóir, gluaisteán, baininnscin ar nós bád).’

cníosc: ‘Is iomaidhe duine ar m’aitheantas a bhfuil sé mar nath (focal a leanas de shíor a gcuid cainnte) aige, “dar cnísc” a rádh ag deimhniú a mbriathar.’

cnocadóir: ‘D’aithneófá na cnocadóiridhe in aon áit! (focal táire é seo): na daoine a mhaireas ar shleasaibh cnoc.’

cnuga: ‘ceann casúra nó fadhb mar é ar an rud: cnapóg, meall, ceann cruaidh: dola: cnapán (óir): borradh nádúrdha nó at ar aon rud. ’sé an smalcaire droichmhianaigh é, a’s sin é cnuga atá air: d’aithneófá ar a cheann – an deunamh cruaidh atá air – go bhfuil an mianach san ann (mar tá ráidhte cheana agam cuireann cómhartha clóidh mar seo in iúil don Ghaedhilgeóir tréithe an duine, an ainmhidhe go mbíonn sé air).’

codail: ““Fear as so go Tráighlí ní sheasóchadh dhá dhorn (dhá bhuille) liom!” – “codail, a bhuaachaill!” (treise na cainnte ar an bhfocal “buachaill”); ‘Codail! táim bodhar ó bheith ag éisteacht leat: éist (an-láidir do ar an áis seo).’

cóir: ““Cuir isteach na páipéir sin ar na taostaibh go cóir”: in oirear, dréir mar is cheart agus cúláistighe iad do bheith. Ach, “cuir isteach na leabhartha ar na taostaibh córa”: ar na taostaibh gur cheart dóibh do bheith, gach ceann ar a thaosta féin, cuir i gcás leabhartha staire leó féin, agus leabhartha leitridheachta leó féin”; ““Tá me fear”, ní hé sin an chóir ach “is fear mé”: an carbhall ceart, an friotal ceart.’

coirín: ‘Tá an guth “o” le clos san bhfocal so fé mar atá san bhfocal “coisc”, ach san bhfocal “coirín” mar atá ’n-ár ndiaidh a’s brigh eile leis “u” an fhuaim.’

colmóir: ‘Deirtear é dá mbeadh milleán an uile rud a thárlóchadh dhá chur air (mo thuairm gur tuigeadh do lucht ithte an cholmóra gurbh’ é an chuid dob’fhearr de lé n-itheadh agus go mbíodh gach aonne ag sádhadh chuige d’iarraidh é do bheith aige féin. Tá an teanga lán den saghas so ráidhte).’

colpa: ‘Dhá cholainn (beithidheach ó bhliadhain go dhá bhliadhain) colpa; trí cheartaois dhá cholpa; sé caoire seasca agus cheithre uan, colpa: fiche beithidheach lánfhasta nó a gcómh.’

chómh: ““Chómh teann as do bholg” (gan aon fhocal eile do chur leis an abairt teannbholgach’; ‘An bhfuilid stadaighthe (staithe an fhuaim) den obair chómh luath so: iongadh a luathacht do stadadh.’

comard: ‘an bhéim ar an dara siolla.’

cómhacht: ‘Diadhacht (dí-acht an fhuaim), a nádúir diadha: ollchómhacht.’

cómhARTHUIGHIM: ‘Nuair bhualfidh an focal “suiméar” leat cómhARTHUIGH gur b’ é ciall atá leis “scabhárd”, “tathag”: tabhair fé ndeara: cuir síos nod ’n-a thaobh ghá rádh san.’

cómhBHRUGHADH: ““An amhlaidh atá a chos” ars an fear grinn, “briste mar brisí bata treasna díreach, nó an amhlaidh atá cómhBHRUGHADH déanta uirthe mar bheadh ar chrann gabáiste!”: liotuighthe mion as ionad ar a chéile.”

cómhchainnt: ‘fogharuightear é, cóchaint’

cómhchainnteach: ‘fogharuightear é, “cóchainteach”’

cómhfhocal: ‘Cómhfhocal is eadh an focal “cómhfhocal” féin, ceapaighthe as an réimhmhír “cómh” agus “focal”’; ‘Cómhfhocal is eadh “agus” idir “fear” agus “bean” san rádh “fear agus bean”: focal ceangail a chialluigheas cómh.’

cómhfhortacht: ‘Cialluigheann an focal so ádhbhar éigin faoisimh, éadtromuighthe nó laguighthe ar an dtinneas náach féidir linn do an leigheas ceart iomláin do thabhairt air.’

cómhgaire: ‘cómhangaire: cóngaile, “ón” an-shrónach’

cómhgar: ‘foghruightear cómhangan’

cómhghonadh: ‘Doiligeas as pheaca nó mioneasmaitl, cómhghonadh as thromchorthaibh.’

cómhLÁN: ‘Ar theacht i gcaladh dhúinn bhí an barra taoide cómhLÁN: chómh líonta a’s b’fhéidir é do bheith. (Ar mbeidh don muir ’n-a tráigh sara gcasann sí ar líonadh (thuile) deirtear go mbíonn sí idir an lag is a lom).’

cómhnuascáim: ‘Cómhnuascann mo righe mo chrobh a’s mo chuisle: is é mo righe an ceangal atá idir an crobh (an bhas a’s na méireannta) agus an chuisle (an fhorghéag ón uilinn anuas) a’s a néas eadarghníomh dóibh.’

conabhrughadh: ‘Ní baintear aon áis as an bhfocal so ach ag tagairt don nduine nó don ainmhidhe, ní habartar cuir i gcás “fuair an chloch conabhrughadh”’

conách: ““An ólfair deoch im fhochair?” – “ólfad” – “seadh fe thuairm ár sláinte” – “conách do thabhartaitidhe ort”: go raibh breis ag teacht ar do thabharthaistidhíbh an uile lá (tá sé seo ar an gcarbhall is breághtha i nGaedhilg).’

congbhaim: ‘Congaibh an gadhar dom: coimeád greim air ar mo shon; ach conghaibh an gadhar díom: ná leig do teacht i ngiorracht dom.’

constaic: ‘An dtuigir “breasdoló breanndoló”? – “ní thuigim, níl ann ach constaic”: focal chun me do chur i ndraip (“beir as de ló” “beir ann de ló”).’

corra: ‘Corriasc (criasc, “r” leathan): éan fadchosach, fadghobach, caol, a ghnáthuigheas aibhnte, curraighthe a’s trághanna ar thóraidheatht breac a’s eascún: “Sighle na bportaidhthe”, “Siobhán an Scrogaill”.’

cos: ‘An bhfuil i gcois (fuaim “o” ag “c”) leat? it chuideachtaín.’

cothuighim: ‘Ní deirtear “cothuigh é” le haon bhéile amháin do thabhairt do, ach biadh i gcoitchinne.’

cráidhteacht: ““Mo chreach a’s mo chráidhteacht is fada siar Mártain agus an baile atá láimh leis” (baile agus paróiste in iarthar Chorca Dhuibhne): mo chiapadh: cur mór trí chéile aigne. (Deirtear so lé haon rud a thaidhbhsigheas dodhánta.); ““An dóigh leat go n-éireóchaídh leis?” – “mo chráidhteacht” (is air ná fuil an baoghal), nó “mo chráidhteacht” (is fada buidhe uaidh é): níl aon dul aige air (tá an dá chiall leis – iongadh go ndéanfadh nó deimhnightheacht).’

crann: ‘Crann speile: an chuid di go mbíonn na dúirmínidhe air (ach sámhthach sluaiste, ráinne, sámhthach bata).’

craobh: ‘*iol.* craobha, craobhacha, gan fuaim ag “bh” agus “ao” anfhada’

cruadhas: ‘Camá (cá mbudh fháth) ná beadh na leaga liatha sa bhanc aca, cá ngeóbhadh an cruadhas? an tsainnt chun an tsaogail a’s an greim doscartha ar an rud a bheadh aca.’

cuibhe: ‘cuibhthe céim bhreise ar nós buidhe, buidhthe.’

cuimlim: ‘Chaitheadar amach me, chuireadar príosún orm, thógar mo chuid, ná bím ghod bhodhradh leis chuimileadar sop a’s uisce dhíom: lomscriosadar me. (Tagann so ón nglanadh do thugadh na mná do bheistidhibh (árthaighe bainne, oigheanta, etc.) le huisce te agus craobh nó fraoch ón gcnoc sara gcuirtí an leamhnacht ortha: níor bh’fhéidir iad bheith níos glaine).’

cumaim: ‘*b.a.* & *n-a.* deilbhim, cruthuighim, ceapaim, beartuighim, tionnsnaim. (Bíonn “u” fada nuair chialluigheann an focal rudaidhe corpordha ach nuair chialluigheann sé rudaidhe teibidhe ní bhíonn sé fada ach san aimsir fháistinnigh, ach san módh coingheallach agus an phréamh san aimsir chaithte feictear na focail rómhainn).’,²⁶⁰

dalta: ‘buidheanach (“baoinach” an fhuaim)’

dar: ‘Dar m’anam ’on diabhal go sádhfad thu! (go bhfuil an ceart agat, gur fearr d’fhear me ná thu, etc.): (níl an dearbhadh so chómh hiogair agus tá cuma air). Dar a maireann (beó)! is dóigh liom go n-aithníghim thu. (I gcómhnaidhe an dearbhadh so lé linn iongadh).’

deabhthrach: [scríofa ar an leathanach lámh leis] ‘d:a:frəx, d’aufrəx’

dearbhach: [scríofa thar] ‘d’ærəfəx’

deaghbhaile: “Ní raibh i ndaingean ná i ndeaghbhaile (fuaim deóra ag “deagh”) indiu” (rádh): níl a fhios agam an ceannsíos ar Dhaingean Uí Chúis é seo nó nách eadh .i. in aon tsaghas baile móir.”

deaghdhathach: ‘go ndath taithneamhach, dath ruadh (nuair fuamuighthear “deagh” n-a dheóghar).’

²⁶⁰ Tuigfear níos fearr an difear idir ‘cum’ agus ‘cúm’ má bhreathnítear ar na hiontrálacha atá aige le haghaidh na bhfocal ‘cumadóir’/ ‘cumadóireacht’ agus ‘cúmadóir’/ ‘cúmadóireacht’: **cumadóir:** *f.3.* ‘duine a chuimhnigheas ar rudaidhibh ná bíonn fíor ná i gceist as a stuaim féin: finnscéalaidhe. Cumadóir diabhal is eadh nár cheart focal as a bhéal do chreideamhaint: duine a bhíos ag ceapadh scéala chun daoine do chur amugha ná chun a meallta lé hinntin a bhfóirleathanadughadh’; **cumadóireacht:** ‘*b.3.* ceapadh ná cur lé chéile ná fíil fíor: scéal ná eachtra as stuaim duine féin. Cumadóireacht dob eadh gur éag sé, chonnac an lá eile go beó beatadhach é: déantús: rud ná raibh i gceist ach adubhartas go raibh’; **cúmadóir:** ‘*f.3.* ceapadóir, duine a cheapas rud nuadh mar craolachán, long aoir etc. Eideason, Marcóimí, beirt chúmadóiridhe áitrigthe duine aca ar an aibhléis, duine aca ar an eadarbhuaís’; **cúmadóireacht:** ‘*b.3.* deilbh, cur lé chéile: tógáil: déantús. Ealadha chailte is eadh an chúmadóireacht a dheineadh an seandream ar throscán tighe: an deilbh agus an déantús. Cuideachta olc is eadh me, is oth liom a rádh, mar ná fíil cúmadóireacht ná cumadóireacht ar eolas agam: níl ionam scéal do cheapadh ná d’iinsint.’

deaghghlórach: ‘Gárda: “an bhfuil aon mhadra sa tigh seo?” Bean an tighe: “níl, a chroidhe, fuair sé bás leis an aicíd”. Leanbh beag: “tá, dhá mhadra ann!” B. an t.: “nách deaghghlórach ataoi”: nách agat atá an chainnt gan aonne ghá iarraidh ort.’

deaghmhaise: ‘Gníomh deaghmhaise do dheim sé agus an bochtán d’adhlacadh as a phóca féin: beart uasal: gníomh a thugas meas agus urraim do. (fuaim deaghchach ag deagh).’

deaghobair: ‘Is maith an bhail ar anam an té a ghníos deaghoibreacha, déirc agus carthanacht: gníomhartha a thaithnígheas le Dia. (Ach “deáibreacha”, cialluigheann sé i gCorca Dhuibhne gníomhartha i gcoitchinne); ‘B’fhuraist aithint ná rithfeadh do droichdheáibreacha (is deacair a rádh gur b’ionann an focal so agus droich-deagh-oibreacha) leat i gcómhnaidhe, beireadh sa bhfogail sa deireadh ort: gníomhartha cama.’

dearmhad: ‘uaireannta ní bhíonn “m” séimhighthe agus deirtear ‘gan dearmhad gan dearmad’ (gan aon amhras ar bith) ar an gcuma go n-abraimíd go deimhin (gan fuaim ag mh) agus go deimhin (fuaim “bh” is “mh”) ag treisiughadh na cainnte.’

deochadh: ‘Tá sé chómh lag san gur ag deochadh na dighe a bhíonn sé: braon beag ar gach slogan (contrárdhacht an fhocail ‘slogadh’).’

Dia: ‘Budh gheairrid (ghairid) Dia leis an doras do bheith aige nuair phléasc an seómra ’n-a bhladm: b’é deónughadh Dé dho é agus b’ádhmarach leis é (budh gar+re+Dia? “budh gheairrid (ghairid) Dia leis”, a deirtear ‘gar ré Dia’ = aisce le Dia).’

diabalta: ‘a. ait, dothuigse, iongtach: ar nós an diabhail: dósháruighthe: olc.’

diabhalta: ‘(an b. buailte) a. sármhaith: oirdhearc: iongtach, maith.’

diachair: ‘Mo dhiachair! an mhuiр mhór! fairír! (deirtear lé síombáidh nó ceal cómhachta ar a dochuimse).’

díghean: ‘daibhcheacht (do-aghaidh + teacht)’

díreach: ‘Ar dhéanamh ruda go cruinn nó go tric, deirtear, “go díreach”.’

díth: ‘“Mo dhíth a’s turise ar lár mo chroidhe!” (rádh) (deirtear so le linn ruda nó teangbhála ná taithnígheann lé duine nó le linn neamhcháis).’

diú diú: ‘Diú diú ort-sa, a Phúca Ráilí ní bhfaghair mo leanbh-sa: imtheacht gan teacht ort-sa (“chughat an Púca Ráilí!” sin fógairear leanbh chun a chodladh a thuileam. Fuair na daoine an oiread san scannraíd lé linn droichéachta Dhún an Óir go bhfuil sé ’n-a chianrádh fós eadrainn).’

dóbair: “D’fhóbair” ar nós “d’fhág” etc. ar dh’fhóbair? ar dh’fhág: níor dh’fhág etc.’

dochmamhail: ‘Dá mbeinn chómh dochmamhail lé daoinibh áirighthe (slighe lághach chun tagartha do dhuine gur b’eól cé hé) bheadh náire orm labhairt ar ghreann: searbh: gruamdhá: canncarach: dúránta.’

dodaire: ‘doghciteacht = do + aghaidh + teacht’

doigh: ‘Tagann doigeanna (“g” gan séimhiughadh) ionam .i. freangaidhe nó rioganna tinnis ar aitreamhaibh, ach tagann dathacha orm: .i. an galar go n-atann na matáin a’s na ballnaisc leis.’

do-nuachar: ‘codarsna so-nuachar.’

dreapadóir: ‘ní thagrann so do ascnamh i gcoinnibh cnoc mar a mbíonn duadh siubhlóide amháin.’

dreólán: ‘ceolán (i gConnacht).’

droch-chúinseach: ‘Imirt dhroch-chúinseach duit bheith ag ceileabhradh chártaidhe chun me bhualte (tá an dul so anchoitcheann - chun me buailte, marbhtha etc.)’

drochfhaobhar: ‘Nuair chídhtear duine go glan-bhearrtha deirtear: - mhuise ní raibh aon drochfhaobhar agat: altán nó rásúr mhaith agat.’

drochfhocal: ‘Drochfhocal ar “chaipín” seadh “hata”: neamhoireamhnach.’

droich-dheór: ‘Dá mb’eól céaca féith liom go bhfuil do dhroich-dheór ionam, gheárrfainn amach asam í (ag cainnt lé gaol míothaithneamhach): an fhuil nách uasal.’

dúdóg: ‘Níl ach sálóg sa tseandúdóig seo, cuarduigh íochtar do phóca: ádhbaírin ar thóin na seanphípe dá mbeadh blúire beag fuighlligh nár bhfiú puinn agat (tá gliocas iarratais san méid seo).’

dúluighthe: ‘I ndeireadh a saoghail thiar chaitheadh sé an lá i dtígh an aifrinn ar chealg (cealgán = gealacán) a dhá ghlún ag guidhe de go dúluighthe: go díoghraiseach: lé lánchroidhe.’

Éabha: “An raibh a lán daoine ann?” – “Síol Ádhaimh is Éabha” (síol “Á” agus “É” an fhoghraídheacht): an dúthaigh Éireann daoine.’

éaluighim: ‘Ní hamhlaidh do cheannuighis riamh an leabhar san, cár éaluighis leat é?: cá bhfuairis an chae ar é chúbláil chughat (ar shlighe éigin ní machtnaughtear goid ar an gcuma so).’

éirighthe: ‘Is mar a chéile bheith leis anois nó mar bheifeá ag cuimilt do mhéire de chloic, tá éirighthe air anois: tá sé ar aoirde láin aiste ná héisteóchadh sé nó go bhfuil sé imthighe thar a chumas smachta a choimeád air féin, nó tá an oiread san nirt ann gur fuar iarracht ar a chlaoidheacht, a chiúnughadh nó a chiallughadh – imthighthe ó smacht. (Is féidir so do rádh i dtaobh éinnidh a bhíos domhínighthe nó do cheannsuighthe).’

éiriughadh: ‘Fiche púnt sa bhliadhain do bhíodh dó, fuair sé éiriughadh indé, chuíg phúint fhichead a bheidh dó anois (ní déarfáí “éirghe” sa chás so in aon chor): breis: méadughadh.’

faire: ‘Ar mbeith do bhuin ag an dtarbh is ná bionn eisean praitineamhail éigtear “faire! faire!!” air is ar an nóimint tagann preab ann – is finé me air seo.’

fearsadach: ‘Guailne leathan, fearsadacha go bhfuil gach féithleóg ionta chómh reamhar léim mhéireanntaibh, ní fhéadfaidís gan neart do bheith ionta: préamhacha láidre go mbíonn achmuinn nó fulang mór ionta is a chrapann. (Ní hionann ciall don bhfocal so “achmuinn” is “acfuinn” i gCorca Dhuibhne; “achmuinn” = fulang is buancas: “acfuinn” – neart, feidhm, etc.)’

féidir: ““B’fhéidir ná fuil meas a dhóthain aige air féin” – “(dar ndóigh,) b’fhéidir tá”: bí lándeimhnightheach de. (Tabhair fé ndeara “tá” in ionad “go bhfuil”).’

feithim: ‘Feithibh ar na fearaibh sin ar an dtoirt, táid ag fanacht annsan leat le ní fios cathain: friotháil ortha: tabhairt dot aire cad atá uatha. Feithim leis gach lá agus sinn ag dul chun oibre: fanaim leis. Feithibh go dtagann an oidhche: an rud atá ar t’aigne ná dein go dtí san (níor airigheas riamh an focal ach ar na trí cumaibh sin).’

fiadhaire: ‘níl fuaim “g” ag “dh” sa bhfocal so.’

fiafruighe: ““Connas táid ag réidhteach le chéile an aimsir seo?” – “ná bí á fliafruighe dhíom-sa, a dhuine, ní beag dom aire do thabhairt dom chúram féin”: ná cuir a chunntas orm (saghais imdheargtha an freagra so).’

fiothal: ‘Cad é an diabhal atá ar an gcailín breágh, sláinteamhail, slachtmhar san agus a leithéid de phíothal geimhridh do phósadh?: suarachán fir, gan neart ná dus. (Bíonn píothal (fiothal) dona go leór, ach ceann geimhridh, monuar!).’

folt: ‘Folt an focal is uaisle ar chlúmh chinn an duine.’

fuaire: ‘(Fuacht an lae, ach fuaire an tseómra). Ghaibh fuaire (ní fuacht) an lic oighre trím ó bhonn go bathas.’

fuinnte: ‘Móin fhuinnte (fhuite, an fhuaim) i.e. leathtar an brúscar, fliuchtar é, pasáltar is iompuigtear é áiríthe uair, deintear drithlidhe dhe nuair bhíonn sé ceangailteach is ceaptar annsan gach fód as na drithlidhibh le faobhar na lámh.’

furas: ‘Cómh-fhuras dóimhse is cómh-fhuras liom, dhá thagairt gur fear neamhspleádhach me fanacht nó imtheacht: is cuma liom is is cuma dhom céaca: fum féin atá.’

gabhal: ‘Dóthain bliadhna de ghabhal móna: scar móna leaththa amach ó threó bhun an phortaigh (an portach os a cionn a thugas ciall “gabhall” di).’

gaedhealach: ‘Earraidhe Gaedhealach (ní ‘Gaedhlacha’ adeirtear in éanchor).’

gárthach: ‘Beidh gárthach ar fuaid na háite ag lorg plúir má’s rud é go dtéigheann: gleódh is callán ag lorg go fiadhain. (feic **gáirfeach** asal mar a bhfuil fuaim shrónach ag “á” mar tá “á” sa bhfocal “snámh”).’

geall: ‘(Bíodh geall = biceall (sin mar fuaimightear an dá fhocal)) An uair is “cosamhlacht” a bhíos i dtreis mar atá is geall le girrifiadh an coinín seo i an fhógharaideacht: ‘is g + eabha le etc.’ ach an uair is urradhas, banna etc. is ciall do fuaimightear ’na trí focail go hiomlán mar atá – ‘is geall le’ hairgead géir.’

gleóite: ‘ní ghabhann toirt le “gleóite” san áit seo.’

greannmhar: ‘ait, deóranta. Feictear “greannmhar”, níl fuaim an deódhair san bhfocal leis an gcéill seo.’ (**greannmhar:** ‘a. lán de ghreann, aoibhinn, sultmhar, subháilceach’).

ingir: ‘Bacart a’s ingir saoir (coitcheann in Uibh Ráthach) = riaghail chearnach a’s daradha.’

láir: ‘“An láir bhán” i.e. an bhreághóg i bhfoirm cinn a’s cuirp capaill a bhíos dhá iomchar ag fear, a cheann sa ghuailne, lá an dreoilín. (Bhíodh so coithceann, tráth: maireann fós i gCorca Dhuibhne).’

laprachán: ‘Fág san (fásan), a lapracháin, ní bheinn ag féachaint ort ag útamáil leis an nglas san: duine go méireannaibh liobarnacha.’

le: ‘“Tá airgead aige, deirid” – “tá, leis”: gan aon amhras, ach da ndéarfí – “tá, leis, a lán”: d’fhéadfadh sé a chiallughadh ná beadh nó má bhí go raibh amhras trom agat ná raibh.’

le: ‘Lé troid a’s ólachán atá sé ó thíainig aon chaoinlidheacht (leitriughadh foghraidheachta ar an bhfocal so) ann: tugtha dóibh ó thíainig aon ghus ann.’

leabhar: ‘Sin leabhar Eóin (“iúin”) féd mhuineál do fuairis nuair bhí breóidhte a’s tu beag: tosnughadh soiscéil Eóin crochta fé shraing.’

léas: ‘Leus táth (dornán leus), punann (móran táth), stioca (fiche punann), beart (fiche punann), stáca (dachad éigin beart).’

leath-: ‘Ó táim leath-dhíomhaoin (leaitíomhaoin) an aimsir seo: níl móran lé déanamh agam.’

leath-thuile: ‘Tá sé ’n-a leath-thuile (leath a thuile)anois: an taoide leath-lán.’

líneáil: “níonáil” is minicighe.

lóma: ‘f.4. éan mór farraige de chineál an fhiaing mhara (aon bhaint níl aige leis an “bhforcain” mar deirtear go minic): daoiste.’

mairc: ‘Is é an t-ól a fhágas mairc ar a lán: iarsma shoiléir ná tagaid uaidh. (Ní hionann an focal “mairc” agus “marc” annso againne).’

mallacht: ‘Mallacht uathbhásach seadh “báthadh is bascadh ort”: eascaine seadh “th’anam ’on diabhal!”’

méar: ‘An ordóg, an mhéar spáin (teasbáin), an mhéar mheádhon, an tsisle (méar an fháinne) agus an lúidín.’ (**órdóg:** ‘An órdóg, an mhéar spáin, an mhéar mheádhoin, an tsisle agus an lúidin; sin iad in órd iad.’); ‘Sid é a ólfaidh gan aon mhéar leis é: gan tafant: go dúlmhar. (Is minic do caithearr méar do chur i mbéal gamhna leis an mbainne, in aithris ar an sine!).’

méith: ‘*intríath.* an glaodhach chun caorach. Méith! méith! (leantar i bhfad ar an “é”).’

mí-: ‘Tá mí-fhoirtiún (miairtiún) éigin ort ná féadfá fanacht socair: mí-ádh.’

mórdtímcéall: ‘Mórdtímcéall mar dho-bhriathar, mórdtímcéall mar ainmfhocail.’

muimhneachas: ‘Muimhneachas seadh “in ao’chor” do rádh in ionad “ar chor ar bith”.’

’ná: ‘*c.n.* rangbháil leis an mbreis-chéim neamh-ionannais, i ndiaidh an aidiachta agus roim an ainmfhocail nó an réamhfhocail a bhíos in ionad an dara rud do cuirtear i gcompráid.’

námha: ‘Is ait an chiall atá annso i mBéal Bán leis sin. Budh dhóigh lé duine gur námha, aonnidh a bheadh choidhche in aghaidh nó ar tí, ach dréir dheallraimh gur don duine is námha iad.’

neamh-am: ‘neath-am, an fhuaim’

nodlaig: ‘Oidhche Nodlag: an tráthnóna is an oidhche a dtuiteann sí ortha. Lá Nodlag an cúigeamhadh lá fichead de mhí deiridh na bliadhna. Oidhche Lae Nodlag: oidhche an chúigeamhadh lá fichead. Oidhche Nodlag mó: oidhche an ceathramha lae fichead. An Nodlaig mhór: Nodlaig na bhfear agus Nodlaig bheag.’

ó: ‘c.n. cuireann “ó” i gcéill scaramhaint, imtheacht, aistriuchán, deighilt, baint de, éisceacht, ceal: foillsigheann sé áit mar a ngluaiseann rud as, duine nó áit go dtagann rud as: túis, áit bunaidh, agus smaointe cosamhail leó so: de bhrigh, mar gheall ar: toisc: de chionn etc.’

oirbhire: ‘oiríre, eiríre, an fhuaim’,²⁶¹

ón: ‘Ón, níor thuigeas é, níor cheart aon mhilleán do bheith orm i.e. ag fagháil leathscéil, deirtear é mar seo nó nuair thagann groga labhartha i nduine: - ná bíodh “ón” ná “án” ort ach abair amach pé rud atá lé rádh agat.’

onóir: ‘Lé toil t’onóra an dtabharfá cead dom: más mian lé duine chómh mó: ná chómh tábhachtach leat é, ná ag labhairt lé giúistís nó breitheamh (is minic gur leamhas a bhíos ann).’

peacadh: ‘Ná bíodh peacadh an tómhais ort, cuir beagán eile sa scála: mí-ghníomh gan a cheart do thabhairt do dhuine (tá so chómh déistinneach lé peacadh marbhthach nách mó: i súilibh na ndaoine, is measa go mó: é aca ’ná goid’); ‘Peacadhe mhuinnitire an tighe seo ar mhuinnitir an tighe seo amuigh: cúiteamh ár gcortha ortha (deirtear so nuair bhíonn dhá thigh in earrad lé chéile. Go minic ní bhíonn ach iarratas maitheamhnachais).’

píce: ‘(An tagairt seo, cuireann crithniughadh ar dhuine) “bratach na bhFrannach os chionn mo leapan is píce agam chun sáidhte” (amhrán): sleágh i mbarr feaca chun troda.

pilib: Cá bhfuil Pilib (Plib) uainn? an duine na fuil puinn measa againn air as a dheallramh (cuireann an focal i gcuimhne duine caol neamh-ghusach, neamh-anamamhail).’

pioc: ‘Ná bí ag gearán, do scarais go maith leis, níl pioc a mhaireas (a bharra = dá bharra) ort: an rianán is luga. Ní dhéanfaidh deoch nó dhó pioc a mhaireas (a bharra = dá bharra) leat: díoghbháil ar bith.’

²⁶¹ (foghar írfre) a bhí ag deireadh na hionrála seo ach gur scríosadh amach é agus cuireadh (oiríre, eiríre, an fhuaim) isteach ag túis na hionrála. SO – ar a láimh – a rinne an leasú seo.

plaosc: ‘Léan id phlaosc (táir): mí-rath ort (nuair bhíonn rud déantas as an slighe nó aimideach).’

plispín: ‘Maidir le fuaim gabhann “plispín” agus “raispín” “uispín” cruinn-díreach i gcoinnibh na riaghlacha, c.i.g. “speal” “spiúnadh” “spirid” “spideóg” etc. etc.²⁶²

práta: ““Bheadh na fataidhe bainte, nighte, bruithte, ithte ag an gConnachtach faid bheadh an Muimhneach ag rádh prátaidhe!””; ‘Prátaidhe gréine: iad so go dtagann dath na gréine ortha ó bheith leis. Prátaidhe piastacha: ithte ges na piastaidhibh. Prátaidhe brúighte, rósta, nuadha, etc. Prátaidhe seic-bheirbhthe! ró-bheirbhthe, ach gurb amhlaidh do bhíd leachta in ionad bheith cruidh! Prátaidhe miona = critheáin. Prátaidhe plúracha: go mbriseann an croiceann ortha lé n-a bhfeabhas is go mbíonn cuma is dath an phlúir ar an mbiadh. Táid ina bprátaidhe préachán: fágtha ar an ithir gan priocadh. Luthóg: prátaidhe rósta i ngriosaigh teineadh.’

púca: ““Chughat an púca, Ráili”, deirtear i gCorca Dhuibhne lé leanbhaidhibh chun eagla do chur ortha is go raghaidís chun suain gan bheith ag lógóireacht: i gcuimhne ar ár Dhún an Óir agus an scannradh d’fhág sé i gcroidhthibh na ndaoine.”

rama: ‘Téanam ag ól, a rama! (chun gáiridhe so).’

rangartach: ‘f.l. duine nó ainmhidhe lom-chnámhach, neamh-chórach (focal táire).’

rascail: ‘A rascail, mo sheasamh ort, anois nó riamh, a bhitheamhnaigh (lé cion).’

rath: ‘An té go mbíonn an rath ar maidin air bíonn sé um thráthnóna air: is gnáthach nuair thosnuigheann an t-ádh lé duine go leanann sé dho (deirtear so trí fhormad lé duine go gcasann is go n-athchasann an séan air).’

ré: ‘Tá an ré ina suidhe: lé feicsint (rádh binn leis an gcluais é sin: múscann sé samhlaoididhe).’

réamh-: ‘Seadh, is dóigh (dóin) sarar cuireadh aon leasughadh leis bhí réamh-fhás déanta aige: ní hé an leasughadh budh bhun leis go léir.’

réidh-: ““Réidh-osnайдhe dhá bhaint as dhaoinibh ag an imirt seo”: osnайдhe fada, troma (carbhall lé duine go mbeadh cártaidhe ró-mhaith dho istigh leis).’

riabhóg: ‘Chualaidh an riabhóg mhná so agam-sa ó mhnaoi cómharsan é, sin a bhfuil dá chunntas agam: ratalálaidhe mná (samhluigheann an focal neamh-thoirteamhlacht).’

ridire: ‘An dtáinig ridire an asail fós (le greann)? giolla an asail.’

²⁶² ‘c.i.g.’; ‘cuir i gcás’, is dócha, atá anseo ag SO.

righe: ‘An iomcharóchaidh a reathacha é? (lé greann) .i. táid chómh sprionnlaithe sin nó tá an oiread san measa aige air féin.’

righin: ‘Is righin an muinéal atá ar éinne a bheadh ag tnúth ar thé le hénne, is í chómh daor, gann san: “neaimh-iongtach” (sin mar fogharuightear an focal so).’

roilleóg: ‘Ná bí ag imtheacht id roilleóig, bíodh stuidéar éigin leat (lé mnaoi): duine rúiseach. Ná déin roilleóg díot féin (lé mnaoi) .i. bíodh ciall is fuaiméant leat.’

róstadh: ‘Cá mbeidh an gabhar dhá róstadh anocht? (Ar shean-nós é do bhruth iomlán lé reidhleán teineadh: sóghlas ar chóisridhibh pósta lé linn m’óige dob eadh gabhar-fheóil): cá mbeidh an fleadh?’

rothag: ‘Rith roim léim thug sé fásc rothaig (fáscrothag) fén glaide: greas reatha roim léime chun fuinnimh do chur leis féin.’

ruadh: ‘Ná habair “ruadh” lé lucht iascaigh ach “deagh-dhathach!” mar sin ag tagairt ar bhanc éisc nó ar an slighe chun iascaigh, ná habair an fear (bhean etc.) ruadh ach an fear etc. deagh-dhathach. Chun an mó-rath do chur ar iascaire abair: - “mada ruadh ar dubhán agus faoilleán ar do bhaoite (mada ruadh ort)!!!”’

ruadh: ‘Iascairidhe meisneamhla is tabhairt amach fén bhfarraige ruaidh: fiadhain, buileamhail (bíonn an dath san sa gheimhreadh uirthi); ‘An t-iasc bhíonn ar an mbreac ruadh bíonn sé dearg .i. an breac ball-dearg go mbíonn a chroiceann ar dhath idir dearg agus buidhe (mínigheann so go maith an deifridheacht idir ruadh agus dearg)’; ‘Mar sin tá agaínn arán, siúicre, páipéar, leathar, pingin, daoine, muca, talamh, uisce (muir, abha etc.), gruaig, folt ruadh ach cosa, ba, spéir, fion, feóil, gaiste etc. dearg.’

ruchall: ‘“Ruchall” ar aon ainmhídhe idir an dá chois tosaigh, “buarach” ar chosaibh deiridh bó le linn a crúidhte, “croibh-nasc” ón gcois tosaigh (deas nó clé) go ceann, “laincide” (laincis) an ceangal fiar-threasna ó chois tosaigh go cois deiridh.’

rud: ‘Dé beatha-sa (de do bheatha) is rud agat .i. fáilte rómhat bronntanas nó earra éigin do bheith agat.’

rúm: ‘Níor airigheas riámh “rúm” in ionad seómra (seámra), tabhair “rúm” dom ná aonnidh mar sin ach ag tagairt do luing nó do bhád amháin.’

rútálta: ‘Tá an talamh ar fad ar úrlár an locha rútálta age brocaibh ar lorg néanfartaighe (néallfartaighe): tóchta lé n-a soc.’

sampla: ‘Lé duine a bhíonn go háitriúthe ar aon rud áirighthe, deirtear, “is mó an sampla é” .i. nách é an t-iongadh é.’

samhthach: ‘Samhthach atá tuillte aige, deirtear lé duine díomhaoin nó nách taithneamh linn .i. bualach lé bata ar nós sámhthaighe.’

saor-: ‘Lé leacsteámar (= lag i dtámar) agus éagconntacht ní fhéachfadh sí ar saor-earraighe .i. a beadh ar luach íseal.’

saothar: ‘Is iongtach an saothar atá déanta agat (leamhas): fior-bheagán (dá mbeadh duine ag maoidheamh nó lé duine go mbeadh muinghin aige as féin).’

scallach: ‘Táir féin is do phlaosc scallach (lé táir): maol: gléigeal gan ruibe.’

scaoilim: ““Cé scaoil amach é, iad, etc.”” deirtear i bhfonn magaidh.’

scaoilte: ‘An fada scaoilte amach é? deirtear lé duine a bhíos leigthe as an ngealtlann, priosún nó gabhann eile.’

sceidimín: ‘san iol. i gcómhnaidhe.’

sceilpéir: ‘Tair annso chugham, a sceilpéir, cad san agat dá dhéanamhanois? (go ceanamhail): a chladhaire.’

scian: ‘focal níos taithneamhaighe do “diabhal”’

scrabhadh: ‘Tá iolardhacht ag baint leis an bhfocal so mar atá: - s. baistighe, féir etc.’

scraiste: ‘Cá bhfuil scraiste an tighe seo? (go ceanamhail): duine go mbíonn go héinne geanamhail air: ná bíonn dian chun an tsaoghail: ceanamhail ar aoibhneas do bhaint as.’

scrios: ““Táir ghod scrios féin leis” (searbas), lé duine a bheadh ag déanamh móran cainnte den mbeagán do bheadh aige dhá thabhairt uaidh.’

sealbh: ‘A’ sheilbh Dé cá rabhais go bhfuil an íde sin ort? (lé hiongadh): cá rabhais nó eá bhféadfá bheith.’

séamra: ‘f.4. seómra (ar aon bhaile amháin atá an focal so coitchianta)’

seamhrach: ‘bríoghmhar dá aos: beódha, croidheach, sláinteamhail: niamhair, gasta, (díreach mar an fhocal “peítite”), taithneamhach gan bheith groidhe.’

seanduine: ‘Foireann seanduinidhe sinne .i. tá gach nduine againn aosta ach seandaoine an cheann (cnuasainm).’

seangán: ‘Ghoidfeá a thár ón seangán is ní beag san: an t-ualach a bhíos thiar anáirde air. Tagairt do ghliocas na feichide atá annso .i. ghoidfeadh sé aon rud dá mhéid faire a bheadh air.’

seile: ‘Ná caithtear seilidhe annso (fógra).’

seo: ‘(so) *réamh-fhocal foillsightheach* an duine rud, etc., atá i láthair, go bhfuil tagairt do. *Mar dho-bhriathar nó intriacht*, féach.’

seólaim: ‘Seól na ba san: cuir ar an ngort iad, ach seól abhaile iad: beir ón ngort etc. iad chun buaille nó cróidh.’

sighneadh: ‘Is minic agus sighneadh fada ar ghuth as Gaedhealaing go n-athruigheann sé brigh an fhocail ar fad.: cómhartha os a cionn chun a faduighthe.’

simné: ‘Coimeád an simné isní baoghal duit (leamhas): déin gnás d’fhanacht i gcómhghar na teineadh.’

síolruighim: ‘Síolruigheann an focal “iargcúlta” ó “iar” agus “cúl”: tagann se uatha: fásann asta.’

spior: ‘san gcanamhain spior spear’

srónach: ‘Fuaim shrónach seadh atá san gcéad tsiolla den bhfocal “amhlaidh”: tagann cuid di tríd an srón.’

srónaidheacht: ‘Tugann srónaidheacht na Gaedhealainge blas agus dath ar an dteangain. Fuaim gotha nó consaine do dhéanamh agus cuid den sruth aoir ós na scartachaibh do bheith ag gabháil trís an sróin.’

sróngail: ‘Níl sróngail ar an bhfocal “gabhar” ach tá ar an bhfocal “geamhar” ní thagann aon phioc den bhfuaim tríd an sróin: do chur coda d’fhuaimannaibh na húrlabhra tríd an sróin.’

srónaidheacht: ‘Tugann srónaidheacht na Gaedhealainge blas agus dath ar an dteangain. Fuaim gotha nó consaine do dhéanamh agus cuid den sruth aoir ós na scartachaibh do bheith ag gabháil trís an sróin.’

starragán: ‘Fasan! (fág san, fág an áit sin) is ná bí id starragán rómham: duine sa tslighe orm.’

táilliúir: ‘Is minic do gheall táilliúir is ná tiocfadhbh: sa tseansaoghal i dtíghthibh dhaoine féin seadh dheineadh táilliúiridhe an táilliúireacht agus de chionn go mbíodh an méid sin éilimh ortha thugaidís geallamhaintidhe .i. ná creidtear gach geallamhaint.’

táim: ‘an chéad phearsa uathaidh den mbriathar beith’; ‘Ag déanamh aithris ar dhuine go mbíonn “tá” aige ar gach rud a fiafrófaí dhe dearfaí lé leamhas “tá” “tá” “ta-tá” “tá”.’

téanam: ‘Téanam abhaile: tair abhaile im fhochair; ach téanaidh (téanaididh): tagaidh.’

tí: '(tigim) 'an 2 san 3 pearsa fó-shuidhteach'

tógha: 'Níl aon bhaoghal ná gur mise atá tógha leat-sa (leamhas): bail curtha orm agat: me go maith as agat seachas mar bhíos.'

toileamúintidhe: 'Lean de agus beir go maith, tá togha toileamúintidhe agat (leamhas): duine ciallmar, deaghchomhairligh.'

tón: "Féachaidh brob i dtón!" le duine go mbíonn clódhchas nó tóirtéis ann. Dar lé gach máthair gur as thóin a hinghine féin a éirigheas an ghrian (cuirtear b. i dt. i gcompráid leis seo)."

tórramh: 'Ar do thórramh go raibh sé (tobac) maran agat atá an dúil mhairbh ann: ameasc an chóimhthionól a bhéas 'ghot aire an oidhche bhír fé chlár (lé míchéadfadh deirtear so).'

traochadh: 'Éist lé gaoith na mbeann is traochfaidh na huiscidhe (leamhas): fanacht gan aon rud do dhéanamh, is beidh fuar agat lé réidhteach do dhuabhbaise.'

triús: 'An eochair in iascaibh áirighthe agus an déanamh san uirthi, tugtar bríste leis uirthi.'

truail: "Tá rud ina cheann súd" (moladh) – "tá, gioscán trucalach!" (cáineadh): an glór garg a dhéanfadh cairt ualaigh gan smearadh.'

thuaidh: 'Tháinig sé aniar dtuaidh orm: fuair sé brabúch orm agus bhain tairbhe as (seo rádh ameasc lucht foghluma na gaedhealainge atá coitcheann anois agus nár chóir do chothughadh. Nath shalach seadh i. Samhluigheann sí peaca Sodom dom. Is i an t-aon chainnt scríobhtha go dtí so agam í go mbeadh col ag cluais na sean-Ghaedhilgeóiridhe léi. Ní maith liom í).'

tuigsin(t): "Á! fear na tuigseana go léir!", deirtear nuair bhíonn dearmadh nó botún déanta ag duine go mbíonn meas mór aige ar a chuid eólais is clisteachta.'

tuise: 'Níor bhfada an mhoill orm-sa do thuise do thógaínt (seo carbhall go bhfuil cuireadh cómhraic ann): tu do threascairt dá gcuirtí chuige me.'

tútmhaire: 'contrárdha an focail "tuirireacht".'

7. Aguisíní

Aguisín a haon – An comhaontú a síniodh idir SO agus An Roinn Oideachais, 20 Bealtaine 1936

Aguisín a dó - An comhaontú a síniodh idir SO agus An Roinn Oideachais, 4 Deireadh Fómhair 1939, mar aon leis na cúlscríbhinní

Aguisín a trí – Íocaiochtaí a rinneadh le SO as a chuid oibre ar CCC

Aguisín a ceathair – Na dátaí agus líon na bhfocal a bhainceann leis na bearta difriúla a chuir Seán Óg Ó Caomhánaigh chuig An Roinn Oideachais

Aguisín a cúig – Na Státseirbhísigh a luaitear sa tráchtas

Aguisín a sé – Foinsí scéalaíochta, amhránaíochta agus filíochta SO

Aguisín a seacht – Príomhnoda gramadaí ar bhain SO leas astu in CCC

Aguisín 1: An comhaontú a síníodh idir SO agus An Roinn Oideachais, 20 Bealtaine 1936*

* Ní cōipeanna sínithe de na comhaontuithe (an chéad agus an dara ceann, mar aon leis na cúlscríbhinní) atá anseo istigh. Níor fhéad mé teacht ar chóipeanna sínithe i gcomhaid na Cartlainne Náisiúnta (Comhaid na Roinne Oideachais agus Comhaid Roinn an Taoisigh). Ní fhéadfainn a bhfeith cinnte gurb ionann na leaganacha seo faoi iamh agus na cinn a síníodh, ach tagann an méid atá iontu leis na tagairtí ar fad a rinneadh dóibh. Tháinig mě ar chóip eile den chéad chomhaontú i gcomhaid *An Gúm*. Dhá leathanach atá sa chóip faoi iamh, ach níl ach leathanach armháin sa chóip eile. Ach, ag cur na gcóipeanna i gcomparáid le chéile, feicimid nach bhfuil de dhifear eatarthu ach clómhéid agus imill.

CÓIM-AONCHUÍSÉADH AR N-A ÓÉANAMH AN CHUAIDH BHEALCAIRNE, 1935, 161R AIRE OIBREACÁIS SÍOIRSCÉAILT ÓIREANNACH, N-A OIFÍS, I mbÁILÉ ÁCT CLÍAÍCT (BA NGAIARMTEAR AN CAIRE ANNÚO FEASTA) AR TAOBH, AGUS SEÁN ÓG Ó CUAOMÁNAÍCT, AS COLÁISCE SAN AINMORIAS, 21 PAIRÍDE SCIOFÁIN, BAILE ÁCTA CLÍAÍCT, I GCONNTAE BÉARLA ÁCTA CLÍAÍCT, (BA NGAIARMTEAR AN CHUÍSDAR ANNÚO FEASTA) AR AN TAOBH EILE.

BÉ ÓIRÍS GO N-AONCHUÍSÉADH AN CHUÍSDAR LEABHAR ÓAR CEIBEAL "CRUISE CAIRNAGE CHARRAÍDÉ" B'UILLIUMHGÁD Í N-SAEÓIRLÉ AGUS LÉIMHGCRÍBÍNN, TOMHLÁN AN LEABAIR SINN BO SÉACÁDAÐ BON AIRE.

AJUÍS CÓIM-AONCHUÍSÉADH TRÍBH SEO, AG PAIRÍDEAÍCTE AN CHÓIM-AONCHUÍSÉADH SEO AGUS EACRÓCA, MAR LEANAS:-

- (1) SABHANN AN CHUÍSDAR RE N-A AIS AN T-AÓÐBAR BO SÉACÁDAÐ IN OIFÍS AN ROIÑN OIBREACÁIS, BRAIGHNE SE ÓR FOILLEISNUÍCÁIN, SRÁID Ó MHAOLBRIGÍDE, BAILE ÁCT CLÍAÍCT, I GCOBHÁCA BOINN FAIDH ÁIRÍDE AR A CHÓIM-AONCHUÍSÉADH, N-A ÓÍAÍD SEO, AGUS AN CHUAIDH BHEALCAIRNE CHUÍSDAR TOMHLÁN BO SÉACÁDAÐ AR BÁCA NAGC BHEIRBHDÉANNAÍCTE ÓA CHUAIDH BHEALCAIRNE CHUÍSDAR TOMHLÁN, 1937, NÓ AR PE BÁCA, I N-A ÓÍAÍD SINN LE ÓA N-AONCHUÍSÉADH AN CAIRE OIBREACÁIS AR AON RÉASÚN SPÉISIALTA.
- (2) SABHANN AN CHUÍSDAR RE N-A AIS AÍCARUÍGÁD NÓ CEARCUÍGÁD AR BÉIC A MEASFAIDH AN CAIRE BO BÉIC RIACCÁNAÐ BO ÓÉANAMH, I BÉICÍOS AN LEABAIR.
- (3) AR BÉIC CRÍOCHNUÍGÁD BON LEABAIR CHUAIDH SÁSCAÓCA AG AIRE, FOCFAR LEIS AN UÍSDAR SUIM AIRÍSIBH A H-ÁIRMEÓDFAR BO RÉIR £2 AN 1000 FOCAL SA LEABAIR. BÉANFAR AN FOCAIÓBEACT, I N-A HIOMHLÁINE NÓ, I N-A COBHÁCA, INNS AN AM, NÓ INNS ÓA HAMANNA, A SÓCRAÓCAIDH AN CAIRE.

- (4) Aonchúintseann an tUiscear an Leabáir san, maraon le píodáireacht a bheid aige ann, do bheit agus b'fianamhainc bá scuaid fírin ag Rialtas Saorstáit Éireann go dtí go mbraitheadh an brabús a chioctaithe as bhol an leabáir sin ómós mór le hionnlain an caidreamais (aictí gan an focaídeas a a foralaibh, mís (3) tíos b'fianamh) fé n-ár chuaibhias a cabhairt amach agus a foillseadh. Nuair a bheid an brabús a chioctaithe as bhol an leabáir sin car éis caidreamhas ionnlain roimhriúche a cabartha amach agus a foillseadh b'foc amhlaidh, racáid ceart an usdair san leabáir agus a cónpóidearc aon b'fianamh maraon le haon stoc b'eis cónpóidearc aon b'fianamh ar lámh, agus na plácaí buanach m'a bheithear a leictéirí, racáid car n-áis éin an usdair agus leis seo saingícar bo iab.
- (5) Bheid sé de ceart ag an aithe cur suas do bhl ar aghaidh le foillseadh an leabáir sin m'a measaunn go bpúil a bheith b'eis mar aige óige sin agus marbhír leis sin ní bheid bhl car a bheit agus bá bruim sin saorfar é ó oblaghdh ar bith fé seo.
- (6) M'a éiríseann ceist ar bith, i dtáobh leíriúadh ní brefh ní feidhmíúadh aon forala b'forala aghaidh aon gaeisc sin agus ní bheid bhl car an mbreith sin.

Do Uíbhriain a fíradhaise seo do cur an tUiscear a lámh leis seo agus do cur an tAire píobaire a Séala Corparálach do cur air.

AR n-a síorghiuinéadh bo

Seán Ó Cáomhnaidh

Coláiste San Aongháis

b.ii Áit Chlár

, b'fíradhaise

Seán Mac Lellan

Aguisín 2: An comhaontú a síníodh idir SO agus An Roinn Oideachais, 4 Deireadh Fómhair 1939, mar aon leis na cúlscríbhinní

COPY/

COMH-AONTUGHADH ar n-a dhéanamh an 4adh lá de Dheireadh Foghmhair, 1939, idir an tAIRE OIDEACHAIS ina Oifig i Sráid Maoilbhrighte i mBaile Átha Cliath (dá ngairmtear "An tAire" annso feasta) den chéad leith agus SEÁN OG Ó CAOMHÁNAIGH ó Dhún Chaoin, Daingean Uí Chúise i gContae Chiarrraighe (dá ngairmtear "an tUghdar" annso feasta) den leith eile. DE BHRÍGH go bhfuil an tUghdar fá stiúradh an Aire de bhun Chomhaontuighthe darab dáta an fichmhadh lá de Bhealtaine mile naoi gcéad tríocha a sé idir an tAire agus an tUghdar (dá ngairmtear "an comhaontughadh réamhráidhte" annso feasta) ag cóiriughadh saothair gur teideal do "Croidhe Cainte Chiarrraighe", is é sin liosta de fhoclaibh agus de abairtibh insan teangain Ghaedhilge atá in úsáid i nGaedhealtacht Chiarrraighe mar aon le míniúcháin agus sampláí insan teangain Ghaedhilge de na foclaibh agus de na habairtibh sin (gairmtear "an saothar" annso feasta den liosta san mar aon le na míniúcháin agus le na sampláí) AGUS DE BHRÍGH go bhfuil an tUghdar fá réir an Chomhaontuighthe réamhráidhte taréis cuid den tsaothar san .i. an chuid a ghabhann ó thosach leitir "a" fá an gcinnfhocal "a" go dtí an cinnfhocal "cúthaille" fá an leitir "C" do chóiriughadh agus do chur chun an Aire cheana féin suim ina bhfuil 572,000 focal nó mar sin AGUS DE BHRÍGH go bhfuil an tAire tar éis suim £993:10:0 airgid do ioc cheana leis an Ughdar fá an gComhaontughadh réamhráidhte AGUS DE BHRÍGH go dtuigtar gur cuibhe an Comhaontughadh réamhráidhte do athghairm agus comhaontughadh nuadh do dhéanamh idir na páirtidhthe sa Chomhaontughadh so chun socrughadh do dhéanamh d'fhoinn leanamhaint den tsaothar agus é do chríochnughadh AONTUIGHTEAR LEIS SEO idir na páirtidhthe seo mar leanas:

1. Ar ndéanamh an chomhaontuighthe seo tuigfar deire do bheith leis an gComhaontughadh réamhráidhte darab dáta an fichmhadh lá de Bhealtaine mile naoi gcéad tríocha a sé agus tuigfar é bheith gan feidhm maidir leis an méid den tsaothar atá cóiríghthe agus curtha chun an Aire cheana agus fós le fuigheallach an tsaothair sin.
2. Gabhann an tUghdar re n-a ais leanamhain den tsaothar do chóiriughadh agus é chríochnughadh fá stiúradh an Aire agus do réir an Chomhaontuighthe seo.
3. Déanfaidh an tUghdar an saothar so do chóiriughadh in órd aibhítre do réir na gcinn-fhocal le n-a bhfuil míniúcháin agus sampláí insan téx nó ar pé cuma eile a ordúigheann an tAire ón uain go chéile fá choinghíollacha an Chomhaontuighthe seo.
4. (1) Déanfaidh an tUghdar an saothar san do sheachadadh chun Brainnse na bhFoillseachán de Roinn an Oideachais i mBaile Átha Cliath in eatraimh nach sia óna chéile 'ná tríocha lá i mbeartanna a bheidh in órd leanamhnach agus in órd aibhítre mar adubhradh. Tuigfar gach beart a bheith iomlán ar n-a sheachadadh agus ní ceadmhach don Ughdar cur leis aon tráth tar éis é sheachadadh gan cead fá scribhinn ón Aire acht ní misde don Aire atharruighthe ceartúcháin agus teascaí a dhéahamh insan tsaothar nó in aon bheart de do réir forála atá ina dhisidh so.

(2) Baineann na coinghíollacha so leanas leis an gclásal seo:

(i) Ní bheidh d'fhiachaibh ar an Ughdar beart do sheachadadh fá choinghíollacha an chlásail seo:

(a) I rith nō ag deire aon tréimhse de thríocha lá má thárluigheann do a bheith ar feadh na tréimhse sin nō ar feadh aon mhór-pháirt di ag obair ar ghnó eile ar athchuinghe nō le cead ón Aire nō ó Roinn an Oideachais;

(b) Má bhíonn breoidhteacht nō fáth eile do-sheachanta dá thoirmseasc.

(ii) Ceadófar don Ughdar tréimhse tríochá lá de shaoirse i ngach bliadhain gan bheith air aon bheart den scribhinn do sheachadadh.

5. Ní fuláir don Ughdar cóiriughadh an tsaothair do chríochnughadh agus an beart deiridh dē do sheachadadh chun Brainnse na bhFoillseacháin réamhráidhte lá nach déidh éannaighe 'ná an 31 lá de Mhárta, míle naoi gcéad a dó is dathad agus maidir leis seo dhe is ar an am atá seasamh an chonnartha.

6. Gabhann an t-ughdar re n-a ais ar mbeith críochnuighthe don tsaothar gur dá shaothar bhunúsach féin amháin é, agus fós go dteasbánfar go soiléir i gcás athchóiríghthe nō tionntócháin ó leabhar nō ó obair litreadha eile gur athchóiriughadh nō tionntócháin le firinne iad agus fós go luadhfuar go soiléir an t-ionad as ar baineadh iad agus ná bainfar feidhm asta acht le cead ó na hUghdair nō ó na daoine eile gur leo pé cóibcheart a ghabhann leo-san. Aontuigheann an tUghdar fós slánughadh do dhéanamh ar an Aire agus ar aon duine nō daoine nō comhlucht corporaithe dá bhfoillsigheadh an saothar san nō aon chuid de don Aire nō thar a cheann nō fé chonnradh leis i gcoinnibh gach aon chostais éilimh aicsin iarratais is caithteachais de dhruim an tsaothair sin nō aon chuid de toisc é do shárughadh cóibchirt duine ar bith eile nō clú-mhilleadh scriobhtha nō scannal a bheith ann.

7. Gabhann an tUghdar re n-a ais gan aon tsaothar eile den tsórt so do chóiriughadh ná do chur dá chóiriughadh ná congnamh a thabhairt ina chóiriughadh tráth ar bith taobh istigh de shé mhí i ndiaidh an bhirt dheiridh den tsaothar do sheachadadh gan cead fá scribhinn ón Aire do bheith aige.

8. Ó is fá stiúradh an Aire atáthar ag cóiriughadh an tsaothair is le Riaghaltas Éireann an cóibcheart ann acht gan dochar do théarmaí agus do choinghíollacha chlásail a 13 den Chomhaontughadh so.

9. Cuirfear eagarr ar an saothar thar ceann an Aire ag na daoine agus insna tráthaibh agus insan chuma a ordóchaídh an tAire. Ní misde don Aire nō dá eagarthóir nō dá eagarthóirí

nó do dhuine eile ar a leagfaidh sé cúram eagarthóireacht an tsaothair de thuras na huaire ceartúcháin agus teascaí réasúnach do dhéanamh insan tsaothar nó in aon chuid de fá órdughadh an Aire. Ní ceadmhach do cheachtar de na páirtidhthe sa Chomhaontughadh so ná do dhuine ar bith thar a cheann nō thar a gceann malairt crota do dhéanamh le ceartúchán nō le teascadh ar ghné geinearálta an tsaothair do réir mar léirightar san sa Chomhaontughadh so.

10. (1) Íocfaidh an tAire leis an Ughdar as a chuid oibre ar chóiriughadh an tsaothair suim airgid a áirmheófar ar ráta dhá púnt (£2) an míle focal sa tsaothar ar n-a eagrath tar éis gach aon atharrughadh ceartughadh agus teascadh réasúnach do dhéanamh ann go sásamh an Aire.

(2) Cuirfar críoch le heagarthóireacht an tsaothair ag an Aire nō thar a cheann lá nach déidheannaighe 'ná dhá mhi dhéag ón dáta a gheobhthar an beart deiridh ón Ughdar.

(3) An gcriochnughadh na heagarthóireachta ní foláir fógra ina thaobh san a chur chun an Ughdair le haon cheann de na háiseanna atá luaidhte i gclásal a 14 de seo.

11. Bhéarfaidh an tAire don Ughdar thar céann gach beart réamh-dheóntas den íoc san a áirmheófar do réir deich scillinge fichead (30/-) an míle focal a seachadófar ag an Ughdar chun Brainnse na bhFoillseachán réamhráidhthe taobh istigh de thríocha lá ón lá a shroisfidh an beart san an tOifigeach ceart. Taobh istigh de thríocha lá ón lá a críochnófar eagarthóireacht an tsaothair sin go sásamh an Aire bhéarfaidh an tAire don Ughdar íoc eile gur leór é fara na réamh-dheóntasai a bheidh déanta cheana chun breith suas ar an suim airgid atá luaidhte insan chlásal a ghabhann díreach roimhe seo insan Chomhaontughadh so.

12. Beidh sé de chead ag an Aire an saothar d'fhoillsiughadh nō gan é fhoillsiughadh ar a thoil agus aon duine nō daoine nō comhlucht corporaithe d'ughdrughadh chun a fhoillsighthse dho nō thar a cheann nō fá chonnradh leis. Gheobhfar tionnschamh do dhéanamh ar an bhfoillsiughadh san nō leanamhaint de nō scur de ar na tráthaibh agus ar aon chuma dá gcinneann an tAire. Gan dochar do gheinearálacht na nídhthe sin roimhe seo féadfar ionlán nō aon chuid den tsaothar a fhoillsiughadh biond ná foillsightear an fuigh-eallach agus ní misde an saothar d'fhoillsiughadh i leabhar aonair nō ina chodannaibh de pé faid a chinnfidh an tAire. I gcás foillseacháin is é an tAire a chinnfidh cló páipéar crot agus praghas mórdhíola agus mion-diola an tsaothair sin.

13. Taobh istigh de dhá mhi dhéag ón lá a bheidh críoch curtha ar eagarthóireacht an tsaothair, cinnfidh an tAire an bhfoillseochaidh sé an saothar nō aon chuid de nō ná

foillseochaideh agus cuirfe sé a bhreith in iúil don Ughdar. Má chinneann an tAire gan an saothar nó aon chuid de do fhoillsiughadh raghaidh an cóibcheart sa tsaothar nó in aon chuid de nach toil leis an Aire é fhoillsiughadh i seilbh an Ughdar ón lá a cuirfear breith an Aire in iúil do.

14. Má obann an tUghdar do chomhlíonadh an Chomhaontuighthe seo ní misde don Aire deire a chur leis an gComhaontughadh so go diair le fógra fá scribhinn don Ughdar. Feadfar an fógra san a thabhairt don Ughdar i bpearsain nó le post-leitir lán-fhrainceálta fá chlárughadh a seolfar chuige ag an seoladh nó ag an ionad comhnaidhthe is déidheannaighe is eol do bheith aige. Má thárluigheann an fógra san do bheith tabhartha go cubhe ag an Aire beidh an tUghdar i dteideal an focaidheacht so a leanas do fhagháil as ucht an tsaothair agus gan dul thairis, is é sin focaidheacht do réir deich scillinge fichead an míle focal insna beartanna a fríoth ón Ughdar ag Brainnsena bhFoillseachán réamh-ráidhte roimh lá an fhógra san.

15. An chuid den tsaothar a cónraíheadh agus a cuireadh chun an Aire roimh dháta an Chomhaontuighthe seo tuigfar é bheith cónraíheadh fá théarmaí an Chomhaontuighthe seo. Is é ráta focaidheachta na coda san dán tsaothar an réataatá luaidhthe insan Chomhaontughadh so agus tuigfar na híci atá tabhartha cheana ag an Aire do bheith déanta fá an gComhaontughadh so as ucht an chuid sin den tsaothar agus aontuightar nach lugha 'ná £993:10:0 an lán-foc ar an méid sin den tsaothar.

16. Má éirigheann aon tráth ina dhiaidh so aighneas conspóid nó ceist ar bith idir na páirtidhthe sa Chomhaontughadh so nó idir a n-ionaidaithe a gcomharbáí nó a sannaithe fá seach nó éinne dhíobh i dtaobh léiriughadh brigh nó éifeacht an Chomhaontuighthe seo nó i dtaobh aon chlásal nó aon nídh dá bhfuil annso nó i dtaobh cearta nó freagarthacht na bpáirtidhthe fá seach nó a n-ionadaithe a gcomharbáí nó a sannaithe fá seach nó aon duine aca fá na gComhaontughadh so nó i slighe ar bith eile maidir leis an gComhaontughadh so cuirfar gach aighneas conspóid nó ceist den tsórt san fá eadarscán bheirt eadarscánaidhe ar n-a gceapadh is é sin eadarscánaidhe an duine do gach páirtidh leis an dTagra nó eidirbhreitheamh a ceapfar fá scribhinn ag na headarscánaidhthe agus má dhiúltann nó má fhailligheann aon pháirtidh d'eadarscánaidhe do cheapadh taobh istigh de lá is fiche d'éis eadarscánaidhe a bheith ceapaithe ag an bpáirtidh eile agus é d'éis fógra fá scribhinn do thabhairt don chéad pháirtidh atá luaidhthe dá iarraidh ar an bpáirtidh sin a leithéid sin de cheapadh a dhéanamh ní fuláir don eadarscánaidhe do ceapadh mar adubhradh cheana ar athchuinge an pháirtidh ler ceapadh é dul agus na nídhthe atá fá chonspóid d'éisteacht agus moladh do thabhairt ortha amhlaidh is dá mba eadarscánaidhe

é a bheadh ceapaithe ag an dá pháirtidhe chuige sin agus an moladh nō an socrughadh a déanfar ag na headarscánaidhthe ag an eadarscánaidh nō ag an eidirbhreitheamh san beidh sé ina bhréith dheiridh agus ina cheangal ar na páirtidhthe sa Chomhaontughadh so fá seach agus ar a n-ionadaithibh a gcomharbáí agus a sannaithe fá seach ar eacht go dtabharfaidh na headarscánaidhthe nō an t-eadarscánaidh sin a moladh nō a mholadh fá scribhinn taobh istigh den dathad lá a ghabhann díreach tar éis an tagra do chur fá n-a mbrághaid-sean nō fá n-a bhrághaid-sin nō an lá nō roimh aon lá is déidheannaighe 'ná san a chinnfidh na headarscánaidhthe nō an t-eadarscánaidh sin le haon scribhinn fá n-a sighniughadh nō fá n-a shighniughadh ag faidiughadh an trátha chun a moladh nō a mholadh do thabhairt agus ar eacht go dtabharfaidh an t-eidirbhreitheamh san a mholadh nō a shocrughadh fá scribhinn taobh istigh den fiche lá do ghabhann díreach tar éis deire na bun-thréimhse nō na tréimhse faidighthe atá ceapaithe le haghaidh moladh na n-eadarscánaidhthe nō an eadarscánaidh, nō an lá nō roimh aon lá níos déidheannaighe 'ná san a chinnfidh an t-eidirbhreitheamh le haon scribhinn fá n-a shighniughadh ag faidiughadh an trátha chun a mholadh do thabhairt AGUS fós ná tionnscnófar aicsion nō imeachta dlighe ar bith ag ceachtar den bheirt pháirtidhthe sin nō ag a ionadaithe a chomharbáí nō a shannaithe i dtaoibh aon nídh de na nídhthe atá fá chonspóid muna ndiúltann nō muna bhfailligheann an pháirtidhe a bheadh ina chonsnach ina leithéid sin d'aicsion nō imeachta na nídhthe sin do chur fá eadarscáin do bhun na forála atá annso cheana nō muna mbeidh an t-am atá ceapaithe chun déanamh an mholtá san rithe gan aon mholadh a bheith déanta agus fós go ngéillfidh na páirtidhthe fá seach don Tagra san mar aon le gach duine atá ag éileamh tríotha fá seach dul fá scrúdadh le mionna nō le dearbhughadh ag na headarscánaidhthe nō ag an eadarscánaidh nō ag an eidirbhreitheamh san maidir leis na nídhthe atá fá aighneas agus go dtabharfaidh ós comhair na n-eadarscánaidhthe nō an eadarscánaidh nō an eidirbhreitheamh gach aon leabhar dinntiúir páipéar cuntas scribhinn is cáipeis dá bhfuil i/seilbh nō i gcumas na bpáirtidhthe sin fá seach agus a theastochadh nō go n-éilightar iad agus gach aon nídh eile do dhéanamh dá n-iarrfaidh na headarscánaidhthe nō an t-eadarscánaidh nō an t-eidirbhreitheamh i gcúrsaimeachta an Tagra sin AGUS go scrúdófar na fidhnéithe fá mhionna nō fá dhearbhughadh má's cuibhe sin leis na headarscánaidhthe leis an eadarscánaidh nō leis an eidirbhreitheamh AGUS go mbeidh costaisí an Tagra agus an mholtá ar chomhairle na n-eadarscánaidhthe an eadarscánaidh nō an eidirbhreithimh. Agus nach misde dhóibh nō dhó ordughadh cé chuige agus cé leis agus cad é an chuma go n-focár an costas nō aon chuid de mar aon le cómhacht chun an tsuim a bheidh le híoc nō aon chuid di do mheas nō do shocrughadh agus íoc costaisí idir aturnae is cliant do mholadh.

Do dhéanamh a fhiadhnaise seo do chuir an tUghdar a lámh leis seo agus do chuir an tAire fá ndeár a shéala

corpraithe do ghreamughadh dhe an lá agus an bhliadhain
do céad-luadhadh thuas.

Ar n-a shighniú do

Seán Óg Ó Caomhánaigh
Dún Chaoin, Daingean Uí Chúise,
Co. Chiarraighe.

i bhfiadhnaise

Pádraig MacArtáin
Liagh agus Láimh Liagh
Dún Chaoin, Daingean Uí Chúise.

Séala an Aire ar n-a chur air seo
i bhfiadhnaise

Phroinnsias Ó Dúbhthaigh.

CÓIP/

Cúl-scribhinn é seo a deineadh an 4adh lá so de mhí Márta, 1942.

Aontuightear leis seo idir na páirtithe don Chomh-aontughadh atá sgríobhtha laistigh go léighfear na focail. "an 31adh lá de mhí iúil mile naoi gcéad lá a dó is dachad" i n-ionad na focail "an 31 lá de Mhárta mile naoi gcéad a dó is dachad" i golásal a 5 den Chomh-aontughadh san ach gan dochar ó fharálacha eile an Chomh-aontuightho agus fós gur ar an am atá agus a bheidh seasamh an chonartha i n-aimhdheoin an atharuightho a deintear leis an gcúl-scribhinn seo.

DO DHÉANAMH A FHÍADHNAISE SEO do chuir an tUghdar a láth leis seo agus do chuir an tAire fá ndeár a shéala corporaithe do ghreamughadh dhe an lá agus an bhliadhain do céad-luadhadh thusa.

Ar n-a shighniú do

Seán Óg Ó Caomhánaigh.

i bhfiadhnaise:

Richard H. Hudson, Solicitor, Tralee

Séala an Aire ar n-a chur air seo i
bhfiadhnaise:

Proinnsias Ó Dubhthaigh.

CÓIP/

CÚL-SCRÍBHINN É SEO a deineadh an 23adh lá de mí Meadhan-Máighair, 1942.

AONTUIGHTEAR LEIS SEO idir na páirtithe don Chómh-aontughadh breachta laistigh mar leanas .i.

1. Go léighfear Clásal a 5 den Chómh-aontughadh san ar n-a leasughadh leis an gCúl-scríbhinn déan 4adh lá de mhí Mhárta, 1942, atá breactha laistigh amhail agus dá mba iad na focail "an 3ladh lá de mhí na Nodlag mile naoi gcéad a dó is dachad" a bhí curtha i n-ionad na bhfocal "an 3ladh lá de mhí Iúil mile naoi gcéad a dó is dachad" agus go mbeidh brígh agus éifeacht leis an gClásal san dá réir sin feasta.
2. Maidir le forálacha Clásail a 5 den Chómh-aontughadh san ar n-a leasughadh mar atá ráidhte thuas gur ar an am atá agus a bhéas seasamh an chonartha i n-aimhdheoin an atharruighthe a deintear leis an gCúl-scríbhinn seo agus fós i n-aimhdheoin an atharruighthe a rinneadh leis an gCúl-scríbhinn tuas-lauidhte den 4adh lá de Mhí Mhárta, 1942.
3. Fé réir na bhforálacha so thuas go ndainginteal leis seo téarmaí uile an Chómh-aontuighthe sin.

DO DHÉANAMH A FHIAIDHNAISE SEO do chuir an tUghdar a lámh leis seo agus do chuir an tAire fá ndeár a shéala corporaithe do ghreamughadh é he an lá agus an bhliadhain do céad-luadhadh thuas.

Ar n-a shíghniughadh dó Seán Ó Caomhánaigh
i bhfiadhnaise Alfred Bergan, 4 Clare St., Dublin

Séala an Aire ar n-a chur air scoo i
bhfiadhnaise

Froinnsias Ó Dubhthaigh.

Aguisín 3: Íocaíochtaí a rinneadh le SO as a chuid oibre ar CCC

Tá na táblaí seo a leanas atáirgthe agam anseo mar atá siad sna cáipéisí bunaidh (N566 IV). Ba i mBéarla a scríobhadh an t-eolas ar fad atá sna tablaí, mar aon leis na sonraí ag barr agus ag bun an dara tábla, agus d'fhág mé mar sin iad. Cur síos atá iontu ar na híocaíochtaí a rinneadh le SO. Léiríonn an chéad tábla na híocaíochtaí sular cuireadh comhaontú 1939 i bhfeidhm. Tá forluí sna táblaí sa mhéid is go bhfaightear na figiúirí i ndiaidh 25/5/39 sa dara tábla chomh maith.

Date	Amount	Remarks	No. of Words	
21.6.35	£50:-:-)	Advance payments		
20.5.36	£75:-:-)	@30/- per 1000		
27.6.36	£75:-:-)	words in respect of		
4.12.36	£100:-:-)	Letter A, B, C,		
17.9.37	£80:-:-)	(portion of)		
Total	£380:-:-		282,598	
29.9.37	£43:-:-	Balance due @30/- per 1000 words in respect of material in hands viz.		
Total	£423:-:-	282,598 (i.e. £423)		
9*.12.37	£96:-:-	Further instalment of letter C	64,198	
14.3.38	£94:10:-	" " " "	63,184	
1.4.38	£25:-:-)	Further instalment of letter C	31,376	
12.4.38	£21:10:-)			
11.5.38	£100:-:-	Amount paid to raise previous payments made at rate of 30/- per 1000 words to 35/- per 1000 words		
16.6.38	£75:-:-	Further instalment of letter C	49,278	
Total	£835:-:-		490, 634	less dedu-
			10%	cted in res
			49,000	-pect of
			441,634	surplus matter
9.7.38	£25:-:-)	Balance of Amount paid in respect		
19.7.38	£22:-:-)	of material already submitted viz.		
Total	£882:-:-	441,000 words at rate of £2:-:- per 1000 words (£882.:-:-)		
		D/Finance sanction 7.7.38 (s.18/11/34)		
21.12.38	£16:8:-)	Advance payment for further	41,748	
)	Instalment of letter C		
21.2.39	£45:-2:-)	" " " "		
25.5.39	£50:-:-	" " " "	39,984	
Total	£993:10:-			
New	agreement	signed 4 th October 1939.		

* Seo an ceann ar tagraíodh dó in 5.1 (fonóta 211) toisc nach réitíonn na dátaí.

9.11.39	£64:10:-	Advance payment @30/- per 1000 words for instalment of letter D	43,519
23.11.39	£69:-:-	" " " "	46,926
19.12.39	£58:10:-	Further advance @30/- per 1000 words for instalment of letter D	39,744
21.1.40	£63:-:-	" " " " " D-E	42,479
26.2.40	£49:10:-	" " " " " E-F	33,304
13.3.40	£43:10:-	" " " " " F (Continued)	30,033
8.4.40	£69:-:-	" " " " " F (Continued)	46,124
	£1410:10:-	Total payments.	805,495

II. Payments made since execution of Agreement dated 4th October, 1939

Number of words (unedited)	Date of receipt	Date of payment	Amount paid £.s.d.
43,036	14.10.39	9.11.39	64.10.0
46,224	12.11.39	23.11.39	69.0.0
39,600	8.12.39	19.12.39	58.10.0
42,855	5.1.40	23.1.40	63.0.0
33,600	2.2.40	26.2.40	49.10.0
29,750	2.3.40	13.3.40	43.10.0
46,641	30.3.40	8.4.40	69.0.0
31,890	29.4.40	9.5.40	46.10.0
42,435	29.5.40	6.6.40	63.0.0
38,540	22.6.40	2.7.40	57.0.0
40,325	3.8.40	7.9.40	60.0.0
35,030	26.9.40	3.10.40	52.10.0
30,270	25.10.40	2.11.40	45.0.0
42,670	23.11.40	3.12.40	63.0.0
19,090	28.12.40	6.1.41	28.10.0
17,635	21.1.41	4.2.41	25.10.0
39,250	20.2.41	28.2.41	58.10.0
14,350	18.3.41	2.4.41	21.0.0
37,635	22.4.41	30.4.41	55.10.0
54,360	19.5.41	24.5.41	81.0.0
3,474	14.6.41	1.7.41	4.10.0
31,045	14.7.41	19.7.41	46.10.0
69,179	11.8.41	11.9.41	103.10.0

60,825	10.9.41	19.9.41	90.0.0
59,422	7.10.41	23.10.41	87.0.0
40,520	5.11.41	10.11.41	60.0.0
50,515	11.12.41	29.12.41	75.0.0
37,070	12.1.42	16.1.42	55.10.0
56,365	6.2.42	12.2.42	84.0.0
44,100	6.3.42	19.3.42	66.0.0
60,375	4.4.42	18.4.42	90.0.0
53,735	2.5.42	13.5.42	79.10.0
40,355	4.6.42	19.6.42	60.0.0
69,016	3.7.42	21.7.42	103.10.0
70,080	6.8.42	20.8.42	105.0.0
47,015	1.10.42	15.10.42	70.10.0
60,605	3.11.42	16.11.42	90.0.0
36,300	2.12.42	15.12.42	54.0.0
56,720	31.12.42	12.1.43	84.0.0

£2,482.10.0 being amount referred to at (2) in letter referred to under

III

III As in letter to Mr. Ó Caomhánaigh's Solicitor, dated 21st December, 1943.

Aguisín 4: Na dátaí agus líon na bhfocal a bhaineann leis na bearta difriúla a chuir SO chuig An Roinn Oideachais

Seo a leanas mar a thosaigh SO na cnuasaigh éagsúla.¹ Naoi n-imleabhar is fiche atá in CCC mar atá fáil air sa Leabharlann Náisiúnta, ach tá níos mó imleabhar ná sin ag SO féin. Ag breathnú ar na litreacha ‘A’, ‘B’ agus ‘C’, ní thugann SO an t-eolas céanna i dtaobh na n-imleabhar sin agus a thugann sé leis na himleabhair ina ndiaidh. Bhí sé mar nós aige sna himleabhair eile ainm an tsaothair a lua (.i. CCC), an t-ábhar a bhí san imleabhar áirithe (.i. an chéad fhocal agus an focal deireanach ann), mar aon le dáta tosaithe agus síniú. Má bhreathnaímid ar an eolas ann faighimid tuiscint níos fearr ar amlíne an tionscnaimh.

- CROIDHE CAINNTE CIARRAIGHE AG AN gCÓTA ar n-a thosnughadh 17adh lá de Bhealtaine 1935.
- Croidhe Cainnte Chiarraidhe, An leitir “B” annso. An Cóta a scríobh.²
- Cá – ceallargain.
- Cealltar – cíocras. 33,990.
- Cíocrasán – clúnfairt. 35,715 focal. Seán an Chóta.
- Clúracán – coisreacaim.
- An leitir “C” ó Coisreacaim go Comhmaith 31,749 focal.
- Comhmaith go congbháil.
- Congbhaim – curtha.
- “Croidhe Cainnte Ciarraighe” an leitir D. 43,036 focal ón bhfocal “dá” go dtín focal “deólaim”. Seán Óg Ó Caomhánaigh, Meadhan Fóghmhair 25/39.
- “Croidhe Cainnte Ciarraighe” ón bhfocal “deónach” - “do-riarthá”. 46,224 focal. Seán Óg Ó Caomhánaigh, 9adh lá Shamhain 1939.
- Croidhe Cainnte Chiarrraighe ó “doriarthacht” go “dúire” 39,600 focal. Mí na Nodlag 1939, Seán Óg Ó Caomhánaigh.
- Croidhe Cainnte Ciarraighe ón bhfocal “dúirneog” go dtín bhfocal “éileamh”; 42,855 focal (ar leanamhaint). Seán Óg Ó Caomhánaigh, Eanáir 4, 1940.³
- “Croidhe Cainnte Ciarraighe” ón bhfocal “éilicean” go dtín bhfocal “fáilteoir”. 33,600 focal. Seán Óg Ó Caomhánaigh, Eanáir, ’40.
- Croidhe Cainnte Ciarraighe ó “fáltighim” go “fear”, 29,750 focal. Seán an Chóta, Feabhra 29adh lá 1940.
- “Croidhe Cainnte Ciarraighe” ón bhfocal “féar” go dtí an focal “foclach”. 46,641 focal. Seán Óg Ó Caomhánaigh, Mártá 29adh lá, 1940.
- “Croidhe Cainnte Ciarraighe” ón bhfocal “fochmhaid” go dtín bhfocal “frigh”. 31,890 focal. Abrán 26adh lá 1940, Seán Óg Ó Caomhánaigh
- “Croidhe Cainnte Chiarraige” ón bhfocal “frighdín” go dtín bhfocal “ganntar”, 42,435 focal. Bealtaine 24/40, Seán Óg Ó Caomhánaigh, Dúnchaoin.

¹ Tá an t-eolas seo tugtha agam mar a bhí sé ag SO. Baineann na comharthaí athfhriotail, na línte faoi agus an leagan amach leis-sean.

² Ní thugtar dáta tosaithe le himleabhar ‘B’, ach tá dáta críochnaithe ag an deireadh – ‘14 Bealtaine 1935’. Má bhreathnaímid ar leathanach clúdaigh an fhoclóra (atá ag barr an liosta seo) feicimid go luaitear an 17 Bealtaine 1935 mar dháta tosaithe CCC. Ach, mar atá pléite ag túis Chaibidil 3, ba í an litir ‘B’ an chéad bheart a chuir SO faoi bhráid na Roinne.

³ Seo mar a chuir SO críoch le himleabhar ‘D’: ‘Mo shuíl go bhfuil an leitir “D” i gcrích go maith, níor coigleadh dúthracht uirth! Seán an Chóta.’

- “Croidhe Cainnte Ciarrage” ón bhfocal “ganntarach” go dtín bhfocal “glanadh”, 38,540 focal. Seán Ó Caomhánaigh, Meitheamh 22/40.
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “glanaim” go dtín bhfocal “grianach”, 40,325 focal. Seán Ó Caomhánaigh, Lugnasa 22/40.
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “grianadh” go dtín bhfocal “ionannas”, 35,030 focal. Seán Ó Caomhánaigh, Meádhon Fóghmhair, 26/40.
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “ionannughadh” go dtín bhfocal “láimhsiuighadh”, 30,270 focal. Seán Ó Caomhánaigh, Deireadh Foghmhair, 25/40.
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “láimhtheach” go dtín bhfocal “leath-lúb”, 42,670 focal. Samhain 23/40, Seán Ó Caomhánaigh.
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “leathluighe” go dtín bhfocal “liathadh”, 19,090 focal. Seán an Chóta, 23/12/40.
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “liathaim” go dtín bhfocal “lom-”, 17,635 focal. Seán Ó Caomhánaigh, Eanáir 21/41.
- [lom-] ar leanamhaint. Seán Ó Caomhánaigh Eanáir 21/41
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “lom-chuid” go dtín bhfocal “maighdean”, 39,250 focal. Seán Ó Caomhánaigh, Feabhra 19/41.
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “maighdeanas” go dtín bhfocal “mall-”, 14,350 focal. Seán Ó Caomhánaigh, Márt 18adh lá, 1941.⁴
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “mall-” go dtín bhfocal “mear”, 37,585 focal mhínighthe. Seán Ó Caomhánaigh, 17/4/41.
- Croidhe Cainnte Ciarraighe ón bhfocal “méar” go dtín bhfocal “móireacht”, 54,360 focal. Seán Ó Caomhánaigh, Abrán 16/41.⁵
- Móiréis – mór.⁶
- Croidhe Cainnte Ciarraighe ón bhfocal “mór” go dtín bhfocal “néall”, 31,045 focal mínighthe. Seán Ó Caomhánaigh, Iúil 41.
- Croidhe Cainnte Ciarraighe ón bhfocal “néallach” go dtín bhfocal “ofráil” 69,197 focal. An foghmhar 9/41. Seán an Chóta.
- Croidhe Cainnte Ciarraighe ón bhfocal “néalltach” go dtín bhfocal “ofráil”, 69,179 focal (téigheann so leis an leabhar eile) foghmhar 9/41, Seán an Chóta.
- Croidhe Cainnte Ciarraighe ón bhfocal “ofrálaim” go dtín bhfocal “pobal”, 60,825 focal mhínighthe. Meadhan foghmhair 5/1941, Seán Ó Caomhánaigh.
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “pluma” go dtín bhfocal “ranngás”, 58,410 focal mhínighthe. Deireadh foghmhair 1941, Seán Ó Caomhánaigh.
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “ranngás” go dtín bhfocal “righim”, 40,520 focal. Samhain, 1941, Seán Ó Caomhánaigh.
- Croidhe Cainnte Ciarraidhe ón bhfocal “righim” go dtín bhfocal “rún”, 50,615 focal mhínighthe. Seán Ó Caomhánaigh, Easbudhfuilt 5/41.

⁴ Tá an nóta seo a leanas ag deireadh an imleabhair seo: ‘Is oth liom a luighead atá scriobhtha agam an turus-so. Tá coighcios caithe as baile agam ar lorg rud nódhó a bhí ag deunamh mearbhail dom agus tá mo chuaird gan bheith in aistear. Beid agat in am tráth. Seán Ó Caomhánaigh.’

⁵ Táim in amhras faoin dáta anseo, ‘Abrán 16/41’. Má bhreathnaímid ar an mbeart roimhe ‘17/4/41’ an dáta atá luaite leis – an lá tar éis lá an bhirt seo.

⁶ Nóta breactha ag SO ag deireadh an bhirt: ‘Claoíchte leis an bhfliú, Seán an Chóta.’

- Croidhe Cainnte Ciarrайдhe ón bhfocal “rún-” go dtín bhfocal “saor”, 37,070 focal mhínighthe. Seán Óg Caomhánach, Eanáir 2, 1942.
- Croidhe Cainnte Ciarraige ón bhfocal “saor” go dtín bhfocal “sceathaire” 56,365 focal mhínighthe. 2/2/42, Seán Óg Ó Caomhánaigh.
- Croidhe Cainnte Ciarraige ón bhfocal “sceathaireacht” go dtín bhfocal “screamh” 44,100 focal. Seán Óg Ó Caomhánaigh, Márt 3/42.
- Croidhe Cainnte Ciarraige ón bhfocal “screamhach” go dtín bhfocal “siar” 60,375 focal mhínighthe. Márt 30adh 1942, Seán Óg Ó Caomhánaigh.
- Croidhe Cainnte Ciarraige ón bhfocal “síbhialtacht” go dtín bhfocal “smeig” 53,735 focal mhínighthe. Abrán, 1942, Seán Óg.
- Croidhe Cainnte Ciarraige ón bhfocal “spéir-” go dtín bhfocal “sughadh” 69,016 focal mhínighthe. Seán Óg Ó Caomhánaigh, Meitheamh, 1942.
- Croidhe Cainnte Ciarraige ón bhfocal “sughadh” go dtín bhfocal “teacht” 70,080 focal. Iúil 1942, Seán Óg Ó Caomhánaigh.
- Croidhe Cainnte Ciarraige ón bhfocal “teacht” go dtín bhfocal “tionnabraim” 47,015 focal. Seán Óg Ó Caomhánaigh, M-Fóghmhair, 1942.
- (leabhar a 58) 60,605 “tionnlacaim-treasálaim”
- Croidhe Cainnte Ciarraige ón bhfocal “treasálta” go dtín bhfocal “tú” 36,300 focal. Seán Óg Ó Caomhánaigh, 2/12/42.
- Croidhe Cainnte Ciarraige ón bhfocal “tuagh” go dtín bhfocal “útamálaidhe” 56,720 focal mhínighthe. Seán Óg Ó Caomhánaigh, Nodlaig 1942. Trí leabhartha.

Aguisín 5: Na Státseirbhísigh a raibh baint acu le scéal CCC

Seo a leanas liosta de na Státseirbhísigh sin a raibh baint acu le cúram CCC. Baineann an t-eolas a thugtar faoi na daoine anseo thíos leis an ról a bhí acu i scéal CCC, agus baineadh an t-eolas sin as na comhaid oifigiúla.

Almond, C.S.

Príomhoifigeach, An Roinn Airgeadais

Breathnach, Micheál

Ball de Choiste Comhairleach na Roinne Oideachais a bhain le CCC

Corrigan, M. A.

Príomh-Aturnae Stáit

Doolin, Walter

An Roinn Airgeadais

Gabhánach Ní Dhubhthaigh, Lúise

Ball de Choiste Comhairleach na Roinne Oideachais a bhain le CCC

Mac Grianna, Domhnall

Ball de Choiste Comhairleach na Roinne Oideachais a bhain le CCC

Mac Lellan, Seán

An tOifigeach Foillseachán, An Roinn Oideachais

Mac Niocaill, Seoirse

Ball de Choiste Comhairleach na Roinne Oideachais a bhain le CCC

Mac Ugo, Seumas

Rúnaí Príobháideach an Taoisigh

Ó Briain, Lorcán

Rúnaí an Aire Soláthairtí

Ó Dubhthaigh, P[h]roinnsias [FÓD]¹

Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais

Ó Gríobhtha, Mícheál

Eagarthóir Muimhneach leis *An Gúm*

¹ 'FÓD' a d'úsáid sé go hiondúil agus a shíniú á chur aige leis na cáipéisí a bhain le CCC. Feicimid 'Phroinnsias' in úsáid aige aon áit a bhfuil a ainm ionlán in úsáid aige. 'Proinnsias' a fheicimid in úsáid ag Oifigigh na Roinne Oideachais agus iad ag tagairt dó (CCC (SO) 19, mar shampla). 'Proinnsias' an leagan atá in úsáid agam. Feicimid tagairt do leaganacha seo a ainm in *Fiftieth Anniversary Report 1940-1990* (1990: 58): 'The name of *Froinnsias Ó Dubhthaigh* occurs only in that form throughout the documentation which has been examined, except that in signature he himself sometimes spelled his first name as *Phroinnsias*'.

Ó hÉighneacháin, Tomás

Ball de Choiste Comhairleach na Roinne Oideachais a bhain le CCC

Ó Muimhneacháin, Muiris

Rúnaí Oifig an Taoisigh

Ó Néill, Seosamh

Rúnaí na Roinne Oideachais

Aguisín 6: Foinsí scéalaíochta, amhránaíochta agus filíochta SO

Seo a leanas liosta de na scéalta, na téacsanna, na hamhráin agus na dánta a dtagraíonn SO dóibh in CCC:

[Is i litriú SO atá siad]

Agallamh na Seanórach
An Bhruidhean Chaorthainn
An Cailín Donn
An Cailín Ruadh
An Ciarraigheach Malluighthe
An Cnoicín Fraoigh (an Cnuicín Fraoigh)
An Gamhain Geal Bán
An Giolla Deacair
An Peacach 'san Bás
An Scéalaídhe Gaedhealach
An Seanchas Mór
An Spealadóir
An Stáicín Eórnan
An Táin
An t-Amadán Mór
An t-Arrachtach Sean
Bean Dubh an Ghleanna
Bláth bhán na finne
Cailín Deas Crúidhte na mBó
Caol an Iarainn
Cú Bhán an tSléibhe
Cúirt an Mheádhon Oidhche
Do chuala Scéal do Chéas ar Ló me
Don Cíochóit
Duanaire an Fhirtéaraigh
Eachtra na Mná Móire thar Lear
Easmaitl is Ár gach lá go Dúbalta
Eibhlín, a Rún
Eóchaill
Foras Feasa ar Éirinn¹
Giolla an Fhiagha
Go Saoraidh Dia an Rí
Im Aonar Seal
Mo Ghile Mear
Ó Dómhnaill Abú!
Oidheadh Chlainne Lir
Oidheadh Chlainne Tuirinn
Oidheadh Chlainne Uisnigh
Óró sé do Bheatha Abhaile

¹ Ní thugtar teideal an tsaothair seo, ach tagraítear dó faoin gceannfhocal éithighim, 'Aon fhaisnéis neamhfhírinneach a deineadh ar Éirinn d'éithigh an Céitinneach iad in-a Stair, is chuir in iúil go rabhadar, mar bhíodar bréagach: sháruigh iad: d'áitimh is chruthuigh ná rabhadar dréir cirt ná córach.'

Óró! is í ag sodar im deóidh
Páidín Ó Dálaigh
Raithneach a Bhean Bheag
Réidh-chnoc Mná Duibhe
Róisín Dubh
Scéul an Chaipín Dheirg
Séadna
Seán sa Bhristín Leathair
Sparán Buidhe
Táim-se im Chodladh
Tórramh an Bharraille
Tóruigheacht Dhiarmuda is Ghráine

Amhráin agus dánta a bhfuil sleachta acu in CCC agus gur aimsigh mé faoi na teidil seo a leanas iad:

An Spailpín Fánach²
Bruach na Carraige Báine³
Cáit i nGarrán a' Bhile⁴
Ceo Draíochta⁵
Caoineadh Chill Chais⁶
Fáinne Geal an Lae⁷
Jimmy mo Mhíle Stór⁸
Péarla an Bhrollaigh Bháin⁹
Seoithín Seó¹⁰

² Ó Dubhda (1933 [1969]: 127)

³ Ni Ógáin (1921 (I): 30)

⁴ Ni Ógáin (1921 (II): 1)

⁵ Ó Tuama/ Kinsella (1981 [2002]: 186)

⁶ Ó de Brún/ Ó Buachalla/ Ó Concheanainn (1975 [2002]: 81)

⁷ Ó Concheanainn (1978: 48)

⁸ Ó Concheanainn (1978: 30)

⁹ Ó Concheanainn (1978: 47)

¹⁰ Ni Ógáin (1921 (I): 13)

Aguisín 7: Príomhnoda Gramadaí ar bhain SO leas astu in CCC

<i>a./ ad./ aid.</i>	aidiacht
<i>a.b.</i>	ainm briathartha
<i>a.fh.</i>	ainmfhocal
<i>a.r.</i>	aidiacht bhriathartha
<i>b.</i>	bainiscneach
<i>b.a.</i>	briathar aistreach
<i>b.a. mí-r./ b. m-r. a.</i>	briathar aistreach mírialta
<i>b. ch./ b.-chéim</i>	breischéim
<i>b. n-a.</i>	briathar neamhaistreach
<i>br. 1/ br. 2</i>	briathar lú réimniú/ 2ú réimniú
<i>c-a.</i>	cnuasainm
<i>c.b.</i>	céim bhereise
<i>c.n./ con./ comhnasc</i>	cónasc
<i>d.b./ d.bh./ do-bh.</i>	dobhriathar
<i>f.</i>	firinsneach ('feminine' corruair)
<i>f.a.</i>	forainm
<i>f-a. p./ f.p.</i>	forainm pearsanta
<i>f-a. ch./ f. ch.</i>	forainm choibhneasta
<i>i gc.fh.</i>	i gcomhfhocail
<i>int./ intreach/ intriath</i>	intriacht
<i>iol.</i>	iolra
<i>m.</i>	masculine
<i>m.ó.</i>	modh ordaitheach
<i>n-a./ n-ais.</i>	neamhaistreach
<i>r.ch./ r.fh.ch.sh.</i>	réamhfocal comhshuite
<i>r.fh.</i>	réamhfocal
<i>r-mh.</i>	réamh-mhír
<i>u.</i>	uimhir
<i>uath.</i>	uatha
<i>u.bh.</i>	uaillbhreas
<i>1-5 (le hainmfhocail)</i>	uimhir an diochlaonta

8. LEABHARLOSTA

Foinsí Neamhfhoilsithe

Bradfield, Denis W. (1960) ““Croí Chainte Chiarraí” le Seán Óg Ó Caomhánaigh [Seán an Chóta]’. Tráchtas M.A, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Kavanagh, Séamus (1931) ‘Studies in the Vocabulary of the Dialect of West Kerry, B-O; T-U’. M.A. sa Léann Ceilteach, Ollscoil na hÉireann.

Ó Caomhánaigh, Seán Óg (1935-1942) ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe’. G601-629, An Leabharlann Náisiúnta.

Ó Caomhánaigh, Seán Óg/ Ó Catháin, Mícheál. ‘Cín lae ó Churrach Chille Dara’.*

Comhaid An Gúm (ar coimeád sa Chartlann Náisiúnta)
N566 – ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe’

N566 I – ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe’

N566 II – ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe’

N566 II – ‘Payments – Croidhe Cainnte Chiarraighe’

N566 III – ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe’

N566 III – ‘Payments – Croidhe Cainnte Chiarraighe’

N566 IV – ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe’

Comhad Roinn an Taoisigh

NA 97/9/370 – ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe le Seán Óg Ó Caomhánaigh: comh-aontúghadh leis an Aire Oideachais.’

Foinsí Foilsithe

Bráithre Críostaí, Na (1999) *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostai* [Eagrán Nua]. An Gúm: Baile Átha Cliath.

Breathnach, Diarmuid/ Ní Mhurchú, Máire (1986) *1882-1982 Beathaisnéis a hAon*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath.

--- (1990) *1882-1982 Beathaisnéis a Dó*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath.

* Tá an chín lae á cur in eagair faoi láthair ag Mícheál Ó Catháin, mac léinn dochtúireachta in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

- (1992) *1882-1982 Beathaisnéis a Tri*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath.
- (1994) *1882-1982 Beathaisnéis a Ceathair*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath.
- (1997) *1882-1982 Beathaisnéis a Cúig*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath.
- Castro, Elizabeth (1998) *HTML 4 for the World Wide Web*. Peachpit Press: Berkeley, USA.
- Céitinn, Seathrún/ Bergin Osborn [eag.] (1931) *Trí Bior-Ghaioithe an Bháis*. Royal Irish Academy: Dublin.
- Celtic Studies, School of (1990) *Fiftieth Anniversary Report 1940-1990*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- de Bhaldráithe, Tomás (1945) *The Irish of Cois Fháirge, Co. Galway*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- (1980) ‘Foclóirí agus Foclóireacht na Gaeilge’, *The Maynooth Review* 6, (Number 1, May), 3-15.
- [eag.] (1981) *Innéacs Nua-Ghaeilge don Dictionary of the Irish Language*. Acadamh Ríoga na hÉireann: Baile Átha Cliath.
- (1994) ‘Dáithí – Scoláire daonna’ in Mac Aonghusa/ de Bhaldráithe (1994). An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath, 73-84.
- de Brún, Pádraig/ Ó Buachalla, Breandán/ Ó Concheanainn Tomás (1975) [2002] *Nua-Dhunaire I*. Institiúid Ard-Léinn: Baile Átha Cliath.
- Dineen, Patrick S. (1927) [1996¹⁰] *Foclór Gaedhilge agus Béarla*. Irish Texts Society: Dublin.
- Huddleston, Rodney/ Pullum, Geoffrey K. (2002) *The Cambridge Grammar of the English Language*. Cambridge University Press.
- Mac Aonghusa, Proinsias (1994) ‘Gáire Mór na Féasóige’ in Mac Aonghusa/ de Bhaldráithe (1994). An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath, 117-133.
- / de Bhaldráithe, Tomás [eagí] (1994) *Dáithí Ó hUaithne: Cuimhni Cairde*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath.
- [eag.] (1997) *Tomás de Bhaldráithe: Cuimhni Cairde*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath.

Mc Cionnaith, L. (1935) *Foclóir Béarla agus Gaedhilge*. Foillseachán Rialtais: Baile Átha Cliath.

Mac Clúin, An tAth. Seóirse (1922) *Réilthní Óir* (Cuid 1 agus 2), Comhlucht Oideachais na hÉireann: Baile Átha Cliath.

Mac Giolla Choille, Breandán (1988) ‘I dTaobh an tSaothair sin na Gaeilge ar an mBunreacht’, *Feasta* 41 (Uimhir 10, Deireadh Fómhair), 63-68.

Mag Shamhráin, Antain [eag.] (1999) *Foilseachán an Ghúim*. An Gúm: Baile Átha Cliath.

Mhac an Fhailigh, Éamonn (1968) *The Irish of Erris, Co. Mayo*. Dublin Institute for Advanced Studies.

Ní Mhaonaigh, Tracey (2007) ‘Éacht Foclóireachta: *Croidhe Cainnte Chiarraige* le Seán Óg Ó Caomhánaigh’, *Bliainiris* 7, 204-228.

Ní Mhurchú, Máire/ Breathnach, Diarmuid (1999) *1782 - 1881 Beathaisnéis*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath.

--- (2001) *1560-1781 Beathaisnéis*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath.

--- (2003) *1983-2002 Beathaisnéis*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath.

Ní Ógáin, Róis [eag.] (1921) *Duanaire Gaedhilge* (1 & II), Comhlucht Oideachais na hÉireann, Tta: Baile Átha Cliath.

Ní Shéaghda, Nessa (1990) *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland, Fasciculus XII*. Dublin Institute for Advanced Studies.

Ó Brosnacháin, Niall (2001) *Éist leis an gCóta*. An Sagart: Maigh Nuad.

Ó Caomhánaigh, Seán Óg (1946) ‘Báthadh Eibhlín Nic Niocaill, Mór-Chailleamhaint do'n Tír’, *Scéala Éireann*, 13/08/1946, 2.

--- / Ó Dúshláine, Tadhg [eag.] (1989) *Fánaí*, An Sagart: Maigh Nuad.

Ó Concheanainn, Tomás [eag.] (1978) *Nua-Dhuanaire III*. Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Conluain, Proinsias/ Ó Céileachair, Donncha (1958) *An Duinníneach: An tAthair Pádraig Ó Duinnín: A Shaol, a Shaothar agus an Ré inar Mhair Sé*. Sáirséal agus Dill: Baile Átha Cliath.

Ó Criomhthain, Tomás/ Ó Coileáin, Seán [eag.] (2002) *An tOileánach*. Cló Talbóid: Baile Átha Cliath.

Ó Dónaill, Niall (1977) *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath.

Ó Dubhda, Seán (1933) [1969] *Duanaire Duibhneach*. Clóchuaillacht Chathail, Teoranta: Baile Átha Cliath.

Ó Dubhshláine, Mícheál (1992) *Óigbhcean Uasal ó Phriomhchathair Éireann*. Conradh na Gaeilge: Baile Átha Cliath.

--- (2000) *An Baol Dom Tú? Muintir Chorca Dhuibhne agus an Ghaeilge 1860-1940*. Conradh na Gaeilge: Baile Átha Cliath.

Ó Dúshláine, Tadhg (1989) ‘Scéil Úrscéil’, *Léachtaí Cholm Cille* 19, 93-128.

--- (1991) *Éist le Dubh Dorcha*. An Sagart: Maigh Nuad.

Ó Fiannachta, Pádraig [eag.] (1998) *An Biobla Naofa*. Fios Feasa: Corca Dhuibhne/ An Sagart: Maigh Nuad. [Dlúthdhiosca]

--- [eag.] (2000) *An Biobla Naofa*, An Sagart: Maigh Nuad.

Ó hAnnacháin, Stiofán (1964) *Caint an Bhaile Dhuibh*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath.

Ó hÓgáin, Éamonn (1984) *Diolaim Focal (A)* ó *Chorca Dhuibhne*. Acadamh Ríoga na hÉireann: Baile Átha Cliath.

Ó hUaithne, Dáithí (1947) ‘Seán a’ Chóta’, *Comhar* (Márta 1947), 5.

O’Leary, Philip (2004) *Gaelic Prose in the Irish Free State, 1922-1939*. University College Dublin Press.

Oliver, Dick/ Morrison, Michael (2006) *Teach yourself HTML and CSS in 24 hours*. SAMS Publishing: USA.

Ó Lúing, Seán (1985) *Seán an Chóta*. Coiscéim: Baile Átha Cliath.

Ó Murchú, Máirtín (1997) ‘Ceann Easna agus Pairifín: printís an scoláire 1941-43’ in Mac Aonghusa (1997). An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath, 53-62.

O’Neill Lane, T. (1904) *Lane’s English-Irish Dictionary*. Sealy, Bryers & Walker: Baile Átha Cliath.

--- (1922) *Lane’s Larger English-Irish Dictionary*. Talbot Press: Baile Átha Cliath.

Ó Sé, Caoimhín (2001) *Traidisiún na Scéalaiochta i gCorca Dhuibhne*. Coiscéim: Baile Átha Cliath.

Ó Sé, Diarmuid (1995) *An Teanga Bheo*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann: Baile Átha Cliath.

--- (2000) *Gaeilge Chorca Dhuibhne*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann: Baile Átha Cliath.

Ó Siadhail, Mícheál (1985) ‘Irish labhaois, labhaoiseach’, *Celtica* 17, 158.

--- (1994) ‘Athair de mo Chuid’ in Mac Aonghusa/ de Bhaldráithe (1994). *An Clóchomhar Tta*: Baile Átha Cliath, 31-37.

Ó Tuama, Seán/ Kinsella, Thomas (1981) [2002] *An Duanaire 1600-1900, Poems of the Dispossessed*. Foras na Gaeilge: Baile Átha Cliath.

Quin E. G. [eag.] (1983) (*Contributions to a) Dictionary of the Irish Language Based mainly on Old and Middle Irish Materials*. Acadamh Ríoga na hÉireann: Baile Átha Cliath.

Rannóg an Aistriúcháin (1958) [1995⁸] *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath.

Seabhad, An [eag.] (1926) [2003³] *Seanfhocail na Mumhan*, An Gúm: Baile Átha Cliath.

Sjoestedt, M[arie] L[ouise] (1931) *Phonétique D'un Parler Irlandais de Kerry*. Librairie Ernest Leroux: Paris.

Sjoestedt-Jonval, M[arie] L[ouise] (1938) *Description D'un Parler Irlandais de Kerry*. Librairie Ancienne Honoré Champion: Paris.

Stockman, Gerard (1974) *The Irish of Achill, Co. Mayo*. Institute of Irish Studies: Queen’s University Belfast.

Ua Súilleabháin, Seán (1994) ‘Gaeilge na Mumhan’ in *Stair na Gaeilge*, 479-538.

Údar gan ainm (1947) ‘Death of Sean Og O Caomhanaigh’, *Irish Times*, 17/1/1947, 4.

Wagner, H./ Mac Congáil, N. (1983) *Oral Literature from Dunquin, Co. Kerry*. Institute of Irish Studies: Queen’s University Belfast.

Worcester, Joseph E. [eag.] (1849) *A Universal and Critical Dictionary of the English Language*. Wilkins, Carter, and Company: Boston.

--- (1859) *A Dictionary of the English Language*. Sampson Low, Son & Company: London.

Suimh Ghreasaín

Dáil Éireann: <http://historical-debates.oireachtas.ie/D/0084/D.0084.194107220027.html> (25/02/2008).

Daonáireamh 1911: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000239227/> (28/01/2008).

HTML: http://www.w3schools.com/html/html_entities.asp (28/01/2008).

JAVA: http://www.webmonkey.com/webmonkey/reference/javascript_code_library/;
<http://www.w3schools.com/js/default.asp>;
<http://www.cprogramming.com/tutorial/lesson2.html> (28/01/2008).

Rann faoi Éamon de Valera:

<http://www.time.com/time/magazine/article/0.9171,892080,00.html?iid=chix-sphere> (25/02/2008).

Titley, Alan. *The Interpretation of Tradition*:

http://frankoconnor.ucc.ie/downloads/The_Interpretation_of_Tradition_by_Alán_Titley.pdf (30/01/2008).

Hogan, E. *Onomasticon Goedelicum*: <http://www.ucc.ie:8080/cocoon/doi/locus/G#navtop> (20/02/2008).

Wikipedia: http://en.wikipedia.org/wiki/Jack_Dempsey,
http://en.wikipedia.org/wiki/Primo_Carnera,
http://en.wikipedia.org/wiki/Georges_Carpentier (30/01/2008).


9. Treoracha Úsáideora

Léigh na treoracha úsáideora seo sula n-úsáidfidh tú an diosca


Cuir an dlúthdhiosca isteach i dtiomántán dlúthdhioscaí do ríomhaire. Mura ritheann sé go huathoibríoch oscail *Mo Ríomhaire* agus cliceáil faoi dhó ar an tiomántán cuí. Agus an diosca ar oscailt, feicfidh tú **dhá** fhillteán (*Bunchomhaid* agus *Iomhanna*) agus **leathanach Gréasáin** (CCC). Níl sa dá fhillteán ach na bunchomhaid ar fad a bhaineann le cód an ríomhchláir. Cliceáil faoi dhó ar an leathanach Gréasáin (ar an deilbhín *CCC.html*) agus osclóidh leathanach roghchláir an fhoclóra. Tá an ríomhchlár seo comhoiriúnach le ceachtar den dá bhrabhsálaí Internet Explorer (IE) agus Mozilla Firefox (FF).

Sa mhéid is nach táirge deiridh faoi cheadúnas atá anseo tharlódh, ag brath ar shonraí slándála do ríomhaire, go dtiocfadh teachtaireacht aníos ar an leathanach maidir le hinneachar an leathanaigh a cheadú (go háirithe más Internet Explorer atá in úsáid agat). Sa chás go dtarlaíonn a leithéid, ní gá ach na treoracha seo thíos a leanúint. Tabhair aire agus na treoracha á gcur i bhfeidhm mar d'fhéadfáí cuid den JavaScript a dhíchumasú (díreach don chuairt áirithe sin) má chliceálann tú ar an rogha mhícheart.


Céim 1: Cliceáil ar OK sa bhosca téacs.



Céim 2: Deaschliceáil ar an teachtaireacht bhuí ag barr an scáileáin agus roghnaigh ‘Ceadaigh inneachar bactha...’ (Más an comhéadan Béarla atá in úsáid agat ‘Allow blocked content’).



Céim 3: Roghnaigh ‘Tá’



Agus tú istigh i gceartanois ar an gcéad leathanach cliceáil ar aon cheann de na litreacha, nó aon cheann de na naisc eile le breathnú ar a gcuid inneachair. Feicfidh tú, istigh sna comhaid, go bhfuil naisc iontu a ligeannduit léim ar aghaidh chuig áiteanna difriúla sa téacs. Le filleadh ar bharr an leathanaigh, cliceáil ar ‘barr an leathanaigh’. Más maith leat cuardach a dhéanamh laistigh de na litreacha nó na liostaí sainiúla, coinnigh síos an cnaipe ‘Ctrl’, brúigh an litir F ar an méarchlár agus tiocfaidh inneall cuardaigh aníos ar an scáileán. Agus tú críochnaithe ansin agus ag iarraidh filleadh ar an leathanach tosaigh, cliceáil ar an nasc ‘baile’.

Má bhíonn aon deacracht agat agus tú ag iarraidh an diosca seo a úsáid déan teagmháil dhíreach liom ar an ríomphost (Tracey.NiMhaonaigh@nuim.ie).